

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

28 Nollaig 2020



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 1
- ★ Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagair (REACT-EU) 30
- ★ Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht ⁽¹⁾ 43
- ★ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise 49
- ★ Rialachán (AE) 2020/2224 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear nascacht bhunúsach in iompar lasta de bhóthar agus in iompar paisinéirí de bhóthar tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ 74

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán (AE) 2020/2225 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áiríthítear aernascacht bhunúsach tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ 86
- ★ Rialachán (AE) 2020/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht eitlíochta i ndáil le deireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ 97
- ★ Rialachán (AE) 2020/2227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 a mhéid a bhaineann le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta shoithí na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais 102

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2020/2228 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021) 108
- ★ Cinneadh (AE) 2020/2229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa do na blianta 2020 go 2033 ⁽¹⁾ 116

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2020/2230 ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear do bhainistiú na dtairifchuótaí sin ... 120
- ★ Rialachán (AE) 2020/2231 ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíochta a chur ar fionraí 135

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2020/2232 ón gComhairle an 22 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta ionadaithe de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú 182
- ★ Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 a bhaineann le gealltanais na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistiúcháin ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9^ú, faoin 10^ú agus faoin 11^ú Ciste Eorpach Forbraíochta 188

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/2220 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 23 Nollaig 2020

lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bhí sé d'aidhm ag na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) tar éis 2020 an creat Aontais láidir a bhunú a bheadh fíor-riachtanach lena áirithiú gurbh é a bheadh in CBT, anois agus feasta, comhbheartas lena ngabhfaidh cothrom na Féinne do chách, agus go dtabharfaidh sé tuilleadh freagrachta, ag an am céanna, do na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis an dóigh a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí agus a mbainfidh siad amach na spriocanna a socraíodh. Dá réir sin, tá ar na Ballstáit pleananna straitéiseacha faoi CBT a dhreachtú agus na pleananna sin a chur chun feidhme tar éis don Choimisiún iad a fhaomhadh.
- (2) Níor cuireadh an nós imeachta reachtach maidir leis na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le CBT tar éis 2020 i gcrích in am chun ligean do na Ballstáit agus don Choimisiún na gnéithe uile is gá a ullmhú chun an creat dlíthiúil nua agus na pleananna straitéiseacha faoi CBT a fheidhmiú amháil ón 1 Eanáir 2021, faoi mar a mhol an Coimisiún i dtús báire. Tá éiginnteacht agus rioscaí d'fheirmeoirí san Aontas agus d'earnáil talmhaíochta iomlán an Aontais cruthaithe ag an moill sin. Chun an éiginnteacht sin a mhaolú agus chun beogacht na limistéar agus na réigiúin tuaithe a choimeád, agus chun rannchuidiú le hinbhuanaitheacht chomhshaoil chomh maith, ba cheart, leis an Rialachán seo, foráil a dhéanamh do chur i bhfeidhm leanúnach na rialacha i gcreat CBT reatha, creat lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2014 go 2020 ("creat CBT reatha") agus d'íocaíochtaí gan bhriseadh d'fheirmeoirí agus do thairbhíthe eile, agus ar an gcaoi sin intuarthacht agus cobhsaíocht a chur ar fáil le linn na hidirthréimhse, is é sin sna blianta 2021 agus 2022 ("an idirthréimhse") go dtí dáta chur i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil nua lena gcumhdaítear an tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2023 ("an creat dlíthiúil nua").

⁽¹⁾ IO C 232, 14.7.2020, lch. 29.

⁽²⁾ IO C 109, 1.4.2020, lch. 1.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

- (3) Ós rud é gur gá fós an nós imeachta reachtach maidir leis na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le CBT tar éis 2020 a thabhairt chun críche agus go bhfuil na pleananna straitéiseacha faoi CBT fós le forbairt ag na Ballstáit, agus gur gá fós dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, ba cheart do chreat CBT reatha leanúint d'fheidhm a bheith aige ar feadh na tréimhse breise 2 bhliain. Is é is aidhm don idirthréimhse aistriú rianúil a éascú do thairbhíthe go dtí clárthréimhse nua agus foráil a dhéanamh don fhéidearthacht Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (“an Comhaontú Glas don Eoraip”) a chur san áireamh.
- (4) Chun a áirithiú gur féidir tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí agus do thairbhíthe eile ón gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sna blianta 2021 agus 2022, ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag deonú na tacaíochta sin le linn na hidirthréimhse faoi choinníollacha chreat CBT reatha. Bunaíodh creat CBT reatha, go háirithe, le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ⁽⁴⁾, (AE) Uimh. 1305/2013 ⁽⁵⁾, (AE) Uimh. 1306/2013 ⁽⁶⁾, (AE) Uimh. 1307/2013 ⁽⁷⁾ agus (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽⁸⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (5) Ba cheart don Rialachán seo a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit chun a bpleananna straitéiseacha faoi CBT faoi seach a ullmhú, chomh maith le héascú a dhéanamh ar chruthú na struchtúr riaracháin is gá chun an creat dlíthiúil nua a chur chun feidhme go rathúil, go háirithe trí mhéadú ar chúnamh teicniúil a cheadú. Ba cheart gach plean straitéiseach faoi CBT a bheith réidh le teacht i bhfeidhm ach a dtiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse chun cobhsaíocht agus cinnteacht, a bhfuil géarghá leo, a chur ar fáil d'earnáil na feirmeoireachta.
- (6) Ós rud é gur léir gur cheart don Aontas leanúint de thacú leis an bhforbairt tuaithe ar feadh na hidirthréimhse, ba cheart an deis a bheith ag Ballstáit a gcláir forbartha tuaithe fadaithe a mhaoiniú ón leithdháileadh buiséid comhfhreagrach le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022. Ba cheart a áirithiú leis na cláir fhadaithe go ndéanfar an sciar foriomlán céanna ar a laghad de ranníocaíocht CETFT a fhorchoimeád do na bearta dá dtagraítear in Airteagal 59(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i gcomhréir leis na huaimhianta nua a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip.
- (7) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 na rialacha coiteanna is infheidhme maidir le CETFT agus le cistí eile a oibríonn faoi chomhchreat. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CETFT don chlárthréimhse 2014–2020 agus do na blianta clárthréimhse 2021 agus 2022.
- (8) Na spriocdhátaí a leagtar síos in Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le tuarascálacha ar chur chun feidhme, le cruinnithe athbhreithnithe bliantúla, le meastóireachtaí *ex-post* agus tuarascálacha sintéise, le hincháilitheacht an chaiteachais agus an dídhílsithe chomh maith le gealltanais bhuiséadacha, tá siad teoranta don chlárthréimhse 2014–2020. Ba cheart na spriocdhátaí sin a oiriúnú chun fad sínte na tréimhse a chur san áireamh ar lena linn ba cheart cláir a bhaineann le tacaíocht ó CETFT a chur chun feidhme.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margai i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (9) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾ gur cheart do CETFT leanúint, faoi choinníollacha áirithe, de bheith ag íoc as an gcaiteachas le haghaidh gealltanais fhadtéarmacha áirithe sa chlárthréimhse 2014-2020, ar gealltanais iad ar gabhadh faoina gceangal de bhun rialacháin áirithe a dheonaigh tacaíocht d'fhorbairt tuaithe sula raibh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Ba cheart an caiteachas sin a bheith incháilithe fós, faoi na coinníollacha céanna, ar feadh thréimhse a ngealltanais dhlíthiúil faoi seach sna blianta clárthréimhse 2021 agus 2022. Ar mhaithe le deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú freisin gur cheart na gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh faoi bhearta níos luaithe a chomhfhreagraíonn do bhearta Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, lena mbaineann an córas riaracháin agus rialaithe comhtháite, a bheith faoi réir an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite sin agus gur cheart na hiocaíochtaí a bhaineann leis na gealltanais dhlíthiúla sin a dhéanamh laistigh den tréimhse ón 1 Nollaig go dtí 30 Meitheamh sa bhliain féilire dár gcionn.
- (10) Ba cheart go mbeadh CETFT in ann tacú le costais fothú acmhainní agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin lena dtacaítear le straitéisí áitiúla faoi stiúir an phobail a cheapadh agus a chur chun feidhme amach anseo faoin gcreat dlíthiúil nua.
- (11) In 2015, nuair a leithdháileadh na teidlíochtaí íocaíochta nó nuair a athríomhadh na teidlíochtaí íocaíochta i gcás na mBallstát a choimeád na teidlíochtaí a bhí ann cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, rinne roinnt Ballstát earráidí agus líon nó luach na dteidlíochtaí íocaíochta á dhéanamh amach acu. D'imir go leor de na hearráidí sin tionchar ar luach teidlíochtaí íocaíochta le haghaidh na bhfeirmeoirí go léir agus le haghaidh na mblianta go léir, fiú na hearráidí a tharla i leith feirmeoirí aonair. Rinne roinnt Ballstát earráidí freisin tar éis 2015, agus teidlíochtaí á leithdháileadh ón gcúlchiste acu, i ríomh an mheánluacha mar shampla. De ghnáth bíonn neamhchomhlíonadh den sórt sin faoi réir ag ceartú airgeadais go dtí go ndéanann an Ballstát lena mbaineann bearta ceartaitheacha. I bhfianaise an ama atá caite ón gcéad leithdháileadh, ba cheart a mheas gur dlíthiúil agus rialta le héifeacht iad, ó dháta áirithe, na hiarrachtaí arna ndéanamh ag Ballstáit chun teidlíochtaí a chinneadh, agus i gcás inarb ábhartha, iad a cheartú, agus ina theannta sin ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, líon agus luach teidlíochtaí íocaíochta.
- (12) Agus na teidlíochtaí íocaíochta á leithdháileadh acu, tugadh an rogha do na Ballstáit, faoi Airteagal 24(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, comhéifeacht laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le heicteáir incháilithe ar féarthailte buana iad atá lonnaithe i limistéir a bhfuil dálaí deacra aeráide acu. Is minic a chomhbhainistítear féarach na nAlp agus sanntar limistéir ar bhonn bliantúil dá bhrí sin, rud a chruthaíonn leibhéal suntasach éiginnteachta i measc feirmeoirí sna Ballstáit lena mbaineann. Is léir anois go bhfuil sé thar a bheith casta an córas sin a chur chun feidhme go háirithe maidir le sainiú beacht na limistéir lena mbaineann. Ós rud é go mbraitheann luach na dteidlíochtaí íocaíochta, sna limistéir nach gcuirtear an chomhéifeacht laghdaithe i bhfeidhm iontu, ar shuim na dteidlíochtaí íocaíochta sna limistéir ainmnithe, déanann an éiginnteacht sin difear ina dhiaidh sin do gach feirmeoir sna Ballstáit lena mbaineann. Chun an córas atá i bhfeidhm faoi láthair sna Ballstáit sin a chobhsú, agus d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do gach feirmeoir sna Ballstáit lena mbaineann a luaithe is féidir, ba cheart na Ballstáit lena mbaineann a bheith in ann a mheas gur dlíthiúil agus rialta iad luach agus líon na dteidlíochtaí ar fad a leithdháiltear ar gach feirmeoir roimh an 1 Eanáir 2020. Gan dochar d'aon leigheas dlí atá ar fáil do thairbhíthe aonair, ba cheart an luach le haghaidh na bliana féilire 2019 atá bailí an 31 Nollaig 2019 a bheith ag na teidlíochtaí sin.
- (13) Ní hionann dearbhú na dteidlíochtaí íocaíochta agus díolúine ó fhreagracht na mBallstát faoi bhainistíocht chomhpháirteach CERT cosaint a áirithiú ar bhuiséad an Aontais ó chaiteachas neamhrialta. Dá réir sin, níor cheart dearbhú na dteidlíochtaí arna leithdháileadh d'fheirmeoirí roimh an 1 Eanáir 2021 nó, de mhaolú air sin, roimh an 1 Eanáir 2020 dochar a dhéanamh do chumhacht an Choimisiúin cinntí dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1306/2013, agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 865).

⁽¹⁰⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht don fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha (IO L 227, 31.7.2014, lch. 1).

(AE) Uimh. 1306/2013 a ghlacadh maidir le híocaíochtaí neamhrialta arna ndéanú i ndáil le haon bhliain féilire suas le 2020, an bhliain sin féin san áireamh nó, de mhaolú air sin, suas le 2019, an bhliain sin féin san áireamh, mar thoradh ar earráidí i líon nó i luach na dteidlíochtaí íocaíochta sin.

- (14) I bhfianaise na fírice go bhfuil creat dlíthiúil nua maidir le CBT nár glacadh go fóill, ba cheart a shoiléiriú gur cheart socruithe idirthréimhseacha a leagan síos chun an trasdul ó na scéimeanna tacaíochta atá ann cheana a dheonaítear ar bhonn ilbhliantúil chuig an gcreat dlíthiúil nua a rialú.
- (15) Chun tabhairt anonn suntasach gealltanais ón gclárthréimhse reatha maidir le forbairt tuaithe chuig pleananna straitéiseacha faoi CBT a theorannú, ba cheart, mar riail ghinearálta, an tréimhse de ghealltanais ilbhliantúla nua maidir le hagra-chomhshaoil-aeráid, feirmeoireacht orgánach agus leas ainmhithe a theorannú d'uastréimhse trí bliana. Ó 2022 ar aghaidh, ba cheart an síneadh a cuireadh leis na gealltanais atá ann cheana a bheith teoranta do bhliain amháin.
- (16) Le hAirteagal 31(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, rinneadh foráil do shocruithe idirthréimhseacha lena n-éascófar céimniú amach íocaíochtaí i limistéir nach measfaí a thuilleadh, mar thoradh ar chur i bhfeidhm critéar teorannaithe nua, gur limistéir iad a bhfuil srianta nádúrtha orthu. Bhí íocaíochtaí den sórt sin le híoc go dtí 2020 agus go ceann uastréimhse ceithre bliana. Le Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, cuireadh síneadh leis an spriocdháta tosaigh le haghaidh teorannú nua na limistéir sin go dtí 2019. Níorbh fhéidir leis na híocaíochtaí d'fheirmeoirí sna Ballstáit a rinne an teorannú in 2018 agus 2019 an uastréimhse ceithre bliana a bhaint amach. Chun leanúint de bheith ag céimniú amach íocaíochtaí, ba cheart ceadú do na Ballstáit leanúint de bheith á n-íoc sna blianta 2021 agus 2022, i gcás inarb infheidhme. Chun leibhéal leordhóthanach íocaíochtaí in aghaidh an heicteáir a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 31(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ba cheart leibhéal na n-íocaíochtaí sna blianta 2021 agus 2022 a shocrú ag EUR 25 in aghaidh an heicteáir.
- (17) Ós rud é nach bhfuil cosaint ag feirmeoirí ar rioscaí eacnamaíochta agus comhshaoil, rioscaí atá ag dul i méid mar thoradh ar athrú aeráide agus ar mhéadú ar luaineacht praghsanna, foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 do bheart bainistithe riosca chun cabhrú le feirmeoirí dul i ngleic leis na rioscaí sin. Áirítear sa bheart sin ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha agus uirlis um chobhsú ioncaim. Rinneadh foráil maidir le coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht a dheonú faoin mbeart sin chun a áirithiú go bhfaighidh feirmeoirí cóir chomhionann ar fud an Aontais, nach saobhtar iomaíocht agus go gcomhlíontar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. Chun úsáid an bhirt sin d'fheirmeoirí i ngach earnáil a chur chun cinn tuilleadh, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit an tairseach dar méid 30 % lena spreagtar cúiteamh d'fheirmeoirí as an titim i dtáirgeadh nó in ioncam is infheidhme maidir leis an uirlis lena mbaineann a laghdú, ach gan é a laghdú go dtí méid níos lú ná 20 %, áfach.
- (18) Tá feirmeoirí agus gnólachtaí tuaithe buailte go trom le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Le fadú na mórshrianta maidir le gluaiseacht a cuireadh i bhfeidhm sna Ballstáit, chomh maith le siopaí, margat faoin aer, bialanna agus gnólachtaí fáilteachais eile a bheith á ndúnadh ar bhonn riachtanach, cruthaíodh míshocracht eacnamaíoch san earnáil talmhaíochta agus sna pobail tuaithe agus d'eascair fadhbanna leachtacha agus sreafa airgid d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí beaga tuaithe a dhéanann próiseáil, margaíocht nó forbairt ar tháirgí talmhaíochta astu. Chun freagairt do thionchar na géarchéime ag eascairt as ráig COVID-19, ba cheart síneadh a chur le fad an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 39b de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna leachtacha a chuireann leanúnachas i ngníomhaíochtaí feirmeoireachta agus ghnólachtaí beaga i mbaol, gnólachtaí a dhéanann próiseáil, margaíocht nó forbairt ar tháirgí talmhaíochta. Ba cheart tacaíocht don bheart sin a mhaoiniú le suas go 2 % de chistí CETFT a leathdháiltear ar na Ballstáit le linn chlárthréimhse 2014-2020.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, (AE) Uimh. 1307/2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margat i dtáirgí talmhaíochta agus (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí (IO L 350, 29.12.2017, lch. 15).

- (19) Chun cás a sheachaint nach gcaithfí cistí d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail sna blianta clársceidealaithe 2021 agus 2022, níor cheart do na Ballstáit a bhaineann úsáid as an bhféidearthacht méideanna ó íocaíochtaí díreacha a aistriú chuig forbairt tuaithe a bheith in ann an leithdháileadh íosta 5 % d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, agus i gcás na Cróite 2,5 %, a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ranniocaíocht CETFT leis an bhforbairt tuaithe arna fadú go dtí an 31 Nollaig 2022 a ríomhfar sula ndéanfar na méideanna ó íocaíocht dhíreach a aistriú.
- (20) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽¹²⁾ lena mbunaítear Ionstraim Théarnamh de chuid an Aontais Eorpaigh ("EURI") chun tacú leis an téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19 ("Rialachán EURI"), ba cheart acmhainní breise a chur ar fáil do na blianta 2021 agus 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus ar a hiarmhairtí d'earnáil talmhaíochta an Aontais agus ar limistéir thuaithe.
- (21) I bhfianaise na ndúshlán gan fasach atá os comhair earnáil talmhaíochta agus limistéir thuaithe an Aontais mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, ba cheart na hacmhainní breise a sholáthraíonn EURI a úsáid chun bearta a chistiú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, lena réiteofaí bealach do théarnamh eacnamaíoch athléimneach inbhuanaithe digiteach i gcomhréir le cuspóirí ghealltanais chomhshaoil agus aeráide an Aontais agus leis na huailmhianta nua a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip.
- (22) Níor cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, uailmhian chomhshaoil na gclár forbartha tuaithe atá acu cheana a laghdú. Ba cheart dóibh an sciar foriomlán céanna de na hacmhainní breise a áirithiú is an sciar a d'fhorchoimeád siad ina gclár forbartha tuaithe le haghaidh bearta atá an-tairbheach don chomhshaoil agus don aeráid faoin ranniocaíocht ó CETFT ("prionsabal an neamh-chúlchéimnithe"). Ina theannta sin, ba cheart ar a laghad 37 % de na hacmhainní breise arna soláthar ag an EURI a thiomnú do bhearta atá an-tairbheach don chomhshaoil agus don aeráid, agus do leas ainmhithe agus do LEADER. Thairis sin, ba cheart ar a laghad 55 % de na hacmhainní breise sin a dhíriú ar bhearta a chuireann forbairt eacnamaíoch agus shóisialta chun cinn i limistéir thuaithe, eadhon: infheistíochtaí i sócmhainní fisiciúla, forbairt feirme agus gnó, tacaíocht do sheirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe agus comhar.
- (23) I gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann ar shlí eile prionsabal an neamh-chúlchéimnithe a chomhlíonadh, ba cheart an deis a bheith acu maolú ón oibleagáid 55 % ar a laghad de na hacmhainní breise ó EURI a leithdháileadh do bhearta atá dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i limistéir thuaithe, agus b'fhéarr go dtacóidís le bearta atá an-tairbheach don chomhshaoil agus don aeráid. Mar sin féin, chun dóthain solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit maolú ón bprionsabal sin an neamh-chúlchéimnithe freisin i ndáil leis na hacmhainní breise sin a mhéid is gá chun an oibleagáid 55 % sin a chomhlíonadh.
- (24) Tá na hacmhainní breise a thagann ó EURI faoi réir coinníollacha sonracha. Ba cheart, dá bhrí sin, na hacmhainní breise sin a chlárscéalú agus a fhaireachán ar leithligh ó thacaíocht an Aontais don fhorbairt tuaithe, agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 á gcur i bhfeidhm, mar riail ghinearálta, ag an am céanna. Dá bhrí sin, ba cheart na hacmhainní breise sin a chur chun feidhme trí Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus ba cheart iad a mheas faoi chuimsiú an Rialacháin sin mar mhéideanna lena maoinítear bearta faoi CETFT. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, lena n-áirítear na rialacha maidir le leasuithe ar chlár forbartha tuaithe, i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, lena n-áirítear na rialacha maidir le saoradh uathoibríoch, agus i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.
- (25) Ba cheart uasráta cómhaoinithe sonracha ón Aontas, chomh maith le ráta tacaíochta méadaithe d'infheistíochtaí lena rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch athléimneach inbhuanaithe digiteach, agus cabhair thacaíochta d'fheirmeoirí óga a bhunú chun éifeacht ghairiála leordhóthanach na n-acmhainní breise a sholáthraíonn an EURI a áirithiú.
- (26) Chun leanúnachas a áirithiú le linn na hidirthréimhse, ba cheart an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta a choimeád do na blianta 2021 agus 2022. Ba cheart méid ábhartha an cúlchiste do na blianta 2021 agus 2022 a chur san áireamh sa cúlchiste sin.
- (27) Maidir le socrúithe réamh-mhaoinithe ó CETFT, ba cheart a shoiléiriú nár cheart go dtarlódh sé, mar thoradh ar an síneadh go dtí an 31 Nollaig 2022 a cuireadh leis na clár a dtacaíonn CETFT leo i gcomhréir leis an Rialachán seo nó mar thoradh na n-acmhainní breise a chuirtear ar fáil ar bhonn Rialachán EURI, go ndeonófaí aon réamh-mhaoiniú breise do na clár lena mbaineann.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnamh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 23).

- (28) Ní fhoráiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 faoi láthair ach maidir le hoibleagáid fógra do Bhallstáit i dtaobh a gcinntí arna ndéanamh i gcomhréir leis an Airteagal sin agus an toradh measta a bhaineann leis an laghdú ar an gcuid de mhéid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir ar feadh bliana féilire áirithe atá níos mó ná EUR 150 000 do na blianta 2015 go 2020. D'fhonn a áirithiú go leanfar den chóras atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit a gcinntí arna ndéanamh i gcomhréir leis an Airteagal sin a fhógairt freisin agus maidir leis an toradh measta a bhaineann leis an laghdú do na blianta féilire 2021 agus 2022.
- (29) Cuireann Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ar chumas na mBallstát cistí a aistriú idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe maidir leis na blianta féilire 2014 go 2020. Chun a áirithiú go bhféadfaidh na Ballstáit leanúint lena straitéis féin, ba cheart an tsolúbthacht idir colúin a chur ar fáil don bhliain féilire 2021 (bliain airgeadais 2022) agus don bhliain féilire 2022 (bliain airgeadais 2023).
- (30) Chun gur féidir leis an gCoimisiún uasteorainneacha buiséadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1), le hAirteagal 36(4), le hAirteagal 42(2), le hAirteagal 49(2), le hAirteagal 51(4) agus le hAirteagal 53(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, is gá go ndéanfaidh Ballstáit a gcinntí maidir le leithdháiltí a fhógairt de réir scéime don bhliain féilire 2021 faoin 19 Feabhra 2021 agus don bhliain féilire 2022 faoin 1 Lúnasa 2021.
- (31) Foráiltear le hAirteagal 22(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le coigeartú líneach ar luach teidlíochtaí íocaíochta i gcás ina n-athraítear an uasteorainn do scéim na híocaíochta bunúsaí ó bhliain amháin go dtí an bhliain dár gcionn mar gheall ar chinntí áirithe a ghlac Ballstáit, cinntí a imríonn tionchar ar an uasteorainn do scéim na híocaíochta bunúsaí. D'fhéadfadh an síneadh ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le huasteorainneacha náisiúnta tar éis na bliana féilire 2020 agus na hathruithe bliantúla féideartha ón dáta sin tionchar a imirt ar an uasteorainn do scéim na híocaíochta bunúsaí. Dá bhrí sin, ionas go mbeidh Ballstáit in ann cloí leis an oibleagáid go mbeidh cothromaíocht idir shuim luach na dteidlíochtaí íocaíochta agus na gcúlchistí leis an uasteorainn don scéim íocaíochta bunúsaí a leagtar síos in Airteagal 22(4) den Rialachán sin, is cuí foráil a dhéanamh maidir le coigeartú líneach chun oiriúnú do shíneadh na leasuithe nó do na leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin le linn na hidirthréimhse. Ina theannta sin, chun tuilleadh solúbthachta a sholáthar do na Ballstáit, is dealraitheach gur iomchuí ligean dóibh luach na dteidlíochtaí íocaíochta nó an chúlchiste a oiriúnú, agus rátaí difriúla coigeartaithe i gceist b'fhéidir.
- (32) I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, d'fhógair na Ballstáit in 2014 a gcinntí suas go dtí an bhliain féilire 2020 maidir le roinnt na huasteorann náisiúnta bliantúla le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí idir na réigiúin agus na modhnuithe bliantúla de réir a chéile a d'fhéadfadh a bheith ann don tréimhse a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Is gá go ndéanfaidh Ballstáit na cinntí sin do na blianta féilire 2021 agus 2022 a fhógairt freisin.
- (33) Is é an sásra cóineasaithe inmheánach an próiseas lárnach le haghaidh leithdháileadh níos cothroime ar thacaíocht ioncaim dhíreach i measc feirmeoirí. Tá sé ag éirí níos deacra i gcónaí difríochtaí suntasacha aonair bunaithe ar sheantagairtí stairiúla a chosaint. I Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, is é atá i gceist le samhail bhunúsach an chóineasaithe inmheánaigh go ndéanfaidh na Ballstáit ráta comhréidh aonfhoirmeach a fheidhmiú le haghaidh na dteidlíochtaí íocaíochta go léir, ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ó 2015 ar aghaidh. Chun trasdul níos réidhe go luach aonfhoirmeach a áirithiú, áfach, leagadh amach maolú ag ligean do Bhallstáit éagsúlú a dhéanamh ar luachanna na dteidlíochtaí íocaíochta trí chóineasú páirteach a chur i bhfeidhm, ar a dtugtar an "tsamhail tolláin" freisin, idir 2015 agus 2019. Bhain roinnt Ballstát leas as an maolú sin. Chun leanúint leis an bpróiseas i dtreo leithdháileadh níos cothroime ar íocaíochtaí díreacha, ba cheart do Bhallstáit a bheith in ann cóineasú breise a dhéanamh i dtreo meán náisiúnta nó réigiúnach tar éis 2019 seachas leas a bhaint as ráta comhréidh aonfhoirmeach nó luach na dteidlíochtaí a choimeád ar leibhéal 2019. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an bhféidearthacht sin do Bhallstáit ón 1 Eanáir 2021. Ba cheart do Bhallstáit fógra a thabhairt don Choimisiún ar bhonn bliantúil, faoina gcinneadh i leith na bliana dár gcionn.
- (34) Ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le coigeartú na dteidlíochtaí íocaíochta uile arna leasú leis an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2020, ionas go bhfuil soiléirithe go raibh Ballstáit in ann cóineasú i ndiaidh 2019.
- (35) Foráiltear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le modhnuithe bliantúla de réir a chéile ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta arna leithdháileadh ón gcúlchiste le bheith i gcomhréir le céimeanna bliantúla na huasteorann náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, atá i gcomhréir le bainistiú ilbhliantúil ar an gcúlchiste. Ba cheart na rialacha sin a oiriúnú chun a léiriú go bhfuil sé indéanta luach na dteidlíochtaí íocaíochta uile arna leithdháileadh agus luach an chúlchiste araon a leasú chun oiriúnú d'athrú ar an méid in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin idir dhá bhliain. I mBallstáit a chineann leanúint le cóineasú inmheánach, déantar an cóineasú inmheánach sin a chur chun feidhme ar bhonn bliantúil. I gcás na mblianta féilire

2020, 2021 agus 2022, ní gá ach luach theidliocht íocaíochta na bliana reatha a chinneadh i mbliain an leithdháilte. Ba cheart luach aonaid na dteidliochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh ón gcúlchiste i mbliain áirithe a ríomh tar éis coigeartú féideartha an chúlchiste i gcomhréir le hAirteagal 22(5) den Rialachán sin. In aon bhliain ina dhiaidh sin, ba cheart luach na dteidliochtaí íocaíochta arna leithdháileadh ón gcúlchiste a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 22 (5) den Rialachán sin.

- (36) Foráiltear le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le feidhmiú na scéime íocaíochta aonair limistéir go dtí 31 Nollaig 2020. Is iomchuí fadú ar an scéim íocaíochta aonair limistéir sna blianta 2021 agus 2022 a cheadú.
- (37) Ós rud é go dtiocfaidh an leasú, a leagtar amach sa Rialachán seo, ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i bhfeidhm ródhéanach chun deis a thabhairt do na Ballstáit an spriocdháta bunaidh d'oibleagáid cheanglais áirithe in 2020 a urramú, is gá an spriocdháta faoina ndéanfaidh Ballstáit cinneadh an íocaíocht athdháilte a thabhairt isteach den chéad uair ó 2021 nó 2022 a chur siar, agus fógra faoin gcinneadh sin a thabhairt don Choimisiún. Is iomchuí an spriocdháta sin a shocrú ag an am céanna leis an spriocdháta le haghaidh na gcinntí maidir le solúbthacht idir colúin.
- (38) Faoi Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, na Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu, féadfaidh siad a chinneadh cabhair idirthréimhseach náisiúnta a dheonú sa tréimhse 2015-2020 chun laghdú tobann suntasach ar thacaíocht sna hearnálacha sin a bhain tairbhe as cabhair idirthréimhseach náisiúnta go dtí 2014 a sheachaint. Chun a áirithiú, le linn na hidirthréimhse, go leanfaidh cabhair den sórt sin dá ról a imirt maidir le tacú le hioncam feirmeoirí sna hearnálacha sonracha sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le leanúint den chabhair sin faoi na coinníollacha agus na teorainneacha céanna a bhí ann sa tréimhse 2015-2020.
- (39) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú go ligtear le hAirteagail 41 agus 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 do Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar a gcinntí maidir le híocaíocht athdháilte. Ba cheart an spriocdháta don athbhreithniú is infheidhme in 2021 agus in 2022 a shocrú ag an am céanna leis an spriocdháta do na cinntí a bhaineann le solúbthacht idir na colúin.
- (40) Tugtar de chumhacht don Choimisiún, le hAirteagal 52(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh lena gceadaítear do Bhallstáit a chinneadh gur féidir leanúint de thacaíocht chúpláilte dheonach a íoc go dtí 2020 ar bhonn na n-aonad táirgthe dár deonaíodh an tacaíocht sin le linn tréimhse thagartha roimhe sin. Is é is aidhm don chumhachtú sin an chomhsheasmhacht is mó is féidir a áirithiú idir scéimeanna de chuid an Aontais atá dírithe ar earnálacha ar féidir míchothromaíochtaí struchtúracha margaidh a bheith iontu. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gcumhachtú sin chun go gcumhdófar na blianta 2021 agus 2022 leis.
- (41) Ós rud é go dtiocfaidh an leasú, a leagtar amach sa Rialachán seo, ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i bhfeidhm ródhéanach chun deis a thabhairt do na Ballstáit an spriocdháta bunaidh d'oibleagáid cheanglais áirithe in 2020 a urramú, is gá an spriocdháta faoina ndéanfaidh Ballstáit cinneadh an tacaíocht chúpláilte dheonach a thabhairt isteach den chéad uair ó 2021 nó 2022 a chur siar, agus an fógra faoin gcinneadh sin a thabhairt don Choimisiún. Is iomchuí an spriocdháta sin a shocrú ag an am céanna leis an spriocdháta le haghaidh na gcinntí maidir le solúbthacht idir colúin. Ar an gcuma céanna, ba cheart spriocdháta do chinneadh ó na Ballstáit leanúint ar aghaidh nó scor de thacaíocht chúpláilte dheonach a dheonú sna blianta 2021 agus 2022, agus an fógra faoin gcinneadh sin a thabhairt don Choimisiún, a chur siar go dtí an dáta céanna.
- (42) Le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar síos na heilimintí d'fhógraí na mBallstát a bhaineann le tacaíocht chúpláilte dheonach. Is iomchuí a shoiléiriú gur cheart a áireamh sna fógraí sin do na blianta féilire 2021 agus 2022 an céatadán den uasteorainn náisiúnta a úsáidtear chun an tacaíocht sin a mhaoiniú do na blianta 2021 agus 2022.
- (43) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos rialacha maidir le comheagraíocht margai talmhaíochta agus áirítear leis scéimeanna cabhrach áirithe. Rinneadh foráil sna tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le CBT tar éis 2020 go bhfuil na scéimeanna cabhrach sin le bheith comhtháthaithe i bpleananna straitéiseacha faoi CBT de chuid na mBallstát amach anseo. Chun a áirithiú go ndéanfar na scéimeanna cabhrach sin a chomhtháthú go rianúil in CBT amach anseo, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le fad gach ceann de na scéimeanna cabhrach sin tráth a ndéanfar iad a athnuachan le linn na hidirthréimhse. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an scéim cabhrach in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, ba cheart na gcláir oibre atá ann cheana a tarraingíodh suas don tréimhse idir an 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2021 a leanúint le cláir oibre nua ar feadh tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022. Maidir le cláir oibriúcháin atá ann cheana in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí nach bhfuil a n-uastréimhse cúig bliana sroichte acu, ní fhéadfar iad a shíneadh ach go dtí an 31 Nollaig 2022. Níor cheart cláir oibriúcháin nua in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a fhorghéarú ach ar feadh uastréimhse trí bliana. Maidir leis na cláir náisiúnta atá ann cheana d'earnáil na beachadóireachta arna dtarraingt suas ar feadh tréimhse ón 1 Lúnasa 2019 go dtí an 31 Iúil 2022, ba cheart síneadh a chur leo go dtí an 31 Nollaig 2022.

- (44) Mar thoradh ar an ngéarchéim a tharla de bharr phaindéim COVID-19, i gcás saothraithe fíona a bhfuil údaruithe um plandú acu le haghaidh planduithe nua, nó le haghaidh athphlandaithe, a rachaidh in éag in 2020, cuireadh cosc orthu den chuid is mó, ar úsáid bheartaithe a bhaint as na húdaruithe sin le linn na bliana deiridh dá mbailíocht. Chun cailliúint na n-údaruithe sin a sheachaint agus chun an baol a laghdú go dtiocfadh meath ar na dálaí faoina gcaithfí an plandú a dhéanamh, is gá bailíocht na n-údaruithe um plandú le haghaidh planduithe nua, nó le haghaidh athphlandaithe, a rachaidh in éag in 2020, a fhadú. Ba cheart, dá bhrí sin, na húdaruithe plandaithe uile le haghaidh planduithe nua, nó le haghaidh athphlandaithe, a rachaidh in éag in 2020 a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2021. Chomh maith leis sin, agus athruithe ó thaobh an mhargaidh de á gcur san áireamh, ba cheart an deis a bheith ag sealbhóirí údaruithe um plandú a rachaidh in éag in 2020 gan a n-údaruithe a úsáid gan a bheith faoi réir na bponós riaracháin.
- (45) I dtaca leis an bhforáil i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le húdaruithe plandaithe do phlanduithe nua nó maidir le hathphlandú a bhí le dul in éag in 2020, arna leasú leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2020 a bheith ag an bhforáil sin, mar gheall ar shuaitheadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus na deacrachtaí a chúisigh paindéim COVID-19 a mhéid a bhaineann leis na húdaruithe plandaithe sin.
- (46) In 2013, leagadh síos forálacha idirthréimhseacha chun trasdul rianúil a áirithiú ón gcóras a bhí ann roimhe sin do chearta um plandú fíonchaor go dtí an scéim nua d'údaruithe um plandú, go háirithe chun planduithe iomarcacha a sheachaint roimh thús na scéime nua sin. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an spriocdháta is déanaí chun iarrataí a chur isteach ar chearta um plandú a thiontú ina n-údaruithe. Ní mór don iarratasóir údaruithe a úsáid, áfach, agus níl siad intrádála mar a bhíodh na cearta um plandú roimhe seo. Thairis sin, d'fhéadfaí a iarraidh ar na hiarratasóirí ar údaruithe go mbeadh limistéar comhfhreagrach fíonghort acu, a bhféadfadh cásanna a bheith mar thoradh air nár éirigh le sealbhóirí ceart um plandú na limistéir chomhfhreagracha fíonghort a fháil fós chun na húdaruithe a úsáid a bheadh mar thoradh ar a gcearta um plandú a thiontú. Mar thoradh ar an tionchar eacnamaíoch tromchúiseach atá ag paindéim COVID-19 ar earnáil an fhíona, tá fadhbanna ann maidir le sreabhadh airgid do shaothraithe fíona agus, ina theannta sin, tá éiginnteacht ann maidir leis an éileamh a bheidh ann amach anseo ar fhíon. Níor cheart iallach a chur ar shaothraithe fíona a bhfuil cearta um plandú acu fós a chinneadh an mian leo a gcearta um plandú a athrú ina n-údaruithe agus deacrachtaí eisceachtúla a bheith acu i ngeall ar an ngéarchéim de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é go mbeidís faoi réir pionós riaracháin mura n-úsáidfidh siad a n-údaruithe um plandú de thoradh an tiontaithe. Na Ballstáit sin a cheadaigh do shaothraithe fíona a n-iarrataí ar thiontú ceart um plandú a chur isteach go dtí an 31 Nollaig 2020, ba cheart go mbeidís in ann síneadh ama a chur leis an spriocdháta chun iarrataí den chineál sin a chur isteach go dtí an 31 Nollaig 2022. Dá bharr sin, ba cheart an dáta is déanaí le haghaidh bailíocht údaruithe tiontaithe den chineál sin a oiriúnú agus ba cheart deireadh teacht leis an 31 Nollaig 2025.
- (47) Le hAirteagal 214a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ceadáíodh don Fhionlainn cabhair náisiúnta a dheonú i nDeisceart na Fionlainne go dtí 2020, faoi choinníollacha áirithe, faoi réir údarú ón gCoimisiún. Chun leanúnachas íocaíochtaí na cabhrach sin a áirithiú le linn na hidirthréimhse, caithfear deonú na cabhrach náisiúnta sin a cheadú faoi na coinníollacha céanna agus na méideanna céanna a bhí ann in 2020.
- (48) Chun feidhmiú mhargadh na hola olóige a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cinntí a dhéanamh maidir le rialacha margaidh a chur chun feidhme chun an soláthar a rialú. Ba cheart cleachtais a d'fhéadfadh an iomaíocht a shaobhadh a bheith ar eisiámh ó raon feidhme na gcinntí sin, áfach.
- (49) Léirigh imeachtaí le déanaí gur minic anois a bhíonn ar fheirmeoirí aghaidh a thabhairt ar rioscaí luaineachta ioncaim, de dheasca neamhchosaint ar an margadh i bpáirt agus, de dheasca eachtraí adhaimsire agus minicíocht géarchéimeanna sláintiúchá agus fiteashláintiúchá i bpáirt a mbíonn tionchar acu ar bheostoic agus sócmhainní agranamaíochta san Aontas. Chun éifeachtaí na luaineachta ioncaim a mhaolú trí fheirmeoirí a spreagadh chun coigilteas a dhéanamh sna blianta maithe ionas go mbeidh siad in ann déileáil leis na drochbhlianta, ba cheart na bearta cánach náisiúnta lena ríomhtar an bonn cánach is infheidhme maidir le feirmeoirí ar bhonn tréimhse ilbhliantúil a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le stáitchabhair.
- (50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon foráil a dhéanamh do chur i bhfeidhm leanúnach na rialacha i gcreat CBT reatha agus d'íocaíochtaí gan bhriseadh d'fheirmeoirí agus do thairbhíthe eile, agus ar an gcaoi sin intuarthacht agus cobhsaíocht a chur ar fáil le linn na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach agus de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (51) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus déantar foráil leo maidir le seiceálacha ar fhreagracht gníomhaithe airgeadais. I gcás rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE, áirítear iontu freisin córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (52) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú dá réir.
- (53) Chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní breise a chuirtear ar fáil ar bhonn Rialachán EURI ar fáil ón 1 Eanáir 2021, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag na forálacha maidir le tacaíocht EURI sa Rialachán seo, ón dáta sin.
- (54) I bhfianaise an ghá atá ann, thar aon ní eile, deimhneacht dhlíthiúil don earnáil talmhaíochta a áirithiú sna cúinsí atá ann faoi láthair, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar bhonn práinne ar an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

CAIBIDIL I

Síneadh ama a chur le tréimhsí áirithe faoi Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 1310/2013 agus leanúint de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chur i bhfeidhm do na blianta clárthréimhse 2021 agus 2022

Airteagal 1

Síneadh leis an tréimhse le haghaidh ré na gclár a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

1. Maidir le clár a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 leis seo, cuirtear síneadh leis go dtí an 31 Nollaig 2022.
2. An síneadh leis an tréimhse le haghaidh ré na gclár a fhaigheann tacaíocht ó CETFT, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh sé gan dochar don riachtanas iarratas a chur isteach leasú a dhéanamh ar chlár forbartha tuaithe don idirthréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Le leasú den chineál sin áiritheofar go ndéanfar an sciar foriomlán céanna ar a laghad de ranníocaíocht CETFT a fhorchoimeád do na bearta dá dtagraítear in Airteagal 59(6) den Rialachán sin.

Airteagal 2

Leanúint d'fheidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le clár a fhaigheann tacaíochtó CETFT

1. Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 d'fheidhm a bheith aige maidir le clár a fhaigheann tacaíocht ó CETFT faoi chlárthréimhse 2014-2020 agus a gcuirtear síneadh ama leo i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo.
2. Maidir le clár a gcuirtear síneadh ama leo i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo, cuirtear síneadh ama dhá bhliain leis na tagairtí do thréimhsí nó sprioc-amanna in Airteagal 50(1), Airteagal 51(1), Airteagal 57(2) agus Airteagal 65(2) agus sa chéad mhír d'Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

⁽¹³⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Maidir le clár a gcuirtear síneadh ama leo i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo, leasóidh na Ballstáit na spriocanna sin dá gcuid a bunaíodh i gcomhthéacs an chreata feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, chun spriocanna a bhunú do 2025. I gcás na gclár sin, is mar thagairtí do spriocanna na bliana 2025 a thuigfear tagairtí do spriocanna na bliana 2023 a leagtar amach i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 nó le hAirteagal 8(3), Airteagal 67, Airteagal 75(5) nó Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

4. Is é an 31 Nollaig 2027, an dáta is déanaí faoina n-ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil sintéise ina mbeidh príomhchonclúidí na meastóireachtaí *ex-post* ar CETFT dá bhforáiltear in Airteagal 57(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 3

Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais le linn na hidirthréimhse

Gan dochar d'Airteagal 2(2) den Rialachán seo, d'Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus d'Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, beidh an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 agus in Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014, incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT as leithdháileadh 2021 agus 2022 i gcomhair clár a fhaigheann tacaíocht CETFT ar cuireadh síneadh ama leo i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- déantar foráil do chaiteachas den sórt sin sa chlár forbartha tuaithe faoi seach do na blianta a chumhdaítear leis an idirthréimhse;
- tá feidhm ag ráta ranníocaíochta CETFT a ghabhann leis an mbeart comhfhreagrach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014;
- an córas dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tá sé infheidhme maidir leis na gealltanais dhlíthiúla ar gabhadh faoina gceangal faoi bhearta a chomhfhreagraíonn do thacaíocht a deonaíodh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d'Airteagal 21(1) agus le hAirteagail 28 go 31, 33, 34 agus 40 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus saináithnítear go soiléir na hoibríochtaí is ábhartha; agus
- déantar na híocaíochtaí i leith na ngealltanais dlíthiúil dá dtagraítear i bpointe (c) den Airteagal seo laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

CAIBIDIL II

Straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail amach anseo a ullmhú sna blianta clárthréimhse 2021 agus 2022

Airteagal 4

Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

Maidir le clár a gcuirtear síneadh ama leo i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo, féadfaidh CETFT tacaíocht a thabhairt do chostais fothú acmhainní agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin lena dtacaítear le straitéisí forbartha áitiúil faoi stiúir an phobail a cheapadh agus a chur chun feidhme amach anseo faoin gcreat dlíthiúil nua.

CAIBIDIL III

Teidlíochtaí íocaíochta i gcás íocaíochtaí díreach le feirmeoirí

Airteagal 5

Teidlíochtaí íocaíochta cinnitheacha

1. Amhail ón 1 Eanáir 2021, measfar gur dlíthiúil rialta iad na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí roimh an 1 Eanáir 2020. An luach le haghaidh na bliana féilire 2020 atá bailí an 31 Nollaig 2020, is é sin an luach a bheidh ar na teidlíochtaí sin a bhfuiltear lena meas mar theidlíochtaí dlíthiúla rialta.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh Ballstát a d'úsáid an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 24(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus ionchais dhlísteanacha feirmeoirí á n-urramú aige, a chinneadh go measfar na teidlíochtaí íocaíochta ar fad a leithdháileadh roimh an 1 Eanáir 2020 a bheith dlíthiúil agus rialta ón dáta sin. Sa chás sin, an luach le haghaidh na bliana féilire 2019 atá bailí an 31 Nollaig 2019, is é sin an luach a bheidh ar na teidlíochtaí sin a bhfuiltear lena meas mar theidlíochtaí dlíthiúla agus rialta.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo gan dochar do na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe Airteagal 22(5) agus Airteagal 25(12) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, a mhéid a bhaineann le luach na dteidlíochtaí íocaíochta do bhliain féilire 2020 agus ina dhiaidh sin.

4. Ní chuirfear míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm maidir leis na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí ar bhonn iarratais a bhí míchrúinn ó thaobh fíricí, ach amháin i gcásanna nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go n-aimseodh an feirmeoir an earráid.

5. Beidh míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo gan dochar don chumhacht atá ag an gCoimisiún cinní dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a ghlacadh maidir le caiteachas a thabhaítear i gcás íocaíochtaí a deonaíodh i leith blianta féilire suas go 2020, agus an bhliain sin san áireamh, i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 1 den Airteagal seo, nó suas go dtí 2019, agus an bhliain sin san áireamh, i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2 den Airteagal seo.

CAIBIDIL IV

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le forbairt tuaithe

Airteagal 6

Incháilítheacht an chaiteachais arna thabú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, agus cineálacha áirithe caiteachais arna dtabú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 agus (CE) Uimh. 1257/1999

I gcás aon chaiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla, arna dtabhairt do thairbhíthe, arna thabú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, agus cineálacha áirithe caiteachais arna dtabú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ⁽¹⁴⁾ agus (CE) Uimh. 1257/1999 ⁽¹⁵⁾ ón gComhairle, is féidir gurb incháilíthe a leithéid le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT don tréimhse 2023-2027 ón 1 Eanáir 2023, faoi réir na gcoinníollacha a chinnfear i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil CBT is infheidhme le linn na tréimhse 2023-2027.

TEIDEAL II

LEASUITHE

Airteagal 7

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

- (1) leasaítear pointe (h) d'Airteagal 8(1) mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) tábla ina leagtar amach, i gcomhréir le hAirteagal 58(4) agus le hAirteagal 58a(2) den Rialachán seo, ranníocaíocht iomlán CETFT atá beartaithe do gach bliain. Léireofar ar leithligh sa tábla sin na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a(2) den Rialachán seo. Nuair is infheidhme, léireofar freisin sa tábla sin

⁽¹⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

⁽¹⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán áirithe (IO L 160, 26.6.1999, lch. 80).

ar leithligh, laistigh de ranníocaíocht iomlán CETFT, na leithreasáí dá bhforáiltear do na réigiúin thearcfhorbartha agus na cistí arna n-aistriú chuig CETFT de bhun Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Beidh ranníocaíocht bheartaithe bhliantúil CETFT comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil;”;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (ii):

“(ii) tábla ina leagtar amach, do gach beart, do gach cineál oibríochta le ráta sonrath ranníocaíochta CETFT, don chineál oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 37(1) agus in Airteagal 39a, don chineál oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 38(3) agus in Airteagal 39(1) i gcás go gcuireann Ballstát céatadán is lú ná 30 % i bhfeidhm, agus do chúnamh teicniúil, ranníocaíocht bheartaithe iomlán an Aontais agus ráta infheidhme ranníocaíochta CETFT. I gcás inarb infheidhme, léireofar ar leithligh sa tábla sin ráta ranníocaíochta CETFT do réigiúin thearcfhorbartha agus do réigiúin eile;”;

(2) in Airteagal 28(5), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“Maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal ó 2021 amach, cinntí na Ballstáit ar thréimhse is giorra, is é sin thréimhse aon bhliain amháin go trí bliana ar fad, ina gclár forbartha tuaithe.

Má dhéanann na Ballstáit soláthar chun síneadh ama bliantúil a chur leis na gealltanais tar éis dheireadh na tréimhse tosaigh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ó 2022 amach, ní rachaidh an síneadh ama sin thar aon bhliain amháin.

De mhaolú ar an dara fómhír, maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal in 2021 agus 2022, féadfaidh na Ballstáit tréimhse is faide ná trí bliana a chinneadh ina gclár forbartha tuaithe, agus sin bunaithe ar chineál na ngealltanais agus ar na cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid atáthar a iarraidh.”;

(3) in Airteagal 29(3), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“Maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal ó 2021 amach, cinntí na Ballstáit ar thréimhse is giorra, is é sin thréimhse aon bhliain amháin go trí bliana ar fad, ina gclár forbartha tuaithe.

Má dhéanann na Ballstáit soláthar le haghaidh síneadh ama bliantúil i gcomhair feirmeoireacht orgánach tar éis dheireadh na tréimhse tosaigh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní rachaidh, ó 2022 amach, an síneadh ama sin thar aon bhliain amháin.

De mhaolú ar an dara fómhír, maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal in 2021 agus 2022, i gcás ina ndeonaítear tacaíocht don aistriú go feirmeoireacht orgánach, féadfaidh na Ballstáit tréimhse is faide na trí bliana a chinneadh ina gclár forbartha tuaithe.”;

(4) in Airteagal 31(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:

“Sna blianta 2021 agus 2022, maidir le clár ar cuireadh síneadh ama leo i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *, i gcás nár dheonaigh na Ballstáit íocaíochtaí céimlaghdaitheacha ar feadh uastréimhse ceithre bliana suas go 2020, féadfaidh na Ballstáit sin cinneadh a dhéanamh leanúint de na híocaíochtaí sin go dtí deireadh 2022, ach sin ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana san iomlán. Sa chás sin, ní rachaidh na híocaíochtaí sna blianta 2021 agus 2022 thar EUR 25 in aghaidh an heicteáir.

* Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).”;

(5) in Airteagal 33(2), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“Maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal amháil ó 2021, cinntí na Ballstáit ar thréimhse is giorra, is é sin thréimhse aon bhliain amháin go 3 bliana ar fad, ina gclár forbartha tuaithe.

Má dhéanann na Ballstáit foráil do shíneadh ama bliantúil a chur leis na gealltanais tar éis dheireadh na tréimhse tosaigh i gcomhréir leis an dara fómhír, amháil ó 2022, ní rachaidh an síneadh ama sin thar aon bhliain amháin.

De mhaolú ar an tríú fomhír, maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal in 2021 agus 2022, féadfaidh na Ballstáit tréimhse níos faide ná trí bliana ina gclár forbartha tuaithe a chinneadh, agus sin bunaithe ar chineál na ngealltanais agus ar na tairbhí leasa ainmhithe atáthar a iarraidh.”;

- (6) in Airteagal 38(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (b) d’Airteagal 36(1) ach amháin chun cailteanas a chumhdach a tharla mar thoradh ar ráig de theagmhas dhíobhálach aeráide, galar ainmhithe nó plandaí, foirgeacht le lotnaidí, nó bearta a glacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE maidir le díothú nó rialú a dhéanamh ar ghalar plandaí nó ar theagmhas lotnaidí nó comhshaoil, a scriosann níos mó ná 30 % de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse trí bliana roimhe sin, nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Féadfar innéacsanna a úsáid chun táirgiúlacht bhliantúil an fheirmeora a ríomh. Beifear in ann cailteanas iarbhír feirmeora aonair in aon bhliain ar leith a chinneadh tríd an modh ríofa a úsáidtear. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an céatadán 30 % sin a laghdú áfach, go leibhéal nach lú ná 20 %.”;

- (7) in Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (c) d’Airteagal 36(1) ach amháin má tá an titim san ioncam níos mó ná 30 % de mheán-ioncam bliantúil an fheirmeora aonair sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde agus an iontráil is ísle san áireamh. Chun críocha phointe (c) d’Airteagal 36(1), tagróidh ioncam do shuim an ioncaim a fhaigheann an feirmeoir ón margadh, lena n-áirítear tacaíocht phoiblí de chineál ar bith, lúide costais ionchuir. Le híocaíochtaí ón gciste frithpháirteach le feirmeoirí, tabharfar cúiteamh as níos lú ná 70 % den ioncam a chailltear le linn na bliana a mbeidh an táirgeoir incháilithe an cúnaimh sin a fháil. Féadfar innéacsanna a úsáid chun cailteanas bliantúil ioncaim an fheirmeora a ríomh. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an céatadán 30 % sin a laghdú, áfach, go leibhéal nach lú ná 20 %.”;

- (8) in Airteagal 39b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Beidh an tacaíocht i bhfoirm íocaíochta cnapshuime a íocfar faoin 31 Nollaig 2021, bunaithe ar iarratais ar thacaíocht arna gceadú ag an údarás inniúil faoin 30 Meitheamh 2021. Déanfar an aisíocaíocht ina dhiaidh sin ón gCoimisiúin i gcomhréir le leithreasuithe buiséid agus faoi réir an chistithe atá ar fáil. Féadfar leibhéal na híocaíochta a idirdhealú de réir catagóirí tairbhíthe, i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.”

- (9) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. De bhreis ar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/2220, féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta cúraimí breise arna dtarlmligean chucu ag an Údarás Bainistíochta agus/nó ag an ngníomhaireacht íocaíochta a chomhlíonadh.”;

- (10) in Airteagal 51(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“De mhaolú ar an gcéad fhomhír, maidir leis na Ballstáit ar lú ná EUR 1 800 milliún an tacaíocht iomlán dóibh ón Aontas le haghaidh forbairt tuaithe do na blianta 2014-2020 mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo tar éis síneadh ama a chur lena gcuid clár i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/2220, féadfaidh siad a chinneadh 5 % den mhéid iomlán do gach aon chlár forbartha tuaithe a dhírú ar chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.”;

- (11) leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Gan dochar do mhíreanna 5, 6 agus 7, is é EUR 26 896 831 880, ar a mhéad, i bpraghsanna reatha, méid iomlán na tacaíochta ón Aontas a bheidh ann don fhorbairt tuaithe faoin Rialachán seo, i gcomhair na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022 agus, i gcomhréir leis an gcreat ilbhliantúil airgeadais le haghaidh na mblianta 2021 go dtí 2027.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Chun na forbairtí a bhaineann leis an miondealú bliantúil dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a chur san áireamh, lena n-áirítear na haistriúcháin dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo, agus na haistriúcháin a thíocfaidh de chur i bhfeidhm Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/2220, chun coigeartuithe teicniúla a dhéanamh gan na leithdháiltí foriomlána a athrú, nó chun aon athrú eile a chur san áireamh a ndéanfar foráil lena aghaidh le gníomh reachtach tar éis an Rialachán seo a ghlacadh, cumhachtófar don Choimisiún

gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 83 den Rialachán seo, chun na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo a athbheithniú.”;

(12) Cuirtear isteach an t-airteagal a leanas:

“Airteagal 58a

Acmhainní le haghaidh théarnaimh earnáil talmhaíochta agus limistéir thuaithe an Aontais

1. Déanfar pointe (g) d’Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle (an Rialachán EURI) * a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Airteagal seo trí bhearta atá incháilithe faoi CETFT agus atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19, le méid EUR 8 070 486 840 i bpraghsanna reatha den mhéid dá dtagraítear i bpointe (vi) d’Airteagal 2(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagal 3(3),(4) agus (8) de.

Is é a bheidh sa mhéid EUR 8 070 486 840 sin i bpraghsanna reatha, ioncaim shannta sheachtracha i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **.

Cuirfear ar fáil é mar acmhainní breise le haghaidh gealltanais buiséadach faoi CETFT do na blianta 2021 agus 2022, de bhreis ar na hacmhainní foriomlána a leagtar amach in Airteagal 58 den Rialachán seo mar a leanas:

— 2021: EUR 2 387 718 000;

— 2022: EUR 5 682 768 840

Chun críoch an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013, measfar na hacmhainní breise sin mar mhéideanna lena maoinítear bearta faoi CETFT. Measfar gur cuid de mhéid iomlán thacaíocht an Aontais don fhorbairt tuaithe iad, dá dtagraítear in Airteagal 58(1) den Rialachán seo, agus cuirfear leis an méid sin iad nuair a dhéantar tagairt do mhéid iomlán thacaíocht an Aontais don fhorbairt tuaithe. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir leis na hacmhainní breise dá dtagraítear sa mhír seo agus i mír 2 den Airteagal seo.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn Ia an miondealú do gach Ballstát ar na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tar éis an méid dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a asbhaint.

3. Na tairseacha céatadáin de ranníocaíocht iomlán CETFT leis an gclár forbartha tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 59(5) agus (6) den Rialachán seo, ní bheidh feidhm ag na tairseacha sin maidir leis na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Mar sin féin, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar ar a laghad an sciar foriomlán céanna de ranníocaíocht CETFT, lena n-áirítear na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, a fhorchoimeád i ngach clár forbartha tuaithe do na bearta dá dtagraítear in Airteagal 59(6) den Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2020/2220.

4. Déanfar 37 % ar a laghad de na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a fhorchoimeád i ngach clár forbartha tuaithe do bhearta dá dtagraítear in Airteagal 33 agus in Airteagal 59(5) agus (6), agus go háirithe don mhéid seo a leanas:

- (a) an fheirmeoireacht orgánach;
- (b) an t-athrú aeráide a mhaolú, agus oiriúnú dó, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht a laghdú;
- (c) an ithir a chaomhnú, lena n-áirítear torthúlacht na hithreach a fheabhsú trí cheapadh carbóin;
- (d) úsáid agus bainistiú uisce a fheabhsú, lena n-áirítear caomhnú uisce;
- (e) gnáthóga a chruthú, a chaomhnú agus a athbhunú atá fabhrach don bhithéagsúlacht;
- (f) laghdú ar na rioscaí agus ar an tionchar a bhaineann le lotnaidicídí agus ábhar frithmhiocróbach a úsáid;
- (g) leas ainmhithe;
- (h) gníomhaíochtaí comhair LEADER.

5. Déanfar 55 % ar a laghad de na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a fhorchoimeád i ngach clár forbartha tuaithe do bhearta dá dtagraítear in Airteagail 17, 19, 20 agus 35, ar choinníoll go gcuirfidh úsáid ainmnithe na mbearta sin sna cláir forbartha tuaithe forbairt eacnamaíoch agus shóisialta i limistéir thuaithe chun cinn, agus go rannchuideoidh an úsáid sin le téarnamh eacnamaíoch athléimneach inbhuanaithe digiteach i gcomhréir, *inter alia*, leis na cuspóirí talmhaíochta, comhshaoil agus aeráide arna saothrú faoin Rialachán seo, agus go háirithe:

- (a) slabhraí soláthair gairide agus margáí áitiúla;
- (b) éifeachtúlacht acmhainní, lena n-áirítear feirmeoireacht bheacht agus chliste, nuálaíocht, digitú agus nuachóiriú innealra agus trealaimh táirgthe;
- (c) dálaí sábháilteachta ag an obair;
- (d) fuinneamh in-athnuaite, geilleagar ciorclach agus bithghilleagar;
- (e) rochtain i limistéir thuaithe ar ardcháilíocht TFC.

Agus na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo á leithdháileadh, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh maolú ón tairseach céatadáin a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a mhéid is gá chun prionsabal an neamh-chúlchéimnithe a leagtar amach in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2020/2220 a chomhlíonadh. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh maolú ó phrionsabal an neamh-chúlchéimnithe sin a mhéid is gá chun an tairseach céatadáin a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh.

6. Féadfar suas le 4 % de na hacmhainní breise iomlána dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a leithdháileadh do chúnamh teicniúil, ar thionscnamh na mBallstát, do na cláir forbartha tuaithe i gcomhréir le hAirteagal 51(2). Féadfaidh an tairseach céatadáin sin a bheith cothrom le 5 % i gcás na mBallstát sin a bhfuil feidhm ag an gceathrú fómhír d'Airteagal 51(2) maidir leo.

7. Féadfar suas le 0,25 % de na hacmhainní breise iomlána dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leithdháileadh do chúnamh teicniúil i gcomhréir le hAirteagal 51(1).

8. Na gealltanais bhuiséadacha a bhaineann leis na hacmhainní breise dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i ngach clár forbartha tuaithe, déanfar iad ar leithligh ón leithdháileadh dá dtagraítear in Airteagal 58(4).

9. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 20, 21 agus 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hacmhainní breise dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.

* Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnamh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 23).

** Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).";

(13) leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

- (a) (i mír 4), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(ea) 100 % i gcás oibríochtaí a fhaigheann cistiú ó acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a(1). Féadfaidh na Ballstáit ráta aonair sonrach, a bheidh infheidhme maidir leis na hoibríochtaí sin go léir, a bhunú do ranníocaíocht CETFT;”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Forchoimeádfar 5 % ar a laghad agus 2,5 % i gcás na Cróite den ranníocaíocht iomlán ó CETFT chuig an gclár forbartha tuaithe d'fhorbairt áitiúil LEADER agus d'fhorbairt faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/2220.

I gcás ina mbainfidh na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa séú nó seachtú fómhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, beidh feidhm ag na céatadáin a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo maidir le ranníocaíocht iomlán CETFT i gcomhair an chláir forbartha tuaithe gan an tacaíocht bhreise a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an séú nó seachtú fómhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6a:

“6a. Ní rachaidh tacaíocht CETFT arna soláthar faoi Airteagal 39b thar 2 % de ranníocaíocht iomlán CETFT leis na gclár forbartha tuaithe do na blianta 2014-2020 dá bhforáiltear i gCuid a hAon d'Iarscríbhinn I.”

(14) in Airteagal 75, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Faoin 30 Meitheamh 2016 agus faoin 30 Meitheamh gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2026, agus an bhliain sin san áireamh, cuirfidh an Ballstát tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin, ar tuarascáil í ar chur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe sa bhliain féilire roimhe sin. Cumhdófar na blianta féilire 2014 agus 2015 sa tuarascáil a chuirfear isteach in 2016.”;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 78:

“Sa bhliain 2026, ullmhóidh na Ballstáit tuarascáil mheastóireachta *ex-post* le haghaidh gach ceann dá gclár forbartha tuaithe. Cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2026.”;

(16) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(17) cuirtear Iarscríbhinn Ia nua isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(18) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) Leasaítear Airteagal 17(3) Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha, an cheathrú colún mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 6:

“De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile

Féadfar na rátaí thuas a mhéadú 35 pointe céatadáin de bhreis, ar a mhéad, i gcás oibríochtaí maoiniúcháin ó chistí dá dtagraítear in Airteagal 58a(1) lena rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch athléimneach inbhuanaithe digiteach ar choinníoll nach mó ná 75 % an tacaíocht sin, agus a mhéadú 20 pointe céatadáin de bhreis, ar choinníoll nach mó ná 90 % an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte, le haghaidh na nithe seo a leanas:

- Feirmeoirí óga mar a shainítear sa Rialachán seo, nó a thosaigh amach cheana féin le linn na cúig bliana roimh an iarratas ar thacaíocht;
- Infheistíochtaí comhchoiteanna agus tionscadal comhtháite, lena n-áirítear iad sin atá nasctha le cumasc eagraíochtaí táirgeoirí;
- Limistéir a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag bagairt orthu, srianta dá dtagraítear in Airteagal 32;
- Oibríochtaí a dtugtar tacú dóibh laistigh de chreat CEN;
- Infheistíochtaí atá nasctha le hoibríochtaí faoi Airteagal 28 agus Airteagal 29”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 11:

“De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile

Féadfar na rátaí thuas a mhéadú 35 pointe céatadáin de bhreis, ar a mhéad, i gcás oibríochtaí maoiniúcháin ó chistí dá dtagraítear in Airteagal 58a(1) lena rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch athléimneach inbhuanaithe digiteach ar choinníoll nach mó ná 75 % an tacaíocht sin, agus a mhéadú 20 pointe céatadáin de bhreis, ar choinníoll nach mó ná 90 % an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte, i gcás oibríochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh laistigh de chreat CEN nó le haghaidh na n-oibríochtaí sin a bhfuil baint acu le cumasc d'eagraíochtaí tháirgeoirí.”;

(b) Airteagal 19(6), Forbairt feirme agus gnó, an cheathrú colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 1:

“In aghaidh an fheirmeora óig faoi Airteagal 19(1)(a)(i)

Féadfar an méid sin a mhéadú EUR 30 000 de bhreis ar a mhéad i gcás oibríochtaí maoiniúcháin ó chistí dá dtagraítear in Airteagal 58a(1).”

Airteagal 8

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 25, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Maidir le gach ceann de na blianta 2021 agus 2022, is é EUR 400 milliún (ag praghsanna 2011) an méid a bheidh sa chúlchiste, agus áireofar é faoi Cheannteideal 3 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/2093 ón gComhairle * [CAI].

* Rialachán (AE) 2020/2093 an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 11).”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

“Airteagal 33

Ceangaltais bhuiséadacha

A mhéid a bhaineann le gealltanais bhuiséadacha an Aontais i gcomhair cláir forbartha tuaithe, beidh feidhm ag Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus i gcás inarb infheidhme, i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * .

* Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).”;

(3) in Airteagal 35, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Maidir le cláir a gcuirfeadh síneadh leo i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/2220, ní dheonófar aon réamh-mhaoiniú i gcomhair leithdháileadh 2021 agus 2022 nó i gcomhair acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.”;

(4) in Airteagal 36(3), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Beidh feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír, *mutatis mutandis*, maidir leis na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.”;

(5) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Tar éis don Choimisiún an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme cláir fhorbartha tuaithe a fháil, íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, ar bhonn na gcuntas bliantúil le haghaidh na bliana deireanaí de chur i gcrích an chláir ábhartha forbartha tuaithe agus ar bhonn an chinneadh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach. Cuirfeadh na cuntais sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2220, agus cumhdóidh siad an caiteachas a dhéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas.”;

(6) in Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. An chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha atá fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2220, agus nach ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith laistigh de shé mhí ón dáta sin, déanfar an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch.”.

Airteagal 9

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 11(6), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cinntí a dhéanfar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus faoi aon táirgeadh measta laghduithe don bhliain 2021 faoin 19 Feabhra 2021 agus don bhliain 2022 faoin 1 Lúnasa 2021.”;

(2) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, mar thacaíocht bhreise arna maoiniú faoi CETFT sna blianta airgeadais 2022 agus 2023, suas le 15 % dá n-uasteorainneacha náisiúnta bliantúla i gcomhair na blianta féilire 2021 agus 2022 a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, a chur ar fáil. Mar thoradh air sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh chun íocaíochtaí díreacha a dheonú. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin don Choimisiún don bhliain féilire 2021 faoin 19 Feabhra 2021 agus don bhliain féilire 2022 faoin 1 Lúnasa 2021 agus leagfar amach ann an céatadán a roghnaíodh.”;

(b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Féadfaidh na Ballstáit nach mbeidh an cinneadh dá dtagraítear sa seachtú fhomhír de mhír 1 déanta acu do na blianta airgeadais 2022 agus 2023, a chinneadh suas go 15 % a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha, nó i gcás na dtíortha seo: an Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, agus an tSualainn, suas go 25 % den mhéid a leithdháilfear mar thacaíocht arna mhaoiniú faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2022 trí Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus sa bhliain airgeadais 2023 trí reachtaíocht de chuid an Aontais a glacadh tar éis Rialachán (AE) 2020/2093 ón gComhairle * [CAI] a bheith glactha. Mar thoradh air sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le haghaidh tacaíocht a mhaoineofar faoi CETFT. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin don Choimisiún don bhliain airgeadais 2022 faoin 19 Feabhra 2021 agus don bhliain airgeadais 2023 faoin 1 Lúnasa 2021 agus leagfar amach ann an céatadán a roghnaíodh.

* Rialachán (AE) 2020/2093 an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 11”;

(3) Leasaítear Airteagal 22 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás gach Ballstát, féadfaidh an méid a ríomhtar i gcomhréir le fhomhír 1 den Airteagal seo a ardú céatadán d'uasmhéid 3 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta ábhartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í tar éis an méid atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 47(1) don bhliain ábhartha a bhaint. I gcás ina gcuirfidh Ballstát méadú den sórt sin i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún méadú den chineál sin san áireamh agus an uasteorainn náisiúnta bhliantúil á socrú le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí de bhun mhír 1 den Airteagal seo. Chun na críche sin, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin 1 Lúnasa 2014 faoi na céatadáin bhliantúla faoina n-ardófar an méid a ríomhadh de bhun mhír 1 den Rialachán seo. Faoin 19 Feabhra 2021, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gcéatadán bhliantúil faoina méadófar an méid arna ríomh de bhun mhír 1 den Airteagal seo maidir le blianta féilire 2021 agus 2022.”;

(b) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Maidir le blianta féilire 2021 agus 2022, agus maidir leis an uasteorainn a shocróidh an Coimisiún i leith Ballstáit de bhun mhír 1 den Airteagal seo, má bhíonn difríocht idir an uasteorainn sin agus uasteorainn na bliana roimhe sin de thoradh athrú ar an méid a leagtar amach in Iarscríbhinn II nó de thoradh aon chinneadh a ghlac an Ballstát sin i gcomhréir leis an Airteagal seo, Airteagal 14(1) nó (2), Airteagal 42(1), Airteagal 49(1), Airteagal 51(1), nó Airteagal 53, déanfaidh an Ballstát sin laghdú líneach nó méadú líneach ar luach na dteidíochtaí íocaíochta uile agus/nó laghdú nó méadú ar an gcúlchiste náisiúnta nó ar na cúlchistí réigiúnacha chun a áirithiú go gcomhlíonfar mír 4 den Airteagal seo.”;

- (4) in Airteagal 23(6), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Maidir le bliain féilire 2021, na Ballstáit a chuirfidh an chéad fhomhír de mhír 1 i bhfeidhm, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, faoin 19 Feabhra 2021 agus maidir le bliain féilire 2022 faoin 1 Lúnasa 2021 faoi na cinntí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.”;

- (5) in Airteagal 25, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

“11. Tar éis dóibh na coigeartuithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5) a chur i bhfeidhm, na Ballstáit sin a mbeidh úsáid bainte acu as an maolú dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo, féadfaidh siad a chinneadh, maidir le teidlíochtaí íocaíochta a bhí ag feirmeoirí an 31 Nollaig 2019 arb ísle a luach ná an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2020 arna ríomh i gcomhréir leis an dara fhomhír den mhír seo, go méadófar an luach aonaid ionsar an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2020. Ríomhfar an méadú faoi réir na gcoinníollacha a leanas:

- (a) is ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha a bhunaítear an modh lena ríomhtar an méadú a chinneann an Ballstát lena mbaineann;
- (b) chun an méadú a mhaoiniú, laghdófar teidlíochtaí íocaíochta nó sciar de na teidlíochtaí íocaíochta a bhí i seilbh feirmeoirí nó faoi léas acu an 31 Nollaig 2019 arb airde a luach ná an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2020 arna ríomh i gcomhréir leis an dara fhomhír; beidh feidhm ag an laghdú sin maidir leis an difríocht idir luach na dteidlíochtaí sin agus an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2020; déanfar cur i bhfeidhm an laghdaithe sin a bhunú ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, lena bhféadfaí a áireamh uaslghdú a shocrú.

An luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2020 dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, ríomhfar é mar a leanas: roinnfear an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnach i gcomhair scéim na híocaíochta bunúsaí a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó Airteagal 23(2) le haghaidh 2020, gan méid na gcúlchistí náisiúnta nó réigiúnacha a áireamh, ar an líon teidlíochtaí íocaíochta a bhí i seilbh feirmeoirí nó faoi léas acu an 31 Nollaig 2019.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, na Ballstáit a mbeidh úsáid bainte acu as an maolú dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo, féadfaidh siad a chinneadh go gcoimeádfar luach na dteidlíochtaí íocaíochta arna ríomh i gcomhréir leis an mír sin agus faoi réir an choigeartaithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5).

Cuirfidh na Ballstáit feirmeoirí ar an eolas in am trátha faoi luach a gcuid teidlíochtaí íocaíochta mar a ríomhadh i gcomhréir leis an mír seo.

12. Maidir leis na blianta féilire 2021 agus 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go gcuirfear cóineasú inmheánach breise i bhfeidhm trí mhír 11 a chur i bhfeidhm maidir leis an mbliain lena mbaineann.”;

- (6) in Airteagal 29, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“Maidir le blianta féilire 2020 agus 2021, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoin 19 Feabhra 2021 faoina gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 25(11) agus (12).

Maidir le bliain féilire 2022, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoin 1 Lúnasa 2021, faoina gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 25(12).”;

- (7) in Airteagal 30(8), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Maidir le leithdháiltí ón gcúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha in 2021 agus 2022, an méid den chúlchiste náisiúnta nó de na cúlchistí réigiúnacha atá le heisiáim i gcomhréir leis an dara fhomhír den mhír seo, déanfar é a choigeartú i gcomhréir leis an dara fhomhír d’Airteagal 22(5). Maidir le leithdháiltí ón gcúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha in 2021 agus 2022, ní bheidh feidhm ag an tríú fhomhír den mhír seo.”;

- (8) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Ballstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu in 2020, leanfaidh siad de sin a dhéanamh tar éis an 31 Nollaig 2020.”.

- (b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“I gcás gach Ballstát, féadfaidh an méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo a ardú céatadán d’uasmhéid 3 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta ábhartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í tar éis an méid atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 47(1) don bhliain ábhartha a bhaint. I gcás ina gcuirfidh Ballstát méadú den sórt sin i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún ardú den chineál sin san áireamh agus an uasteorainn náisiúnta bhliantúil á socrú le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí de bhun na chéad fhomhíre

den mhír seo. Chun na críche sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 31 Eanáir 2018 faoi na céatadán bhliantúla faoina méadófar an méid arna ríomh de bhun mhír 1 den Airteagal seo gach bliain féilire ó 2018. Faoin 19 Feabhra 2021, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gcéatadán bliantúil faoina méadófar an méid arna ríomh de bhun mhír 1 den Airteagal seo maidir le blianta féilire 2021 agus 2022.”;

(9) leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Féadfaidh Ballstáit a dheonaíonn cabhair idirthréimhseach náisiúnta sa tréimhse 2015-2020 a chinneadh cabhair idirthréimhseach náisiúnta a dheonú in 2021 agus 2022.”;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleasc:

“— 50 % in 2020, 2021 agus 2022.”;

(10) in Airteagal 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Féadfaidh Ballstáit a chinneadh faoin 1 Lúnasa in aon bhliain faoi leith íocaíocht bhliantúil a dheonú sa chéad bhliain eile ar fheirmeoirí atá i dteideal íocaíocht faoi scéim na híocaíochta bunúsaí dá dtagraítear i Ranna 1, 2, 3 agus 5 de Chaibidil 1 nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear in Roinn 4 de Chaibidil 1 (‘an íocaíocht athdháilte’). Féadfaidh Ballstáit cinneadh den sórt sin a ghlacadh faoin 19 Feabhra 2021 maidir le bliain féilire 2021 agus faoin 1 Lúnasa 2021 maidir le bliain féilire 2022. Ballstáit a bhfuil an íocaíocht athdháilte á cur i bhfeidhm acu cheana féin, féadfaidh siad a gcinneadh íocaíochtaí den sórt sin a dheonú nó sonraí na scéime a athbhreithniú faoin 19 Feabhra 2021 maidir le bliain féilire 2021 agus faoin 1 Lúnasa 2021 maidir le bliain féilire 2022.

Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh den sórt sin faoin dáta ábhartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír.”;

(11) in Airteagal 42(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gcéatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin 19 Feabhra 2021 maidir le bliain féilire 2021 agus faoin 1 Lúnasa 2021 maidir le bliain féilire 2022.”;

(12) in Airteagal 49(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Tabharfaidh Ballstáit a dheonaíonn íocaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 48 i mbliain féilire 2020 fógra don Choimisiún faoin gcéatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin 19 Feabhra 2021 maidir le bliain féilire 2021 agus faoin 1 Lúnasa 2021 maidir le bliain féilire 2022.”;

(13) in Airteagal 51(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“1. Chun an íocaíocht d’fheirmeoirí óga a mhaoiniú, úsáidfidh na Ballstáit céatadán, nach mó é ná 2 %, den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoin 1 Lúnasa 2014, faoin gcéatadán a mheastar is gá chun an íocaíocht sin a mhaoiniú. Faoin 19 Feabhra 2021, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na céatadán mheasta is gá chun an caiteachas sin a mhaoiniú maidir le blianta féilire 2021 agus 2022.”;

(14) in Airteagal 52, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

“10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena bhforlíontar an Rialachán seo, a mhéid a bhaineann le bearta darb aidhm a sheachaint go mbeidh tairbhithe dá dtugtar tacaíocht chúpláilte dheonach siar le míchothromaíochtaí struchtúracha margaidh in earnáil ar leith. Leis na gníomhartha tarmligthe sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go leanfar den tacaíocht sin a íoc go dtí 2022 ar bhonn na n-aonad táirgthe dar deonaíodh tacaíocht chúpláilte dheonach le linn tréimhse thagartha a tháinig roimhe sin.”;

(15) leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Féadfaidh Ballstáit nach bhfuil tacaíocht chúpláilte dheonach deonaithe acu go dtí bliain éilimh 2020 cinneadh a dhéanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír do bhliain féilire 2021 faoin 19 Feabhra 2021.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Féadfaidh Ballstáit, faoin 1 Lúnasa in aon bhliain ar leith, athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh de bhun na Caibidle seo.

Faoin 8 Feabhra 2020, féadfaidh Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh freisin ar a gcinneadh de bhun na Caibidle seo a mhéid is gá chun coigeartú a dhéanamh ar an gcinneadh faoin tsolúbthacht idir colúin don bhliain féilire 2020 a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14.

Déanfaidh na Ballstáit a chinneadh faoin 19 Feabhra 2021 do bhliain féilire 2021, agus faoin 1 Lúnasa 2021 do bhliain féilire 2022, cé acu a leanfar ar aghaidh nó a chuirfear deireadh le tacaíocht chúpláilte dheonach a dheonú don bhliain éilimh faoi seach.

Trí bhíthin athbhreithniú de bhun na chéad fhomhíre agus an dara fomhír den mhír seo, nó trí fhógra de bhun an tríú fomhír den mhír seo, féadfaidh Ballstáit a chinneadh le héifeacht ón mbliain dár gcionn agus maidir le blianta féilire 2020 agus 2021, le héifeacht ón mbliain féilire chéanna:

- (a) an céatadán a shocrófar de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3 a fhágáil gan athrú, a mhéadú nó a laghdú, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sna míreanna sin i gcás inarb infheidhme, nó an céatadán a shocrófar a fhágáil gan athrú nó a laghdú de bhun mhír 4,
- (b) na coinníollacha maidir le deonú na tacaíochta a mhodhnú;
- (c) deireadh a chur le deonú na tacaíochta faoin gCaibidil seo.

Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le haon chinneadh a bhaineann leis an gcéad, dara agus tríú fomhír den mhír seo faoi na dátaí faoi seach dá dtagraítear sna fhomhíreanna sin. Míneofar san fhógra faoin gcinneadh maidir le hathbhreithniú de bhun an dara fomhír den mhír seo an nasc idir an t-athbhreithniú agus an cinneadh faoin tsolúbthacht idir colúin don bhliain féilire 2020 a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14.”;

(16) in Airteagal 54, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír (1):

“1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 53 faoi na dátaí dá dtagraítear san Airteagal sin. Ach amháin i gcás an chinnidh dá dtagraítear i bpointe (c) den cheathrú fomhír d’Airteagal 53(6), áireofar leis an bhfógra sin faisnéis maidir leis na réigiúin a mbeifear ag díriú orthu, leis na cineálacha feirmeoireachta nó earnálacha a roghnaíodh agus leis an leibhéal tacaíochta a bheidh le deonú. Áireofar freisin sna fógraí maidir leis na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 53(1) agus maidir leis an gcinneadh dá dtagraítear sa tríú fomhír d’Airteagal 53(6) céatadán na huasteorann náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 53 maidir leis an mbliain féilire ábhartha.”;

(17) in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Déanfar méid na híocaíochta i leith barr sonrach do chadás in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh, maidir le 2020, tríd na táirgeachtaí a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

- An Bhulgáir: EUR 649,45,
- An Ghréig: EUR 234,18,
- An Spáinn: EUR 362,15,
- An Phortaingéil: EUR 228,00.

Déanfar méid na híocaíochta i leith barr sonrach do chadás in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh, maidir le 2021 agus 2022 tríd na táirgeachtaí a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

- An Bhulgáir: EUR 636,13,
- An Ghréig: EUR 229,37,
- An Spáinn: EUR 354,73,
- An Phortaingéil: EUR 223,32.”;

(18) Leasaítear Iarscríbhinní II agus III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 10

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

“Cláir oibre arna dtarraingt suas don tréimhse dár tús 1 Aibreán 2021, tiocfaidh deireadh leo an 31 Nollaig 2022.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Is mar a leanas a bheidh maoiniú an Aontais do na cláir oibre i gcomhair 2020 dá dtagraítear i mír 1:

(a) EUR 11 098 000 i gcomhair na Gréige;

(b) EUR 576 000 i gcomhair na Fraince;

(c) EUR 35 991 000 i gcomhair na hIodáile.

Is mar a leanas a bheidh maoiniú an Aontais do na cláir oibre i gcomhair gach ceann de na blianta 2021 agus 2022 dá dtagraítear i mír 1:

(a) EUR 10 666 000 i gcomhair na Gréige;

(b) EUR 554 000 i gcomhair na Fraince;

(c) EUR 34 590 000 i gcomhair na hIodáile.”;

(2) in Airteagal 33(1), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“Maidir le cláir oibríochtúla a bhfuil síneadh i gcomhréir leis an uastréimhse de chúig bliana dá dtagraítear sa chéad fhomhír le formheas ina leith tar éis an 29 Nollaig 2020, ní fhéadfar iad a shíneadh ach amháin go dtí an 31 Nollaig 2022.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cláir oibríochtúla nua a fhorghníomhaíodh tar éis an 29 Nollaig 2020, ní mhairfidh siad ar feadh tréimhse is faide ná 3 bliana.”;

(3) in Airteagal 55(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfear síneadh go dtí an 31 Nollaig 2022 le cláir náisiúnta arna dtarraingt suas don tréimhse ón 1 Lúnasa 2019 go dtí an 31 Iúil 2022. Modhnóidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta chun an síneadh sin a chur san áireamh agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na cláir mhodhnaithe lena bhformheas.”;

(4) in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 277 000 i gcomhair 2020 mar mhaoiniú ón Aontas don chabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.

I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 188 000 i gcomhair gach ceann de na blianta 2021 agus 2022 mar mhaoiniú ón Aontas don chabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.”;

(5) in Airteagal 62(3), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfear síneadh ama le bailíocht na n-údaruithe a deonaíodh i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Airteagal 66(1), a rachaidh in éag sa bhliain 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Táirgeoirí a bhfuil údaruithe ina seilbh acu i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Airteagal 66(1) den Rialachán seo, a rachaidh in éag in 2020, ní bheidh siad, de mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, faoi réir an phionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 89(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ar choinníoll go gcuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas faoin 28 Feabhra 2021 nach bhfuil rún acu úsáid a bhaint as a n-údarú agus nach mian leo leas a bhaint as síneadh a mbailíochta dá dtagraítear sa dara fhomhír den mhír seo.”;

(6) leasaítear Airteagal 68 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“Tarlóidh tiontú den sórt sin arna iarraidh sin do na táirgeoirí sin roimh an 31 Nollaig 2015. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt do tháirgeoirí an iarraidh sin a chur isteach ar chearta a thiontú ina n-údaruithe go dtí an 31 Nollaig 2022.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Na húdaruithe a dheonaítear de bhun mhír 1, beidh an tréimhse bailíochta chéanna acu is atá ag na cearta um plandú dá dtagraítear i mír 1. Mura mbaintear leas as na húdaruithe sin, rachaidh siad in éag ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2018, nó, más rud é go mbeidh an cinneadh dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1 glactha ag Ballstát, ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2025.”;

(7) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach ag deireadh Theideal II, Caibidil III, Roinn 4:

“Airteagal 167a

Rialacha margáíochta chun feidhmiú an chómhargaidh in olaí olóige a fheabhsú agus a chobhsú

1. Chun feidhmiú an chómhargaidh in olaí olóige, lena n-áirítear na hológa óna ndéantar iad, a fheabhsú agus a chobhsú, féadfaidh Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margáíochta a leagan síos chun an soláthar a rialú.

Beidh na rialacha sin i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú agus:

- (a) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargáíocht an táirge lena mbaineann;
- (b) ní cheadóidh siad socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;
- (c) ní áiritheoidh siad nach mbeidh fáil ar sciar rómhór de tháirgeadh na bliana margáíochta a bheadh ar fáil murach iad.

2. Déanfar na hoibreoírí a chur ar an eolas faoi na rialacha dá bhforáiltear i mír 1 trína bhfoilsíú ina n-iomláine i bhfoilseachán oifigiúil de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh a ghlacfar faoin Airteagal seo.”;

(8) in Airteagal 211, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le bearta fioscacha náisiúnta lena gcinneann na Ballstáit diall ó rialacha ginearálta cánach trí lamháil a fhágáil go ndéantar an bonn cánach a chuirtear i bhfeidhm maidir le feirmeoirí a ríomh ar bhonn tréimhse ilbhliantúil d’fhonn an bonn cánach a chothromú thar thréimhse áirithe blianta.”;

(9) in Airteagal 214a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“In 2021 agus 2022, féadfaidh an Fhionlainn leanúint de na cabhracha náisiúnta dá dtagraítear sa chéad mhír a dheonú faoi réir na gcoinníollacha agus na méideanna céanna arna n-údarú ag an gCoimisiún don bhliain 2020.”;

(10) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

TEIDEAL III

FORÁLACHA DEIRIDH

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (5) d’Airteagal 9 (lena mbaineann Airteagal 25(11) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013) agus pointe 5 d’Airteagal 10 (a bhaineann le hAirteagal 62(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013) ón 1 Eanáir 2020.

De mhaolú ar an gcéad mhír den Airteagal seo, tiocfaidh pointe 12, pointe (a) de phointe 13 agus pointí 17 agus 18 d’Airteagal 7 i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm Rialachán EURI. Beidh feidhm ag pointe 12, pointe (a) de phointe 13 agus pointí 17 agus 18 d’Airteagal 7 ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“CUID A HAON: MIONDEALÚ AR THACAÍOCHT AN AONTAIS DON FHORBAIRT TUAITHE (2014 GO 2020)”;

(2) cuirtear an teideal agus an tábla seo a leanas léi:

“CUID A DÓ: MIONDEALÚ AR THACAÍOCHT AN AONTAIS DON FHORBAIRT TUAITHE (2021 AGUS 2022)”

(praghsanna reatha in EUR)

	2021	2022
An Bheilg	101 120 350	82 800 894
An Bhulgáir	344 590 304	282 162 644
An tSeicia	316 532 230	259 187 708
An Danmhairg	92 734 249	75 934 060
An Ghearmáin	1 334 041 136	1 092 359 738
An Eastóin	107 490 074	88 016 648
Éire	380 590 206	311 640 628
An Ghréig	680 177 956	556 953 600
An Spáinn	1 319 414 366	1 080 382 825
An Fhrainc	1 782 336 917	1 459 440 070
An Chróit	363 085 794	297 307 401
An Iodáil	1 648 587 531	1 349 921 375
An Chipir	29 029 670	23 770 514
An Laitvia	143 490 636	117 495 173
An Liotuáin	238 747 895	195 495 162
Lucsamburg	15 034 338	12 310 644
An Ungáir	509 100 229	416 869 149
Málta	24 406 009	19 984 497
An Ísiltír	89 478 781	73 268 369
An Ostair	635 078 708	520 024 752
An Pholainn	1 612 048 020	1 320 001 539
An Phortaingéil	660 145 863	540 550 620
An Rómáin	1 181 006 852	967 049 892
An tSlóivéin	134 545 025	110 170 192
An tSlóvaic	316 398 138	259 077 909
An Fhionlainn	432 993 097	354 549 956
An tSualainn	258 769 726	211 889 741
Iomlán AE-27	14 750 974 100	12 078 615 700
Cúnamh Teicniúil	36 969 860	30 272 220
Iomlán	14 787 943 960	12 108 887 920

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear isteach Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

"IARSCRÍBHINN Ia

**MIONDEALÚ AR NA HACMHAINNÍ BREISE DE RÉIR AN BHALSTÁIT DÁ DTAGRÁITEAR IN
AIRTEAGAL 58a**

(praghsanna reatha in EUR)

	2021	2022
An Bheilg	14 246 948	33 907 737
An Bhulgáir	59 744 633	142 192 228
An tSeicia	54 879 960	130 614 305
An Danmhairg	16 078 147	38 265 991
An Ghearmáin	209 940 765	499 659 020
An Eastóin	18 636 494	44 354 855
Éire	56 130 739	133 591 159
An Ghréig	108 072 886	257 213 470
An Spáinn	212 332 550	505 351 469
An Fhrainc	256 456 603	610 366 714
An Chróit	59 666 188	142 005 526
An Iodáil	269 404 179	641 181 947
An Chipir	3 390 542	8 069 491
An Laitvia	24 878 226	59 210 178
An Liotuáin	41 393 810	98 517 267
Lucsamburg	2 606 635	6 203 790
An Ungáir	88 267 157	210 075 834
Málta	2 588 898	6 161 577
An Ísiltír	15 513 719	36 922 650
An Ostair	101 896 221	242 513 006
An Pholainn	279 494 858	665 197 761
An Phortaingéil	104 599 747	248 947 399
An Rómáin	204 761 482	487 332 328
An tSlóivéin	21 684 662	51 609 495
An tSlóvaic	48 286 370	114 921 561
An Fhionlainn	61 931 116	147 396 056
An tSualainn	44 865 170	106 779 104
Iomlán AE-27	2 381 748 705	5 668 561 918
Cúnamh Teicniúil (0,25 %)	5 969 295	14 206 922
Iomlán	2 387 718 000	5 682 768 840

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear na colúin seo a leanas léi:

“2021	2022
494 926	494 926
788 626	797 255
854 947	854 947
862 367	862 367
4 915 695	4 915 695
190 715	193 576
1 186 282	1 186 282
1 891 660	1 890 730
4 800 590	4 797 439
7 285 001	7 274 171
344 340	374 770
3 628 529	3 628 529
47 648	47 648
339 055	344 140
569 965	578 515
32 748	32 748
1 243 185	1 243 185
4 594	4 594
717 382	717 382
677 582	677 582
3 030 049	3 061 233
595 873	600 528
1 891 805	1 919 363
131 530	131 530
391 174	396 034
515 713	517 532
685 676	685 904

(2) in Iarscríbhinn III, cuirtear na colúin seo a leanas léi:

2021	2022
494,9	494,9
791,2	799,8
854,9	854,9
862,4	862,4

2021	2022
4 915,7	4 915,7
190,7	193,6
1 186,3	1 186,3
2 075,7	2 074,7
4 860,3	4 857,14
7 285,0	7 274,2
344,3	374,8
3 628,5	3 628,5
47,6	47,6
339,1	344,1
570,0	578,5
32,7	32,7
1 243,2	1 243,2
4,6	4,6
717,4	717,4
677,6	677,6
3 030,0	3 061,2
596,1	600,7
1 891,8	1 919,4
131,5	131,5
391,2	396,0
515,7	517,5
685,7	685,9"

IARSCRÍBHINN IV

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013:

“IARSCRÍBHINN VI

SRIANTA BUISÉID I dTACA LE CLÁIR TACAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 44(1)

in EUR 1 000 in aghaidh na bliana buiséid					
	2014	2015	2016	2017 -2020	2021 ar aghaidh
An Bhulgáir	26 762	26 762	26 762	26 762	25 721
An tSeicia	5 155	5 155	5 155	5 155	4 954
An Ghearmáin	38 895	38 895	38 895	38 895	37 381
An Ghréig	23 963	23 963	23 963	23 963	23 030
An Spáinn	353 081	210 332	210 332	210 332	202 147
An Fhrainc	280 545	280 545	280 545	280 545	269 628
An Chróit	11 885	11 885	11 885	10 832	10 410
An Iodáil	336 997	336 997	336 997	336 997	323 883
An Chipir	4 646	4 646	4 646	4 646	4 465
An Liotuáin	45	45	45	45	43
Lucsamburg	588	—	—	—	—
An Ungáir	29 103	29 103	29 103	29 103	27 970
Málta	402	—	—	—	—
An Ostair	13 688	13 688	13 688	13 688	13 155
An Phortaingéil	65 208	65 208	65 208	65 208	62 670
An Rómáin	47 700	47 700	47 700	47 700	45 844
An tSlóivéin	5 045	5 045	5 045	5 045	4 849
An tSlóvaic	5 085	5 085	5 085	5 085	4 887
An Ríocht Aontaithe	120	—	—	—	—

RIALACHÁN (AE) 2020/2221 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Nollaig 2020

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagair (REACT-EU)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 agus pointe (a) d'Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá na Ballstáit buailte ag an ngéarchéim a lean as iarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus sláinte phaindéim COVID-19 ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe seo. Tá an ghéarchéim ag cur bac ar fhás sna Ballstáit agus, dá thoradh sin, tá an easpa thromchúiseach leachtachta ag dul in olcas, easpa arb é is cúis léi an t-ardú tobann agus suntasach atá tagtha ar na hinfheistíochtaí poiblí is gá a dhéanamh i gcórais sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagair. Ghéaraigh an ghéarchéim freisin ar staid na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta, agus, dá bhrí sin, tá laghdú tagtha ar chomhtháthú sóisialta sna Ballstáit. Ina theannta sin, bhí tionchar tromchúiseach ag dúnadh na dteorainneacha inmheánacha ar an gcomhar eacnamaíoch, go háirithe i limistéir theorann, rud a rinne difear do chomaitéireacht oibríthe agus d'innharthanacht micrifhiontar, fiontar beag agus meánmhéide (FBManna). Tháinig staid eisceachtúil as sin nach mór aghaidh a thabhairt uirthi trí bhearta sonracha, láithreacha agus urghnácha a shroicheadh an fíorghuilleagar go tapa.
- (2) Chun freagairt a thabhairt ar thionchar na géarchéime, rinneadh Rialacháin (AE) Uimh. 1301/2013 ⁽⁴⁾ agus (AE) Uimh. 1303/2013 ⁽⁵⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú le Rialachán (AE) 2020/460 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ chun níos mó solúbthachta a thabhairt maidir le cur chun feidhme na glár oibríochtúil a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ("CFRE"), Ciste Sóisialta na hEorpa ("CSE") agus an Ciste Comhtháthaithe (a dtugtar "na Cisti" orthu le chéile) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ("CEMI"). Mar sin féin, de réir mar a chuaigh éifeachtaí tromchúiseacha diúltacha ar gheilleagair agus ar an tsochaí san Aontas in olcas, leasaíodh an dá Rialachán sin arís le Rialachán (AE) 2020/558 ó Pharlaimint na hEorpa

⁽¹⁾ IO C 272, 17.8.2020, lch. 1.

⁽²⁾ Tuairim an 14 Deireadh Fómhair 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 289).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2020/460 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun infheistíochtaí a shlógadh i gcórais cúraim sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagar mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (An Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas) (IO L 99, 31.3.2020, lch. 5).

agus ón gComhairle (7). Leis na leasuithe sin, soláthraíodh solúbthacht bhreise eisceachtúil le go mbeadh na Ballstáit in ann díriú ar an bhfreagairt is gá ar an ngéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo trí fheabhas a chur ar an bhféidearthacht tacaíocht as na Cistí nach bhfuiltear á húsáid a shlógadh agus trí cheanglais nós imeachta a shimpliú, ar ceanglais iad atá nasctha le cur chun feidhme clár agus iniúchtaí.

- (3) An 23 Aibreán 2020, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an "Treochlár don téarnamh" chun turraingí ollmhóra ar an ngeilleagar a cheartú agus chun maolú a dhéanamh, ar thaobh amháin, ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha don Aontas a eascraíonn as na srianta eisceachtúla a chuir na Ballstáit i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a shrianadh agus, ar an taobh eile, ar na rioscaí a bhaineann le téarnamh neamhshiméadrach, a eascraíonn as na modhanna náisiúnta éagsúla atá ar fáil i mBallstáit éagsúla, as a lean, dá réir sin, tionchair thromchúiseacha ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Sa Treochlár don téarnamh, tá comhpháirt láidir infheistíochta agus iarradh go mbunófaí an Ciste Eorpach Téarnaimh. Sa bhreis air sin, agus mar a athdhearbháodh i gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020, tugtar sainordú leis don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na riachtanais ionas go mbeadh na hacmhainní dírithe i dtreo na n-earnálacha agus na gcodanna geografacha den Aontas is mó atá buailte, agus, san am céanna, soiléirítear an nasc leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh 2021-2027.
- (4) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle (8) agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear ann, ba cheart bearta maidir le téarnamh agus athléimneacht faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo atá ag géarchéim COVID-19. Ba cheart acmhainní breise den sórt sin a úsáid chun a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2094.
- (5) Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus socruithe cur chun feidhme maidir le hacmhainní breise arna soláthar mar chuid de Chúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa ("REACT-EU") chun cúnamh a sholáthar chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glás, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar. Faoi REACT-EU, ba cheart méid breise eisceachtúil suas le EUR 47 500 000 000 i bpraghsanna 2018 le haghaidh gealltanais buiséadach as na Cistí Struchtúracha le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022 a chur ar fáil chun tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin sin is mó atá buailte ó thaobh leigheas dhíobháil na géarchéime i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus atá ag ullmhú téarnamh glás, digiteach agus athléimneach don gheilleagar ("acmhainní REACT-EU"), d'fhonn acmhainní a chur ar obair go tapa san fhórgheilleagar trí na cláir oibríochtúla atá ann faoi láthair ("na hacmhainní breise"). Eascraíonn acmhainní REACT-EU as Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Ba cheart cuid d'acmhainní REACT-EU a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún miondealú acmhainní REACT-EU le haghaidh gach Ballstáit a leagan amach ar bhonn modh leithdháilte bunaithe ar na sonraí staidrimh oibiachtúla is déanaí atá ar fáil maidir le rathúnas coibhneasta na mBallstát agus ar a mhéid atá éifeacht ghéarchéim COVID-19 ag luí ar a ngeilleagar agus ar a sochaithe. Sula gcuirfeadh an modh leithdháilte maidir le hacmhainní REACT-EU don bhliain 2021 i bhfeidhm agus chun tacaíocht a sholáthar do na hearnálacha is tábhachtaí tar éis ghéarchéim COVID-19 i mBallstáit áirithe, ba cheart méid de EUR 100 000 000 agus EUR 50 000 000 a leithdháileadh ar Lucsamburg agus ar Mhálta, faoi seach. Ba cheart méid tiomnaithe breise a bheith san áireamh sa mhodh leithdháilte le haghaidh na réigiún is forimeallaí, i bhfianaise leochaileacht shonrach a ngeilleagar agus a sochaithe. Chun léiriú a thabhairt ar chineál athraitheach éifeachtaí ghéarchéim COVID-19, ba cheart an miondealú a athbhreithniú in 2021 ar bhonn an mhodha leithdháilte chéanna agus trí na sonraí staidrimh is déanaí a bheidh ar fáil a úsáid faoin 19 Deireadh Fómhair 2021 chun tráinse 2022 d'acmhainní REACT-EU a dháileadh.
- (6) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh na Cistí le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach arb é atá inti cuspóirí aeráide a thacú le 30 % de chaiteachas as buiséad an Aontais. Le REACT-EU, meastar go rannchuideofar 25 % den imchlúdach airgeadais foriomlán do chuspóirí aeráide. I gcomhréir le cineál REACT-EU mar ionstraim chun díobháil ghéarchéime a leigheas agus leis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear

(7) Rialachán (AE) 2020/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 agus (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le bearta sonracha lena soláthraítear solúbthacht eisceachtúil chun leas a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (IO L 130, 24.4.2020, lch. 1).

(8) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 23).

an easpa ceanglas maidir le díriú téamach agus an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit acmhainní REACT-EU a dhíriú chun tacú le hoibríochtaí CFRE nó CSE de réir a riachtanas, d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le leibhéal ranníocaíochtaí na mBallstát i dtreo na huallmhéine sin ag brath ar thosaíochtaí náisiúnta.

- (7) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“CFAE”) maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) (“an Rialachán Airgeadais”) agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus déantar foráil leo maidir le seiceálacha ar fhreagracht gníomhaithe airgeadais. I gcás rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE, áirítear iontu freisin córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (8) Ionas go mbeidh an méid is mó solúbthachta ag na Ballstáit agus oiriúnú á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí um leigheas dhíobháil na géarchéime i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar, ba cheart don Choimisiún leithdháiltí a bhunú ar leibhéal na mBallstát. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir leis an bhféidearthacht aon acmhainní de chuid REACT-EU a úsáid chun tacú le cúnaimh a thabhairt do na daoine is díothaí agus leis an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (“TFAO”). Thairis sin, is gá uasteorainneacha a bhunú i dtaca leis an leithdháileadh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh na mBallstát agus san am céanna an méid is mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit a mhéid a bhaineann lena leithdháileadh laistigh de chlár oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó CFRE nó CSE. Ba cheart neart oibríochtúil CSE a choinneáil agus acmhainní REACT-EU á leithdháileadh i réimsí beartais na fostaíochta, go háirithe fostaíocht don aos óg i gcomhréir leis an Rátháocht threisithe don Aos Óg, scileanna agus oideachais, an chuimsithe shóisialta agus na sláinte, agus béim ar leith ar theagmháil a dhéanamh le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus le leanaí. Agus an t-ídiú tapa a mheastar a dhéanfar ar acmhainní REACT-EU á chur san áireamh, níor cheart na gealltanais atá nasctha leis na hacmhainní sin a shaoradh ach ag dúnadh na gclár oibríochtúil.
- (9) Ós rud é nach ionann an difear a rinne paindéim COVID-19 do réigiúin agus bardais sna Ballstáit, tá rannpháirtíocht gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla ó na húdaráis, ó chomhpháirtithe eacnamaíochta agus sóisialta agus ón tsochaí shibhialta, i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta, tábhachtach maidir le hullmhú agus cur chun feidhme leigheas dhíobháil na géarchéime arna thacú le REACT-EU agus maidir leis an bhfaireachán agus meastóireacht a dhéantar air.
- (10) Ba cheart féidearthachtaí maidir le haistriú airgeadais a dhéanamh faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post idir CFRE agus CSE a thabhairt isteach freisin le haghaidh acmhainní REACT-EU i gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Níor cheart d'aistriú den sórt sin difear a dhéanamh do na hacmhainní atá ar fáil faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh nó faoin leithdháileadh sonrath le haghaidh TFAO.
- (11) Chun na gníomhaíochtaí atá ar fáil cheana féin faoi raon feidhme thacaíocht CFRE a chomhlánú, faoi mar a leathnaíodh iad le Rialachán (AE) 2020/460 agus (AE) 2020/558, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit fós acmhainní REACT-EU a úsáid go príomha le haghaidh infheistíochtaí i dtáirgí agus seirbhísí le haghaidh seirbhísí sláinte, lena n-áirítear seirbhísí sláinte trasteorann, agus cúram institiúideach, pobalbhunaithe agus teaghlach, le haghaidh tacaíocht a sholáthar i bhfoirm caipiteal oibre nó tacaíocht infheistíochta do FBManna, lena n-áirítear tacaíocht chomhairleach, go háirithe sna hearnálacha is mó atá buailte ag paindéim COVID-19 agus a bhfuil athbheochan thapa ag teastáil uathu, amhail turasóireacht agus cultúr, le haghaidh infheistíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú i dtreo geilleagar digiteach agus glas, le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar lena soláthraítear seirbhísí bunúsacha neamh-idirdhealaitheacha do shaoránaigh, agus le haghaidh bearta tacaíochta eacnamaíochta le haghaidh na réigiún sin atá ag brath ar na hearnálacha is mó atá buailte ag géarchéim COVID-19. Ba cheart comhar, comhordú agus athléimneacht sláinte níos láidre a chothú freisin. Thairis sin, ba cheart tacaíocht a thabhairt do chúnamh teicniúil. Is iomchuí go ndéanfar acmhainní REACT-EU a dhíriú go heisiach faoin gcuspóir téamach nua “Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar”, rudaí ar cheart a thuiscint mar aon tosaíocht infheistíochta amháin, le gur féidir clársceidealú agus cur chun feidhme simplithe a dhéanamh ar na hacmhainní sin.

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais i nfeidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aighairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (12) I dtaca le CSE, ba cheart do na Ballstáit acmhainní REACT-EU a úsáid go príomha chun tacú le rochtain ar an margadh saothair agus ar chórais shóisialta, lena n-áirítear go ndéanfar poist a choinneáil ar bun, lena n-áirítear trí scéimeanna oibre gearr-ama agus tacaíocht do dhaoine féinfhostaithe mar aon le fiontraithe agus saoróibrithe, ealaíontóirí agus oibrithe cruthaitheacha. Is é an aidhm atá le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla, go háirithe do dhaoine féinfhostaithe, ná fostaíthe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar bhaol na dífhostaíochta, agus an leibhéal céanna dálaí oibre agus fostaíochta agus pá á choinneáil ag an am céanna. Tá acmhainní REACT-EU a leithdháiltear do na scéimeanna sin le húsáid go heisiach chun tacú leis na hoibrithe. I gcomhthéacs na gcúinsí reatha eisceachtúla arbh í paindéim COVID-19 ba chúis leo, ba cheart go mbeifí in ann tacaíocht a sholáthar do scéimeanna oibre gearr-ama d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe fiú amháin nuair nach ndéantar an tacaíocht sin a chomhcheangal le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, mura rud é go bhforchuirtear na bearta sin leis an dlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag an rial sin freisin ar bhealach aonfhoirmeach maidir le scéimeanna oibre gearr-ama ar tugadh tacaíocht dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/460 agus (AE) 2020/558 tar éis ghéarchéim COVID-19, agus a leanann de thacaíocht a fháil ón tosaíocht thiomnaithe infheistíochta "Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar". Ba cheart tacaíocht ón Aontas do scéimeanna oibre gearr-ama den sórt sin a bheith teoranta ó thaobh ama de.
- (13) Ba cheart tacaíocht a sholáthar freisin le haghaidh cruthú post agus fostaíocht d'ardchaighdeán, go háirithe do dhaoine atá i staideanna leochaileacha, agus le haghaidh bearta um chuimsiú sóisialta agus um dhíothú na bochtaineachta. Ba cheart bearta fostaíochta don aos óg a leathnú i gcomhréir leis an Rátháíocht threisithe don Aos Óg. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hinfeistíochtaí san oideachas, san oiliúint agus i bhforbairt scileanna, lena n-áirítear athoiliúint agus uasoiliúint, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart rochtain chomhionann ar sheirbhísí leasa ghinearálta, lena n-áirítear do leanaí, do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas, do mhionlaigh eitneacha agus do dhaoine gan dídean, a chur chun cinn.
- (14) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin tuaithe, i réigiúin teorann, i réigiúin bheagfhorbartha, i réigiúin oileánda, i réigiúin shléibhtiúla, i réigiúin ina bhfuil dlús daonra an-íseal agus sna réigiúin is forimeallaí, agus, chomh maith leis sin, i limistéir ina bhfuil tionchar ag aistriú tionsclaíoch agus dídhaonrú orthu agus. i gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as acmhainní REACT-EU chun tacú leis na daoine sin.
- (15) Ós rud é gur eascair dúshlán shuntasacha do phobail agus gnólachtaí trasteorann as dúnadh sealadach na dtéorainneacha idir na Ballstáit, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit acmhainní REACT-EU a leithdháileadh freisin ar thionscadail trasteorann atá ann cheana faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh.
- (16) Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag na Ballstáit chun gníomhaíochtaí um leigheas dhíobháil na géarchéime a chur chun feidhme go tapa i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus chun téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar, is gá leibhéal níos airde íocaíochta réamh-mhaoinithe tosaigh a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme tapa na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó acmhainní REACT-EU. Leis an réamh-mhaoiniú tosaigh atá le híoc, ba cheart a áirithiú go mbeidh na hacmhainní airgeadais ag na Ballstáit chun réamhíocaíochtaí le tairbhíthe a shocrú i gcás inar gá agus chun tairbhíthe a chúiteamh go tapa tar éis dóibh éilimh ar íocaíocht a chur isteach.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann acmhainní REACT-EU a leithdháileadh ar chlár oibríochtúla thiomnaithe nua faoi sprioc na hinfeistíochta le haghaidh fáis agus post nó ar aiseanna tosaíochta nua laistigh de chlár atá ann cheana faoi sprioc na hinfeistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh. Ionas gur féidir cur chun feidhme tapa a dhéanamh, níor cheart a cheadú go sainaitheofaí ach údaráis na gclár oibríochtúil atá ann cheana, ar údaráis iad atá ainmnithe cheana, a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, CSE nó an Ciste Comhtháthaithe le haghaidh clár oibríochtúla thiomnaithe nua. Níor cheart a cheangal ar na Ballstáit meastóireacht *ex ante* a dhéanamh agus ba cheart teorainn a chur leis na heilimintí a bheidh ag teastáil chun an clár oibríochtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhorghnóthas.
- (18) Ba cheart acmhainní REACT-EU a úsáid i gcomhréir le prionsabail na forbartha inbhuanaithe agus na "Neamhdhíobhála", agus Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart an comhionannas idir fir agus mná, príomhshruthú na hinscne agus comhtháthú ghné na hinscne a chur san áireamh agus a chur chun cinn i rith cur chun feidhme clár oibríochtúil.

- (19) D'fhonn maolú a dhéanamh ar an ualach ar bhuiséid phoiblí maidir le leigheas dhíobháil na géarchéime i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus maidir le téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar, ba cheart caiteachas le haghaidh oibríochtaí a bheith incháilithe ón 1 Feabhra 2020, agus ba cheart an fhéidearthacht eisceachtúil a bheith ag na Ballstáit ráta cómhaoinithe suas le 100 % a iarraidh, ar ráta é atá le cur i bhfeidhm maidir le haiseanna tosaíochta ar leithligh na gclár oibríochtúla lena dtugtar tacaíocht ó acmhainní REACT-EU.
- (20) Cé go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go bhfanfaidh an 31 Nollaig 2023 mar dháta deiridh le haghaidh incháilitheacht do chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfaí oibríochtaí a roghnú fós le haghaidh tacaíocht le linn 2023.
- (21) Chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le cur chun feidhme oibríochtaí áirithe a fhaigheann tacaíocht ó acmhainní REACT-EU, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha i ndáil le céimniú atá i Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí.
- (22) I bhfianaise na mbeart sonracha solúbthachta mar fhreagairt ar ráig COVID-19 a cuireadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 le Rialachán (AE) 2020/558, maidir le caiteachas le haghaidh oibríochtaí atá dáiríre críochnaithe nó atá curtha chun feidhme go hiomlán, ar oibríochtaí iad lena ndéantar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar agus a fhaigheann tacaíocht ón gcuspóir téamach nua comhfhreagrach, ba cheart don chaiteachas sin a bheith incháilithe, ar choinníoll gur tosaíodh na hoibríochtaí lena mbaineann ón 1 Feabhra 2020.
- (23) Chun a chur ar chumas na mBallstát acmhainní REACT-EU a chur ar obair go tapa laistigh den chlárthréimhse atá ann faoi láthair, tá údar cuí leis na Ballstáit a dhíolmhú, ar bhonn eisceachtúil, ón oibleagáid coinníollachtaí *ex ante* agus ceanglais maidir le cúlchiste feidhmíochta agus cur i bhfeidhm an chreata feidhmíochta, maidir le díriú téamach, i ndáil leis na tairseacha a bunaíodh le haghaidh forbairt inbhuanaithe uirbeach le haghaidh CFRE freisin, agus ó cheanglais maidir le ullmhú straitéise cumarsáide le haghaidh acmhainní REACT-EU a chomhlíonadh. Mar sin féin, tá sé riachtanach go ndéanfaidh na Ballstáit meastóireacht amháin ar a laghad faoin 31 Nollaig 2024 chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, tionchar agus cuimsitheacht acmhainní REACT-EU chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a rannchuidigh na hacmhainní sin le spriocanna an chuspóra théamaigh thiomnaithe nua a bhaint amach. Chun go n-éascófar infhaighteacht faisnéise inchoimparáide ar leibhéal an Aontais, ba cheart a chur de cheangal ar na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as táscairí clár-shonracha COVID-19 a chuireann an Coimisiún ar fáil. Ina theannta sin, le linn dóibh a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh, ar freagrachtaí iad atá nasctha le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht, ba cheart do na Ballstáit agus do na húdaráis bhainistíochta feabhas a chur ar infheictheacht na mbeart eisceachtúil agus na n-acmhainní eisceachtúla arna dtabhairt isteach ag an Aontas, go háirithe trína áirithiú go mbeidh tairbhíthe ionchasacha, tairbhíthe, rannpháirtithe, faighteoirí deiridh ionstraimí airgeadais agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi acmhainní REACT-EU a bheith ann, faoina méid agus faoin tacaíocht bhreise a eascraíonn astu.
- (24) D'fhonn go mbeifear in ann acmhainní REACT-EU a dhíriú ar na limistéir gheografacha ina bhfuil an gá is mó leo, mar bheart eisceachtúil agus gan dochar do na rialacha ginearálta maidir le leithdháileadh acmhainní Cistí Struchtúracha, níor cheart a cheangal go ndéanfaí acmhainní REACT-EU arna leithdháileadh ar CFRE agus CSE a mhiondealú de réir catagóire ná de réir réigiúin. Mar sin féin, táthar ag súil go gcuirfidh na Ballstáit na riachtanais réigiúnacha agus leibhéil forbartha éagsúla san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar na tacaíocht a chothromú idir riachtanais na réigiún agus na gcathracha is mó atá buailte ag tionchar phaindéim COVID-19 agus an gá atá ann leanúint de dhíriú ar réigiúin bheagfhorbartha, i gcomhréir le cuspóirí an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochnaigh a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE. Ba cheart do na Ballstáit páirt a thabhairt d'údarais áitiúla agus réigiúnacha freisin, mar aon le comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht don tsochaí shibhialta agus do na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta.

- (25) Cé is moite de na cásanna sin ina ndéantar foráil do mhaoluithe leis an Rialachán seo, ba cheart caiteachas faoi REACT-EU a bheith faoi réir na n-oibleagáidí agus na gcoimircí céanna le cistiú uile an chomhtháthaithe. Áirítear ar an méid sin urraim do chearta bunúsacha agus comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh chomh maith le bearta frithchalaíse éifeachtacha a chuirtear chun feidhme le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí frithchalaíse atá ann cheana ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, amhail an Oifig Eorpach Frith-Chalaíse agus, i gcás inarb ábhartha, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.
- (26) Nuair a ghlactar bearta chun buiséad an Aontais a chosaint, tá sé riachtanach go ndéanfaí leasanna dlisteanacha faighteoirí deiridh agus tairbhíthe a choimirciú.
- (27) Chun na haistriúcháin a údaraítear trí na hathruithe a thugtar isteach faoin Rialachán seo a éascú, níor cheart feidhm a bheith ag an gcoinníoll a leagtar síos i bpointe (f) d'Airteagal 30(1) den Rialachán Airgeadais maidir le leithreasuithe a úsáid le haghaidh an chuspóra chéanna.
- (28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon freagairt a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 trí bhearta solúbthachta a thabhairt isteach sa réimse a bhaineann le tacaíocht a sholáthar ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (29) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann le paidéim COVID-19, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (30) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú dá réir sin.
- (31) Le hAirteagal 135(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁰⁾, foráiltear nach mbeidh feidhm ag leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ⁽¹¹⁾ nó ar Chinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle ⁽¹²⁾ a ghlacfar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin nó dá éis sin maidir leis an Ríocht Aontaithe a mhéid a bheidh tionchar ag na leasuithe sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. Maidir leis an tacaíocht faoin Rialachán seo le haghaidh 2021 agus 2022, maoinítear í trí mhéadú ar uasteorainn acmhainní dílse an Aontais, rud a mbeadh tionchar aige ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

1. cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 92a

Acmhainní REACT-EU

Déanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2020/2094 (*) ón gComhairle a chur chun feidhme faoi na Cistí Struchtúracha le méid suas le EUR 47 500 000 000 i bpraghsanna 2018 dá dtagraítear i bpointe (a)(i) d'Airteagal 2(2) den Rialachán sin, faoi réir Airteagal 3(3), (4), (7) agus (9) de.

⁽¹⁰⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

⁽¹²⁾ Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 105).

Leis na hacmhainní breise sin do 2020 agus 2021, a eascraíonn ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, déanfar cúnamh a sholáthar chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus chun téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar ('acmhainní REACT-EU').

Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094, ioncaim shannta sheachtracha a bheidh in acmhainní REACT-EU chun críoch Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 92b

Socruithe cur chun feidhme le haghaidh acmhainní REACT-EU

1. Déanfar acmhainní REACT-EU a chur ar fáil faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

De mhaolú ar Airteagal 94, déanfaidh na Ballstáit cuid dá n-acmhainní REACT-EU a leithdháileadh go comhpháirteach ar chlár um chomhar trasteorann faoi sprioc an chomhair chríochoaigh Eorpaigh ina bhfuil siad rannpháirteach, má chomhaontaíonn siad go léirítear a dtosaíochtaí náisiúnta faoi seach le leithdháiltí den sórt sin.

Úsáidfeadh acmhainní REACT-EU chun cúnamh teicniúil de bhun mhír 6 den Airteagal seo agus na hoibríochtaí lena gcuirtear chun feidhme an cuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 den Airteagal seo a chur chun feidhme.

2. Cuirfeadh acmhainní REACT-EU ar fáil le haghaidh gealltanais buiséadach le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, i dteannta na n-acmhainní foriomlána a leagtar amach in Airteagal 91, mar a leanas:

— 2021: EUR 37 500 000 000;

— 2022: EUR 10 000 000 000.

Chomh maith leis sin, tacóidh acmhainní REACT-EU le caiteachas riaracháin suas le EUR 18 000 000 i bpragsanna 2018.

Oibríochtaí a mbeidh tacaíocht ó acmhainní REACT-EU le fáil acu, féadfar iad a roghnú le haghaidh tacaíochta suas go dtí deireadh 2023. Maidir leis na forálacha i ndáil le céimniú a leagtar amach i Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáil, tá siad infheidhme maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó acmhainní REACT-EU.

3. Déanfar 0,35 % d'acmhainní REACT-EU a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin, agus béim ar leith ar na Ballstáit sin is mó dá ndearna paindéim COVID-19 difear agus na Ballstáit ag a bhfuil rátaí ionsúcháin agus cur chun feidhme ísle.

4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach miondealú acmhainní REACT-EU mar leithreasuithe as na Cistí Struchtúracha le haghaidh 2021 le haghaidh gach Ballstáit i gcomhréir leis na critéir agus leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIa. Déanfar an cinneadh sin a athbhreithniú in 2021 chun miondealú acmhainní REACT-EU le haghaidh 2022 a leagan amach bunaithe ar shonraí a bheidh ar fáil faoin 19 Deireadh Fómhair 2021.

5. De mhaolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 76, déanfar na gealltanais bhuiséadacha le haghaidh acmhainní REACT-EU i ndáil le gach clár oibríochtuil lena mbaineann le haghaidh gach Ciste le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022.

Tiocfaidh an gealltanais dlíthiúil dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 76 le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022 i bhfeidhm an dáta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2020/2094, nó dá éis sin.

Ní bheidh feidhm ag an tríú agus ag an gceathrú mír d'Airteagal 76 maidir le hacmhainní REACT-EU.

De mhaolú ar Airteagal 14(3) den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag na rialacha an tsaortha a leagtar amach i gCaibidil IV de Theideal IX de Chuid II agus in Airteagal 136 den Rialachán seo maidir leis na gealltanais bhuiséadacha bunaithe ar acmhainní REACT-EU. De mhaolú ar phointe (c) d'Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais, ní úsáidfeadh acmhainní REACT-EU don chéad chlár ná don chéad ghníomhaíocht eile.

De mhaolú ar Airteagal 86(2) agus 136(1) den Rialachán seo, déanfar na gealltanais le haghaidh acmhainní REACT-EU a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha a bheidh le comhlíonadh maidir le dúnadh na glár.

Déanfaidh gach Ballstát acmhainní REACT-EU atá ar fáil faoi CFRE agus CSE don chlárscidealú a leithdháileadh ar chlár oibríochtúla nó ar chlár um chomhar trasteorann, a bhfuil údarais áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach iontu, mar aon le comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht don tsochaí shibhialta agus do na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta.

De mhaolú ar Airteagal 92(7), molfar freisin cuid d'acmhainní REACT-EU a úsáid, má mheasann an Ballstát lena mbaineann gurb iomchuí é sin a dhéanamh, chun an tacaíocht don Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí ('FEAD') a mhéadú, chun aghaidh a thabhairt ar chás na ndaoine sin dá ndearna géarchéim COVID-19 difear ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo. Féadfar cuid d'acmhainní REACT-EU a úsáid freisin chun an tacaíocht do TFAO a mhéadú. Sa dá chás sin, féadfar an méadú a mholadh an tráth céanna agus an leithdháileadh ar CFRE agus ar CSE nó roimhe.

Tar éis a leithdháilte tosaigh, féadfar acmhainní REACT-EU a aistriú idir CFRE agus CSE, arna iarraidh sin do Bhallstát ar mhaithe le clár oibríochtúil a leasú de bhun Airteagal 30(1), beag beann ar na céatadán dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 92(1), agus láidreacht oibriúcháin fhoriomlán CSE ar leibhéal an Aontais á coinneáil. Ní bheidh feidhm ag an bhfómhír seo maidir le hacmhainní CFRE a leithdháiltear ar chlár um chomhar trasteorann faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 30(5) maidir le hacmhainní REACT-EU. Déanfar na hacmhainní sin a eisiáimh ón mbunús leis an ríomh chun críoche na n-uasteorainneacha arna mbunú sa mhír sin.

Chun críoche chur chun feidhme phointe (f) d'Airteagal 30(1) den Rialachán Airgeadais, i ndáil leis an gcoinníoll go bhfuil leithreasuithe le bheith ar fáil le haghaidh an chuspóra chéanna, ní bheidh feidhm aige maidir le haistrithe den sórt sin. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag aistrithe den sórt sin ach maidir leis an mbliain reatha nó leis na blianta amach anseo sa phlean airgeadais.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92(4) den Rialachán seo maidir leis an leithdháileadh tosaigh ná le haistrithe acmhainní REACT-EU ina dhiaidh sin.

Cuirfear acmhainní REACT-EU chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Chiste ar a ndéanfar iad a leithdháileadh nó ar chucu a ndéanfar iad a aistriú.

6. Féadfar suas le 4 % d'iomlán acmhainní REACT-EU faoi CFRE agus CSE a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil, ar thionscnamh na mBallstát, faoi aon chlár oibríochtúil atá ann cheana a fhaigheann tacaíocht ó CFRE nó ó CSE nó faoi chlár oibríochtúil nua nó faoi chlár oibríochtúla nua dá dtagraítear i mír 10.

Féadfar suas le 6 % d'acmhainní breise CFRE a leithdháiltear ar chlár um chomhar trasteorann faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh de bhun an dara fómhír de mhír 1 a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil.

7. De mhaolú ar Airteagal 81(1) agus 134(1), 11 % d'acmhainní REACT-EU a leithdháiltear ar chlár le haghaidh na bliana 2021 a bheidh sa réamh-mhaoiniú tosaigh a íocfar tar éis an chinnidh ón gCoimisiún lenar glacadh clár oibríochtúil nó lenar formheasadh an leasú ar chlár oibríochtúil le haghaidh leithdháileadh acmhainní REACT-EU.

Chun Airteagal 134(2) a chur i bhfeidhm i dtaca leis an réamh-mhaoiniú bliantúil sna blianta 2021, 2022 agus 2023, beidh acmhainní REACT-EU san áireamh i méid na tacaíochta ó na Cistí don chlár oibríochtúil ar feadh na clárthréimhse iomláine.

Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú tosaigh breise dá dtagraítear sa chéad fhomhír a imríteach go hiomlán as cuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an dáta a dhúnfar an clár oibríochtúil.

8. Úsáidfear acmhainní REACT-EU nach leithdháiltear ar chúnamh teicniúil faoin gcuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 chun tacú le hoibríochtaí lena ndéantar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar.

Féadfaidh na Ballstáit acmhainní REACT-EU a leithdháileadh ar ais tosaíochta ar leithligh amháin nó níos mó laistigh de chlár oibríochtúil nó de chlár oibríochtúla atá ann cheana faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post nó laistigh de chlár nó de chlár um chomhar trasteorann atá ann cheana faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh nó ar chlár oibríochtúil nua nó ar chlár oibríochtúla nua dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post. De mhaolú ar Airteagal 26(1), cumhdófar leis an gclár an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2022, faoi réir mhír 4 den Airteagal seo.

I gcás CFRE, úsáidfeadh acmhainní REACT-EU go príomha chun tacú le hinfeistíochtaí i dtáirgí agus i seirbhísí le haghaidh seirbhísí sláinte nó i mbonneagar sóisialta, chun tacaíocht a sholáthar i bhfoirm caipitil oibre nó i bhfoirm tacaíochta infheistíochta d'infheistíochtaí FBManna in earnálacha le hardacmhainneacht le haghaidh cruthú post, chun tacú le hinfeistíochtaí a chuirfidh leis an aistriú i dtreo geilleagar digiteach agus glas, chun tacú le infheistíochtaí i mbonneagar a chuireann seirbhísí bunúsacha ar fáil do shaoránaigh, agus chun tacú le bearta tacaíochta eacnamaíochta sna réigiúin is mó atá ag brath ar na hearnálacha is mó a ndearna géarchéim COVID-19 difear dóibh.

I gcás CSE, úsáidfeadh acmhainní REACT-EU go príomha chun tacú le rochtain ar an margadh saothair trí phoist fostaíthe agus daoine féinhostaithe a chothabháil, lena n-áirítear trí scéimeanna oibre gearr-ama fiú amháin nuair nach ndéantar an tacaíocht sin a chomhcheangal le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, ach amháin má fhorchuirtear na bearta sin faoin dlí náisiúnta. Le hacmhainní REACT-EU, tacófar le cruthú post agus le fostaíocht ardháilíochta, go háirithe le haghaidh daoine atá i staideanna leochaileacha, agus leathnófar bearta fostaíochta don aos óg i gcomhréir leis an Ráthaíocht threisiúcháin don Aos Óg. Le hinfeistíochtaí san oideachas, san oiliúint agus i bhforbairt scileanna, díreofar ar aghaidh a thabhairt ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach.

Le hacmhainní REACT-EU, tacófar freisin le córais shóisialta a rannchuidíonn le bearta maidir le cuimsiú sóisialta, frith-idirdhealú agus díothú na bochtaineachta, ag díriú go háirithe ar bhochtaineacht leanaí agus feabhsófar rochtain chomhionann ar sheirbhísí sóisialta leasa ghinearálta, lena n-áirítear le haghaidh leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus daoine gan dídean.

9. Cé is móite den chúnamh teicniúil dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo agus d'acmhainní REACT-EU a úsáidtear le haghaidh FEAD nó le haghaidh TFAO dá dtagraítear sa seachtú fómhír de mhír 5 den Airteagal seo, le hacmhainní REACT-EU, tacófar le hoibríochtaí faoin gcuspóir téamach nua 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', rud a chomhlánaíonn na cuspóirí téamacha a leagtar amach in Airteagal 9.

Beidh an cuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo ar fáil go heisiach le haghaidh chlárscidealú acmhainní REACT-EU. De mhaolú ar phointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 96(1) den Rialachán seo agus ar Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013, ní dhéanfar é a chomhcheangal le tosaíochtaí infheistíochta eile.

An tosaíocht infheistíochta aonair le haghaidh chlárscidealú agus chur chun feidhme acmhainní REACT-EU ó CFRE agus ó CSE a bheidh sa chuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo freisin.

I gcás ina mbunófar ais tosaíochta amháin nó níos mó a chomhfhreagraíonn don chuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo laistigh de chlár oibríochtúil atá ann cheana, ní bheidh na heilimintí a liostaítear i bpointí (b)(v) agus (vii) d'Airteagal 96(2) den Rialachán seo agus i bpointí (b)(v) agus (vi) d'Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ag teastáil le haghaidh na tuairisce ar an ais tosaíochta sa chlár oibríochtúil athbhreithnithe.

Sa phlean maoinithe athbhreithnithe a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 96(2) den Rialachán seo agus i bpointe (d) d'Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013, leagfar amach leithdháileadh acmhainní REACT-EU le haghaidh na bliana 2021 agus, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh na bliana 2022 gan méideanna le haghaidh an chúlchiste feidhmíochta a shainaitheint agus gan aon mhiondealú in aghaidh catagóir réigiúin.

De mhaolú ar Airteagal 30(1) den Rialachán seo, beidh údar cuí le hiarrataí ar chlár a leasú arna dtíolacadh ag Ballstát, agus leagfar amach go háirithe iontu an tionchar a mheastar a bheidh ag na hathruithe ar an gclár ar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus ar théarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar. Beidh an clár athbhreithnithe ag gabháil leis na hiarrataí sin.

10. De mhaolú ar Airteagal 26(4), féadfaidh na Ballstáit cláir oibríochtúla thiomnaithe nua faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a tharraingt suas faoin gcuspóir téamach nua dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 den Airteagal seo. Ní bheidh aon mheastóireacht *ex ante* mar a leagtar amach in Airteagal 55 ag teastáil.

De mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 96(2), i gcás ina mbunófar clár oibríochtúil nua den sórt sin, leagfar amach san údar cuí an tionchar a mheastar a bheidh ag an gclár oibríochtúil ar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus ar théarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar.

I gcás ina mbunófar clár oibríochtúil nua den sórt sin, ní fhéadfaidh na Ballstáit ach údaráis atá ainmnithe cheana faoi chlár oibríochtúla reatha a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó ESF agus ón gCiste Comhtháthaithe a shainaitheint chun críocha phointe (a) d'Airteagal 96(5).

Ní bheidh na heilimintí a leagtar amach i bpointí (b)(v) agus (vii) den chéad fhomhír de mhír 2, i mír 4, i bpointí (b) agus (c) de mhír 6 agus i mír 7 d'Airteagal 96 ag teastáil le haghaidh clár oibríochtúil nua den sórt sin. Ní bheidh na heilimintí a leagtar amach in Airteagal 96(3) ag teastáil ach i gcás ina soláthrófar tacaíocht chomhfhreagrach.

De mhaolú ar Airteagal 29(3) agus (4) agus Airteagal 30(2), déanfaidh an Coimisiún a dhícheall aon chlár oibríochtúil tiomnaithe nua nó aon leasú ar chlár atá ann cheana a fhormheas laistigh de 15 lá oibre tar éis do Bhallstát é a thíolacadh.

11. De mhaolú ar Airteagal 65(2) agus (9), beidh caiteachas le haghaidh oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gcuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 den Airteagal seo incháilithe ón 1 Feabhra 2020.

12. De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fhomhír d'Airteagal 120(3), féadfar ráta cómhaoinithe suas le 100 % a chur i bhfeidhm maidir leis an ais tosaíochta nó leis na haiseanna tosaíochta a fhaigheann tacaíocht ó acmhainní REACT-EU atá clársceidealaithe faoin gcuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 den Airteagal seo. Anuas ar na comhtháscairí a leagtar amach sna rialacha Ciste-shonracha, bainfidh na Ballstáit úsáid freisin, i gcás inarb iomchuí, as táscairí COVID-19 clár-shonracha a chuireann an Coimisiún ar fáil.

De mhaolú ar Airteagal 56(3) agus 114 (2), déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar meastóireacht amháin ar a laghad ar úsáid acmhainní REACT-EU faoin 31 Nollaig 2024 chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a dtionchar agus, i gcás inarb infheidhme, a gcuimsitheacht agus a neamh-idirdhealú, lena n-áirítear ó thaobh ghné na hinscne de, agus an chaoi ar rannchuidigh siad leis an gcuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 den Airteagal seo.

13. Ní bheidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le hacmhainní REACT-EU:

- (a) ceanglais maidir le díriú téamach lena n-áirítear tairisí arna mbunú le haghaidh forbairt inbhuanaithe uirbeach mar a leagtar amach sa Rialachán seo nó sna rialacha Ciste-shonracha, de mhaolú ar Airteagal 18;
- (b) coinníollachtaí *ex ante*, de mhaolú ar Airteagal 19 agus ar na rialacha Ciste-shonracha;
- (c) ceanglais maidir leis an gcúlchiste feidhmíochta agus cur i bhfeidhm an chreata feidhmíochta, de mhaolú ar Airteagal 20 agus 22, faoi seach;
- (d) Airteagal 65(6) i gcás oibríochtaí ar cuireadh tús leo ón 1 Feabhra 2020 agus lena ndéantar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar a fhaigheann tacaíocht faoin gcuspóir téamach dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 9 den Airteagal seo;
- (e) ceanglais maidir le straitéis chumarsáide a ullmhú, de mhaolú ar Airteagal 116 agus ar phointe (a) d'Airteagal 115(1).

De mhaolú ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013, maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó acmhainní REACT-EU faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, beidh comhar tairbhíthe in dhá réimse ar a laghad leordhóthanach.

14. Agus a gcuid freagrachtaí atá nasctha le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht á gcomhlíonadh acu i gcomhréir le hAirteagal 115(1) agus (3) agus le hIarscríbhinn XII, áiritheoidh na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta go mbeidh tairbhíthe ionchasacha, tairbhíthe, rannpháirtithe, faighteoirí deiridh ionstraimí airgeadais agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi acmhainní REACT-EU a bheith ann, faoina méid agus faoin tacaíocht bhreise a eascraíonn astu.

Cuirfidh na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta in iúl go soiléir do na saoránaigh go bhfuil an oibríocht i dtrácht á maoiniú mar chuid de fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 agus áiritheoidh siad trédhearcacht iomlán, agus leas á bhaint as na meáin shóisialta i gcás inarb iomchuí.

Maidir leis na tagairtí do 'Ciste', 'Cistí' nó 'Cistí SIE' i Roinn 2.2 d'Iarscríbhinn XII, comhlánfar iad le tagairt do 'a chistítear mar chuid de fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19', i gcás ina soláthraítear tacaíocht airgeadais d'oibríochtaí ó acmhainní REACT-EU.

(*) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 23).";

2. in Airteagal 154, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Ní bheidh feidhm ag Airteagail 92a ná 92b maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe. Le tagairtí do Bhallstáit sna forálacha sin, tuigfear nach tagairtí don Ríocht Aontaithe iad.";

3. Cuirtear an téacs a leanas amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn VIIa.

Airteagal 2

Soláthróidh an Coimisiún meastóireacht ar REACT-EU do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Márta 2025. Sa mheastóireacht sin, beidh faisnéis faoi bhaint amach chuspóirí REACT-EU, faoi éifeachtacht úsáid acmhainní REACT-EU, faoi na cineálacha gníomhaíochtaí arna maoiniú, faoi thairbhíthe agus faighteoirí deiridh na leithdháilí airgeadais, agus faoin mbreisluach Eorpach a bhaineann leis i ndáil le cuidiú leis an téarnamh eacnamaíoch.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN VIIa

**AN MHODHEOLAÍOCHT MAIDIR LE HACMHAINNÍ REACT-EU A LEITHDHÁILEADH –
AIRTEAGAL 92B(4)**

Modh leithdháilte le haghaidh acmhainní REACT-EU

Leithdháilfear acmhainní REACT-EU ar na Ballstáit de réir na modheolaíochta seo a leanas:

1. Déanfar sciar sealadach gach Ballstáit ó acmhainní REACT-EU a chinneadh mar shuim ualaithe na sciartha arna gcinneadh ar bhonn na gcrítéar seo a leanas, agus iad ualaithe mar a léirítear:

(a) Faoi fhachtóir OTI (ualú 2/3) arna chinneadh trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- (i) sciar gach Ballstáit de lánchailteanas fíor-OTI arna choigeartú go séasúrach arna shloinneadh in EUR idir an chéad seimeastar de 2019 agus deireadh na tréimhse tagartha is infheidhme le haghaidh gach Ballstáit a measadh;
- (ii) coigeartú ar na sciartha arna bhfáil faoi phointe (i) trí iad a roinnt le ONI *per capita* an Bhallstáit arna shloinneadh mar chéatadán de mheán-ONI *per capita* AE-27 (meán arna shloinneadh mar 100 %).

(b) Faoi fhachtóir dífhostaíochta (ualú 2/9) arna shloinneadh mar mheán ualaithe an mhéid seo a leanas:

- (i) sciar an Bhallstáit de líon iomlán na ndaoine dífhostaithe (ualú 3/4) maidir le gach Ballstát a measadh i mí Eanáir 2020 agus
- (ii) sciar an Bhallstáit den mhéadú iomlán i líon na ndaoine dífhostaithe (ualú 1/4) idir mí Eanáir 2020 agus deireadh na tréimhse tagartha is infheidhme maidir le gach Ballstát a measadh.

(c) Faoi fhachtóir dífhostaíochta i measc na hóige (ualú 1/9) arna shloinneadh mar mheán an mhéid seo a leanas:

- (i) sciar an Bhallstáit de líon iomlán na ndaoine óga dífhostaithe (ualú 3/4) maidir le gach Ballstát a measadh i mí Eanáir 2020 agus
- (ii) sciar an Bhallstáit den mhéadú iomlán i líon na ndaoine óga dífhostaithe (ualú 1/4) idir mí Eanáir 2020 agus an tréimhse thagartha is infheidhme maidir le gach Ballstát a measadh.

I gcás ina bhfuil fíor-OTI an Bhallstáit arna choigeartú go séasúrach agus arna shloinneadh in EUR le haghaidh na tréimhse tagartha is infheidhme níos airde ná mar a bhí sa chéad seimeastar de 2019, fágfar sonraí an Bhallstáit sin as an áireamh sna ríomhanna i bpointe (a)(i).

I gcás ina bhfuil líon na ndaoine dífhostaithe (san aoisghrúpa 15 go 74) nó líon na ndaoine óga dífhostaithe (san aoisghrúpa 15 go 24) sa Bhallstát le haghaidh na tréimhse tagartha is infheidhme níos lú ná mar a bhí i mí Eanáir 2020, fágfar sonraí an Bhallstáit sin as an áireamh sna ríomhanna i bpointí (b)(ii) agus (c)(ii).

2. Ní bheidh mar thoradh ar na rialacha a leagtar amach i mír 1 leithdháilte in aghaidh an Bhallstáit atá níos airde ná an méid seo a leanas le haghaidh na tréimhse iomláine ó 2021 go 2022:

- (a) maidir leis na Ballstáit a bhfuil meán-ONI *per capita* (in CCC) níos airde acu ná 109 % de mheán AE-27 le haghaidh na tréimhse 2015-2017: 0,07 % dá bhfíor-OTI ó 2019;
- (b) maidir leis na Ballstáit a bhfuil meán-ONI *per capita* (in CCC) acu atá cothrom le nó níos lú ná 90 % de mheán AE-27 le haghaidh na tréimhse 2015-2017: 2,60 % dá bhfíor-OTI ó 2019;
- (c) maidir leis na Ballstáit a bhfuil meán-ONI *per capita* (in CCC) níos airde acu ná 90 % agus cothrom le nó níos lú ná 109 % de mheán AE-27 le haghaidh na tréimhse 2015-2017: faightear an céatadán le hidirshuíomh líneach idir 0,07 % agus 2,60 % dá bhfíor-OTI ó 2019, as a n-eascaíonn laghdú comhréireach ar an gcéatadán uasteorannaithe i gcomhréir leis an méadú ar rathúnas.

Déantar na méideanna a théann thar an leibhéal a leagtar amach i bpointí (a) go (c) in aghaidh an Bhallstáit a athdháileadh go comhréireach chuig leithdháiltí gach Ballstáit eile a bhfuil meán-ONI *per capita* acu (in CCC) atá faoi 100 % de mheán AE-27. Is é ONI *per capita* (in CCC) le haghaidh na tréimhse 2015-2017 an ceann a úsáidtear le haghaidh beartas comhtháthaithe i gcaibidlíocht CAI 2021-2027.

3. Chun dáileadh acmhainní REACT-EU le haghaidh na bliana 2021 a ríomh:

- (a) le haghaidh OTI, is é an chéad seimeastar de 2020 a bheidh sa tréimhse thagartha;
- (b) le haghaidh líon na ndaoine dífhostaithe agus líon na ndaoine óga dífhostaithe, is é an meán ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa 2020 a bheidh sa tréimhse thagartha;
- (c) déantar an leithdháileadh uasta a eascraíonn as cur chun feidhme mhír 2 a iolrú faoi sciar acmhainní REACT-EU le haghaidh na bliana 2021 in iomlán acmhainní REACT-EU le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022.

Sula cuirfeadh an modh a dtugtar tuairisc air i míreanna 1 agus 2 agus a bhaineann le hacmhainní REACT-EU don bhliain 2021 i bhfeidhm, déanfar méid EUR 100 000 000 agus EUR 50 000 000 a leithdháileadh ar Lucsamburg agus ar Mhálda, faoi seach.

Ina theannta sin, déanfar méid a fhreagraíonn do dhéine cabhrach de EUR 30 in aghaidh an áitritheora a leithdháileadh ar na réigiúin leibhéal NUTS 2 is forimeallaí ón leithdháileadh. Déanfar an leithdháileadh sin a dháileadh in aghaidh an réigiúin agus an Bhallstáit ar bhealach a bheidh comhréireach le daonra iomlán na réigiúin sin. Cuirfeadh an leithdháileadh breise do na réigiúin is forimeallaí leis an leithdháileadh a fhaigheann gach réigiúin is forimeallaí trí dháileadh an bhuiséid náisiúnta.

Déanfar an méid a bheidh fágtha le haghaidh na bliana 2021 a dháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir leis an modh a dtugtar tuairisc air i míreanna 1 agus 2.

4. Chun dáileadh acmhainní REACT-EU le haghaidh na bliana 2022 a ríomh:

- (a) le haghaidh OTI, is é an chéad seimeastar de 2021 a bheidh sa tréimhse thagartha;
- (b) le haghaidh líon na ndaoine dífhostaithe agus líon na ndaoine óga dífhostaithe, is é an meán ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa 2021 a bheidh sa tréimhse thagartha;
- (c) déantar an leithdháileadh uasta a eascraíonn as cur chun feidhme mhír 2 a iolrú faoi sciar acmhainní REACT-EU le haghaidh na bliana 2022 in iomlán acmhainní REACT-EU le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022.”.

RIALACHÁN (AE) 2020/2222 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 23 Nollaig 2020****maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽²⁾ (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”) i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽³⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d’fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (an “idirthréimhse”), an 31 Nollaig 2020.
- (2) Le hAirteagal 10 den Chonradh idir an Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Poblacht na Fraince maidir le tógáil agus oibriú nasc seasta mhuir n-íocht a dhéanann lamháltóirí príobháideacha arna shíniú in Canterbury an 12 Feabhra 1986 (“Conradh Canterbury”), bunaíodh Coimisiún Idir-Rialtasach chun maoirseacht a dhéanamh ar gach ceist a bhaineann le tógáil agus oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht.
- (3) Go dtí deireadh na hidirthréimhse, is é an Coimisiún Idir-Rialtasach an t-údarás náisiúnta sábháilteachta de réir bhrí Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Sa cháil sin, cuirtear i bhfeidhm leis ó thaobh Nasc Seasmhach Mhuir nIocht ina iomláine na forálacha de chuid dhlí an Aontais is ábhartha do shábháilteacht iarnróid agus, faoi Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, d’idir-inoibritheacht iarnróid.
- (4) Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, mura bhforáiltear a mhalairt, ní bheidh dlí an Aontais infheidhme a thuilleadh maidir leis an gcuid de Nasc Seasmhach Mhuir nIocht atá faoi dhlínse na Ríochta Aontaithe agus, a mhéid a bhaineann leis an gcuid sin de Nasc Seasmhach Mhuir nIocht atá faoi dhlínse na Fraince, ní bheidh an Coimisiún Idir-Rialtasach ina údarás náisiúnta sábháilteachta faoi dhlí an Aontais a thuilleadh. Scoirfidh an t-údarú

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽²⁾ An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

⁽⁵⁾ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

sábháilteachta le haghaidh bhainisteoir bonneagair Nasc Seasta Mhuir nlochta agus le haghaidh deimhnithe sábháilteachta maidir le gnóthais iarnróid a oibríonn trí Nasc Seasta Mhuir nlochta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach de bhun Airteagal 11 agus Airteagal 10 faoi seach de Threoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ de bheith bailí ón 1 Eanáir 2021.

- (5) Le Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, tugadh de chumhacht don Fhrainc comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir le rialacha sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid an Aontais a chur i bhfeidhm ar Nasc Seasta Mhuir nlochta chun córas sábháilteachta aontaithe a choimeád ar bun. Le Rialachán (AE) 2020/1530 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, leasaíodh Treoir (AE) 2016/798 a mhéid a bhaineann le, *inter alia*, na rialacha a bhaineann le húdaráis náisiúnta sábháilteachta.
- (6) Ar bhonn Rialachán (AE) 2020/1530, agus faoi réir comhaontú mar a bheartaítear i gCinneadh (AE) 2020/1531 agus arna thabhairt chun críche faoi choinníollacha áirithe a leagtar amach sa Chinneadh sin, bhí an Coimisiún Idir-Rialtasach le leanúint de bheith ina údarás sábháilteachta aonair le haghaidh Nasc Seasta Mhuir nlochta ina iomláine agus, maidir leis an gcuid de Nasc Seasta Mhuir nlochta atá faoi dhlínse na Fraince, bhí sé le bheith mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta de réir bhrí phointe (7) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/798. Ní dócha, áfach, go mbeidh an comhaontú a bheartaítear le Cinneadh (AE) 2020/1531 tagtha i bhfeidhm faoi dheireadh na hidirthréimhse.
- (7) Gan comhaontú den sórt sin, ón 1 Eanáir 2021 amach, ní cháileoidh an Coimisiún Idir-rialtasach a thuilleadh mar údarás náisiúnta sábháilteachta de réir bhrí phointe (7) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann leis an gcuid sin de Nasc Seasta Mhuir nlochta faoi dhlínse na Fraince. Scoirfidh údaruithe sábháilteachta agus deimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach de bheith bailí. Beidh údarás náisiúnta sábháilteachta na Fraince ina údarás náisiúnta sábháilteachta inniúil le haghaidh an chuid de Nasc Seasta Mhuir nlochta a bheidh faoi dhlínse na Fraince.
- (8) I bhfianaise a thábhachtaí atá Nasc Seasta Mhuir nlochta don Aontas ó thaobh na heacnamaíochta de, tá sé fíoriachtanach go leanfaidh Nasc Seasta Mhuir nlochta de bheith ag oibriú tar éis an 1 Eanáir 2021. Chuige sin, ba cheart an t-údarú sábháilteachta do bhainisteoir bonneagair Nasc Seasta Mhuir nlochta arna eisiúint ag an gCoimisiún Idir-rialtasach leanúint de bheith bailí go ceann uastréimhse 2 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialachán seo, ar dóthain ama é chun é a chur ar a chumas d'údarás sábháilteachta náisiúnta na Fraince a údarú sábháilteachta féin a eisiúint.
- (9) Ní bheidh na ceadúnais arna n-eisiúint faoi Chaibidil III de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ do ghnóthais iarnróid atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe bailí a thuilleadh tar éis dheireadh na hidirthréimhse. An 10 Samhain 2020, de bhun Airteagal 14(3) de Threoir 2012/34/AE, thug an Fhrainc fógra don Choimisiún go raibh sé ar intinn aici dul i mbun caibidlíochta maidir le comhaontú trasteorann leis an Ríocht Aontaithe. Is é cuspóir an chomhaontaithe den sórt sin a cheadú do ghnóthais iarnróid atá bunaithe agus ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe úsáid a bhaint as an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nlochta chomh fada le stáisiún agus críochfort trasnaithe teorann Calais-Fréthun (an Fhrainc), gan ceadúnas a fháil faoi Threoir 2012/34/AE ó údarás ceadúnúcháin de chuid an Aontais.
- (10) Chun an nascacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a áirithiú, tá sé fíorthábhachtach go leanfaidh na gnóthais iarnróid atá bunaithe agus ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe de bheith ag oibriú. Chuige sin, ba cheart síneadh a chur le tréimhse bhailíochta a gceadúnas arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe faoi Threoir 2012/34/AE

⁽⁶⁾ Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúcháin sábháilteachta (an Treoir Sábháilteachta Iarnróid) (IO L 164, 30.4.2004, lch. 44).

⁽⁷⁾ Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena gcumhachtaítear an Fhrainc chun comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar forlíonadh ar an gConradh idir an Fhrainc agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le Tógáil agus oibriú Nasc Seasta Mhuir nlochta a dhéanann lamháltóirí príobháideacha a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích (IO L 352, 22.10.2020, lch.4).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2020/1530 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann le rialacha sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid a chur i bhfeidhm laistigh de Nasc Seasta Mhuir nlochta (IO L 352, 22.10.2020, lch. 1).

⁽⁹⁾ Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

agus le tréimhse bhailíochta a ndeimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-rialtasach ar feadh tréimhse 9 mí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar tréimhse í ar dóthain í chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit lena mbaineann na céimeanna is gá a ghlacadh chun nascacht a áirithiú i gcomhréir le Treoracha 2012/34/AE agus (AE) 2016/798 agus ar bhonn an chomhaontaithe a bheartaítear le Cinneadh (AE) 2020/1531.

- (11) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an sochar a tugadh do shealbhóirí na n-údaruithe, na ndeimhnithe agus na gceadúnas a tharraingt siar, i gcás nach n-áiritheofar comhlíonadh cheanglais an Aontais. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na bearta sin a ghlacadh, toisc an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar shábháilteacht iarnróid. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.
- (12) I bhfianaise na práinne atá i gceist le deireadh na hidirthréimhse, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.
- (13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon bearta sealadacha a leagan síos maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus nascacht iarnróid i dtaca le deireadh na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (14) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis lá deiridh na hidirthréimhse,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha sonracha, i bhfianaise dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, maidir le húdaruithe sábháilteachta áirithe agus deimhnithe sábháilteachta áirithe arna n-eisiúint faoi Threoir 2004/49/CE agus maidir le ceadúnais áirithe le haghaidh gnóthas iarnróid arna n-eisiúint faoi Threoir 2012/34/AE, dá dtagraítear i mír 2.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na húdaruithe, na deimhnithe agus na ceadúnais seo a leanas, a bheidh bailí ar an 31 Nollaig 2020:
 - (a) údaruithe sábháilteachta arna n-eisiúint faoi Airteagal 11 de Threoir 2004/49/CE do bhainisteoirí bonneagair chun bonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht a bhainistiú agus a oibriú;
 - (b) údaruithe sábháilteachta arna n-eisiúint faoi Airteagal 10 de Threoir 2004/49/CE do ghnóthais iarnróid atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus a úsáideann an bonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht;
 - (c) ceadúnais arna n-eisiúint faoi Chaibidil III de Threoir 2012/34/AE do ghnóthais iarnróid atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus a úsáideann bonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Airteagal 2***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte ábhartha i dTeoracha 2012/34/AE agus (AE) 2016/798 agus ag na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh faoi na Teoracha sin agus faoi Threoir 2004/49/CE.

*Airteagal 3***Bailíocht na n-údaruithe sábháilteachta, na ndeimhnithe sábháilteachta agus na gceadúnas**

1. Na húdaruithe sábháilteachta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2), beidh siad fós bailí go ceann 2 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Na deimhnithe sábháilteachta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2), beidh siad fós bailí go ceann 9 mí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ní bheidh siad bailí ach amháin chun an stáisiún trasnaithe teorann agus críochfort Calais-Fréthun a bhaint amach ón Ríocht Aontaithe nó chun imeacht ón stáisiún sin agus ón gcríochfort sin go dtí an Ríocht Aontaithe.
3. Leanfaidh ceadúnais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2) de bheith bailí go ceann 9 mí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. De mhaolú ar Airteagal 23(1) de Threoir 2012/34/AE, ní bheidh na ceadúnais sin bailí ach amháin sa chríoch atá suite idir stáisiún agus críochfort trasnaithe teorann Calais-Fréthun agus an Ríocht Aontaithe.

*Airteagal 4***Rialacha agus oibleagáidí maidir le húdaruithe sábháilteachta, deimhnithe sábháilteachta agus ceadúnais**

1. Údaruithe sábháilteachta, deimhnithe sábháilteachta agus ceadúnais a rialaítear le hAirteagal 3 den Rialachán seo, tá siad faoi réir na rialacha is infheidhme maidir leo i gcomhréir le Teoracha 2012/34/AE agus (AE) 2016/798 agus i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi na Teoracha sin.
2. Na sealbhóirí údaruithe sábháilteachta, deimhnithe sábháilteachta, agus ceadúnas dá dtagraítear in Airteagal 1(2), agus, de réir mar is iomchuí, an t-údarás a d'eisigh iad i gcás nach ionann é agus an t-údarás sábháilteachta náisiúnta a bhfuil an bonn lonnaithe ar a chríoch san Aontas agus a dtagann stáisiún agus críochfort trasnaithe teorann Calais-Fréthun faoina inniúlacht, comhoibreoidh siad leis an údarás náisiúnta sábháilteachta sin agus cuirfidh siad an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha uile ar fáil dó.
3. I gcás nach bhfuair an fhaisnéis nó na doiciméid sin faoi na sprioc-amanna arna leagan síos ar iarrataí arna ndéanamh ag an údarás sábháilteachta náisiúnta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, tar éis fógra a fháil ón údarás sábháilteachta náisiúnta, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an sochar arna thabhairt don sealbhóir de bhun Airteagal 3 a tharraingt siar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2).
4. Cuirfidh sealbhóirí údaruithe sábháilteachta, deimhnithe sábháilteachta agus ceadúnas dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo an Coimisiún agus Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ar an eolas gan mhoill faoi aon bheart a rinne údarás inniúla sábháilteachta eile is féidir a bheith ag teacht salach ar oibleagáidí na n-údarás sin faoin Rialachán seo, faoi Threoir 2012/34/AE nó faoi Threoir (AE) 2016/798.
5. Sula dtarraingeoidh an Coimisiún siar na sochair arna dtabhairt don sealbhóir de bhun Airteagal 3, cuirfidh sé in iúl in am trátha don údarás sábháilteachta náisiúnta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, don údarás a d'eisigh na húdaruithe sábháilteachta, na deimhnithe sábháilteachta agus na ceadúnais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), agus do shealbhóirí na n-údaruithe, na ndeimhnithe agus na gceadúnas sin, go bhfuil rún aige dul ar aghaidh leis an tarraingt siar sin agus tabharfaidh sé deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl.
6. Maidir leis na ceadúnais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2) den Rialachán seo, chun críocha mhír (1) go mír (5) den Airteagal seo, tuigfear gurb ionann tagairtí d'údarás sábháilteachta náisiúnta agus tagairtí d'údarás ceadúnúcháin a shainmhínítear i bpointe (15) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE.

*Airteagal 5***Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh dhlí an Aontais**

1. Déanfaidh an t-údarás sábháilteachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) faireachán ar na caighdeáin sábháilteachta iarnróid a chuirfear i bhfeidhm maidir le gnóthais iarnróid atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a úsáidfidh an bonneagar trasteorann dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2), agus a chuirfear i bhfeidhm maidir leis an mbonneagar trasteorann sin. Ina theannta sin, seiceálfadh an t-údarás náisiúnta sábháilteachta go gcomhlíonfaidh bainisteoirí bonneagair agus gnóthais iarnróid na ceanglais sábháilteachta a leagtar amach i ndlí an Aontais. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an t-údarás náisiúnta sábháilteachta moladh ar fáil don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh go ngníomhódh an Coimisiún i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

Déanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2), i gcomhar le hAirteagal 4(6), den Rialachán seo faireachán féachaint an mbeifear ag leanúint de cheanglais Airteagail 19 go 22 de Threoir 2012/34/AE a chomhlíonadh i ndáil le gnóthais iarnróid atá ceadúnaithe ag an Ríocht Aontaithe dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2) den Rialachán seo.

2. I gcás ina mbeidh amhras a mbeidh údar leis ar an gCoimisiún nach bhfuil na caighdeáin sábháilteachta á gcur i bhfeidhm maidir le hoibriú na seirbhísí iarnróid trasteorann nó maidir le bonneagair atá faoi raon feidhme an Rialacháin seo nó maidir leis an gcuid sin den bhonneagar céanna atá sa Ríocht Aontaithe, nach bhfuil na caighdeáin sin i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, déanfaidh sé, gan moill mhíchúí, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an sochar arna thabhairt don sealbhóir de bhun Airteagal 3 a tharraingt siar. Beidh feidhm ag an gcumhacht gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh *mutatis mutandis* i gcás ina mbeidh amhras a mbeidh údar leis ar an gCoimisiún i ndáil le comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás sábháilteachta náisiúnta nó an t-údarás ceadúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2), i gcomhar le hAirteagal 4(6), faisnéis a iarraidh ar na húdaráis inniúla ábhartha agus teorainn ama réasúnta a leagan síos. I gcás nach gcuirfidh na húdaráis inniúla ábhartha an fhaisnéis a iarraidh ar fáil faoin sprioc-am atá leagtha síos, nó go gcuirfidh siad faisnéis neamhiomlán ar fáil, féadfaidh an Coimisiún, ar fhógra a fháil ón údarás sábháilteachta náisiúnta nó ón údarás ceadúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2) i gcomhar le hAirteagal 4(6) de réir mar is iomchuí, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an sochar arna thabhairt don sealbhóir de bhun Airteagal 3 a tharraingt siar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

4. Sula dtarraingeoidh an Coimisiún siar na sochair arna dtabhairt de bhun Airteagal 3, cuirfidh sé in iúl in am trátha don údarás sábháilteachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4(2), don údarás a d'eisigh na húdaruíthe sábháilteachta, na deimhnithe sábháilteachta agus na ceadúnais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), do shealbhoirí na n-údaruíthe, na ndeimhnithe agus na gceadúnas sin agus don údarás sábháilteachta náisiúnta agus d'údarás ceadúnúcháin na Ríochta Aontaithe go bhfuil rún aige dul ar aghaidh leis an tarraingt siar sin agus tabharfaidh sé deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl.

*Airteagal 6***Comhairliúchán agus comhar**

1. Rachaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhairle agus i gcomhar le húdaráis inniúla na Ríochta Aontaithe de réir mar is gá chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú.

2. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin orthu, gan moill mhíchúí, aon fhaisnéis a gheofar de bhun mhír 1 nó aon fhaisnéis eile is ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 7***An coiste**

1. Déanfaidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 51 de Threoir (AE) 2016/797 agus an coiste dá dtagraítear in Airteagal 62 de Threoir 2012/34/AE cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh na coistí sin ina gcoistí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.
3. Scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige an 30 Meán Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

**RIALACHÁN (AE, Euratom) 2020/2223 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Nollaig 2020**

**lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig
an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-
Chalaoise**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 325 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iníúcháirí ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le glacadh Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽⁴⁾, neartaíodh go suntasach na hacmhainní atá ar fáil don Aontas chun a leasanna airgeadais a chosaint trí bhíthin an dlí choiriúil. Is príomhthosaíocht i mbeartas an Aontais maidir leis an gceartas coiriúil agus frith-chalaoise é Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú, agus é de chumhacht aici imscrúduithe coiriúla a dhéanamh agus díotálacha a thabhairt a bhaineann le cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, de réir bhrí Threoir (AE) 2017/1371, sna Ballstáit rannpháirteacha.
- (2) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, déanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (“an Oifig”) imscrúduithe riaracháin ar neamhrialtachtaí riaracháin agus, chomh maith leis sin, ar iompar coiriúil. Ag deireadh a cuid imscrúduithe, féadfaidh sí moltaí breithiúnacha a dhéanamh do na húdaráis náisiúnta ionchúisimh, ionas go mbeidh siad in ann díotálacha agus ionchúisimh sna Ballstáit a shaothrú. Sna Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE, tuairisceoidh sí cionta coiriúla amhrasta do OIPE agus comhoibreoidh sí le OIPE i gcomhthéacs imscrúduithe OIPE.
- (3) Ba cheart Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ a leasú agus a chur in oiriúint i bhfianaise ghlacadh Rialachán (AE) 2017/1939. Ba cheart na forálacha de chuid Rialachán (AE) 2017/1939 lena rialaítear an caidreamh idir an Oifig agus OIPE a léiriú i bhforálacha i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus a chomhlánú leis na forálacha sin chun an leibhéal is mó cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú trí shineirgí eatarthu, agus dlúthchomhair, malartú faisnéise, comhlántacht agus seachaint dúblála á n-áirithiú ag an am céanna.

⁽¹⁾ IO C 42, 1.2.2019, lch. 1.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 4 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

- (4) I bhfianaise a gcuspóra chomhchoitinn sláine bhuiséad an Aontais a chaomhnú, ba cheart don Oifig agus do OIPE dlúthchaidreamh a bhunú agus a choimeád bunaithe ar phrionsabal an chomhair dhílis agus é mar aidhm leis comhlántacht a gcuid sainorduithe faoi seach agus comhordú a ngníomhaíochta a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le raon feidhme an chomhair fheabhsaithe le haghaidh OIPE a bhunú. Leis an gcaidreamh idir an Oifig agus OIPE, ba cheart rannchuidiú lena áirithiú go n-úsáidfear gach modh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.
- (5) Le Rialachán (AE) 2017/1939, ceanglaítear ar an Oifig, agus ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar údarais inniúla na mBallstát, iompar coiriúil amhrasta a thuirisciú do OIPE gan moill mhíchúí ar ina leith a fhéadfaidh OIPE a inniúlacht a fheidhmiú. Ós rud é gur sainordú na hOifige é imscrúduithe riaracháin a dhéanamh ar chalaos, ar éilliú agus ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, tá sí sároiriúnach do bheith ag feidhmiú mar chomhpháirtí agus mar fhoinsé phribleideach faisnéise do OIPE agus tá sé d'acmhainn aici sin a dhéanamh.
- (6) Gnéithe lena léireofaí gurbh fhéidir go raibh iompar coiriúil ar siúl a thiocfadh faoi inniúlacht OIPE, d'fhéadfaidís a bheith sna líomhaintí tosaigh a fhaigheann an Oifig nó d'fhéadfadh sé nach dtiocfaidís chun cinn ach amháin le linn imscrúdú riaracháin arna oscailt ag an Oifig ar na forais go raibh amhras ann maidir le neamhrialtacht riaracháin. Chun a dualgas tuairisciú do OIPE a chomhlíonadh, ba cheart don Oifig, dá bhrí sin, iompar coiriúil amhrasta a thuirisciú tráth ar bith roimh a cuid imscrúduithe nó lena linn.
- (7) Sonraítear i Rialachán (AE) 2017/1939 na gnéithe fosta atá le bheith i dtuarascálacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Oifig réamh-mheastóireacht a dhéanamh ar líomhaintí chun na gnéithe sin a fháil amach agus an fhaisnéis riachtanach a bhailiú. Ba cheart don Oifig meastóireacht den sórt sin a dhéanamh chomh dlúsúil agus is féidir agus le modhanna nach gcuirfeadh imscrúdú coiriúil a dhéanfaí amach anseo i mbaol. Tar éis chur i gcrích a meastóireachta, ba cheart don Oifig tuairisciú do OIPE má shainaitnítear go bhfuil amhras ann faoi chion atá faoina inniúlacht.
- (8) Ag breithniú ar shaineolas na hOifige, ba cheart do na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a bunaidh leis na Conarthaí nó ar bhonn na gConarthaí (“institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí”) a bheith in ann leas a bhaint as an Oifig chun réamh-mheastóireacht den sórt sin a dhéanamh ar líomhaintí a thuiriscítear dóibh.
- (9) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, níor cheart don Oifig, i bprionsabal, imscrúdú riaracháin a oscailt i gcomhthráth le himscrúdú arna dhéanamh ag OIPE ar na fíricí céanna. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go ndéanfadh an Oifig imscrúdú riaracháin comhlántach sula gcuirfí deireadh le himeachtaí coiriúla arna dtionscnamh ag OIPE, chun a fháil amach an bhfuil bearta réamhchúraim riachtanach, nó ar cheart gníomhaíocht airgeadais, araíonachta nó riaracháin a dhéanamh. D'fhéadfadh sé gurbh iomchuí imscrúdú comhlántach den sórt sin a dhéanamh, *inter alia*, chun méideanna atá iníochta le buiséad an Aontas agus atá faoi réir rialacha sonracha lena mbaineann teorainn ama a ghnóthú, i gcás ina bhfuil na méideanna i mbaol thar a bheith mór, nó i gcás ina bhfuil sé riachtanach tuilleadh caiteachais i gcásanna riosca a sheachaint trí bhearta riaracháin.
- (10) Chun críoch chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le neamhdhúbláil imscrúduithe, ba cheart a mheas gurb é a chiallaíonn an coincheap “na fíricí céanna”, i bhfianaise chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ar an bprionsabail *ne bis in idem*, gurb ionann nó gurb ionann nach mór na fíricí ábhartha atá á n-imscrúdú agus go dtuigtear iad sa chiall gurb ann d'imthosca nithiúla a bhfuil dlúthbhaint acu ó thaobh ama agus spáis de.
- (11) Le Rialachán (AE) 2017/1939, foráiltear go bhféadfaidh OIPE iarraidh ar an Oifig imscrúduithe riaracháin comhlántacha a dhéanamh. In éagmais iarraidh den sórt sin, ba cheart imscrúduithe comhlántacha a bheith indéanta ar thionscnamh na hOifige faoi choinníollacha sonracha tar éis dul i gcomhairle le OIPE. Go háirithe, ba cheart OIPE a bheith in ann agóid a dhéanamh in aghaidh oscailt imscrúdaithe nó leanúint ar aghaidh le himscrúdú a dhéanfadh an Oifig, nó in aghaidh feidhmíocht gníomhartha áirithe a bhaineann le ceann amháin dá chuid imscrúdaithe, go háirithe d'fhonn éifeachtacht a imscrúduithe agus a cumhachtaí a chaomhnú. Ba cheart don Oifig staonadh ó gníomhaíocht a dhéanamh a bhfuil agóid déanta ag OIPE ina leith. I gcás ina n-osclaíonn an Oifig imscrúdú in éagmais agóid den sórt sin, ba cheart di an t-imscrúdú sin a dhéanamh, agus í i gcomhairle le OIPE ar bhonn leanúnach.

- (12) Ba cheart don Oifig tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'imscrúduithe de chuid OIPE. Maidir leis sin, ba cheart OIPE a bheith in ann iarraidh ar an Oifig tacú lena cuid imscrúduithe coiriúla nó iad a chomhlánú trí na cumhachtaí faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a fheidhmiú. Ba cheart don Oifig tacaíocht den sórt sin a sholáthar faoi réir teorainneacha a cumhachtaí féin agus laistigh den chreat dá bhforáiltear sa Rialachán sin.
- (13) Chun comhordú, comhar agus trédhearcacht éifeachtach a áirithiú, ba cheart don Oifig agus OIPE faisnéis a mhalmartú eatarthu ar bhonn leanúnach. An malartú faisnéise a dhéantar sula n-osclaíonn an Oifig nó OIPE imscrúduithe, tá sé thar a bheith ábhartha maidir le comhordú cuí a áirithiú idir a gcuid gníomhaíochtaí faoi seach, chun comhlántacht a ráthú agus chun dúbailt a sheachaint. Chuige sin, ba cheart don Oifig agus do OIPE úsáid a bhaint as feidhmeanna “amas a fháil/gan amas a fháil” ina gcórais bainistithe cásanna faoi seach. Ba cheart don Oifig agus do OIPE an nós imeachta agus na coinníollacha le haghaidh an mhalmartaithe faisnéise sin a shonrú ina gcuid socruithe oibre. Chun cur i bhfeidhm cuí na rialacha a áirithiú a fhéachann le neamhdhúbláil a sheachaint agus chun comhlántacht a áirithiú, ba cheart don Oifig agus do OIPE teacht ar chomhaontú maidir le teorainneacha ama áirithe le haghaidh a malartuithe faisnéise.
- (14) I dTuarascáil ón gCoimisiún maidir le Meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 an 2 Deireadh Fómhair 2017 (“an tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún”), thángthas ar an gconclúid gur chothaigh athruithe 2013 ar an gcreat dlíthiúil feabhsúcháin shoiléire a mhéid a bhaineann le himscrúduithe a dhéanamh, comhar le comhpháirtithe agus cearta na ndaoine lena mbaineann. Ag an am céanna, leagadh béim sa tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún ar roinnt easnamh a chuireann isteach ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht imscrúduithe.
- (15) Tá sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar na torthaí is soiléire den tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún trí bhithin leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Tá na leasuithe sin riachtanach sa ghearrthearma chun an creat le haghaidh imscrúduithe na hOifige a neartú ionas go bhfanfaidh an Oifig láidir agus lánfheidhmiúil agus go gcomhlánaíonn sí cur chuige OIPE ó thaobh an dlí choiriúil de le himscrúduithe riaracháin, gan athrú a dhéanamh ar shainordú ná cumhachtaí na hOifige. Baineann na leasuithe go príomha le réimsí ina bhféadfaí, mar gheall ar easpa soiléireachta Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, bac a chur ar an Oifig imscrúduithe a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, amhail seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, an fhéidearthacht rochtain a fháil ar fhaisnéis cuntas bainc, nó inghlacthacht mar fhianaise na gcás-tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an Oifig mar fhianaise in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha.
- (16) Ní dhéanann na leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 difear do na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme maidir le creat na n-imscrúduithe. Tá an Oifig faoi cheangal ag ráthaíochtaí nós imeachta Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus na ráthaíochtaí sin atá i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Leis an gcreat sin, ceanglaítear ar an Oifig a cuid imscrúduithe a dhéanamh go hoibiachtúil, go neamhchlaonta agus faoi rún, fianaise ar son agus in aghaidh an duine lena mbaineann a lorg, agus gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a dhéanamh ar bhonn údarú i scríbhinn tar éis seiceáil dlíthiúlachta. Tá ceangal ar an Oifig a áirithiú go dtabharfar urraim do chearta na ndaoine sin atá bainteach lena cuid imscrúduithe, lena n-áirítear toimhde na neamhchiontachta agus an ceart féin-ionchoiriú a sheachaint. Nuair a chuirfear agallamh orthu, tá ag na daoine lena mbaineann, *inter alia*, an ceart cúnaimh a fháil ó dhuine dá rogha féin, chun taifeadadh an agallaimh a fhormheas, agus chun aon cheann de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais a úsáid. Tá an ceart ag daoine lena mbaineann freisin a thuairimí nó tuairimí a chur in iúl maidir le fíricí an cháis sula mbainfear conclúidí as.
- (17) Ba cheart cosaint faoi Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ a thabhairt do dhaoine a thuairiscíonn calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.
- (18) I gcás ina ndéanfaidh an Oifig bearta tacaíochta, laistigh dá sainordú, arna iarraidh sin do OIPE, chun inghlacthacht fianaise, chomh maith le cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta, a chosaint, agus ag an am céanna dúbláil imscrúduithe a sheachaint agus comhar éifeachtúil agus comhlántach a thabhairt, ba cheart don Oifig agus do OIPE, ag gníomhú dóibh i ndlúthchomhar, a áirithiú go gcomhlíonfar na coimircí nós imeachta is infheidhme i gCaibidil VI de Rialachán (AE) 2017/1939.

⁽⁶⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽⁷⁾ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

- (19) Tá sé de chumhacht ag an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, lenar féidir léi rochtain a fháil ar áitreabh agus ar dhoiciméadacht oibreoirí eacnamaíocha faoi chuimsiú a cuid imscrúduithe ar chalaiois amhrasta, ar éilliú nó ar iompar neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Déantar seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair den sórt sin i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, a chiallaíonn i roinnt cásanna go mbíonn cur i bhfeidhm na gcumhachtaí sin faoi réir choinníollacha an dlí náisiúnta. Fuarthas amach sa tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún nach bhfuil sé go hiomlán soiléir a mhéid atá feidhm ag an dlí náisiúnta, agus mar thoradh air sin cuirtear bac ar ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha na hOifige.
- (20) Is iomchuí dá réir sin na teagmhais ina bhfuil an dlí náisiúnta le feidhm a bheith aige le linn imscrúduithe na hOifige a shoiléiriú, gan cumhachtaí na hOifige a athrú ná an dóigh ina bhfeidhmítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 i leith na mBallstát a athrú, rud a léiríonn breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 3 Bealtaine 2018 i gCás T-48/16, *Sigma Orionis SA v an Coimisiún Eorpach* ⁽⁸⁾.
- (21) Ba cheart seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanfadh an Oifig, i gcásanna ina ngéillfidh an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann don tseiceáil agus don chigireacht ar an láthair, a bheith faoi réir dhlí an Aontais amháin. Leis sin, bheadh an Oifig in ann a cumhachtaí imscrúdaitheacha a fheidhmiú go héifeachtach comhleánach i ngach Ballstát d'fhonn rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do leasanna airgeadais an Aontais ar fud an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (22) I gcásanna inar gá don Oifig brath ar chúnamh ó údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe i gcásanna ina gcuireann oibreoir eacnamaíoch in aghaidh seiceáil agus cigireacht ar an láthair, ba cheart do na Ballstát a áirithiú go mbeidh gníomhaíocht na hOifige éifeachtach, agus ba cheart dóibh an cúnamh riachtanach a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha ábhartha an dlí níos imeachta náisiúnta. Chun leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú, ba cheart don Choimisiún mainneachtain ó thaobh aon cheann de na Ballstát a dhualgas comhoibriú leis an Oifig a chomhlíonadh a chur san áireamh agus é á mheas aige ar cheart na méideanna lena mbaineann a ghnóthú trí cheartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm ar Bhallstáit, i gcomhréir l dlí an Aontais is infheidhme.
- (23) Tá an Oifig in ann, faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, socruithe riaracháin a dhéanamh le húdaráis inniúla na mBallstát, amhail seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise, agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, chun na socruithe dá gcomhar faoin Rialachán sin a shonrú, go háirithe maidir le faisnéis a tharchur, imscrúduithe a dhéanamh agus aon ghníomhaíocht leantach ina leith.
- (24) Ba cheart Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a leasú chun dualgas ar oibreoirí eacnamaíocha comhoibriú leis an Oifig a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an oibleagáid atá orthu faoi Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 rochtain a thabhairt ar áitreabh, talamh, modhanna iompair nó limistéir eile, arna n-úsáid chun críoch gnó, chun seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh orthu, agus leis an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 129 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ go bhfuil aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas le comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig.
- (25) Mar chuid den dualgas comhair sin, ba cheart an deis a bheith ag an Oifig a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis ábhartha a sholáthar i gcás ina bhféadfadh sé gur bhain an t-ábhar atá á imscrúdú leo nó ina bhféadfadh faisnéis den sórt sin a bheith ina seilbh acu. Agus iarrataí den sórt sin á gcomhlíonadh acu, níor cheart oibleagáid a bheith ar oibreoirí eacnamaíocha ráitis fhéin-ionchuirtheacha a dhéanamh, ach ba cheart oibleagáid a bheith orthu ceisteanna fíorasacha a fhreagairt agus doiciméid a sholáthar, fiú más féidir an fhaisnéis sin a úsáid lena chinneadh go raibh siad nó oibreoir eacnamaíoch eile páirteach i ngníomhaíocht neamhdhleathach. Chun éifeachtacht imscrúduithe a áirithiú i gcomhthéacs na gcleachtas oibre reatha, ba cheart don Oifig a bheith in ann rochtain a iarraidh ar fhaisnéis i bhfeistí atá faoi úinéireacht phríobháideach chun críoch oibre. Ba cheart rochtain a thabhairt

⁽⁸⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Chéad Dlísheomra) an 3 Bealtaine 2018, *Sigma Orionis SA v an Coimisiún Eorpach*, T-48/16, ECLI: EU:T:2018:245.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

don Oifig faoi réir na gcoinníollacha céanna agus a mhéid céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis na húdaráis náisiúnta rialaithe, agus más rud é agus más rud é amháin go bhfuil forais réasúnacha ag an Oifig le hamhras a bheith uirthi go bhféadfadh inneachair den sórt sin a bheith ábhartha don imscrúdú, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus níor cheart í a bheith bainteach ach le faisnéis atá ábhartha don imscrúdú.

- (26) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha aon cheann de teangacha oifigiúla an Bhallstáit ina ndéantar an tseiceáil a úsáid, agus ba cheart an ceart a bheith acu cúnaimh a fháil ó dhuine dá rogha féin, lena n-áirítear comhairleoir dlí seachtrach, le linn seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Níor cheart é a bheith ina choinníoll go mbeadh comhairleoir dlí i láthair, sular féidir seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a bheith bailí. Chun éifeachtacht na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an riosca go rachadh fianaise ar iarraidh, ba cheart an deis a bheith ag an Oifig rochtain a fháil ar áitreabh, talamh, modhanna iompair nó limistéir eile a úsáidtear chun críoch gnó gan fanacht go dtí go rachaidh an t-oibreoir eacnamaíoch i gcomhairle le comhairleoir dlí. Níor cheart di glacadh ach le moill ghearr réasúnach ag feitheamh le comhairliúchán le comhairleoir dlí sula gcuirfear tús leis an tseiceáil agus leis an gcigireacht ar an láthair. Ba cheart aon mhoill den sórt sin a bheith chomh gairid agus is féidir.
- (27) Chun trédhearcacht a áirithiú agus seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a ndéanamh aici, ba cheart don Oifig faisnéis iomchuí a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha maidir lena ndualgas comhoibriú agus na hiarmhairtí a bheidh ann má dhiúltaíonn siad déanamh amhlaidh, agus maidir leis an nós imeachta is infheidhme, lena n-áirítear na coimircí nós imeachta.
- (28) Bíonn rochtain ag an Oifig, le linn imscrúduithe inmheánacha agus, i gcás inar gá, le linn imscrúduithe seachtracha, ar aon fhaisnéis ábhartha atá ag na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí. Is gá a shoiléiriú, mar a moladh sa tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún, gur cheart go mbeifí in ann rochtain den sórt sin a fháil gan beann ar an gcineál meán ar a bhfuil an fhaisnéis sin nó na sonraí sin stóráilte, chun dul chun cinn forásach teicneolaíoch a léiriú. Le linn imscrúduithe inmheánacha, ba cheart don Oifig a bheith in ann rochtain a iarraidh ar fhaisnéis a choimeádtar ar fheistí atá faoi úinéireacht phríobháideach a úsáidtear chun críoch oibre i gcásanna ina bhfuil forais réasúnacha ag an Oifig a bheith in amhras go bhféadfadh a n-ábhar a bheith ábhartha don imscrúdú. Ba cheart é a bheith indéanta an rochtain a bheadh ag an Oifig a chur faoi réir coinníollacha sonracha ón instiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha. Ba cheart rochtain den sórt sin prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a chomhlíonadh, agus níor cheart í a bheith bainteach ach le faisnéis atá ábhartha don imscrúdú. Chun leibhéal éifeachtach comhsheasmhach rochtana a ráthú don oifig, chomh maith le hardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, ba cheart do na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí comhleanúnachas na rialacha maidir le rochtain ar fheistí príobháideacha arna nglacadh ag na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí éagsúla a áirithiú chun coinníollacha coibhéiseacha a thabhairt i gcomhréir le Comhaontú Idirinstiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ⁽¹⁰⁾.
- (29) Ionas go mbeidh creat níos comhleanúnaí ann le haghaidh imscrúduithe na hOifige, ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe inmheánacha agus seachtracha a ailíniú tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí áirithe arna sainithint sa tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún i gcás nach bhfuil bonn cirt le rialacha atá éagsúil le chéile. Mar shampla, ba cheart, i gcás inar gá, tuarascálacha agus moltaí arna dtarraingt suas tar éis imscrúdú seachtrach a sheoladh chuig an instiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann ionas go bhféadfadh sí nó sé gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, faoi mar a tharlaíonn in imscrúduithe inmheánacha. I gcás inar féidir i gcomhréir lena sainordú, ba cheart don Oifig tacú leis an instiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann chun obair leantach a dhéanamh ar a moltaí. I gcás nach n-osclóidh an Oifig imscrúdú, ba cheart di a bheith in ann faisnéis ábhartha a chur chuig údaráis na mBallstát nó chuig na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí le go ndéanfar gníomhaíocht iomchuí. Ba cheart di faisnéis den sórt sin a sheoladh i gcás ina gcinneann sí gan imscrúdú a oscaíl in ainneoin go bhfuil amhras leordhóthanach ann faoi chalaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Sula ndéanfaidh sí amhlaidh, ba cheart don Oifig aird chuig a thabhairt go bhféadfaí cur isteach ar imscrúduithe atá ar siúl ag OIPE.

⁽¹⁰⁾ IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

- (30) Mar thoradh ar éagsúlacht mhór na gcreat institiúideach náisiúnta, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit, bunaithe ar phrionsabal an chomhair dháilís, fógra a thabhairt don Oifig faoi na húdaráis sin atá inniúil chun gníomhaíochtaí a dhéanamh ar mholtaí ón Oifig, chomh maith leis na húdaráis sin nach mór a chur ar an eolas, amhail chun críoch airgeadais, staidrimh nó faireacháin, chun a ndualgais ábhartha a chomhlíonadh. Féadfaidh seirbhísí náisiúnta comhordúcháin frith-chalaoise a bheith i gceist le húdaráis den sórt sin. I gcomhréir le cásdlí socair CBAE, níl aon éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag moltaí na hOifige a áirítear ina cuid tuarascálacha ar údaráis den sórt sin de chuid na mBallstát nó ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí.
- (31) Ba cheart na modhanna riachtanacha a sholáthar don Oifig chun an lorg airgid a leanúint chun *modus operandi* a úsáidtear go minic in iompar calaoiseach a nochtadh. Tá an Oifig in ann faisnéis cuntas bainc a fháil atá ábhartha dá gníomhaíocht imscrúdaitheach agus atá i seilbh institiúidí creidmheasa i roinnt Ballstát mar gheall ar chomhar leis na húdaráis inniúla agus cúnamh uathu. Chun cur chuige éifeachtach ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart a shonrú i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 an dualgas atá ar na húdaráis náisiúnta inniúla i leith faisnéis cuntas bainc a sholáthar don Oifig, mar chuid dá ndualgas ginearálta cúnamh a thabhairt don Oifig. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na húdaráis inniúla trína ndéanfar an comhar sin. Agus cúnamh den sórt sin á thabhairt don Oifig, ba cheart do na húdaráis náisiúnta gníomhú faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis náisiúnta inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.
- (32) Chun na críche ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha a chosaint agus a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún feidhm inmheánach a chruthú i bhfoirm Rialaitheora ráthaíochtaí nós imeachta (“an Rialaitheoir”), ar cheart don Rialaitheoir - d’fhonn úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní - a bheith nasctha leis an gCoiste Maoirseachta ó thaobh riaracháin, agus ba cheart acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don Rialaitheoir. Ba cheart don Rialaitheoir gearáin a láimhseáil ar bhealach iomlán neamhspleách, lena n-áirítear gearáin ón gCoiste Maoirseachta agus ón Oifig, ba cheart rochtain a bheith ag an Rialaitheoir ar an bhfaisnéis uile is gá chun a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh.
- (33) Ba cheart duine lena mbaineann a bheith in ann gearán a dhéanamh leis an Rialaitheoir maidir le comhlíonadh na ráthaíochtaí nós imeachta ag an Oifig, agus ar na forais gur sáraíodh na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig, go háirithe sárúithe ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha. Chuige sin, ba cheart sásra gearán a bhunú. Ba cheart don Rialaitheoir a bheith freagrach as moltaí a eisiúint mar fhreagairt ar ghearáin den sórt sin, ina molfadh sé nó sí, i gcás inar gá, réitigh fhéideartha ar na saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán. Ba cheart don Rialaitheoir an gearán a scrúdú le linn nós imeachta gasta sáraíochta, lena ligfí don Oifig ag an am céanna leanúint den imscrúdú atá ar siúl. Ba cheart don Rialaitheoir deis a thabhairt don ghearánach agus don Oifig a dtuairimí a chur ar fáil faoi na saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán nó na saincheisteanna sin a réiteach. Ba cheart don Ard-Stiúrthóir gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh de réir mar a éilítear sin leis an moladh ón Rialaitheoir. Ba cheart don Ard-Stiúrthóir, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, a bheith in ann imeacht ó na moltaí ón Rialaitheoir. Ba cheart na cúiseanna a bhí aige nó aici déanamh amhlaidh a chur i gceangal le tuarascáil chríochnaitheach an imscrúdaithe.
- (34) Chun trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú, ba cheart don Rialaitheoir tuairisciú ar an sásra gearán ina thuarascáil bhliantúil nó ina thuarascáil bhliantúil. Ba cheart a chumhdach leis an tuarascáil bhliantúil, go háirithe, líon na ngearán a fuarthas, na cineálacha sárúithe ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha atá i gceist, na gníomhaíochtaí lena mbaineann agus, i gcás inar féidir, na bearta leantacha a rinne an Oifig.
- (35) Is uirlis riachtanach é, i dtaca le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go ndéanann an Oifig faisnéis a tharchur go luath chun bearta réamhchúraim a ghlacadh. Chun dlúthchomhar maidir leis an méid sin a áirithiú idir an Oifig agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, is iomchuí go mbeidh an deis ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí dul i gcomhairle leis an Oifig tráth ar bith d’fhonn aon bheart réamhchúraim iomchuí a shocrú, lena n-áirítear bearta chun fianaise a choimirciú.
- (36) Is ionann tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an Oifig agus fianaise inghlactha in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha ar an dóigh chéanna agus faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le tuarascálacha riaracháin arna ndruchtú ag na cigirí náisiúnta riaracháin. De réir na tuarascála meastóireachta ón gCoimisiún, ní áirithítear éifeachtacht ghníomhaíochtaí na hOifige go leordhóthanach leis an rialail sin i roinnt Ballstát. Chun éifeachtacht agus úsáid chomhsheasmhach na dtuarascálacha ón Oifig a mhéadú, ba cheart foráil a dhéanamh i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le hinghlacthacht tuarascálacha den sórt sin in imeachtaí breithiúnacha de chineál neamhchoiriúil os comhair cúirteanna náisiúnta, agus in imeachtaí riaracháin sna Ballstáit freisin. Ba cheart

leanúint d'fheidhm a bheith ag an rial lena bhforáiltear do choibhéis leis na tuarascálacha ó chigirí náisiúnta riaracháin i gcás imeachtaí náisiúnta breithiúnacha de chineál coiriúil. Ba cheart foráil a dhéanamh i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 freisin maidir le hinghlacthacht na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag an Oifig in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha ar leibhéal an Aontais.

- (37) Tugadh seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise na mBallstát isteach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 chun comhar éifeachtach agus malartú faisnéise a éascú, lena n-áirítear faisnéis de chineál oibríochtúil, idir an Oifig agus na Ballstáit. Ba é conclúid na tuarascála meastóireachta ón gCoimisiún gur rannchuidigh siad go deimhneach le hobair na hOifige. Sa tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún, sainaithníodh freisin an gá ról na seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise sin a shoiléiriú tuilleadh chun a áirithiú go gcuirfear an cúnaimh riachtanach ar fáil don Oifig lena áirithiú go mbeidh a cuid imscrúduithe éifeachtach, agus an t-eagrúchán agus cumhachtaí na seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise á bhfágáil faoi gach Ballstát. Maidir leis sin, ba cheart do na seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise a bheith in ann a cúnaimh riachtanach atá ag teastáil ón Oifig chun a cuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach a chur ar fáil, nó a chomhordú, roimh imscrúdú seachtrach nó inmheánach, lena linn nó ag a dheireadh.
- (38) Tá dualgas na hOifige cúnaimh a chur ar fáil do na Ballstáit chun a gníomhaíocht a chomhordú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ina phríomhghné dá sainordú i leith tacú le comhar trasteorann i measc na mBallstát. Ba cheart rialacha níos mionsonraithe a leagan síos chun gníomhaíochtaí comhordúcháin na hOifige a éascú mar aon lena comhar, sa chomhthéacs sin, le húdarais na mBallstát, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Níor cheart gur dochar na rialacha sin don Oifig a bheith ag feidhmiú na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún i bhforálacha sonracha lena rialáitear cúnaimh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát agus comhar idir na húdarais sin agus an Coimisiún, go háirithe i Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, mar aon le gníomhaíochtaí comhordúcháin a bhaineann le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.
- (39) Nuair a ghníomhaíonn údarais inniúla na mBallstát, lena n-áirítear seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise, i gcomhar leis an Oifig nó le húdarais inniúla eile chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ba cheart a shoiléiriú go leanfaidh siad de bheith faoi cheangal ag an dlí náisiúnta.
- (40) Ba cheart do na seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise a bheith in ann, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí comhordúcháin, cúnaimh a chur ar fáil don Oifig, agus ba cheart do na seirbhísí sin a bheith in ann comhoibriú le chéile, ionas go ndéanfar na sásraí atá ar fáil don chomhar sa chomhrac in aghaidh na calaoise a atreisiú tuilleadh.
- (41) Ba cheart d'údarais inniúla na mBallstát, mar aon leis na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, na gníomhaíochtaí a éilítear le moladh ón Oifig a dhéanamh. Chun cur ar a chumas don Oifig obair leantach a dhéanamh ar fhorbairt a cásanna, i gcás ina gcuirfidh an Oifig moltaí breithiúnacha faoi bhráid údarais náisiúnta ionchúisimh Ballstáit, ba cheart do na Ballstáit, arna iarraidh sin don Oifig, cinneadh críochnaitheach na cúirte náisiúnta a chur chuig an Oifig. Chun neamhspleáchas na mbreithiúna a choimeád go hiomlán, níor cheart an tarchur sin a dhéanamh ach go dtí go gcinnefear na himeachtaí breithiúnacha ábhartha go críochnaitheach agus go dtí go gcuirfear cinneadh críochnaitheach na cúirte ar fáil don phobal.
- (42) Chun na rialacha nós imeachta maidir le himscrúduithe a dhéanamh a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a fhorlíonadh, ba cheart don Oifig treoirlínte a leagan síos maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a mbeidh ar fhoireann na hOifige cloí leo.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnaimh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údarais chustaim ar chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 15).

- (43) Ba cheart a shoiléiriú go bhféadfaidh an Oifig páirt a ghlacadh i bhfoirne comhphárteacha um imscrúdú arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais agus go bhfuil sí i dteideal faisnéis oibríochtúil a fhaightear faoin gcreat sin a mhalartú. Tá úsáid na faisnéise sin faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, ar ar a bhonn a bunaíodh na foirne comhphárteacha um imscrúdú. Nuair a ghlacann an Oifig páirt sna foirne comhphárteacha sin um imscrúdú, bíonn acmhainneacht tacaíochta aici agus bíonn ról comhpháirtí atá faoi réir srianta dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta.
- (44) Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an dáta a chinntear i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus go háirithe ar éifeachtúlacht an chomhair idir an Oifig agus OIPE chun a mheas an éilítear leasuithe ar bhonn na taithí maidir leis an gcomhar sin. Ba cheart don Choimisiún togra reachtach cuimsitheach nua a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na meastóireachta sin.
- (45) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú trí oibríocht na hOifige a chur in oiriúint do bhunú OIPE agus trí éifeachtacht na n-imscrúduithe a dhéanann an Oifig a fheabhsú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais trí rialacha lena rialaítear an caidreamh idir an Oifig agus OIPE a ghlacadh chun éifeachtacht na slí ina ndéanann an Oifig na himscrúduithe ar leibhéal an Aontais a mhéadú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontais Eorpach é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (46) Leis an Rialachán seo, ní mhodhnaítear cumhachtaí ná freagrachtaí na mBallstát maidir le bearta a dhéanamh chun calaíocht, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac.
- (47) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ agus thug sé barúlacha foirmiúla an 23 Iúil 2018.
- (48) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 mar a leanas:

- (1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:
- (a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
- “(d) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *;
- (e) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **;

* Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).”;

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“4a. Déanfaidh an Oifig dlúthchaidreamh a bhunú agus a choimeád le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bunaíodh trí bhíthin comhar feabhsaithe le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle *. Is ar chomhar frithpháirteach, ar mhalartú faisnéise, ar chomhlántacht agus ar sheachaint dúblála a bheidh an caidreamh sin bunaithe. Beidh sé mar aidhm leis, go háirithe, a áirithiú go n-úsáidfeair na modhanna uile atá ar fáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí chomhlántacht a sainorduithe faoi seach agus tríd an tacaíocht a thugann an Oifig do OIPE.

* Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí socrúithe riaracháin a bhunú leis an Oifig. Féadfaidh sé go mbainfidh na socrúithe riaracháin sin le faisnéis a tharchur, imscrúduithe a dhéanamh agus aon ghníomhaíocht leantach ina leith.”;

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

“(3) is í an chiall a thugtar do na focail ‘calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais’ i ngníomhartha ábhartha an Aontais an chiall a bheidh ag na focail sin agus áireofar leis an gcoincheap ‘aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile’ neamhrialtacht mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

“(4) ciallóidh ‘imscrúduithe riaracháin’ (‘imscrúduithe’) aon chigireacht, seiceáil nó beart eile a dhéanfaidh an Oifig i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4, d’fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus d’fhonn cineál neamhrialta na ngníomhaíochtaí atá faoi imscrúdú a shuí, i gcás inar gá; ní dhéanfaidh na himscrúduithe sin aon difear do chumhachtaí OIPE ná do chumhachtaí údaráis inniúla na mBallstát maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnamh agus a dhéanamh”;

(c) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(8) ciallaíonn ‘comhalta d’institiúid’ feisire de Pharlaimint na hEorpa, comhalta den Chomhairle Eorpach, ionadaí de chuid Ballstáit ar leibhéal na n-airí sa Chomhairle, comhalta den Choimisiún, comhalta de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), comhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh nó comhalta den Chúirt Iniúcháirí, maidir leis na hoibleagáidí arna bhforchur ag dlí an Aontais i gcomhthéacs na ndualgas a fheidhmíonn siad sa chail sin.”.

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Airteagal 3

Imscrúduithe seachtracha

1. Sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair sna Ballstáit agus, i gcomhréir leis na comhaontuithe um chomhar agus cúnaimh frithpháirteach agus aon ionstraim dlí eile atá i bhfeidhm, i dtríú tíortha agus in áitreabh eagraíochtaí idirnáisiúnta.

2. Déanfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, a mhéid nach gcomhdaítear faoin Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96.

3. Comhoibreoigh oibreoírí eacnamaíocha leis an Oifig le linn a cuid imscrúduithe. Féadfaidh an Oifig faisnéis i scríbhinn agus ó bhéal a iarraidh, lena n-áirítear trí agallaimh.

4. I gcás, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, ina ngéillfidh an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann do sheiceáil agus do chigireacht ar an láthair de bhun an Rialacháin seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(4) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, ag an tríú fohmhir d'Airteagal 6(1) de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ná ag Airteagal 7(1) de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 sa mhéid nach mór de réir na bhforálacha sin an dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus gur féidir leis na forálacha sin rochtain na hOifige ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht a shrianadh ar an gcuma chéanna agus a dhéantar leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le cigirí náisiúnta riaracháin.

5. Arna iarraidh sin don Oifig, soláthróidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann d'fhoireann na hOifige, gan moill mhíchúí, an cúnamh is gá chun a cúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, amhail mar a shonraítear san údarú i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

Áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, go gceadófar d'fhoireann na hOifige rochtain a fháil ar an bhfaisnéis, na doiciméid agus na sonraí uile a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú agus atá riachtanach chun na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach éifeachtúil, agus go mbeidh an fhoireann in ann coimeád doiciméad nó sonraí a ghlacadh uirthi féin chun a áirithiú nach mbeidh aon bhaol ann go rachaidh siad ar iarraidh. I gcás ina n-úsáidfeair feistí atá faoi úinéireacht phríobháideach chun críoch oibre, féadfaidh na feistí sin a bheith faoi réir cigireacht ag an Oifig. Ní chuirfidh an Oifig feistí den sórt sin faoi réir cigireachta ach faoi na coinníollacha céanna agus a mhéid céanna a cheadófaí d'údarais náisiúnta rialaithe feistí atá faoi úinéireacht phríobháideach a imscrúdú agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an Oifig a bheith in amhras go bhféadfadh a bhfuil iontu a bheith ábhartha don imscrúdú.

6. I gcás ina bhfaighidh foireann na hOifige amach go bhfuil oibreoir eacnamaíoch ag cur in aghaidh seiceáil agus cigireacht ar an láthair a údaraítear de bhun an Rialacháin seo, eadhon i gcás ina ndiúltaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch an rochtain is gá ar áitreabh nó ar aon limistéir eile a úsáidtear chun críoch gnó a thabhairt don Oifig, ina ndéanann sé faisnéis a cheilt nó ina gcuireann sé bac ar aon cheann de na gníomhaíochtaí is gá don Oifig a dhéanamh le linn seiceáil nó cigireacht ar an láthair, tabharfaidh na húdarais inniúla, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchúí, údarais forfheidhmithe dlí an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh is gá d'fhoireann na hOifige ionas gur féidir leis an Oifig a seiceáil agus a cigireacht ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach gan moill mhíchúí.

Agus cúnamh á chur ar fáil acu i gcomhréir leis an mír seo nó le mír 5, gníomhóidh údarais inniúla na mBallstát i gcomhréir le haon riail nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leis an údarás náisiúnta inniúil lena mbaineann. Má bhíonn gá le húdarú ó údarás breithiúnach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta chun cúnamh den sórt sin a fháil, cuirfeair isteach iarratas ar an údarú sin.

7. Déanfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair ar údarú i scríbhinn a thaispeáint, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2). Cuirfidh sí an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann ar an eolas, ag tús na seiceála agus na cigireachta ar an láthair ar a dhéanaí, faoin nós imeachta is infheidhme maidir leis an tseiceáil agus leis an gcigireacht ar an láthair, lena n-áirítear na coimircí nós imeachta is infheidhme, agus dualgas an oibreora eacnamaíoch comhoibriú.

8. Agus na cumhachtaí sin a shanntar di á bhfeidhmiú aici, comhlíonfaidh an Oifig na ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96. Agus seiceáil agus cigireacht ar an láthair á déanamh, beidh an ceart ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann gan ráitis fhéin-ionchoiritheacha a dhéanamh agus cúnamh a fháil ó dhuine de rogha an oibreora eacnamaíoch. Agus ráitis á ndéanamh le linn seiceáil agus cigireacht ar an láthair, tabharfar deis don oibreoir eacnamaíoch aon cheann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch sin lonnaithe a úsáid. Ní chuirfidh an ceart cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin bac ar rochtain a bheith ag an Oifig ar áitreabh an oibreora eacnamaíoch agus ní chuirfidh sé moill mhíchúí ar thús na seiceála agus na cigireachta ar an láthair.

9. I gcás nach gcomhoibreoidh Ballstát leis an Oifig i gcomhréir le míreanna 5 agus 6, féadfaidh an Coimisiún forálacha ábhartha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm chun na cistí a bhaineann leis an tseiceáil agus leis an gcigireacht ar an láthair i dtrácht a ghnóthú.

10. Mar chuid dá feidhm imscrúdaitheach, déanfaidh an Oifig na seiceálacha agus na cigireachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus sna rialacha earnála dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán sin sna Ballstáit agus, i gcomhréir le comhaoituíthe um chomhar agus cúnamh frithpháirteach agus le haon ionstraim dlí eile atá i bhfeidhm, i dtríú tíortha agus in áitreabh eagraíochtaí idirnáisiúnta.

11. Le linn imscrúdú seachtrach, féadfaidh an Oifig rochtain a bheith aici ar aon fhaisnéis agus aon shonraí ábhartha, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, atá ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu leis an ábhar atá faoi imscrúdú, i gcás inar gá chun a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Beidh feidhm ag Airteagal 4(2) agus (4) chun na críche sin.

12. Gan dochar d'Airteagal 12c(1), i gcás, sula ndéanfar cinneadh an seolfar nó nach seolfar imscrúdú seachtrach, ina mbeidh faisnéis á láimhseáil ag an Oifig agus ina dtabharfar le fios leis an bhfaisnéis sin gur tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, féadfaidh an Oifig údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann agus, i gcás inar gá, na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí lena mbaineann a chur ar an eolas.

Gan dochar do na rialacha earnála dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, áiritheoidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann go ndéanfar gníomhaíocht iomchuí, ar gníomhaíocht í ar féidir leis an Oifig a bheith páirteach inti, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Arna iarraidh sin, cuirfidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoin ngníomhaíocht a rinneadh agus faoi na torthaí ar ar tháinig siad ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.”;

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

“1. Is i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na cinntí arna nglacadh ag an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha a dhéanfar na himscrúduithe laistigh de na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 (‘imscrúduithe inmheánacha’).

2. Le linn imscrúduithe inmheánacha:

(a) beidh an ceart ag an Oifig rochtain láithreach, gan fógra, a fháil ar aon fhaisnéis agus aon shonraí ábhartha, a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú, gan beann ar an gcineál meáin ar a bhfuil siad stóráilte, atá ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, mar aon le rochtain ar a n-áitreabh. I gcás ina n-úsáidfeadh feistí atá faoi úinéireacht phríobháideach chun críoch oibre, féadfaidh na feistí sin a bheith faoi réir cigireacht ag an Oifig. Ní chuirfidh an Oifig feistí den sórt sin faoi réir cigireachta ach a mhéid a úsáidfeadh na feistí chun críoch oibre agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna cinntí arna nglacadh ag an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an Oifig a bheith in amhras go bhféadfadh a bhfuil iontu a bheith ábhartha don imscrúdú.

Tabharfar de chumhacht don Oifig cigireacht a dhéanamh ar chuntais na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí. Féadfaidh an Oifig cóip a dhéanamh d’aon doiciméad nó den mhéid atá ar aon mheán sonraí atá ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, agus féadfaidh sí sleachta díobh a fháil, agus, i gcás inar gá, coimeád na ndoiciméad nó na sonraí sin a ghlacadh uirthi féin chun a áirithiú nach mbeidh an baol ann go rachaidh siad ar iarraidh;

(b) féadfaidh an Oifig faisnéis ó bhéal, lena n-áirítear trí agallaimh, agus faisnéis i scríbhinn a iarraidh ar oifigigh, ar sheirbhísigh eile, ar chomhaltaí institiúidí nó comhlachtaí, ar chinn oifige nó gníomhaireachtaí, nó ar bhaill foirne, a bheidh iomlán doiciméadaithe i gcomhréir le rialacha an Aontais um rúndacht agus um chosaint sonraí is infheidhme.

3. Faoi na rialacha agus na coinníollacha céanna dá bhforáiltear in Airteagal 3, féadfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar áitreabh oibreoirí eacnamaíocha chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú laistigh de na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí.

4. Cuirfeadh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ar an eolas aon uair a dhéanfaidh foireann na hOifige imscrúdú inmheánach ar a n-áitreabh, aon uair a cheadóidh siad doiciméid nó sonraí, nó aon uair a iarraidh siad faisnéis atá acu. Gan dochar d'Airteagail 10 agus 11, féadfaidh an Oifig an fhaisnéis a fhaightear le linn imscrúduithe inmheánacha a chur ar aghaidh tráth ar bith chuig an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann.”;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“8. Gan dochar d'Airteagal 12c(1), i gcás, sula ndéanfar cinneadh an osclófar nó nach n-osclófar imscrúdú inmheánach, ina mbeidh faisnéis á láimhseáil ag an Oifig agus ina dtabharfar le fios leis an bhfaisnéis sin gur tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an

Aontais, féadfaidh an Oifig an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann a chur ar an eolas. Arna iarraidh sin, cuirfidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a rinneadh agus faoi na torthaí ar ar tháinig sé nó sí ar bhonn na faisnéise sin.”;

(5) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

“1. Gan dochar d’Airteagal 12d, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir imscrúdú a oscailt má tá amhras leordhóthanach ann, a fhéadfaidh a bheith bunaithe ar fhaisnéis a chuirfidh aon tríú páirtí ar fáil nó ar fhaisnéis a chuirfidh foinse anaithnid ar fáil, gur tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Agus an cinneadh á dhéanamh an t-imscrúdú a oscailt, féadfar a chur san áireamh an gá atá le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní na hOifige agus leis an gcomhréireacht sa mhodh ina n-úsáidtear iad. Maidir le himscrúduithe inmheánacha, tabharfar aird ar leith ar an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht is fearr atá ann chun na himscrúduithe sin a dhéanamh, bunaithe, go háirithe, ar chineál na bhfíoras, tionchar airgeadais iarbhrí an cháis nó tionchar airgeadais féideartha an cháis, agus an dóchúlacht go ndéanfaí aon obair leantach bhreithiúnach.

2. Is é an tArd-Stiúrthóir, ag gníomhú dó nó di ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin nó tar éis iarraidh ó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht nó ó Bhallstát a fháil, a dhéanfaidh an cinneadh maidir le himscrúdú a oscailt.

3. Fad atá an tArd-Stiúrthóir ag meas cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar imscrúdú inmheánach a oscailt tar éis iarraidh dá dtagraítear i mír 2, nó fad atá imscrúdú inmheánach á dhéanamh ag an Oifig, ní osclóidh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí lena mbaineann imscrúdú comhuaineach ar na fíorais chéanna, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Oifig.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le himscrúduithe OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

“5. Má chinneann an tArd-Stiúrthóir gan imscrúdú a oscailt, féadfaidh sé nó sí aon fhaisnéis ábhartha, de réir mar is iomchuí, a chur gan mhoill chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann le go ndéanfar gníomhaíocht iomchuí i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta agus chuig an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann le go ndéanfar gníomhaíocht iomchuí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht sin. Tiocfaidh an Oifig ar chomhaontú leis an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht sin, más iomchuí, maidir le bearta oiriúnacha chun rúndacht fhoinse na faisnéise sin a chosaint agus iarrfaidh sí, más gá, go gcuirfí ar an eolas í faoin ngníomhaíocht a rinneadh.

6. I gcás ina gcinnfidh an tArd-Stiúrthóir gan imscrúdú a oscailt, in ainneoin amhras leordhóthanach a bheith ann gur tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, seolfaidh sé nó sí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 gan mhoill.”;

(6) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Is é an tArd-Stiúrthóir a stiúrfaidh seoladh na n-imscrúduithe ar bhonn, i gcás inarb iomchuí, treoracha i scríbhinn. Is í foireann na hOifige arna hainmniú aige nó aici sin a dhéanfaidh imscrúduithe faoina threoir nó treoir. Ní dhéanfaidh an tArd-Stiúrthóir gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha nithiúla é nó í féin.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát an cúnaimh is gá ionas gur féidir le foireann na hOifige a cuid tascanna a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo go héifeachtach gan moill mhíchuí. Nuair a bheidh cúnaimh den sórt sin á chur ar fáil, feidhmeoidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le haon riail nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leo.

3a. Arna iarraidh sin don Oifig, a mhíneofar i scríbhinn, i ndáil le hábhair atá faoi imscrúdú, déanfaidh údaráis inniúla ábhartha na mBallstát, faoi na coinníollacha céanna leis na cinn a bhfuil feidhm acu maidir leis na húdaráis náisiúnta inniúla, an méid seo a leanas a chur ar fáil don Oifig:

- (a) faisnéis atá ar fáil sna sásraí uathoibrithe láraithe dá dtagraítear in Airteagal 32a(3) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *;
- (b) i gcás ina mbeidh géarghá ann chun críocha an imscrúdaithe, taifead na n-idirbheart.

San iarraidh ón Oifig, áireofar bonn cirt maidir le hoiriúnacht agus comhréireacht an bhirt i dtaca le cineál agus tromchúis na n-ábhar atá faoi imscrúdú. Le hiarraidh den sórt sin, ní dhéanfar tagairt ach do fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na húdaráis inniúla ábhartha chun críocha phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír.

3.b Áiritheoidh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí go dtugann a n-oifigigh, a seirbhísigh eile, a gcomhaltaí, a gceannasaithe agus a gcomhaltaí foirne an cúnamh is gá ionas gur féidir le foireann na hOifige a cúraimí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach gan moill mhíchuí.

* Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).”;

- (c) leasaítear mír 6 mar a leanas:

- (i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) aon fhaisnéis a d’fhéadfadh cuidiú leis an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na bearta riaracháin réamhchúraim iomchuí atá le déanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;”;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“Féadfaidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann dul i gcomhairle leis an Oifig tráth ar bith d’fhonn aon bheart iomchuí réamhchúraim a dhéanamh, lena n-áirítear bearta chun fianaise a choimirciú, i ndlúthchomhar leis an Oifig. Cuirfidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann an Oifig ar an eolas gan mhoill maidir le haon bhearta réamhchúraim a rinneadh.”;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Mura féidir imscrúdú a dhúnadh faoi cheann 12 mhí tar éis dó a bheith oscailte, tuairisceoidh an tArd-Stiúrthóir, ar dhul in éag na tréimhse 12 mhí sin agus gach 6 mhí ina dhiadhlach sin, don Choiste Maoirseachta, agus na cúiseanna agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta feabhais a bheidh beartaithe d’fhonn dlús a chur leis an imscrúdú á léiriú aige nó aici.”;

- (7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

An dualgas an Oifig a chur ar an eolas

1. Sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, déanfaidh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí aon fhaisnéis a bhaineann le cásanna féideartha calaoise, éillithe nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a tharchur chuig an Oifig gan mhoill.

I gcás ina dtuairisceoidh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh siad an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh trí chóip den tuarascáil a cuireadh chuig OIPE a tharchur chuig an Oifig.

2. Déanfaidh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí agus, mura gcuirfear bac orthu faoin dlí náisiúnta, údaráis inniúla na mBallstát, arna iarraidh sin don Oifig nó ar a dtionscnamh féin, aon doiciméad nó faisnéis atá ina seilbh agus a bhaineann le himscrúdú atá á dhéanamh ag an Oifig a tharchur chuig an Oifig gan mhoill.

Roimh imscrúdú a oscailt, déanfaidh siad, arna iarraidh sin don Oifig, a mhíneofar i scríbhinn, aon doiciméad nó aon fhaisnéis atá ina seilbh acu a tharchur, ar doiciméad é nó ar fhaisnéis í atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar na líomhaintí nó chun na critéir le haghaidh imscrúdú a oscailt a leagtar amach in Airteagal 5(1) a chur i bhfeidhm.

3. Déanfaidh na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí agus, mura gcuirfear bac orthu faoin dlí náisiúnta déanamh amhlaidh, údarais inniúla na mBallstát, arna iarraidh sin don Oifig nó ar a dtionscnamh féin, aon fhaisnéis, doiciméid nó sonraí eile a mheastar a bheith ábhartha atá ina seilbh agus a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, a tharchur chuig an Oifig gan mhoill.

4. Ní bhainfidh an tAirteagal seo le OIPE a mhéid a bhaineann le cionta coiriúla ar féidir léi a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 2017/1939.

Ní dochar an méid sin don deis a bheith ag OIPE an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don Oifig faoi chásanna i gcomhréir le hAirteagail 34(8), 36(6), 39(4) agus Airteagal 101(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2017/1939.

5. Ní dhéanfar aon difear do na forálacha maidir le tarchur faisnéise i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 * ón gComhairle.

* Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhoibriú riaracháin agus calaois a chomhrac sa réimse maidir le cáin bhreisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).”;

(8) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fómhír:

“Ní bheidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear sa dara fómhír agus sa tríú fómhír maidir le ráitis a ghlacadh i gcomhthéacs seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Beidh feidhm ag na ráthaíochtaí nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 3(7) agus (8) maidir leis an duine lena mbaineann, go háirithe an ceart cúnaimh a fháil ó dhuine dá rogha féin.”;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír agus an tríú fómhír:

“Chuirtear sin, tabharfaidh an Oifig cuireadh don duine lena mbaineann a thuairimí nó tuairimí a chur in iúl i scríbhinn nó ag agallamh le foireann arna hainmníú ag an Oifig. Sa chuireadh sin, beidh achoimre ar na fíricí a bhaineann leis an duine lena mbaineann agus an fhaisnéis a éilítear le hAirteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus léireofar ann an teorainn ama chun tuairimí a chur isteach, nach mbeidh níos giorra ná 10 lá oibre ón dáta a gheofar an cuireadh chun tuairimí a chur in iúl. Féadfar an tréimhse fógra sin a ghiorrú le toiliú sainráite an duine lena mbaineann nó ar fhorais phráinne chuí-réasúnaithe a bhaineann leis an imscrúdú. Déanfar tagairt d’aon tuairimí den sórt sin i dtuarascáil chríochnaitheach an imscrúdaithe.

I gcásanna a mbeidh údar cuí leo inar gá rúndacht an imscrúdaithe nó imscrúdaithe choiriúil atá ar siúl nó a dhéanfaidh OIPE nó údarás breithiúnach náisiúnta amach anseo a chaomhnú, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, tar éis dul i gcomhairle le OIPE nó leis an údarás náisiúnta breithiúnach lena mbaineann, comhlíonadh na hoibleagáide a chur siar, is é sin an oibleagáid maidir le cuireadh a thabhairt don duine lena mbaineann a thuairimí nó tuairimí a chur in iúl.”;

(9) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 9a

Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta

1. I gcomhréir leis an nós imeachta a shonraítear i mír 2, ceapfaidh an Coimisiún Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta (“an Rialaitheoir”) ar feadh téarma oifige neamh-inathnuaite 5 bliana. Ar dhul in éag an téarma oifige sin, fanfaidh an Rialaitheoir san oifig go dtí go gceapfar duine eile ina ionad nó ina hionad.

2. Beidh an Rialaitheoir ag gabháil, ó thaobh riaracháin de, leis an gCoiste Maoirseachta. Soláthróidh Rúnaíocht an Choiste Maoirseachta gach tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil is gá don Rialaitheoir.

3. Déanfaidh an Coimisiún, óna bhuiséad formheasta, an pearsanra agus na hacmhainní airgeadais is gá don Rialaitheoir a leithroinnt ar an gCoiste Maoirseachta.

4. Tar éis glao ar iarratais in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta d'iarrthóirí ag a bhfuil na cáilíochtaí cuí do phost an Rialaitheora. Tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, ceapfaidh an Coimisiún an Rialaitheoir.
5. Beidh ag an Rialaitheoir na cáilíochtaí agus an taithí is gá i réimse na ráthaíochtaí nós imeachta.
6. Feidhmeoidh an Rialaitheoir feidhmeanna an phoist agus é nó í neamhspleách go hiomlán, lena n-áirítear ar an Oifig agus ar an gCoiste Maoirseachta, agus ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh an Rialaitheoir treoracha ó aon duine maidir le comhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas.
7. Más rud nach gcomhlíonann an Rialaitheoir na coinníollacha a cheanglaítear chun a dhualgais nó a dualgais a fheidhmiú a thuilleadh, nó má bhí an Rialaitheoir ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, de chomhthoil, an Rialaitheoir a scaoileadh óna dhualgais nó óna dualgais.
8. De bhun an tsásra dá dtagraítear in Airteagal 9b, déanfaidh an Rialaitheoir faireachán ar chomhlíonadh na ráthaíochtaí nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9 ag an Oifig, mar aon leis na rialacha is infheidhme d'imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig. Is é an Rialaitheoir a bheidh freagrach as na gearáin dá dtagraítear in Airteagal 9b a láimhseáil.
9. Tuairisceoidh an Rialaitheoir ar fheidhmiú na feidhme sin, ar bhonn bliantúil, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún, don Choiste Maoirseachta agus don Oifig. Ní dhéanfaidh sé nó sí tagairt do chásanna aonair atá faoi imscrúdú agus áiritheoidh sé nó sí rúndacht na n-imscrúduithe fiú tar éis a ndúnta. Tuairisceoidh an Rialaitheoir don Choiste Maoirseachta maidir le haon saincheist shistéamach a eascróidh as a mholtaí nó a moltaí.

Airteagal 9b

Sásra gearán

1. Beidh duine lena mbaineann i dteideal gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir maidir le comhlíonadh na ráthaíochtaí nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9 ag an Oifig, agus ar an bhforas gur sáraíodh na rialacha is infheidhme maidir le imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig, go háirithe sárúithe ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha. Maidir le gearán a thaisceadh, ní bheidh aon éifeacht fionraíochta aige sin ar sheoladh an imscrúdaithe arb é is ábhar don ghearán.
2. Déanfar gearáin a thaisceadh laistigh de 1 mhí tar éis don ghearánaí teacht ar na eolas faoi na fíricí ábhartha arb iad is bunús le sárú líomhnaithe ar na ráthaíochtaí nós imeachta nó na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Déanfar iad a thaisceadh, ar aon chuma, tráth nach túisce ná 1 mhí tar an imscrúdú a dhúnadh.

Maidir le gearáin a bhaineann leis an tréimhse fógra dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (4), áfach, déanfar iad a thaisceadh sula rachaidh an tréimhse fógra 10 lá dá dtagraítear sna forálacha sin in éag.

3. Cuirfidh an Rialaitheoir an tArd-Stiúrthóir ar an eolas láithreach ar ghearán a fháil.

Laistigh de 10 lá oibre ón dáta a fhaightear an gearán, cinnfidh an Rialaitheoir ar comhlíonadh míreanna 1 agus 2.

I gcás inar comhlíonadh míreanna 1 agus 2, iarrfaidh an Rialaitheoir ar an Oifig gníomhaíocht a dhéanamh chun an gearán a réiteach agus chun an Rialaitheoir a chur ar an eolas dá réir sin laistigh de 15 lá oibre.

I gcás nár comhlíonadh mír 1 ná 2, dúnfaidh an Rialaitheoir an comhad agus cuirfidh sé nó sí an gearánaí ar an eolas gan mhoill.

4. Gan dochar d'Airteagal 10, tarchuirfidh an Oifig chuig an Rialaitheoir an fhaisnéis go léir is gá le go bhféadfaidh an Rialaitheoir a mheas an bhfuil údar leis an ngearán, mar aon le haon fhaisnéis chun an gearán a réiteach agus a chur ar chumas an Rialaitheora moladh a eisiúint.

5. Déanfaidh an Rialaitheoir moladh a eisiúint maidir leis an gcaoi leis an ngearán a réiteach gan mhoill agus ar aon chuma laistigh de 2 mhí tar éis don Oifig an Rialaitheoir a chur ar an eolas faoin ngníomhaíocht a rinne an Oifig chun an gearán a réiteach. In éagmais faisnéis a fháil laistigh den teorainn ama 15 lá dá dtagraítear sa tríú fómhír de mhír 3, eiseoidh an Rialaitheoir moladh laistigh de 2 mhí ó dhul in éag na teorann ama sin.

I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an Rialaitheoir a chinneadh síneadh 15 lá féilire eile a chur leis an tréimhse chun moladh a eisiúint. Cuirfidh an Rialaitheoir an tArd-Stiúrthóir ar an eolas, i scríbhinn, faoin gcúis a bhí le síneadh den sórt sin.

Féadfaidh an Rialaitheoir a mholadh don Oifig a moltaí nó a tuarascálacha a leasú nó a aisghairm, ar an bhforas gur sáraíodh na ráthaíochtaí nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9 nó na rialacha is infheidhme maidir le himscrúdaithe arna ndéanamh ag an Oifig, go háirithe sárúithe ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha.

Sula n-eiseoidh sé nó sí an moladh, rachaidh an Rialaitheoir i gcomhairle leis an gCoiste Maoirseachta chun a thuairim a lorg.

Cuirfidh an Rialaitheoir an moladh faoi bhráid na hOifige agus tabharfaidh sé nó sí fógra dá réir don ghearánaí.

In éagmais moladh ón Rialaitheoir laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sa mhír seo, measfar gur dhiúltaigh an Rialaitheoir don ghearán gan moladh a dhéanamh ina leith.

6. Scrúdóidh an Rialaitheoir an gearán trí bhíthin nós imeachta sáraíochta gan cur isteach ar sheoladh an imscrúdaithe atá faoi lán seoil.

Féadfaidh an Rialaitheoir a iarraidh freisin ar fhinnéithe mínithe i scríbhinn nó ó bhéal a sholáthar a mheasann an Rialaitheoir a bheith ábhartha chun na fíoraí a fhionnadh. Féadfaidh finnéithe diúltú do mhínithe den sórt sin a sholáthar.

7. Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir gníomhaíocht iomchuí de réir mar a éilítear leis an moladh. Má chinneann an tArd-Stiúrthóir gan déanamh de réir an mholta ón Rialaitheoir, cuirfidh an tArd-Stiúrthóir in iúl don ghearánaí agus don Rialaitheoir na príomhchúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin, mura rud é go ndéanfaidh cur in iúl den sórt sin difear don imscrúdú atá ar siúl. Luafaidh an tArd-Stiúrthóir na cúiseanna nár lean sé nó sí an moladh ón Rialaitheoir i nóta a bheidh i gceangal le tuarascáil chríochnaitheach an imscrúdaithe.

8. Ní dochar an sásra gearáin faoin Airteagal seo do na modhanna sásaimh atá ar fáil faoi na Conarthaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le cúiteamh as damáiste.

9. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir tuairim an Rialaitheora a iarraidh maidir le haon ábhar a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta nó cearta bunúsacha a thagann faoi réim shainordú an Rialaitheora, lena n-áirítear tuairim maidir le cinneadh an duine lena mbaineann faoi Airteagal 9(3) a chur ar an eolas a chur siar. In aon iarraidh den sórt sin, luafaidh an tArd-Stiúrthóir an teorainn ama ar laistigh de nach mór don Rialaitheoir freagra a thabhairt.

10. Gan dochar do na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne, i gcás ina ndéanfaidh oifigeach nó seirbhíseach eile de chuid an Aontais gearán a thaisceadh leis an Ard-Stiúrthóir i gcomhréir le hAirteagal 90a de na Rialacháin Foirne agus ina mbeidh gearán taiscthe ag an oifigeach nó ag an seirbhíseach eile leis an Rialaitheoir i dtaca leis an tsaincheist chéanna, fanfaidh an tArd-Stiúrthóir leis an moladh ón Rialaitheoir sula dtabharfaidh sé nó sí freagra ar an ngearán.

11. Déanfaidh an Rialaitheoir, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCoiste Maoirseachta, forálacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le gearáin a láimhseáil.

Sna forálacha cur chun feidhme sin, cumhdófar, go háirithe, rialacha mionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) gearán a thaisceadh;
- (b) an malartú faisnéise idir an Coiste Maoirseachta, an Rialaitheoir agus an tArd-Stiúrthóir;
- (c) an próiseas chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'ardaigh an Oifig i ngearán;

- (d) gearán a scrúdú trí bhíthin nós imeachta sáraíochta i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 6;
- (e) an moladh ón Rialaitheoir a eisiúint agus a chur in iúl;
- (f) cásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhféadfaidh an tArd-Stiúrthóir imeacht ón moladh ón Rialaitheoir agus an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcásanna den sórt sin.”;

(10) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

- (a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“3a. Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * maidir le tuairisciú calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

3b. I gcás ina molann an Oifig obair leantach bhreithiúnach, gan dochar do chearta rúndachta sceithirí agus faisnéiseoirí, agus i gcomhréir leis na rialacha rúndachta agus cosanta sonraí is infheidhme, féadfaidh an duine lena mbaineann a iarraidh ar an Oifig an tuarascáil arna tarraingt suas faoi Airteagal 11 a mhéid a bhaineann sí leis an duine lena mbaineann a sholáthar. Cuirfidh an Oifig an iarraidh sin in iúl gan mhoill d'fhaighteoirí uile na tuarascála sin, agus ní thabharfaidh sí rochtain ach amháin le toiliú sainráite na bhfaighteoirí. Tabharfaidh na faighteoirí freagra laistigh de thréimhse 12 mhí tar éis an iarraidh a fháil. In éagmais agóide laistigh den tréimhse sin, tabharfaidh an Oifig rochtain.

Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt don Oifig freisin rochtain a thabhairt sula mbeidh an tréimhse sin imithe in éag.

* Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).”;

- (b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“4. Ainmneoidh an Oifig Oifigeach Cosanta Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2018/1725.”;

(11) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“I gcás inarb iomchuí, beidh moltaí ón Ard-Stiúrthóir maidir leis an ngníomhaíocht a bheidh le déanamh ag gabháil leis an tuarascáil. Leis na moltaí sin, léireofar, i gcás inarb iomchuí, aon ghníomhaíocht araíonachta, riaracháin, airgeadais nó bhreithiúnach a bheidh le déanamh ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí agus ag údarás inniúla na mBallstát lena mbaineann, agus sonrúfar go háirithe na suimeanna measta a bheidh le gnóthú, chomh maith le réamh-aicmiú dlí na bhfírící a suíodh.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Agus na tuarascálacha agus na moltaí dá dtagraítear i mír 1 á dtarraingt suas, cuirfear forálacha ábhartha dhlí an Aontais agus, a mhéid agus is infheidhme, dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann san áireamh.

Tuarascálacha arna dtarraingt suas ar bhonn na chéad fhomhíre, in éineacht leis an bhfianaise ar fad a thacaíonn léi agus atá i gceangal léi, a bheidh i bhfianaise inghlachta:

- (a) in imeachtaí breithiúnacha de chineál neamhchoiriúil os comhair cúirteanna náisiúnta agus in imeachtaí riaracháin sna Ballstáit;
- (b) in imeachtaí coiriúla an Bhallstáit inar gá iad a úsáid ar an gcaoi céanna agus a dtarraingíonn cigirí náisiúnta riaracháin tuarascálacha riaracháin suas agus faoi na coinníollacha céanna a bhaineann leis na tuarascálacha sin agus beidh siad faoi réir na rialacha meastóireachta céanna leis na cinn is infheidhme maidir le tuarascálacha riaracháin arna dtarraingt suas ag cigirí náisiúnta riaracháin agus beidh an luach céanna fianaise ag gabháil leo agus a ghabhann le tuarascálacha den sórt sin;
- (c) in imeachtaí breithiúnacha os comhair CBAE agus in imeachtaí riaracháin sna hinstitiúidí, comhaltaí, oifigí agus gníomhaíochtaí.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Oifig faoi aon riail sa dlí náisiúnta atá ábhartha chun críocha phointe (b) den dara fomhír.

Maidir le pointe (b) den dara fómhír, cuirfidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Oifig, cinneadh críochnaitheach na gcúirteanna náisiúnta chuig an Oifig a luaithe a chinnfear go críochnaitheach na himeachtaí breithiúnacha ábhartha agus a chuirfear cinneadh críochnaitheach na cúirte ar fáil don phobal.

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear don chumhacht atá ag CBAE agus ag cúirteanna náisiúnta agus comhlachtaí inniúla in imeachtaí riaracháin agus coiriúla measúnú gan srian a dhéanamh ar luach fianaiseach na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag an Oifig.

2a. Déanfaidh an Oifig bearta iomchuí chun cáilíocht chomhsheasmhach na dtuarascálacha agus na moltaí dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú.

3. Cuirfear tuarascálacha agus moltaí a tarraingíodh suas tar éis imscrúdú seachtrach agus aon doiciméad gaolmhar ábhartha chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le himscrúduithe seachtracha agus, más gá, cuirfear iad chuig an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann agus, más infheidhme, an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht gníomhaíochtaí mar is gá de réir mar a éilítear torthaí an imscrúdaithe sheachtraigh, agus tuairisceoidh siad maidir leis na gníomhaíochtaí sin don Oifig laistigh de theorainn ama a leagtar síos sna moltaí a ghabhann leis an tuarascáil agus, ina theannta sin, arna iarraidh sin don Oifig. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Oifig faoi na húdaráis náisiúnta ábhartha atá inniúil chun déileáil le tuarascálacha, moltaí agus doiciméid den sórt sin.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. I gcás ina léirítear sa tuarascáil a tarraingíodh suas tar éis imscrúdú inmheánach go bhfuil fíricí ann a bhféadfadh imeachtaí coiriúla a bheith mar thoradh orthu, déanfar an fhaisnéis sin, mar aon leis na moltaí, a tharchur gan mhoill chuig údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit lena mbaineann, gan dochar d’Airteagail 12c agus 12d.

Arna iarraidh sin don Oifig, cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, laistigh de theorainn ama a leagtar síos sna moltaí, faisnéis faoin ngníomhaíocht a rinneadh, i gcás ina ndearnadh aon ghníomhaíocht den sórt sin, agus na cúiseanna nár cuireadh na moltaí chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, chuig an Oifig, tar éis don Oifig aon fhaisnéis i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo a tharchur.”;

(d) scriostar mír 6;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. I gcás inar thug faisnéiseoir faisnéis don Oifig a raibh an t-imscrúdú mar thoradh uirthi, cuirfidh an Oifig in iúl don fhaisnéiseoir sin go bhfuil an t-imscrúdú dúnta, mura rud é go measann sí go ndéanann an fhaisnéis sin dochar do leasanna dlisteanacha an duine lena mbaineann agus d’éifeachtacht an imscrúdaithe agus na gníomhaíochta atá le déanamh ina dhiaidh sin, nó d’aon cheanglais rúndachta.”;

(12) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Gan dochar d’Airteagail 10 agus 11 den Rialachán seo ná d’fhorálacha Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig faisnéis a fuarthas le linn imscrúduithe seachtracha a tharchur in am trátha chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann ionas gur féidir leo gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Féadfaidh sí faisnéis den sórt sin a tharchur freisin chuig an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, mura gcuirfear bac orthu faoin dlí náisiúnta, an Oifig a chur ar an eolas gan mhoill, agus ar aon chuma laistigh de 12 mhí tar éis an fhaisnéis a tarchuireadh chucu i gcomhréir leis an Airteagal seo a fháil, faoin ngníomhaíocht a rinneadh ar bhonn na faisnéise sin.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Féadfaidh an Oifig faisnéis ábhartha a chur ar fáil do Líonra Eurofisc a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010. Féadfaidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc faisnéis ábhartha ó líonra Eurofisc a tharchur chuig an Oifig faoi na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.”;

(13) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 12a

Seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise

1. Chun críocha an Rialacháin seo, ainmneoidh gach Ballstát seirbhís (“an tseirbhís comhordúcháin frith-chalaoise”) chun go n-éascófar comhar éifeachtach agus malartú faisnéise leis an Oifig, lena n-áirítear faisnéis de chineál oibríochtúil. I gcás inarb iomchuí, féadfar an tseirbhís comhordúcháin frith-chalaoise a mheas mar údarás inniúil chun críocha an Rialacháin seo.
2. Arna iarraidh sin don Oifig, déanfaidh na seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise, sula ndéanfar cinneadh ar cheart imscrúdú a oscailt, agus le linn nó tar éis imscrúdú, cúnaimh a chur ar fáil nó a chomhordú de réir mar is gá ionas gur féidir leis an Oifig a cuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Áiríteofar go háirithe ar chúnaimh den sórt sin an cúnaimh ó údarás inniúla na mBallstát a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 3(5) agus (6), Airteagal 7(3) agus Airteagal 8(2) agus (3).
3. Féadfaidh na seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise cúnaimh a thabhairt don Oifig arna iarraidh sin chun go bhféadfaidh an Oifig gníomhaíochtaí comhordúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12b, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhar cothrománach agus malartú faisnéise idir seirbhísí comhordúcháin frith-chalaoise.

Airteagal 12b

Gníomhaíochtaí comhordúcháin

1. De bhun Airteagal 1(2), féadfaidh an Oifig comhar a eagrú agus a éascú idir údarás inniúla na mBallstát, na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí agus, i gcomhréir le comhaontuithe um chomhoibriú agus cúnaimh frithpháirteach agus le haon ionstraim dlí eile a bheidh i bhfeidhm, údarás tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, féadfaidh na húdaráis rannpháirteacha agus an Oifig faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis oibríochtúil. Féadfaidh foireann na hOifige údarás inniúla a dhéanann gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a thionlacan, arna iarraidh sin do na húdaráis sin. Beidh feidhm ag Airteagal 6, Airteagal 7(6) agus (7), Airteagal 8(3) agus ag Airteagal 10.
2. Déanfaidh an Oifig, i gcás inarb iomchuí, tuarascáil a tharraingt suas maidir leis na gníomhaíochtaí comhordúcháin a rinneadh agus déanfaidh sí í a tharchur chuig údarás inniúla na mBallstát agus chuig na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí lena mbaineann.
3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar don Oifig a bheith ag feidhmiú na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún i bhforálacha sonracha lena rialaítear cúnaimh frithpháirteach idir údarás riaracháin na mBallstát agus comhar idir na húdaráis sin agus an Coimisiún.
4. Féadfaidh an Oifig páirt a ghlacadh i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme agus faisnéis oibríochtúil arna fáil de bhun an Rialacháin seo a mhalartú faoin gcreat sin.

Airteagal 12c

Iompar coiriúil a thuairisciú do OIPE

1. Déanfaidh an Oifig tuarascáil a chur faoi bhráid OIPE gan moill mhíchúí maidir le haon iompar coiriúil a bhféadfadh OIPE a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 2017/1939. Déanfar an tuarascáil a sheoladh gan moill mhíchúí roimh imscrúdú de chuid na hOifige nó lena linn.
2. Cuimseofar sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 tuairisc ar na fíricí, ar a laghad, lena n-áireofar measúnú ar an dochar a rinneadh nó is dóigh a dhéanfar, an cháilíocht dhlíthiúil fhéideartha agus aon fhaisnéis atá ar fáil faoi íospartaigh ionchasacha, amhrastaigh nó daoine eile lena mbaineann.
3. Ní bheidh an Oifig faoi cheangal líomhaintí atá go follasach gan bhunús a thuairisciú do OIPE.

4. I gcás nach bhfuil na gnéithe a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo san áireamh san fhaisnéis a fhaigheann an Oifig, agus nach bhfuil aon imscrúdú ar siúl ag an Oifig, féadfaidh an Oifig réamh-mheastóireacht a dhéanamh ar na líomhaintí. Déanfar an meastóireacht gan mhoill agus i gcás ar bith laistigh de 2 mhí ón bhfaisnéis a fháil. Le linn na meastóireachta sin, beidh feidhm ag Airteagal 6 agus ag Airteagal 8(2). Tar éis na réamh-mheastóireachta sin, tuairisceoidh an Oifig aon iompar coiriúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo do OIPE.

5. I gcás ina dtiocfaidh an t-iompar coiriúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun solais le linn imscrúdú arna dhéanamh ag an Oifig, agus ina n-oscloídh OIPE imscrúdú mar thoradh ar an tuarascáil dá dtagraítear sa mhír sin, ní leanfaidh an Oifig ar aghaidh lena himscrúdú ar na fíricí céanna seachas i gcomhréir le hAirteagal 12e nó 12f.

Chun na críche an chéad fhomhír den mhír seo a chur i bhfeidhm, fíoróidh an Oifig i gcomhréir le hAirteagal 12g(2), trí chóras bainistithe cásanna OIPE, an bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag OIPE. Féadfaidh an Oifig tuilleadh faisnéise a iarraidh ar OIPE. Tabharfaidh OIPE freagra ar iarraidh den sórt sin laistigh de theorainn ama a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 12g.

6. Féadfaidh na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a iarraidh ar an Oifig réamh-mheastóireacht a dhéanamh ar líomhaintí arna dtuairisciú dóibh. Chun críocha na n-iarrataí sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1 go 4. Cuirfidh an Oifig an instiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas faoi thorthaí na réamh-mheastóireachta, ach amháin más amhlaidh go bhféadfaí imscrúdú arna dhéanamh ag an Oifig nó ag OIPE a chur i mbaol tríd an bhfaisnéis sin a sholáthar.

7. I gcás ina ndúnfaidh an Oifig a himscrúdú, tar éis di tuarascáil a chur chuig OIPE i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 9(4) ná Airteagal 11.

Airteagal 12d

Neamhdhúbláil imscrúduithe

1. Gan dochar d'Airteagail 12e agus 12f, scoirfidh an tArd-Stiúrthóir d'imscrúdú leanúnach agus ní oscloídh sé nó sí imscrúdú nua faoi Airteagal 5 i gcás ina bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag OIPE ar na fíricí céanna. Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir OIPE ar an eolas faoi gach cinneadh maidir le scor d'imscrúdú a dhéanfar ar na forais sin.

Chun na críche an chéad fhomhír den mhír seo a chur i bhfeidhm, fíoróidh an Oifig i gcomhréir le hAirteagal 12g(2), trí chóras bainistithe cásanna OIPE, an bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag OIPE. Féadfaidh an Oifig tuilleadh faisnéise a iarraidh ar OIPE. Tabharfaidh OIPE freagra ar iarraidh den sórt sin laistigh de theorainn ama a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 12g.

I gcás ina scoirfidh an Oifig dá himscrúdú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 9(4) ná Airteagal 11.

2. Féadfaidh OIPE, d'fhonn cur ar chumas na hOifige gníomhaíocht riaracháin iomchuí a mheas i gcomhréir lena sainordú, faisnéis ábhartha a sholáthar don Oifig faoi chásanna ina ndearna OIPE cinneadh gan imscrúdú a dhéanamh nó ina dhearna sé cás a dhíbhe. I gcás ina dtagann an Oifig ar an eolas faoi fhíricí nua nach raibh ar eolas ag OIPE tráth an chinnidh maidir le cás a dhíbhe dá dtagraítear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir a iarraidh ar OIPE imscrúdú a athoscailt, i gcomhréir le hAirteagal 39(2) den Rialachán sin.

Airteagal 12e

Tacaíocht ón Oifig do OIPE

1. Le linn imscrúdú arna dhéanamh ag OIPE, agus arna iarraidh sin do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 101(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, tacóidh an Oifig le gníomhaíocht OIPE nó comhlánóidh sí í, i gcomhréir lena sainordú, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

- (a) faisnéis, anailísí (lena n-áirítear anailísí fóiréinseacha), saineolas agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil;
- (b) comhordú ghníomhaíochtaí sonracha na n-údarás náisiúnta riaracháin inniúla agus chomhlachtaí an Aontais a éascú;
- (c) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh.

Agus tacaíocht á tabhairt do OIPE, staonfaidh an Oifig ó ghníomhartha nó bearta a dhéanamh a d'fhéadfadh an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh a chur i mbaol.

2. Déanfar iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a tharchur i scríbhinn agus sonrúfar an méid seo a leanas inti ar a laghad:

- (a) an fhaisnéis a bhaineann leis an imscrúdú de chuid OIPE a mhéid is ábhartha sin chun críoch na hiarrata;
- (b) na bearta a n-iarrann OIPE ar an Oifig a fheidhmiú;
- (c) i gcás inarb iomchuí, an t-uainiú atá beartaithe maidir leis an iarraidh a dhéanamh.

I gcás inar gá, is féidir leis an Oifig faisnéis bhreise a iarraidh.

3. Chun inghlacthacht fianaise chomh maith le cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta a chosaint, i gcás ina ndéanann an Oifig bearta tacaíochta, laistigh dá sainordú, arna iarraidh sin do OIPE de bhun an Airteagail seo, áiríteoidh OIPE agus an Oifig, agus iad ag gníomhú i ndlúthchomhar le chéile, go gcomhlíonfar na coimircí nós imeachta is infheidhme i gCaibidil VI de Rialachán (AE) 2017/1939.

Airteagal 12f

Imscrúduithe comhlántacha

1. I gcás ina mbeidh imscrúdú á dhéanamh ag OIPE agus má mheasann an tArd-Stiúrthóir, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, gur cheart imscrúdú ag an Oifig a oscailt freisin i gcomhréir le sainordú na hOifige chun gur fusa bearta réamhchúraim nó gníomhaíocht airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh, cuirfidh an Oifig sin in iúl do OIPE i scríbhinn, agus sonrúidh sí cineál agus cuspóir an imscrúdaithe.

Tar éis faisnéis den sórt sin a fháil agus laistigh de theorainn ama a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 12g, féadfaidh OIPE agóid a dhéanamh in aghaidh imscrúdú a oscailt nó in aghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an imscrúdú a dhéanamh. I gcás ina ndéanfaidh OIPE agóid in aghaidh imscrúdú a oscailt nó in aghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh, tabharfaidh sí fógra don Oifig faoin méid sin gan moill mhíchúí nuair a scoirfidh na forais leis an agóid d'fheidhm a bheith acu.

I gcás nach ndéanfaidh OIPE agóid laistigh den teorainn ama a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 12g, féadfaidh an Oifig imscrúdú a oscailt, imscrúdú a dhéanfaidh sí i gcomhairle le OIPE ar bhonn leanúnach. Má dhéanann OIPE agóid ina dhaidh sin, cuirfidh an Oifig a himscrúdú ar fionraí nó scoirfidh sí de, nó staonfaidh sí ó ghníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an imscrúdú a dhéanamh.

2. I gcás ina gcuirfidh OIPE an Oifig ar an eolas nach bhfuil imscrúdú á dhéanamh aige i bhfreagra ar iarraidh ar fhaisnéis arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 12d agus ina n-oscloídh sé imscrúdú ina dhaidh sin ar na fíricí céanna, cuirfidh sé an Oifig ar an eolas gan mhoill. Má mheasann an tArd-Stiúrthóir gur cheart leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú a d'oscail an Oifig chun gur fusa bearta réamhchúraim nó gníomhaíocht airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh, beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 12g

Socruithe oibre agus malartú faisnéise le OIPE

1. Tiocfaidh an Oifig ar chomhaontú le OIPE maidir le socruithe oibre. Leis na socruithe oibre sin, bunófar, *inter alia*, socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear sonraí pearsanta, faisnéis oibríochtúil, straitéiseach nó theicniúil agus faisnéis rúnaicmithe, agus le haghaidh imscrúduithe comhlántacha.

Áireofar sna socruithe oibre sin socruithe mionsonraithe maidir le malartú leanúnach faisnéise le linn líomhaintí a bheith á bhfáil agus á bhfíorú chun inniúlacht a chinneadh i ndáil le himscrúduithe. Áireofar iontu freisin socruithe maidir le faisnéis a aistriú idir an Oifig agus OIPE, nuair a ghníomhaíonn an Oifig chun tacú le OIPE nó ar bhealach comhlántach. Déanfar foráil leo maidir le theorainneacha ama chun iarrataí a chéile a fhreagairt.

Tiocfaidh an Oifig agus OIPE ar chomhaontú maidir leis na teorainneacha ama agus na socruithe mionsonraithe i dtaca le hAirteagal 12c(5), Airteagal 12d(1) agus Airteagal 12f(1). Go dtí go nglacfar comhaontú den sórt sin, tabharfaidh OIPE freagra ar iarrataí na hOifige gan mhoill, agus i gcás ar bith laistigh de 10 lá oibre ó iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 12c(5) agus Airteagal 12d(1) a fháil agus laistigh de 20 lá oibre ó iarraidh ar fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 12f(1) a fháil.

Sula nglacfar na socruithe oibre le OIPE, cuirfidh an tArd-Stiúrthóir an dréacht chuig an gCoiste Maoirseachta, agus chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle mar eolas. Tabharfaidh an Coiste Maoirseachta tuairim gan mhoill.

2. Beidh rochtain neamhdhíreach ag an Oifig ar chóras bainistithe cásanna OIPE ar bhonn córas 'amas a fháil/gan amas a fháil'.

Aon uair a aimseofar meaitseáil idir na sonraí a iontrálann an Oifig sa chóras bainistithe cásanna agus sonraí atá i seilbh OIPE, cuirfear in iúl don Oifig agus do OIPE go bhfuil meaitseáil ann. Déanfaidh an Oifig bearta iomchuí ionas go mbeidh rochtain ag OIPE ar fhaisnéis ina chóras bainistithe cásanna ar bhonn córas 'amas a fháil/gan amas a fháil'.

Na gnéithe teicniúla agus slándála den rochtain chómhálartach ar na córais bainistithe cásanna, lena n-áirítear nósanna imeachta inmheánacha chun a áirithiú go mbeidh údar cuí le gach rochtain a dhéanfar maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus go ndéanfar doiciméadú uirthi, bunófar na gnéithe sin sna socruithe oibre.

3. Buailfidh Ard-Stiúrthóir na hOifige agus an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach le chéile ar bhonn bliantúil ar a laghad chun ábhair leasa choitinn a phlé.”;

(14) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“1. Comhoibreoidh an Oifig, laistigh dá sainordú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, de réir mar is iomchuí, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol). I gcás inar gá chun an comhar sin a éascú, tiocfaidh an Oifig ar chomhaontú le Eurojust agus Europol faoi shocruithe riaracháin. Féadfaidh socruithe oibre den sórt sin a bheith bainteach le malartú faisnéise oibríochtúla, straitéisí nó teicniúla, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus faisnéis rúnaicmithe agus, arna iarraidh sin, tuarascálacha ar dhul chun cinn.”;

(15) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh an Coiste Maoirseachta faireachán rialta ar an Oifig agus a feidhm imscrúdaitheach á cur chun feidhme aici, chun go ndéanfar neamhspleáchas na hOifige a atreisiú agus na hinniúlachtaí a thugtar di leis an Rialachán seo á bhfeidhmiú aici.

Déanfaidh an Coiste Maoirseachta faireachán ar fhorbairtí i dtaca le ráthaíochtaí nós imeachta a chur i bhfeidhm agus le fad imscrúduithe, agus orthu siúd go háirithe.

Tabharfaidh an Coiste Maoirseachta don Ard-Stiúrthóir tuairimí, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir leis, *inter alia*, na hacmhainní a mbeidh gá leo chun feidhm imscrúdaitheach na hOifige a chomhlíonadh, maidir le tosaíochtaí imscrúdaitheacha na hOifige agus maidir le fad na n-imscrúduithe. Féadfar na tuairimí sin a thabhairt ar a tionscnamh féin, arna iarraidh sin don Ard-Stiúrthóir nó arna iarraidh sin d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht, gan cur isteach, áfach, ar sheoladh aon imscrúduithe atá ar siúl.

Foilseoidh an Oifig ar a láithreán gréasáin a cuid freagraí ar na tuairimí a thabharfaidh an Coiste Maoirseachta.

Tabharfar cóip de na tuairimí a thugtar de bhun an tríú fómhír do na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí.

Tabharfar rochtain don Choiste Maoirseachta ar an bhfaisnéis uile agus ar na doiciméid uile a mheasann sé a bheith riachtanach ó thaobh chomhlíonadh a chúraimí, lena n-áirítear tuarascálacha agus moltaí ar imscrúduithe a dúnadh agus cásanna a dífheadh, gan cur isteach, áfach, ar sheoladh aon imscrúduithe atá ar siúl, agus aird chuí á tabhairt ar na ceanglais maidir le rúndacht agus cosaint sonraí.”;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“8. Ceapfaidh an Coiste Maoirseachta a chathaoirleach. Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta féin, a chuirfear mar eolas faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí sula nglacfar iad. Comórfar cruinnithe de chuid an Choiste Maoirseachta ar thionscnamh a chathaoirligh nó ar thionscnamh an Ard-Stiúrthóra. Beidh 10 gcruinniú aige ar a laghad in aghaidh na bliana. Déanfaidh an Coiste Maoirseachta a chinntí trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann é. Is é an Coimisiún a sholáthróidh a rúnaíocht i ndlúthchomhar leis an gCoiste Maoirseachta. Sula gceapfar aon duine den fhoireann chuig an rúnaíocht, rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Maoirseachta agus cuirfear a thuairimí san áireamh. Gníomhóidh an rúnaíocht de réir threoracha an Choiste Maoirseachta agus go neamhspleách ar an gCoimisiún. Gan dochar dá rialú ar bhuiséad an Choiste Maoirseachta agus ar a rúnaíocht, ní chuirfidh an Coimisiún isteach ar fheidhmeanna faireacháin an Choiste Maoirseachta.”;

(16) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Tiocfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún le chéile uair sa bhliain chun casadh leis an Ard-Stiúrthóir chun tuairimí a mhalartú ar an leibhéal polaitiúil agus plé a dhéanamh ar bheartas na hOifige i ndáil le modhanna chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dífeall do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac. Beidh an Coiste Maoirseachta rannpháirteach sa mhalartú tuairimí. Tabharfar cuireadh don Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach freastal ar an malartú tuairimí. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ón gCúirt Iníúcháirí, ó OIPE, ó Eurojust agus ó Europol freastal air ar bhonn *ad hoc* arna iarraidh sin do Parlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún, don Ard-Stiúrthóir nó don Choiste Maoirseachta.

2. Faoi chuimsiú chuspóir mhír 1, féadfaidh baint a bheith ag an malartú tuairimí le haon ábhar a gcomhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis. Go háirithe, féadfaidh baint a bheith ag an malartú tuairimí leis na nithe seo a leanas:

- (a) na tosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh bheartais imscrúdaitheacha na hOifige;
- (b) tuairimí an Choiste Maoirseachta agus na tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí uaidh dá bhforáiltear in Airteagal 15;
- (c) tuarascálacha an Ard-Stiúrthóra faoi Airteagal 17(4) agus, de réir mar is iomchuí, aon tuarascálacha eile ó na hinstiúidí a bhaineann le sainordú na hOifige;
- (d) creat an chaidrimh idir an Oifig agus na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, go háirithe OIPE, lena n-áirítear aon saincheisteanna cothrománacha agus sistéamacha a thiocfaidh chun cinn san obair leantach ar thuarascálacha críochnaitheacha na hOifige ar imscrúduithe;
- (e) creat an chaidrimh idir an Oifig agus údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear aon saincheisteanna cothrománacha agus sistéamacha a thiocfaidh chun cinn san obair leantach ar thuarascálacha críochnaitheacha na hOifige ar imscrúduithe;
- (f) an caidreamh idir an Oifig agus na húdaráis inniúla i dtríú tíortha chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chuimsiú na socrúithe dá dtagraítear sa Rialachán seo;
- (g) éifeachtacht obair na hOifige maidir lena sainordú a chomhlíonadh.”;

(17) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 go 5:

“2. Chun Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh, foilseoidh an Coimisiún glao ar iarratais in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Foilseofar sin 6 mhí ar a laghad roimh dheireadh théarma oifige an Ard-Stiúrthóra atá i seilbh oifige. Déanfaidh an Coimisiún liosta d'iarrthóirí atá cáilithe go cuí a tharraingt suas. Tar éis don Choiste Maoirseachta tuairimí fhabhrach a thabhairt maidir leis an nós imeachta roghnúcháin arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, tiocfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú in am trátha maidir le gearrliosta de thriúr iarrthóirí ón liosta d'iarrthóirí oiriúnacha arna tharraingt suas ag an gCoimisiún. Ceapfaidh an Coimisiún an tArd-Stiúrthóir ón ngearrliosta sin.

3. Ní iarrfaidh an tArd-Stiúrthóir treoracha ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig ná gníomhaireacht, ná ní ghlacfaidh sé nó sí treorach uathu, agus é nó í i mbun a dhualgas nó a dualgas maidir le himscrúduithe seachtracha agus inmheánacha nó gníomhaíochtaí comhordúcháin a oscailt agus a dhéanamh, nó maidir le tuarascálacha a dhréachtú tar éis na n-imscrúduithe sin nó na ngníomhaíochtaí comhordúcháin sin. Má mheasann an tArd-Stiúrthóir gur cuireadh a neamhspleáchas i mbaol de dheasca beart a rinne an Coimisiún, cuirfidh sé nó sí an Coiste Maoirseachta ar an eolas faoi sin láithreach agus déanfaidh sé nó sí cinneadh maidir le caingean a thionscnamh in aghaidh an Choimisiúin os comhair CBAE.

4. Tuairisceoidh an tArd-Stiúrthóir go tráthrialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus don Chúirt Iníúcháirí maidir le torthaí imscrúduithe a dhéanann an Oifig, aon ghníomhaíocht atá déanta agus na fadhbanna a bhain léi, agus ag an am céanna urramófar rúndacht na n-imscrúduithe, cearta dlisteanacha na ndaoine lena mbaineann agus na bhfaisnéiseoirí, agus, i gcás inarb iomchuí, an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le himeachtaí breithiúnacha. Sna tuarascálacha sin, beidh measúnú freisin ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát agus ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, tar éis na dtuarascálacha agus na moltaí arna dtarraingt suas ag an Oifig.

4a. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, i gcomhthéacs a gceart maidir le rialú buiséid, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí na hOifige, agus rúndacht na n-imscrúduithe agus na n-imeachtaí leantacha á hurramú aige nó aici. Áiríteoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rúndacht na faisnéise a sholáthrófar i gcomhréir leis an mír seo.

5. Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir an Coiste Maoirseachta a choimeád ar an eolas go tráthrialta faoi ghníomhaíochtaí na hOifige, cur chun feidhme a feidhme imscrúdaithe agus aon ghníomhaíocht a dhéantar mar obair leantach ar imscrúduithe.

Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir an Coiste Maoirseachta ar an eolas faoi na nithe seo a leanas go tráthrialta:

- (a) cásanna nár leanadh na moltaí a rinne an tArd-Stiúrthóir;
 - (b) cásanna ina bhfuil faisnéis tarchurtha chuig údaráis bhreithiúnacha na mBallstát nó chuig OIPE;
 - (c) cásanna nár osclaíodh aon imscrúdú agus cásanna a díbheadh;
 - (d) fad imscrúduithe i gcomhréir le hAirteagal 7(8).";
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir nós imeachta inmheánach comhairleach agus rialaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear seiceáil dlíthiúlachta, a bhaineann, *inter alia*, le ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann agus dlí náisiúnta na mBallstát lena mbaineann a urramú, agus tagairt faoi leith á déanamh d'Airteagal 11(2). Is í foireann na hOifige a bhfuil saineolas acu sa dlí agus i nósanna imeachta imscrúdaitheacha a dhéanfaidh an tseiceáil dlíthiúlachta. Beidh a dtuairim siúd i gceangal le tuarascáil chríochnaitheach an imscrúdaithe.";

- (c) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"8. Glacfaidh an tArd-Stiúrthóir treoirínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann na hOifige. Beidh na treoirínte sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cumhdófar leo na nithe seo a leanas, *inter alia*:

- (a) na cleachtais a bheidh le comhlíonadh agus sainordú na hOifige á chur chun feidhme;
- (b) rialacha mionsonraithe lena rialaítear nósanna imeachta imscrúduithe;
- (c) na ráthaíochtaí nós imeachta;
- (d) mionsonraí maidir leis na nósanna imeachta inmheánacha comhairleacha agus rialaithe, lena n-áirítear an tseiceáil dlíthiúlachta;
- (e) cosaint sonraí agus beartais maidir le cumarsáid agus rochtain ar dhoiciméid mar a leagtar síos in Airteagal 10(3b);
- (f) an caidreamh le OIPE.";

- (d) i mír 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"9. Sula ndéanfar aon phionós araíonachta a fhorchur ar an Ard-Stiúrthóir, nó sula ndéanfar a dhíolúine nó a díolúine a tharscaoileadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Maoirseachta.";

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

“Airteagal 19

Tuarascáil mheastóireachta agus athbhreithniú féideartha

1. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an dáta arna chinneadh i gcomhréir leis an dara fómhír d’Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar an Rialacháin sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an chomhair idir an Oifig agus OIPE, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh tuairim ón gCoiste Maoirseachta ag gabháil leis an tuarascáil sin.

2. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an tuarascáil mheastóireachta a thíolacadh de bhun na chéad mhíre, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun creat na hOifige a nuachóiriú, lena n-áirítear breis rialacha nó rialacha níos mionsonraithe maidir leis an Oifig a chur ar bun, a cuid feidhmeanna nó na nósanna imeachta is infheidhme maidir lena cuid gníomhaíochtaí, ag féachaint go háirithe dá comhar le OIPE, d’imscrúduithe trasteorann agus d’imscrúduithe i mBallstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 12c go 12f de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, arna gcur isteach le pointe (13) d’Airteagal 1 den Rialachán seo, ó dháta a bheidh le socrú i gcomhréir leis an dara fómhír d’Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. ROTH

RIALACHÁN (AE) 2020/2224 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 23 Nollaig 2020

maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear nascacht bhunúsach in iompar lasta de bhóthar agus in iompar paisinéirí de bhóthar tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽²⁾ (an “Comhaontú um Tharraingt Siar”) i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽³⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d’fheidhm a bheith aige maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ríocht Aontaithe) agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle ⁽⁴⁾ an lenar údaraíodh tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta. Mar atá intuigthe leis na treoracha caibidlíochta, cumhdaítear leis an údarú, *inter alia*, na heilimintí atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar réimse an iompair de bhóthar leis an Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse. Mar sin féin, is éiginnte an mbeidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe lena rialófaí an caidreamh a bheidh acu sa todhchaí i réimse an iompair paisinéirí agus earraí de bhóthar tagtha i bhfeidhm faoi dheireadh na tréimhse sin.
- (2) Ag deireadh na hidirthréimhse, agus in éagmais aon fhoráil speisialta, tiocfaidh deireadh le gach ceart agus gach oibleagáid a thagann as dlí an Aontais maidir le rochtain ar an margadh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ⁽⁵⁾ agus (CE) Uimh. 1073/2009 ⁽⁶⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas agus a Bhallstáit.
- (3) I gcás den sórt sin, chuirfí isteach go mór ar iompar idirnáisiúnta earraí agus paisinéirí de bhóthar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽²⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle an 25 Feabhra 2020 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta (IO L 58, 27.2.2020, lch. 53).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).

- (4) Maidir le raon feidhme críochach an Rialacháin seo agus aon tagairt don Ríocht Aontaithe ann, ní áirítear Giobráltar ann.
- (5) Is é córas cuótaí iltaobhach Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) an t-aon chreat dlí eile a d'fhéadfadh bonn a sholáthar d'iompar earraí de bhóthar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, i ngeall ar an líon teoranta ceadanna atá ar fáil faoi láthair faoi chóras ECMT agus ar an raon feidhme teoranta atá aige i dtaobh na gcineálacha oibríochtaí iompair de bhóthar a chumhdaítear, níl d'acmhainn sa chóras faoi láthair freastal go hiomlán ar na riachtanais iompair lasta de bhóthar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.
- (6) Táthar ag súil go mbeidh cur isteach mór ann, lena n-áirítear i dtaca leis an ord poiblí, i gcomhthéacs na seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar. Is é an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar trí sheirbhísí ócáideacha cóiste agus bus ⁽⁷⁾ ("Comhaontú Interbus") an t-aon chreat dlí eile a d'fhéadfadh bonn a sholáthar i gcomhair paisinéirí a iompar de bhus agus de chóiste idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse. Beidh an Ríocht Aontaithe ina Páirtí Conarthach ina ceart féin i gComhaontú Interbus an 1 Eanáir 2021. Mar sin féin, ní chumhdaítear faoi Chomhaontú Interbus ach seirbhísí ócáideacha agus, dá bhrí sin, ní comhaontú leormhaith é chun aghaidh a thabhairt ar aon chur isteach a bhaineann le seirbhísí idirnáisiúnta cóiste agus bus idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, ar cur isteach é atá ann de dheasca dheireadh na hidirthréimhse. Rinneadh Prótacal a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a chaibidlíú, agus táthar ag súil leis go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe é a dhaingniú a luaithe is féidir. Mar sin féin, níltear ag súil leis go dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm in am le go mbeadh réiteach malartach inmharthana ann don tréimhse go díreach i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse. Dá bhrí sin, na hionstraimí atá ar fáil, is ionstraimí iad nach bhfreastalaíonn ar na riachtanais a ghabhann le seirbhísí tráthrialta agus tráthrialta speisialta iompair paisinéirí de bhus agus de chóiste idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.
- (7) Chun aon chur isteach tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr a chosc, lena n-áirítear i dtaca leis an ord poiblí, is gá dá bhrí sin sraith de bhearta sealadacha a bhunú lena gcuirfear ar chumas oibreoirí tarlaithe de bhóthar agus oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe earraí agus paisinéirí a iompar de bhóthar idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, nó ó chríoch na Ríochta Aontaithe go críoch na Ríochta Aontaithe le hidirthuras trí Bhallstát amháin nó níos mó. Chun an chothromaíocht chuí a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, ba cheart na cearta a thabharfaí ar an gcaoi sin a bheith coinníollach ar chearta coibhéiseacha a thabhairt agus ba cheart iad a bheith faoi réir coinníollacha áirithe lena n-áirítear iomaíocht chóir.
- (8) Is éacht bunúsach de chuid an mhargaidh inmheánaigh é an ceart chun oibríochtaí iompair a dhéanamh laistigh de chríoch Bhallstáit agus idir Ballstáit agus níor cheart, tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus in éagmais aon fhoráil speisialta dá mhalairt, é a bheith ar fáil a thuilleadh d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe. Mar sin féin, go díreach tar éis na hidirthréimhse agus in éagmais aon chomhaontú amach anseo lena rialaítear iompar earraí de bhóthar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, is dócha go gcuirfear isteach ar shreabha tráchta agus go mbeidh bagairtí ann mar gheall air sin ar an ord poiblí go háirithe ag na pointí trasnaithe teorann ar beag an líon díobh agus ina bhfuil rialuithe breise ar fheithiclí agus a lastas le déanamh. Tháinig méadú ar an mbrú tráchta ag pointí trasnaithe teorann leis an Ríocht Aontaithe cheana féin roimh dheireadh na hidirthréimhse. Chomh maith leis sin, bhí éifeachtaí diúltacha ag an ngéarchéim atá nasctha le paidéim COVID-19 ar iompar de bhóthar, agus tháinig méadú ar ualaí folmha freisin, treocht a d'fhéadfadh dul chun donachta murab ann do sholúbthacht lena ligtear d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe oibríochtaí a dhéanamh, fiú ar bhealach atá an-teoranta, laistigh den Aontas ar feadh tréimhse ama a mbeidh teorainn dhocht léi. Le cur isteach den sórt sin, d'fhéadfaí go mbeadh cásanna ann a bhfuil tionchar diúltach acu ar shlabhraí soláthair criticiúla a mheastar gur slabhraí riachtanacha iad chun paidéim COVID-19 atá fós ar siúl a bhainistiú. Chun méid an chur isteach sin a laghdú, ba cheart deis shealadach a bheith ag oibreoirí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe líon teoranta oibríochtaí breise a dhéanamh laistigh de chríoch an Aontais i gcomhthéacs na n-oibríochtaí idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas. Ar an gcaoi sin, ní bheadh ar a gcuid feithiclí filladh ar an Ríocht Aontaithe láithreach agus is beag an dóchúlacht go mbeidís folamh nuair a d'fhillfidís ar an Ríocht Aontaithe, agus leis sin laghdófaí líon foriomlán na bhfeithiclí agus, dá réir sin, an brú ag na pointí trasnaithe teorann. Ba cheart an ceart chun oibríochtaí breise den sórt sin a dhéanamh a bheith comhréireach, níor cheart dó an leibhéal céanna ceart atá ag oibreoirí tarlaithe de bhóthar an Aontais faoi rialacha an mhargaidh inmheánaigh a mhacasamhlú agus ba cheart deireadh a chur leis de réir a chéile.

(7) IO L 321, 26.11.2002, lch. 13.

- (9) Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí trasteorann cóiste agus bus idir Éire agus Tuaisceart Éireann do na pobail a bhfuil cónaí orthu sna réigiúin teorann, d'fhonn nascacht bhunúsach a áirithiú idir pobail, *inter alia*, mar chuid den Chomhlimistéar Taistil. Dá bhrí sin, ba cheart bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí ag oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe a údarú i gcónaí i réigiúin teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta iompair paisinéirí de chóiste agus de bhus idir Éire agus Tuaisceart Éireann.
- (10) Ós rud é gur bearta sealadacha iad na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ach ós amhlaidh fós gan fasach a bheith á bhunú leo, ba cheart feidhm a bheith ag an tsraith sin de bhearta ar feadh tréimhse ghearr. I ndáil le hoibríochtaí tarlaithe de bhóthar, leis an tréimhse ghearr sin, tá sé i gceist gur féidir socruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanamh chun nascacht bhunúsach a dhéanamh i gcóras ECMT, agus ní dochar í do theacht i bhfeidhm aon chomhaontaithe amach anseo lena rialaítear iompar earraí de bhóthar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar aon le rialacha an Aontais maidir le hiompar. A mhéid a bhaineann le hiompar paisinéirí de bhus agus de chóiste, leis an tréimhse ghearr sin, tá sé i gceist gur féidir leis an bPrótocal a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus teacht i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus feidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe, bíodh sin de bharr an Prótocal sin a bheith daingnithe ag an Ríocht Aontaithe, nó an Ríocht Aontaithe a bheith tagtha in aontachas sa Phrótocal sin, agus ní dochar é d'aon chomhaontú a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir leis an ábhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.
- (11) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon bearta sealadacha a leagan síos lena rialaítear iompar lasta agus paisinéirí de bhóthar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcás nach ann do chomhaontú lena rialaítear an caidreamh a bheidh acu sa todhchaí i réimse an iompair de bhóthar ag deireadh na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (12) I bhfianaise na práinne atá ann de bharr dheireadh na hidirthréimhse, meastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
- (13) Ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm go práinneach agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse faoi mar a socraíodh faoin gComhaontú um Tharraingt Siar mura mbeidh comhaontú lena rialaítear an t-iompar de bhóthar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe tagtha i bhfeidhm nó mura mbeidh feidhm shealadach aige, de réir mar a bheidh, faoin dáta sin. Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán seo go dtí an lá roimh dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe idirnáisiúnta lena rialaítear an t-iompar de bhóthar, nó go dtí an lá roimh chur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe den sórt sin, i gcás an dá Pháirtí. Cé is moite de na forálacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le reigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta tráthrialta agus tráthrialta speisialta idir Éire agus Tuaisceart Éireann, an ceart chun seirbhísí tráthrialta agus tráthrialta speisialta cóiste agus bus a riar, ba cheart dó scor d'fheidhm a bheith aige an dáta a thiofadh an Prótocal a ghabhann le comhaontú Interbus maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus i bhfeidhm don Aontas agus don Ríocht Aontaithe. Ba cheart don Rialachán seo scor d'fheidhm a bheith aige i gcás ar bith an 30 Meitheamh 2021.
- (14) I gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an gcoibhéis a athbhunú idir na cearta arna ndeonú ag an Aontas d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe agus d'oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe agus na cearta arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar an Aontais agus d'oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus de chuid an Aontais, lena n-áirítear sa chás ina ndéantar na cearta arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe a dheonú ar bhonn an Bhallstáit tionscnaimh nó nach bhfuil siad ar fáil ar shlí eile ar bhonn comhionann d'oibreoirí uile an Aontais, agus i dtaca le cásanna den iomaíocht éagórach a dhéanann dochar d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar an Aontais agus oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus de chuid an Aontais a leigheas.

- (15) Leis na gníomhartha tarmligthe sin, ba cheart prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, agus ba cheart, dá bhrí sin, a dtéarmaí a bheith i gcomhréir leis na fadhbanna a thagann chun cinn tríd an mainneachtain cearta coibhéiseacha a dheonú nó mar gheall ar dhálaí iomaíochta éagóracha. Níor cheart don Choimisiún a bheartú cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fionraí ach amháin sna cásanna is déine, i gcás nach ndéanann an Ríocht Aontaithe aon chearta coibhéiseacha ar chor ar bith a dheonú d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar an Aontais nó d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus de chuid an Aontais, nó i gcás inar fíorbheag na cearta arna ndeonú, nó i gcás ina mbíonn difríocht chomh mór sin idir na dálaí iomaíochta d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe nó oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe agus na dálaí iomaíochta d'oibreoírí an Aontais agus go bhfágann sé nach mbíonn soláthar na seirbhísí atá i gceist ag oibreoírí an Aontais inmharthana dóibh ó thaobh na heacnamaíochta de.
- (16) Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽⁸⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach ndéanfaidh aon ghníomh tarmligthe den sórt sin arna ghlacadh dochar míchuí d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.
- (17) Chun a áirithiú go bhfuil cearta a dheonaíonn an Ríocht Aontaithe d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar an Aontais agus d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus de chuid an Aontais agus ar coibhéiseach iad leis na cearta sin arna ndeonú leis an Rialachán seo d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe agus d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe ar fáil ar bhonn combhionann d'oibreoírí uile an Aontais, ba cheart raon feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 1072/2009 agus (CE) Uimh. 1073/2009 a leathnú amach ar bhonn sealadach. Leis na Rialacháin sin, cumhdaítear cheana féin an chuid de thuras idir Ballstát agus tríú tír a dhéantar ar chríoch aon Bhallstáit a thrasnaítear le linn an idirthurais. Mar sin féin, tá sé riachtanach a áirithiú, i gcásanna den sórt sin, go bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 chomh maith maidir leis an gcuid den turas ar chríoch an Bhallstáit ina ndéantar lódáil nó dílóidáil, agus go bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 maidir leis an gcuid den turas ar chríoch an Bhallstáit ina ndéantar paisinéirí a bhailiú nó a scaoileadh amach. Is é is aidhm le leathnú amach den sórt sin ná a áirithiú gur féidir le hoibreoírí an Aontais oibríochtaí trastrádála a dhéanamh go dtí an Ríocht Aontaithe nó uathí, chomh maith le stadanna breise nuair a bhíonn iompar paisinéirí á oibriú acu,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta sealadacha lena rialaítear iompar earraí de bhóthar chomh maith le soláthar seirbhísí tráthrialta agus tráthrialta speisialta iompair paisinéirí de chóiste agus de bhus idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Airteagal 2

Sainmhínthe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas:

⁽⁸⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (1) ciallaíonn “feithicil”:
 - (a) i ndáil le hiompar earraí, mótarfeithicil atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, nó cónasc cúpláilte feithicilí dá bhfuil an mhótarfeithicil féin ar a laghad cláraithe sa Ríocht Aontaithe, rud as a mbaintear úsáid go heisiach le haghaidh iompar earraí, d’fhéadfadh sé gur leis an ngnóthas an feithicil, gur cheannaigh sé í faoi théarmaí iarchurtha nó go bhfuil sé fruilithe aige, ar choinníoll, sa chás deireanach sin, go gcomhlíontar léi na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾;
 - (b) i ndáil le hiompar paisinéirí, bus nó cóiste;
- (2) ciallaíonn “iompar ceadaithe earraí”:
 - (a) turas ualaithe arna dhéanamh ag feithicil ó chríoch an Aontais go críoch na Ríochta Aontaithe, nó vice versa, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát nó tríú tír amháin nó níos mó;
 - (b) tar éis turas ualaithe ó chríoch na Ríochta Aontaithe chuig críoch an Aontais, dá dtagraítear i bpointe (a) den phointe seo, suas le dhá oibríocht bhreise luchtaithe agus díluchtaithe a dhéanamh, laistigh de 7 lá ón díluchtú laistigh de chríoch an Aontais, laistigh de chríoch an Aontais ar feadh tréimhse 2 mhí ón gcéad lá de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 12(2), agus oibríocht amháin a dhéanamh laistigh de 7 lá ón díluchtú laistigh de chríoch an Aontais, le linn na 3 mhí ina dhiaidh sin;
 - (c) turas ualaithe arna dhéanamh ag feithicil ó chríoch na Ríochta Aontaithe go críoch na Ríochta Aontaithe le hidirthuras trí chríoch an Aontais;
 - (d) turas neamhualaithe i gcomhar le hiompar dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c);
- (3) ciallaíonn “iompar ceadaithe paisinéirí de chóiste agus de bhus”:
 - (a) turas arna dhéanamh ag bus nó cóiste chun iompar paisinéirí a sholáthar ó chríoch an Aontais go críoch na Ríochta Aontaithe, nó vice versa, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát nó tríú tír amháin nó níos mó;
 - (b) turas arna dhéanamh ag bus nó cóiste chun iompar paisinéirí a sholáthar ó chríoch na Ríochta Aontaithe go críoch na Ríochta Aontaithe le hidirthuras trí chríoch an Aontais;
 - (c) turas gan paisinéirí a iompar i gcomhar le hiompar dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);
 - (d) bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta tráthrialta agus tráthrialta speisialta idir Éire agus Tuaisceart Éireann;
- (4) ciallaíonn “réigiún teorann na hÉireann” contaetha na hÉireann atá gach aon taobh den teorainn talún idir Éire agus Tuaisceart Éireann;
- (5) ciallaíonn “oibreoir tarlaithe de bhóthar an Aontais” gnóthas a thugann faoi iompar earraí de bhóthar agus a bhfuil ceadúnas bailí Comhphobail aige, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009;
- (6) ciallaíonn “oibreoir tarlaithe de bhóthar de chuid na Ríochta Aontaithe” gnóthas atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a bhfuil cead aige tabhairt faoi iompar earraí de bhóthar agus a bhfuil ceadúnas bailí aige a eisíodh chun críocha an iompair idirnáisiúnta i ndáil le hiompar ceadaithe earraí;
- (7) ciallaíonn “ceadúnas de chuid na Ríochta Aontaithe”, i gcás ina n-eisítear é d’oibreoir tarlaithe de bhóthar de chuid na Ríochta Aontaithe, ceadúnas a eisíonn an Ríocht Aontaithe chun críocha an iompair idirnáisiúnta i ndáil le hiompar ceadaithe earraí, agus, i gcás ina n-eisítear é d’oibreoir seirbhísí cóiste agus bus de chuid na Ríochta Aontaithe, ceadúnas a eisíonn an Ríocht Aontaithe chun críocha an iompair idirnáisiúnta i ndáil le hiompar ceadaithe paisinéirí de chóiste agus de bhus;
- (8) ciallaíonn “bus nó cóiste” feithicil atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, atá oiriúnach agus ceaptha, de thairbhe a tógála agus a trealaimh, chun níos mó ná naonúr paisinéirí a iompar agus an tiománaí á chur san áireamh;
- (9) ciallaíonn “seirbhísí tráthrialta” seirbhísí lena ndéantar foráil d’iompar paisinéirí ag eatraimh shonraithe feadh bealaí sonraithe, lena mbailítear na paisinéirí agus lena scaoiltear amach iad ag pointí stad réamhshocraithe;

⁽⁹⁾ Treoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le húsáid feithicilí arna bhfruiilí gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar (IO L 33, 4.2.2006, lch. 82).

- (10) ciallaíonn “seirbhísí tráthrialta speisialta” seirbhísí tráthrialta, is cuma cé a eagraíonn iad, lena ndéantar foráil do chatagóirí sonraithe paisinéirí a iompar, agus paisinéirí nach iad á n-eisiamh;
- (11) ciallaíonn “oibreoir seirbhíse cóiste agus bus de chuid an Aontais” gnóthas a thugann faoi iompar paisinéirí de chóiste agus de bhus agus a bhfuil ceadúnas bailí Comhphobail aige i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009;
- (12) ciallaíonn “oibreoir seirbhísí bus agus cóiste de chuid na Ríochta Aontaithe” gnóthas atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a bhfuil cead aige tabhairt faoi iompar paisinéirí de chóiste agus de bhus agus a bhfuil ceadúnas bailí aige chun críocha an iompair idirnáisiúnta i ndáil le hiompar ceadaithe paisinéirí de chóiste agus de bhus;
- (13) ciallaíonn “oibreoir” oibreoir tarlaithe de bhóthar nó oibreoir seirbhíse cóiste agus bus;
- (14) ciallaíonn “dlí na hiomaíochta” aon dlí lena dtugtar aghaidh ar an iompraíocht seo a leanas, i gcás ina bhfeadfaidh sé difear a dhéanamh do sheirbhísí iompair lasta de bhóthar nó do sheirbhísí cóiste agus bus:
- (a) iompraíocht arb é atá inti:
- (i) comhaontuithe idir oibreoirí tarlaithe de bhóthar nó oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus, faoi seach, cinntí a dhéanann comhlachtaí oibreoirí tarlaithe de bhóthar nó oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus, agus cleachtais chomhbheartaithe a bhfuil sé mar aidhm acu an t-iomaíochas a chosc, a shrianadh, nó a shaobhadh;
- (ii) mí-úsáidí ceannasachta ag oibreoir tarlaithe de bhóthar nó oibreoir seirbhísí cóiste agus bus amháin nó níos mó;
- (iii) bearta a dhéanann nó a choinníonn an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm i gcás gnóthais phoiblí agus gnóthais dá ndeonaíonn an Ríocht Aontaithe cearta speisialta nó eisiacha agus atá contrártha do phointe (i) nó (ii);
- (b) comhchruinnithe idir oibreoirí tarlaithe de bhóthar nó oibreoirí seirbhísí cóiste agus bus, faoi seach, a chuireann bac suntasach ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de thoradh ceannasacht a chruthú nó a neartú;
- (15) ciallaíonn “fóirdheontas” aon ranníocaíocht airgeadais a thugann an rialtas nó aon chomhlacht poiblí eile ar aon leibhéal, lena dtugtar sochar, agus lena n-áirítear:
- (a) aistriú díreach cistí, amhail deontais, iasachtaí nó insileadh cothromais, aistriú díreach féideartha cistí, nó glacadh dliteanas, amhail ráthaíochtaí iasachta, instealltaí caipitil, úinéireacht, cosaint i gcoinne féimheachta nó árachas;
- (b) ioncam a ligean ar ceal nó gan é a bhailiú ar ioncam é a bheadh dlite murach sin;
- (c) earraí nó seirbhísí nach bonneagar ginearálta iad a sholáthar, nó earraí nó seirbhísí a cheannach;
- (d) íocaíochtaí a dhéanamh le sásra maoiniúcháin nó iad a chur ar iontaoibh comhlachta príobháidigh, nó a threorú chuig comhlacht príobháideach, chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) a dhéanamh, feidhmeanna a dhílseofaí don rialtas nó do chomhlacht poiblí eile de ghnáth agus is beag an difear atá idir an cleachtas sin agus na cleachtais a dhéanann rialtais de ghnáth.
- Ní mheastar go dtugtar aon sochar le ranníocaíocht airgeadais a dhéanann rialtas nó comhlacht poiblí eile más rud é go ndéanfadh oibreoir sa mhargadh príobháideach agus é dírithe ar fhéidearthachtaí brabúis amháin an ranníocaíocht airgeadais chéanna agus a bheadh déanta sa chás céanna ag an gcomhlacht poiblí i gceist;
- (16) ciallaíonn “údarás neamhspleách iomaíochta” údarás atá i gceannas ar dhlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus ar na fóirdheontais a rialú, arb údarás é a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
- (a) tá an t-údarás neamhspleách ó thaobh oibríochta de agus tá na hacmhainní is gá aige chun a chuid cúraimí a dhéanamh;
- (b) agus a dhualgais á ndéanamh agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, tá ag an údarás an ráthaíocht is gá maidir le neamhspleáchas ar aon tionchar polaitiúil nó ar aon tionchar seachtrach eile, agus gníomhaíonn sé go neamhchlaonta;
- (c) tá cinntí an údaráis faoi réir athbhreithniú breithiúnach;
- (17) ciallaíonn “idirdhealú” aon chineál difreála a dhéantar gan údar oibiachtúil i ndáil le hearraí agus seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, ar earraí agus seirbhísí iad a úsáidtear chun seirbhísí iompair lasta de bhóthar nó seirbhísí cóiste agus bus a oibriú, nó i ndáil leis an tslí a gcaitheann na húdaráis phoiblí is ábhartha maidir leis na seirbhísí sin leo;

(18) ciallaíonn “críoch an Aontais” críoch na mBallstát a bhfuil feidhm ag CAE agus ag CFAE maidir léi, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin.

Airteagal 3

An ceart chun iompar ceadaithe earraí a dhéanamh

1. Féadfaidh oibreoirí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe an t-iompar ceadaithe earraí a dhéanamh, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.
2. Féadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe iompar ceadaithe earraí de na cineálacha seo a leanas a dhéanamh, gan ceadúnas de chuid na Ríochta Aontaithe a bheith ag teastáil:
 - (a) iompar poist mar sheirbhís uilíoch;
 - (b) iompar feithiclí a ndearnadh damáiste dóibh nó a chlis;
 - (c) iompar earraí i mótarfeithiclí nach dtéann a mais ualaithe ceadaithe, lena n-áirítear leantóirí, thar 3,5 tona;
 - (d) iompar táirgí leighis, gaireas, trealamh agus earraí eile a bhíonn de dhíth le haghaidh cóir leighis i gcás faoiseamh éigeandála, go háirithe i gcás tubaistí nádúrtha;
 - (e) iompar earraí, ar choinníoll:
 - (i) gur leis an ngnóthas na hearraí atá á n-iompar nó gurb é an gnóthas a dhíol, a cheannaigh, a lig amach ar fruiliú nó a d’fhruiligh, a tháirg, a bhain, a phróiseáil nó a dheisigh iad;
 - (ii) gurb é cuspóir an turais earraí a iompar go dtí an gnóthas agus ón ngnóthas nó iad a aistriú, laistigh den ghnóthas nó taobh amuigh de ar mhaithe lena riachtanais féin;
 - (iii) gur pearsanra atá fostaithe ag an ngnóthas nó a chuirtear ar fáil don ghnóthas faoi oibleagáid chonarthathe a thiomáinfidh na mótarfeithiclí a úsáidtear le haghaidh iompar den sórt sin;
 - (iv) gur leis an ngnóthas na feithiclí a iompraíonn na hearraí nó gurb é an gnóthas a cheannaigh iad faoi théarmaí iarchurtha nó go bhfuil siad fruilithe aige ar choinníoll, sa chás sin, go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2006/1/CE; agus
 - (v) níl san iompar sin ach gníomh coimhdeach i dtaca le mórghníomhaíochtaí an ghnóthais.

Airteagal 4

An ceart chun seirbhísí tráthrialta agus tráthrialta speisialta cóiste agus bus a dhéanamh

1. Féadfaidh oibreoirí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, iompar ceadaithe paisinéirí de chóiste agus de bhus a dhéanamh arb é atá ann seirbhísí tráthrialta agus tráthrialta speisialta.
2. Maidir le hoibreoirí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe, beidh údarú acu arna eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 chun seirbhísí ceadaithe tráthrialta agus tráthrialta speisialta cóiste agus bus a dhéanamh ar fruiliú agus ar airgead.
3. Féadfar leanúint de na húdaruith atá bailí fós faoi mhír 2 den Airteagal seo a úsáid chun na gcríoch a shonraítear i mír 1 den Airteagal seo más rud é gur athnuadh iad faoi na téarmaí agus coinníollacha céanna, nó nár athraíodh iad ach ó thaobh stadanna, táillí nó sceidil, agus faoi réir rialacha agus nósanna imeachta Airteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 i gcomhair tréimhse bhailíochta nach rachaidh thar an 30 Meitheamh 2021.

4. Féadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe iompar ceadaithe paisinéirí de chóiste agus de bhus a dhéanamh chun críoch neamhthráchtála agus neamhbhrabúsach gan ceadúnas a bheith de dhíth sna cásanna seo a leanas:

- (a) níl sa ghníomhaíocht iompair ach gníomhaíocht choimhdeach don duine nádúrtha nó dlítheanach sin; agus
- (b) is maoin an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh sin na feithiclí a mbaintear úsáid astu nó tá siad faighte ag an duine sin ar théarmaí iarchurtha nó tá siad faoi réir conradh fadtéarmach léasaithe, agus tá siad á dtiomáint ag duine d'fhoireann an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh, ag an duine nádúrtha é nó í féin, nó ag pearsanra atá fostaithe ag an ngnóthas nó a chuirtear ar fáil don ngnóthas faoi oibleagáid chonarhach.

Beidh na hoibríochtaí iompair sin díolmhaithe ó aon chóras um údarú laistigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil an duine a bhfuil an ghníomhaíocht á déanamh aige nó aici i seilbh údarú náisiúnta arna eisiúint roimh an gcéad lá de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 12(2) den Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009.

5. Ní dhéanfaidh athrú feithicle, ná briseadh iompair chun cuid den turas a dhéanamh trí mheán eile iompair, difear do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 5

Comhaontuithe agus socrúithe déthaobhacha

Ní dhéanfaidh na Ballstáit caibidlíocht ná ní thabharfaidh siad aon chomhaontú déthaobhach ná aon socrú i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Gan dochar do na comhaontuithe iltaobhacha atá ann cheana, ní dheonóidh siad aon cheart eile d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe nó d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe seachas na cearta a dheonaítear leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Rialacha sóisialta agus teicniúla

Le linn iompar ceadaithe earraí nó paisinéirí de chóiste nó de bhus a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, comhlíonfar na rialacha seo a leanas:

- (a) i ndáil le hoibríthe soghluaiste agus tiománaithe féinfhostaithe, na ceanglais a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾;
- (b) i ndáil le reachtaíocht shóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar, na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾;
- (c) i ndáil le tacagraif in iompar de bhóthar, na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾;
- (d) i ndáil le cáilíocht tosaigh na dtiománaithe agus an oiliúint thréimhsiúil a chuirtear orthu, na ceanglais a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾;

⁽¹⁰⁾ Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre na ndaoine a théann i mbun gníomhaíochtaí iompair shoghluaiste ar bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).

⁽¹¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann leis an iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

⁽¹³⁾ Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil do thiománaithe feithiclí bóthair áirithe a úsáidtear chun earraí agus paisinéirí a iompar, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle (IO L 226, 10.9.2003, lch. 4).

- (e) i ndáil le toisí údaraithe uasta agus meáchain údaraithe uasta feithiclí áirithe bóthair, na ceanglais a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le Treoir 96/53/CE ón gComhairle ⁽¹⁴⁾;
- (f) i ndáil le feistí teorannaithe luais a shuiteáil agus a úsáid le haghaidh catagóirí áirithe mótarfeithiclí, na ceanglais a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le Treoir 92/6/CEE ón gComhairle ⁽¹⁵⁾;
- (g) i ndáil le húsáid éigeantach criosanna sábhála agus córas srianta linbh i bhfeithiclí, na ceanglais a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le Treoir 91/671/CEE ón gComhairle ⁽¹⁶⁾;
- (h) i ndáil le hoibríthe a phostú, na ceanglais a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾;
- (i) i ndáil le cearta na bpaisinéirí, na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾.

Airteagal 7

Coibhéis maidir le cearta

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar an Aontais agus d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus de chuid an Aontais agus ar na coinníollacha a bhaineann lena bhfeidhmiú.
2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar de chuid an Aontais nó d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus an Aontais coibhéiseach, *de jure* nó *de facto*, leis na cearta a thabharfar d'oibreoírí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, nó nach bhfuil na cearta sin ar fáil ar bhonn comhionann d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar uile an Aontais nó d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus uile de chuid an Aontais, déanfaidh sé, gan mhoill agus chun an choibhéis a athbhunú, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) cur i bhfeidhm Airteagal 3 nó Airteagal 4(1) go (4) a chur ar fionraí i gcás nach ndéanfaítear aon chearta coibhéiseacha d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar an Aontais, nó i gcás inar fíorbheag na cearta arna ndéonú;
 - (b) teorainneacha a bhunú a bheidh le cur ar an toilleadh incheadaithe atá ar fáil d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe, nó d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus na Ríochta Aontaithe, nó a bheidh le cur ar an líon turas, nó ar an dá cheann; nó
 - (c) srianta oibríochtúla a ghlacadh maidir leis na cineálacha feithiclí nó leis na coinníollacha cúrsaíochta.

Airteagal 8

Iomaíocht chóir

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na coinníollacha faoina rachaidh oibreoírí an Aontais in iomaíocht le hoibreoírí na Ríochta Aontaithe i dtaca leis na seirbhísí iompair lasta de bhóthar agus na seirbhísí cóiste agus bus a chumhdaítear leis an Rialachán seo a sholáthar.

⁽¹⁴⁾ Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

⁽¹⁵⁾ Treoir 92/6/CEE ón gComhairle an 10 Feabhra 1992 maidir le feistí teorannaithe luais le haghaidh catagóirí áirithe mótarfeithiclí sa Chomhphobal a shuiteáil agus a úsáid (IO L 57, 2.3.1992, lch. 27).

⁽¹⁶⁾ Treoir 91/671/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le húsáid éigeantach criosanna sábhála agus córas srianta linbh i bhfeithiclí (IO L 373, 31.12.1991, lch. 26).

⁽¹⁷⁾ Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhús agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1).

2. I gcás ina gcinfidh an Coimisiún, mar gheall ar aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, go bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo go suntasach níos mífhabhraí ná na coinníollacha atá ag oibreoírí na Ríochta Aontaithe, déanfaidh sé, gan mhoill agus chun an cás sin a leigheas, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cur i bhfeidhm Airteagal 3 nó Airteagal 4(1) go (4) a chur ar fionraí i gcás inarb ann do dhifriocht chomh mór sin idir na dálaí iomaíochta d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe, nó d'oibreoírí seirbhísí bus agus cóiste na Ríochta Aontaithe, agus na dálaí iomaíochta d'oibreoírí an Aontais nach mbeadh sé inmhathana ó thaobh na heacnamaíochta de d'oibreoírí an Aontais seirbhísí a sholáthar;
- (b) teorainneacha a bhunú a bheidh le cur ar an toilleadh incheadaithe atá ar fáil d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na Ríochta Aontaithe, nó d'oibreoírí seirbhísí bus agus cóiste na Ríochta Aontaithe, nó a bheidh le cur ar an líon turas, nó ar an dá cheann; nó
- (c) srianta oibríochtúla a ghlacadh maidir leis na cineálacha feithiclí nó leis na coinníollacha cúrsaíochta.

3. Déanfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh, faoi na coinníollacha a shonraítear sa mhír sin, chun na cásanna seo a leanas a leigheas:

- (a) fóirdheontais arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe;
- (b) gan dlí na hiomaíochta a bheith i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go héifeachtach ag an Ríocht Aontaithe;
- (c) gan údarás iomaíochta neamhspleách a bheith curtha ar bun ná coinnithe ar bun ag an Ríocht Aontaithe;
- (d) caighdeáin maidir le cosaint oibríthe, an tsábháilteacht, an tslándáil, nó an comhshaol atá níos laige ná na caighdeáin a leagtar síos i ndlí an Aontais a bheith curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe nó, in éagmais forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, caighdeáin atá níos laige ná na caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit uile nó, i gcás ar bith, níos laige ná caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha;
- (e) caighdeáin a bheith curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe maidir le ceadúnais de chuid na Ríochta Aontaithe a dheonú d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar nó d'oibreoírí seirbhísí cóiste agus bus ar caighdeáin iad atá níos laige ná na caighdeáin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾;
- (f) caighdeáin a bheith curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe maidir le cáiliú agus oiliúint tiománaithe gairmiúla ar caighdeáin iad atá níos laige ná na caighdeáin a leagtar síos i dTreoir 2003/59/CE;
- (g) muirearú bóthar agus rialacha cánachais a bheith curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe atá éagsúil leis na rialacha a leagtar síos i dTreoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾; agus
- (h) aon chineál idirdhealaithe i gcoinne oibreoírí an Aontais.

4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe nó ar oibreoírí na Ríochta Aontaithe. I gcás nach gcuirfidh siad an fhaisnéis a iarraidh ar fáil faoi cheann tréimhse ama réasúnta arna forordú ag an gCoimisiún, nó ina gcuirfidh siad faisnéis neamhiomlán ar fáil, féadfaidh an Coimisiún déanamh i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 9

Síneadh le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 agus (CE) Uimh. 1073/2009

1. I gcomhthéacs earraí a iompar idir críoch an Aontais agus críoch na Ríochta Aontaithe arna dhéanamh ag oibreoírí tarlaithe de bhóthar de chuid an Aontais a bhraitheann ar chearta arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe, dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo, ar chearta coibhíseacha iad leo sin a dheonaítear faoin Rialachán seo, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir leis an gcuid den turas ar chríoch an Bhallstáit ina ndéanfar an lódáil nó an dílódaíl.

⁽¹⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).

⁽²⁰⁾ Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).

2. I gcomhthéacs paisinéirí a iompar idir críoch an Aontais agus críoch na Ríochta Aontaithe arna dhéanamh ag oibreoir seirbhísí cóiste agus bus de chuid an Aontais a bhraitheann ar chearta arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe, dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo, ar cearta coibhéiseacha iad leo sin a dheonaítear faoin Rialachán seo, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 maidir leis an gcuid den turas ar chríoch an Bhallstáit ina ndéanfar an bailiú nó an scaoileadh amach.

Airteagal 10

Comhairliúchán agus comhar

1. Rachaidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhairle agus i gcomhar le húdaráis inniúla na Ríochta Aontaithe de réir mar is gá chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú.
2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin orthu, gan aon mhoill mhíchúí, aon fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 den Airteagal seo nó aon fhaisnéis eile is ábhartha chun Airteagal 7 agus 8 a chur chun feidhme.

Airteagal 11

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 7(2) agus 8(2) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 30 Meitheamh 2021.
2. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe faoi Airteagal 7(2) nó 8(2), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
3. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm aige má tá comhaontú idirnáisiúnta lena rialaítear an t-iompar de bhóthar arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tagtha i bhfeidhm nó má tá feidhm shealadach aige, de réir mar a bheidh, faoin dáta sin.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an lá roimh theacht i bhfeidhm comhaontaithe idirnáisiúnta lena rialaítear an t-iompar de bhóthar, arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, nó go dtí an lá roimh chur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe den sórt sin, de réir mar a bheidh.

Cé is móite d'iompar paisinéirí de chóiste agus de bhus dá dtagraítear in Airteagal 2(3)(d), scoirfidh forálacha an Rialacháin seo a bhfuil feidhm acu maidir le hiompar paisinéirí de chóiste agus de bhus d'fheidhm a bheith acu an lá roimh an dáta a thiocfaidh an Prótacal a ghabhann le comhaontú Interbus maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus i bhfeidhm don Aontas agus don Ríocht Aontaithe.

4. I gcás ar bith, scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige an 30 Meitheamh 2021 ar a dhéanaí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

RIALACHÁN (AE) 2020/2225Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Nollaig 2020

maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áiríthítear aernascacht bhunúsach tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽²⁾ (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”) i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽³⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (“an idirthréimhse”), ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d’fheidhm a bheith aige maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ⁽⁴⁾ lenar údaraíodh tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta. Mar atá intuigthe leis na treoracha caibidlíochta, cumhdaítear leis an údarú, *inter alia*, na heilimintí atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar an gcaidreamh eitleochta leis an Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse. Mar sin féin, is éiginnte an mbeidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe lena rialófaí an caidreamh a bheidh acu sa todhchaí sa réimse seo tagtha i bhfeidhm faoi dheireadh na tréimhse sin.
- (2) Leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ na coinníollacha maidir le ceadúnas oibríochta an Aontais a dheonú d’aeriompróirí agus bunaítear leis an tsaoirse chun aersheirbhísí a sholáthar laistigh den Aontas Eorpach.
- (3) Ag deireadh na hidirthréimhse agus in éagmais aon fhorálacha speisialta, tiocfaidh deireadh leis na cearta agus na hoibleagáidí uile a thagann as dlí an Aontais maidir le rochtain ar an margadh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa 18 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽²⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle an 25 Feabhra 2020 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta (IO L 58, 27.2.2020, lch. 53).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

- (4) Dá bharr sin, is gá sraith beart sealadach a bhunú lena dtabharfar an deis d'iompróirí atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe seirbhísí aeriompair a chur ar fáil idir críoch na Ríochta Aontaithe agus críoch na mBallstát. Chun cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit, níor cheart na cearta a thabharfar ar an gcaoi sin a thabhairt ach amháin ar choinníoll go dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe cearta coibhéiseacha d'aeriompróirí atá ceadúnaithe san Aontas agus go mbeidh siad faoi réir coinníollacha áirithe lena n-áirítear an iomaíocht chóir.
- (5) Leis an ngéarchéim a eascraíonn as paindéim COVID-19, tá dúshlán shuntasacha lóistíochtúla ann do na Ballstáit, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an acmhainneacht toirteanna suntasacha cógas leighis, vacsaíní agus trealaimh liachta a iompar go dtí tríú tíortha agus ó thríú tíortha ar ghearrfógra agus faoi choinníollacha stórála agus lóistíochtúla atá an-deacair. Is gá a áirithiú go gcuirfear ar fáil acmhainneacht aeriompair leordhóthanach agus go soláthrófar solúbthacht eisceachtúil do na Ballstáit chun na críche sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bheith ag brath ar aerárthaí tríú tír. Eilimintí breise de chearta iompair cúigiú saoirse uile-lastais atá teoranta go docht d'oibríocht den sórt sin a dhéanamh ar bhonn *ad hoc*, ba cheart, dá bhrí sin, iad a dheonú ionas gur féidir úsáid a bhaint as aeriompróirí na Ríochta Aontaithe in imthosca eisceachtúla den sórt sin. Ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann cearta breise a údarú chun seirbhísí aerárthaigh othar a sholáthar freisin,
- (6) Ós rud é gur Rialachán sealadach atá sa Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 30 Meitheamh 2021, nó go dtí go dtiocfaidh comhaontú amach anseo lena gcumhdófar soláthar aersheirbhísí leis an Ríocht Aontaithe a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, arna chaibidil ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i bhfeidhm nó, i gcás ina sonraítear amhlaidh, go dtí go gcuirfear comhaontú den sórt sin i bhfeidhm go sealadach nó, cibé acu is tuisce.
- (7) Chun leibhéal nascachta atá chun tairbhe an dá thaobh a choinneáil ar bun, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le socrúithe margaíochta comhoibrítheacha áirithe i ndáil le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus aeriompróirí an Aontais araon, i gcomhréir le prionsabal na cómhálartachta.
- (8) I bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla agus uathúla a thugann gur gá an Rialachán seo a ghlacadh agus i gcomhréir leis na Conarthaí, is iomchuí don Aontas an inniúlacht roinnte ábhartha atá tugtha dó sna Conarthaí a fheidhmiú go sealadach. Ba cheart aon éifeacht de chuid an Rialacháin seo, áfach, ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Níor cheart an inniúlacht a fheidhmíonn an tAontas a fheidhmiú dá bhrí sin ach amháin i leith thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, scoirfidh an inniúlacht roinnte a fheidhmítear ar an gcaoi sin de bheith á feidhmiú ag an Aontas a luaithe a scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige. I gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE, beidh na Ballstáit, dá bhrí sin, amháin ag an n-óiméad sin, sa staid chéanna maidir lena n-inniúlacht a fheidhmiú agus a bheidís dá mba rud é nár glacadh an Rialachán. Thairis sin, meabhraítear, mar a leagtar amach i bPrótocal Uimh. 25 maidir le hinniúlachtaí roinnte a fheidhmiú atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, nach gcumhdaítear le raon feidhme fheidhmiú inniúlacht an Aontais sa Rialachán seo ach amháin na heilimintí a rialaítear leis an Rialachán seo agus nach gcumhdaítear an réimse go léir leis. Tá inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i leith comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích i réimse an aeriompair le cinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus dlí ábhartha an Aontais á chur i gcuntas, lena n-áirítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe.
- (9) Leis an Rialachán seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit údaruithe a eisiúint chun aersheirbhísí sceidealaithe a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí an Aontais i bhfeidhmiú na gcearta a thugann an Ríocht Aontaithe dóibh a fheidhmiú, ar an gcaoi chéanna le cásanna a tharlaíonn i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta. Níor cheart do na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir aeriompróirí an Aontais i leith na n-údaruithe sin.
- (10) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le bearta a ghlacadh chun cómhálartacht chóir a áirithiú idir na cearta a dheonóidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go haontaobhach ar aeriompróirí a chéile, agus lena áirithiú gur féidir le haeriompróirí an Aontais dul in iomaíocht le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoi réir coinníollacha cothroma i dtaca le haersheirbhísí a sholáthar. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar aernascacht na mBallstát, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na bearta sin a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh cásanna den sórt sin a bhfuil údar cuí leo le cásanna ina mainníonn an Ríocht Aontaithe cearta coibhéiseacha a thabhairt d'aeríompróirí an Aontais agus, ar an gcaoi sin, go mbeidh sé ina chúis le míchothromaíocht fhollasach, nó i gcás ina bhfuil coinníollacha iomaíochta is lú fabhar ná na coinníollacha atá ag aeríompróirí na Ríochta Aontaithe i soláthar seirbhísí aeríompair a chumhdaítear leis an Rialachán seo ina mbagairt ar innharthanacht eacnamaíoch aeríompróirí an Aontais.

- (11) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon bearta sealadacha a leagan síos chun an t-aeríompar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a rialú i gcás nach ann do chomhaontú lena rialófar a gcaidreamh sa todhchaí i réimse na heitlíochta ag deireadh na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (12) I bhfianaise na práinne atá i gceist le deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear thuas, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, le CFAE agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
- (13) Maidir le raon feidhme críochach an Rialacháin seo agus aon tagairt don Ríocht Aontaithe ann, ní áirítear Giobráltar ann.
- (14) Ní dochar an Rialachán seo do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le ceannasacht ar an gcríoch ina bhfuil aerfort Ghiobráltar suite.
- (15) Ba cheart forálacha an Rialacháin seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith acu, i bprionsabal, ón lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse mura mbeidh comhaontú lena rialaítear an caidreamh sa todhchaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimse na heitlíochta tagtha i bhfeidhm nó mura mbeidh feidhm shealadach aige, de réir mar a bheidh, faoin dáta sin. Mar sin féin, chun gur féidir na nósanna imeachta riaracháin riachtanacha a dhéanamh a luaithe is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha áirithe amhail ón dáta a thiofadh an Rialachán seo i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon Feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta sealadacha lena rialaítear an t-aeríompar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis dul in éag na hidirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Airteagal 2

Feidhmiú inniúlachta

1. Beidh feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Rialacháin seo teoranta do thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a shainítear in Airteagal 15(4). Tar éis dheireadh na tréimhse sin, scoirfidh an tAontas den inniúlacht sin a fheidhmiú láithreach de bhun an Rialacháin seo agus beidh na Ballstáit sa staid chéanna maidir lena a n-inniúlacht a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE agus a bheidís dá mba rud é nár glacadh an Rialachán.

2. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Rialacháin seo d'inniúlacht na mBallstát maidir le cearta tráchta in aon chaibidlíocht, síniú nó tabhairt i gcrích atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le haersheirbhísí le haon tríú tír eile, agus leis an Ríocht Aontaithe i leith na tréimhse ar dá éis a scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige.

3. Ní chumhdaítear le feidhmiú inniúlacht an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ach na heilimintí a rialaítear leis an Rialachán seo.
4. Ní dochar an Rialachán seo d'inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais faoi seach i réimse an aeriompair maidir leis na heilimintí seachas na heilimintí sin a rialaítear leis an Rialachán seo. Ní dochar é freisin do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/266 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “aeriompar” paisinéirí, bagáiste, lasta, agus post a iompar in aerárthaí, ar leithligh nó i gcomhcheangal, a chuirtear ar fáil don phobal ar luach saothair nó ar fruiliú, lena n-áirítear aersheirbhísí sceidealta agus neamhsceidealta;
- (2) ciallaíonn “aeriompar idirnáisiúnta” aeriompar a ghabhann tríd an aerspás thar chríoch níos mó ná Stát amháin;
- (3) ciallaíonn “aeriompróir de chuid an Aontais” aeriompróir a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta aige a dheonaigh údarás ceadúnaithe inniúil i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008;
- (4) ciallaíonn “aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe” aeriompróir:
 - (a) a bhfuil a phríomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe; agus
 - (b) a chomhlíonann ceann amháin den dá choinníoll seo a leanas:
 - (i) gur leis an Ríocht Aontaithe agus/nó le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é go héifeachtach, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó; nó
 - (ii) gur le Ballstáit an Aontais agus/nó le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus/nó le Ballstáit eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó le náisiúnaigh na Stát sin, in aon chomhcheangal díobh sin, bídis ina n-aonar nó leis an Ríocht Aontaithe agus/nó le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe, níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é go héifeachtach, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó;
 - (c) sa chás dá dtagraítear i bpointe (b)(ii), a raibh ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ar an lá roimh an gcéad lá de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 15(2);
- (5) ciallaíonn “rialú éifeachtach” caidreamh arb éard atá ann cearta, conarthaí nó aon mhodh eile a thugann an deis, ar leithligh nó go comhpháirteach agus ag féachaint do bhreithnithe an fhíorais nó an dlí lena mbaineann, tionchar cinntitheach a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach ar ghnóthas, ar an gcaoi seo a leanas go háirithe:
 - (a) tríd an gceart sócmhainní uile an ghnóthais, nó cuid díobh, a úsáid;
 - (b) trí chearta nó trí chonarthaí a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar chomhdhéanamh, ar vótáil nó ar chinntí comhlachtaí gnóthais nó a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar shlí eile ar réachtáil ghnó an ghnóthais;
- (6) ciallaíonn “dlí na hiomaíochta” an dlí lena dtugtar aghaidh ar an iompraíocht seo a leanas, i gcás ina bhfeadfaidh sé difear a dhéanamh do sheirbhísí aeriompair:
 - (a) iompraíocht arb é atá inti:
 - (i) comhaontuithe idir aeriompróirí, cinntí a dhéanann comhlachtaí aeriompróirí agus cleachtais chomhbheartaithe a bhfuil sé mar aidhm agus mar éifeacht acu an t-iomaíochas a chosc, a shrianadh, nó a shaobhadh;
 - (ii) mí-úsáidí ceannasachta ag aeriompróir amháin nó níos mó;
 - (iii) bearta a dhéanann nó a choinníonn an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm i gcás gnóthais phoiblí agus gnóthais dá ndeonaíonn an Ríocht Aontaithe cearta speisialta nó eisiacha agus atá contrártha do phointe (i) nó (ii);
 - (b) comhchruinnithe idir aeriompróirí a chuireann bac suntasach ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de thoradh ceannasachta a chruthú nó a neartú;

- (7) ciallaíonn “fóirdheontas” aon ranníocaíocht airgeadais a thugann an rialtas nó aon chomhlacht poiblí eile ar aon leibhéal d’aeríompróir, lena dtugtar sochar, agus lena n-áirítear:
- (a) aistriú díreach cistí, amhail deontais, iasachtaí nó insileadh cothromais, aistriú díreach féideartha cistí, nó glacadh dliteanas, amhail ráthaíochtaí iasachta, instealltaí caipitil, úinéireacht, cosaint i gcoinne féimheachta nó árachas;
 - (b) ioncam a ligean ar ceal nó gan é a bhailiú, ar ioncam é a bheadh dlite murach sin;
 - (c) earraí nó seirbhísí nach bonneagar ginearálta iad a sholáthar, nó earraí nó seirbhísí a cheannach;
 - (d) íocaíochtaí a dhéanamh le sásra maoiniúcháin nó iad a chur ar iontaoibh comhlachta príobháidigh, nó a threorú chuig comhlacht príobháideach, chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a luaitear i bpointí (a), (b) agus (c) a dhéanamh, ar feidhmeanna iad a dhílseofaí don rialtas nó do chomhlacht poiblí eile de ghnáth agus is beag an difear atá idir an cleachtas agus na cleachtais a dhéanann rialtais de ghnáth;
- Ní mheastar go dtugtar aon sochar le rannaíocht airgeadais a dhéanann rialtas nó comhlacht poiblí eile más rud é go ndéanfadh oibreoir sa mhargadh príobháideach agus é dírithe ar fhéidearthachtaí brabúis amháin an ranníocaíocht airgeadais céanna agus a bheadh déanta sa chás céanna ag an gcomhlacht poiblí i gceist;
- (8) ciallaíonn “údarás neamhspleách iomaíochta” údarás atá i gceannas ar dhlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus ar na fóirdheontais a rialú, arb údarás é a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
- (a) tá an t-údarás neamhspleách ó thaobh oibríochta de agus tá na hacmhainní is gá aige chun a chuid cúraimí a dhéanamh;
 - (b) agus a dhualgais á ndéanamh agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, tá ag an údarás an ráthaíocht is gá maidir le neamhspleáchas ar aon tionchar polaitiúil nó ar aon tionchar seachtrach eile, agus gníomhaíonn sé go neamhchlaonta; agus
 - (c) tá cinntí an údaráis faoi réir athbhreithniú breithiúnach;
- (9) ciallaíonn “idirdhealú” aon chineál difreála a dhéantar gan údar oibiachtúil i ndáil le hearraí agus seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, ar earraí agus seirbhísí iad a úsáidtear chun seirbhísí aeriompair a oibriú, nó i ndáil leis an tslí a gcaitheann na húdaráis phoiblí is ábhartha maidir leis na seirbhísí sin leo;
- (10) ciallaíonn “seirbhís aeriompair sceidealta” sraith eitilí a mbaineann na saintréithe seo a leanas leo:
- (a) ar gach eitilt bíonn suíocháin agus/nó toilleadh chun lasta agus/nó post a iompar ar fáil ar féidir leis an bpobal iad a cheannach astu féin (go díreach ón aeríompróir nó óna ghníomhairí údaráithe);
 - (b) oibrítear í chun freastal ar thrácht idir an dá aerfort céanna nó níos mó ná an dá aerfort céanna, cibé:
 - (i) de réir tráthchlár foilsithe; nó
 - (ii) le heitilí a bhíonn ann chomh rialta nó chomh minic sin gur léir gur sraith chórasach iad;
- (11) ciallaíonn “seirbhís aeriompair neamhsceidealaithe” seirbhís aeriompair tráchtála a fheidhmítear seachas mar aersheirbhís sceidealaithe;
- (12) ciallaíonn “críoch an Aontais” críoch talún, uiscí inmheánacha agus uiscí teorann na mBallstát a bhfuil feidhm ag CAE agus CFAE maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, agus an t-aerspás os a gcionn;
- (13) ciallaíonn “críoch na Ríochta Aontaithe” críoch talún, uiscí inmheánacha agus uiscí teorann na Ríochta Aontaithe agus an t-aerspás os a gcionn;
- (14) ciallaíonn “Coinbhinsiún Chicago” an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944.

*Airteagal 4***Cearta tráchta**

1. Féadfaidh iompróirí na Ríochta Aontaithe, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) eitilt thar chríoch an Aontais gan tuirlingt;
 - (b) stadanna a dhéanamh i gcríoch an Aontais chun críoch nach mbaineann le trácht, de réir bhrí Choinbhinsiún Chicago;
 - (c) seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta sceidealaithe agus neamhsceidealaithe a fheidhmiú do phaisinéirí, do chumasc de phaisinéirí agus de lasta agus seirbhísí uile-lastais idir aon dá phointe a bhfuil ceann amháin suite i gcríoch na Ríochta Aontaithe agus an ceann eile suite i gcríoch an Aontais.
2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit caibidlíocht ná ní thabharfaidh siad aon chomhaontú ná socrú déthaobhach i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i dtaca leis an tréimhse a mbeidh feidhm ag an Rialachán seo lena linn. Maidir leis an tréimhse sin, ní dheonóidh siad ar aon slí eile d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe, i dtaca le haeriompar, aon cheart seachas na cearta sin a dheonaítear leis an Rialachán seo.
3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a údarú, ar bhonn *ad hoc* agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go soláthróidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe an méid seo a leanas ina gcríoch:
 - (a) seirbhísí aerárthaigh othar;
 - (b) seirbhísí aeriompair neamhsceidealaithe uile-lastais idir pointí ina gcríoch agus pointí i dtríú tír mar chuid de sheirbhís a bhfuil tionscnamh nó ceann scríbe aici sa Ríocht Aontaithe sa mhéid is gá chun trealamh liachta, vacsaíní agus cógas leighis a iompar ar choinníoll nach ionann iad agus cineál aersheirbhísí sceidealaithe faoi cheilt.

*Airteagal 5***Socrúithe margaíochta comhoibritheacha**

1. Féadfar seirbhísí aeriompair i gcomhréir le hAirteagal 4 a sholáthar trí bhíthin socrúithe maidir le suíocháin in áirithe nó socrúithe códroinnte, mar a leanas:
 - (a) féadfaidh aeriompróir na Ríochta Aontaithe gníomhú mar an t-iompróir margaíochta, le haon iompróir oibriúcháin arb aeriompróir de chuid an Aontais nó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe é, nó le haon iompróir oibriúcháin de chuid tríú tír ag a bhfuil na cearta tráchta is gá faoi dhlí an Aontais nó, de réir mar is infheidhme, faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar aon leis an gceart dá iompróirí na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocrúithe i dtrácht;
 - (b) féadfaidh aeriompróir na Ríochta Aontaithe gníomhú mar an t-iompróir oibriúcháin, le haon iompróir margaíochta arb aeriompróir de chuid an Aontais nó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe é, nó le haon iompróir margaíochta de chuid tríú tír ag a bhfuil na cearta is gá maidir le bealach, faoi dhlí an Aontais nó, de réir mar is infheidhme, faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar aon leis an gceart dá iompróirí na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocrúithe i dtrácht.
2. Ní dhéanfar in aon chás na cearta arna ndeónú d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoi mhír 1 a fhorléiriú mar chearta a thugann d'aeriompróirí tríú tír aon cheart seachas na cearta sin atá acu faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.
3. Má bhaintear leas as socrúithe maidir le suíocháin in áirithe nó socrúithe códroinnte, cibé acu mar iompróir oibriúcháin nó mar iompróir margaíochta, ní bheidh mar thoradh air sin go mbeidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe ag feidhmiú ceart seachas na cearta sin dá bhforáiltear in Airteagal 4(1).

Mar sin féin, ní chuirfear an chéad fhomhír den mhír seo i bhfeidhm ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh cosc ar iompróirí na Ríochta Aontaithe seirbhísí aeriompair a sholáthar idir aon dá phointe a bhfuil ceann acu suite i gcríoch an Aontais agus an ceann eile suite i dtríú tír, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá iompróir na Ríochta Aontaithe ag gníomhú mar iompróir margaíochta faoi shocrú maidir le suíocháin in áirithe nó socrú códroinnte le h-iompróir oibriúcháin a thairbhíonn, faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, de na cearta tráchta is gá agus den cheart chun na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocrúithe atá i dtrácht;

(b) is cuid d'iompar an iompróra sin de chuid na Ríochta Aontaithe an tseirbhís aeriompair atá i dtrácht idir pointe i gcríoch na Ríochta Aontaithe agus an pointe ábhartha i gcríoch an tríú tír lena mbaineann.

4. Ceanglóidh na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na socruithe dá dtagraítear san Airteagal seo a fhorghnó chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus na ceanglais is infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, go háirithe maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil.

Airteagal 6

Léasú aerárthaí

1. Le linn dó na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) a fheidhmiú, féadfaidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe seirbhísí aeriompair a sholáthar lena aerárthaí féin agus i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

- (a) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú gan chriú ó aon léasóir;
- (b) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú le criú ó aon aeriompróir eile de chuid na Ríochta Aontaithe;
- (c) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú le criú ó aeriompróirí d'aon tír seachas an Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis an léasú ar bhonn riachtanais eisceachtúla, riachtanais toillte shéasúracha nó deacrachtaí oibríochta atá ag an léasaí agus nach dtéann tréimhse an léasa thar an tréimhse a bhfuil fíorghá léi chun na riachtanais sin a chomhlíonadh nó chun na deacrachtaí sin a sháru.

2. Ceanglóidh na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na socruithe dá dtagraítear i mír 1 a fhorghnó chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach inti agus na ceanglais is infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, go háirithe maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil.

Airteagal 7

Coibhéis maidir le cearta

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'aeriompróirí an Aontais agus ar na coinníollacha a bhaineann lena bhfeidhmiú.

2. I gcás ina gcinfidh an Coimisiún nach bhfuil na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'aeriompróirí an Aontais coibhéiseach, *de jure* nó *de facto*, leis na cearta a thabharfar d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, nó nach bhfuil na cearta sin ar fáil ar bhonn combhionann d'aeriompróirí uile an Aontais, déanfaidh sé, gan mhoill agus chun an choibhéis a athbhunú, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) teorainneacha a leagan síos ar an acmhainn incheadaithe le haghaidh seirbhísí aeriompair sceidealaithe atá ar fáil d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus ceangal a chur ar na Ballstáit údaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a oiriúnú, idir údaruithe atá ann cheana agus na húdaruithe a deonaíodh le déanaí, dá réir sin;
- (b) a cheangal ar na Ballstáit na húdaruithe oibríochta sin a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm; nó
- (c) dualgais airgeadais nó srianta oibríochta a fhorchur.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 14(3) más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil easpa thromchúiseach coibhéise chun críocha na míre seo, ina n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

Airteagal 8

Iomaíocht chóir

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na coinníollacha faoina rachaidh aeriompróirí agus aerfoirt an Aontais in iomaíocht le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus aerfoirt na Ríochta Aontaithe i dtaca leis na haersheirbhísí a chumhdáitear leis an Rialachán seo a sholáthar.

2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, mar gheall ar aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 3, go bhfuil na coinníollacha sin go suntasach níos mífhábhraí ná na coinníollacha atá ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe, déanfaidh sé, gan mhoill agus chun an cás sin a leigheas, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) teorainneacha a leagan síos ar an acmhainn incheadaithe le haghaidh seirbhísí aeriompair sceidealaithe atá ar fáil d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus ceangal a chur ar na Ballstáit údaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a oiriúnú, idir údaruithe atá ann cheana agus na húdaruithe a deonaíodh le déanaí, dá réir sin;
- (b) a cheangal ar na Ballstáit na húdaruithe oibríochta sin a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm maidir le haeriompróirí uile na Ríochta Aontaithe nó roinnt díobh; nó
- (c) dualgais airgeadais nó srianta oibríochtúla a fhorchur.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 14(3) más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil bagairt ar innharthanacht eacnamaíoch oibríochta amháin nó níos mó de chuid aeriompróirí an Aontais, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh, faoi na coinníollacha a shonraítear sa mhír sin, chun na cásanna seo a leanas a leigheas:

- (a) fóirdheontais arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe;
- (b) gan dlí na hiomaíochta a bheith i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go héifeachtach ag an Ríocht Aontaithe;
- (c) gan údarás iomaíochta neamhspleách a bheith curtha ar bun ná coinnithe ar bun ag an Ríocht Aontaithe;
- (d) caighdeáin maidir le cosaint oibrithe, an tsábháilteacht, an slándáil, an comhshaol, nó cearta paisinéirí, atá níos laige ná na cinn a leagtar síos i ndlí an Aontais a bheith curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe nó, in éagmais forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, caighdeáin nó cearta atá níos laige ná na cinn a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit uile nó, i gcás ar bith, níos laige ná caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha;
- (e) aon chineál idirdhealaithe i gcoinne aeriompróirí an Aontais.

4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, aeriompróirí na Ríochta Aontaithe nó aerfoirt na Ríochta Aontaithe. I gcás nach gcuirfidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, aeriompróir na Ríochta Aontaithe nó aerfort na Ríochta Aontaithe an fhaisnéis a iarraidh ar fáil faoi cheann tréimhse ama réasúnta arna forordú ag an gCoimisiún, nó ina gcuirfidh siad faisnéis neamhiomlán ar fáil, féadfaidh an Coimisiún déanamh i gcomhréir le mír 2.

5. Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (7) maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 9

Údarú oibríochta

1. Gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta i réimse na sábháilteachta eitlíochta, chun na cearta a dheonaítear dóibh faoi Airteagal 4 a fheidhmiú, cuirfear de cheangal ar aeriompróirí na Ríochta Aontaithe údarú oibríochta a fháil ó gach Ballstát ina dteastaíonn uathu oibriú.

2. Tar éis dóibh iarratas ar údarú oibríochta a fháil ó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-údarú oibríochta iomchuí a dheonú gan moill mhíchúí, ar choinníoll:

- (a) go bhfuil ceadúnas oibríochta bailí arna eisiúint i gcomhréir le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ag aeriompróir na Ríochta Aontaithe is iarratasóir; agus
- (b) go ndéanann an Ríocht Aontaithe rialú rialála éifeachtach ar aeriompróir na Ríochta Aontaithe is iarratasóir agus go gcoinníonn sí ar bun é, go n-aithnítear an t-údarás inniúil go soiléir agus go bhfuil deimhniú aeroibreora atá tugtha ag an údarás sin ag aeriompróir na Ríochta Aontaithe.

(7) Rialachán (AE) 2019/712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 (IO L 123, 10.5.2019, lch. 4).

3. Gan dochar don ghá atá ann go leor ama a thabhairt chun na measúnuithe riachtanacha a dhéanamh, beidh aeriompróirí na Ríochta Aontaithe i dteideal a n-iarratais ar údaruithe oibríochta a chur isteach ón lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Beidh sé de chumhacht ag na Ballstáit na hiarratais sin a fhorghas amhail ón lá sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis an bhformheas sin. Mar sin féin, ní bheidh éifeacht ag aon údaruithe a dheonófar ar an gcaoi sin níos túisce ná an chéad lá de chur i bhfeidhm an Rialacháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 15(2).

Airteagal 10

Pleananna, cláir agus sceidil oibríochtúla

1. Cuirfidh aeriompróirí na Ríochta Aontaithe pleananna, cláir agus sceidil oibríochtúla maidir le haersheirbhísí isteach lena bhformheas chuig údaráis inniúla gach Ballstáit lena mbaineann. Déanfar aon chur isteach den sórt sin 30 lá ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí. Aon chur isteach maidir le soláthar aersheirbhísí atá le tarlú in Eanáir 2021, déanfar é ar an dáta is luaithe is féidir roimh thús na n-oibríochtaí.

2. Faoi réir Airteagal 9, féadfar na pleananna, cláir agus sceidil oibríochtúla do shéasúr IATA atá ann ar an gcéad lá a chuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm, dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 15(2), agus na cinn sin don chéad séasúr eile dá éis sin a chur isteach agus a fhorghas roimh an dáta sin.

3. Leis an Rialachán seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit údaruithe a eisiúint chun aersheirbhísí sceidealaithe a bheith á n-oibriú ag iompróirí an Aontais i bhfeidhmíú na gceart a thugann an Ríocht Aontaithe dóibh. Ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú idir iompróirí an Aontais i leith na n-údaruithe sin.

Airteagal 11

Údarú a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú

1. Diúltóidh na Ballstáit údarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe, nó de réir an cháis, déanfaidh siad é a chúlghairm nó a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) ní cháilíonn an t-aeriompróir mar aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo; nó

(b) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9(2).

2. Déanfaidh na Ballstáit coinníollacha maidir le húdarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, a theorannú nó a fhorchur, nó déanfaidh siad coinníollacha maidir lena oibríochtaí a theorannú nó a fhorchur in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) ní chomhlíontar na ceanglais sábháilteachta agus slándála is infheidhme;

(b) ní chomhlíontar na ceanglais is infheidhme maidir le haerárthaí a bheidh ag gabháil don aeriompar a ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, maidir leis na haerárthaí sin a bheidh ag oibriú laistigh den chríoch sin nó maidir leis na haerárthaí sin a bheidh ag imeacht as an gcríoch sin;

(c) ní chomhlíontar na ceanglais is infheidhme maidir le paisinéirí, criú, bagáiste, lasta agus/nó post (lena n-áirítear rialacháin maidir le hiontráil, imréiteach, inimirce, pasanna, custaim agus coraintín, nó i gcás poist, rialacháin maidir le post) a ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, maidir leis an méid sin a bheidh ag oibriú laistigh den chríoch sin agus maidir leis an méid sin a bheidh ag imeacht as an gcríoch sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit coinníollacha maidir le húdaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, a theorannú nó a fhorchur, nó déanfaidh siad coinníollacha maidir lena n-oibríochtaí a theorannú nó a fhorchur, i gcás ina gceanglóidh an Coimisiún orthu sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7 nó 8.

4. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon chinntí údarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a dhiúltú nó a chúlghairm de bhun mhíreanna 1 agus 2, gan moill mhíchuí.

*Airteagal 12***Deimhnithe agus ceadúnais**

Maidir le deimhnithe aeracmhainneachta, deimhnithe inniúlachta agus ceadúnais arna n-eisiúint nó arna mbailíochtú ag an Ríocht Aontaithe atá i bhfeidhm fós, aithneoidh na Ballstáit go mbeidh na deimhnithe sin agus na ceadúnais sin bailí chun seirbhísí aeriompair a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, ar choinníoll gur eisíodh agus gur bailíochtaíodh na deimhnithe sin agus na ceadúnais sin de bhun na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, ar a laghad, a bunaíodh faoi Choinbhinsiún Chicago agus i gcomhréir leis na caighdeán sin.

*Airteagal 13***Comhairliúchán agus comhar**

1. Rachaidh údarais inniúla na mBallstát i gcomhairle agus i gcomhar le húdarais inniúla na Ríochta Aontaithe de réir mar is gá chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú.
2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin orthu, gan aon mhoill mhíchúí, aon fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 den Airteagal seo nó aon fhaisnéis eile is ábhartha chun Airteagail 7 agus 8 a chur chun feidhme.

*Airteagal 14***Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 15***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 9(3) agus 10(2) ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má tá comhaontú lena rialaítear go cuimsitheach soláthar aeriompair leis an Ríocht Aontaithe, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, tagtha i bhfeidhm nó má tá feidhm shealadach aige, de réir mar a bheidh, faoin dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2.

4. Scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige ar an dáta is luaithe de na dátaí seo a leanas:

(a) 30 Meitheamh 2021;

(b) an dáta a thiocfaidh comhaontú dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm nó, de réir mar a bheidh, an dáta óna gcuirfear i bhfeidhm é go sealadach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

RIALACHÁN (AE) 2020/2226 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Nollaig 2020

maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht eitlíochta i ndáil le deireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽²⁾ (an “Comhaontú um Tharraingt Siar”) i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽³⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (an “idirthréimhse”), ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d’fheidhm a bheith aige maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ríocht Aontaithe) agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.
- (2) Is é príomhchuspóir Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta a chur ar bun agus a choinneáil ar bun san Aontas. Chun na críche sin, bunaíodh córas deimhnithe le haghaidh gníomhaíochtaí eitlíochta éagsúla, chun an leibhéal riachtanach sábháilteachta a ghnóthú agus chun gur féidir na fíoraithe riachtanacha a dhéanamh agus na deimhnithe arna n-eisiúint a ghlacadh go frithpháirteach.
- (3) I réimse na sábháilteachta eitlíochta, is trí bhearta éagsúla a fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí dheireadh na hidirthréimhse maidir le deimhnithe agus formheasanna i gcás nach bhfuil comhaontú ann chun an caidreamh sábháilteachta eitlíochta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a leagan amach. Áirítear ar na bearta sin deimhniú arna eisiúint ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (an “Gníomhaireacht”) a aistriú chuig údarás eitlíochta sibhialta de chuid ceann de na Ballstáit, agus iarratas ar an deimhniú, roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar dheimhniú é a mbeidh feidhm leis ón lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽²⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

- (4) Mar sin féin, i gcás deimhnithe áirithe, ní mór bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí dheireadh na hidirthréimhse. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás deimhnithe deartha arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht roimh dheireadh na hidirthréimhse i leith eagraíochtaí deartha a bhfuil a bpríomhionad gnó acu sa Ríocht Aontaithe, nó i gcás eagraíochtaí deartha den sórt sin arna bhformheas ag an nGníomhaireacht. Go dtí an dáta sin, bhí feidhmeanna agus cúraimí “Stát an deartha” á ndéanamh ag an nGníomhaireacht thar ceann na Ríochta Aontaithe faoin gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta agus faoi na hlarscríbhinní a ghabhann leis, dá bhforáiltear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) 2018/1139. Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, glacfaidh Údarás um Eitlíocht Shibhialta na Ríochta Aontaithe feidhmeanna agus cúraimí “Stát an deartha” maidir leis an Ríocht Aontaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an athrú sin, tá reachtaíocht achtaithe ag an Ríocht Aontaithe lena meastar, i gcás gur eisíodh deimhnithe deartha roimh an idirthréimhse, gur eisíodh na deimhnithe deartha sin faoi dhlíthe na Ríochta Aontaithe agus gabhfaidh éifeacht leo sin ó dheireadh na hidirthréimhse.
- (5) Tá gá le bearta sonracha ó thaobh an Aontais chun a áirithiú, a mhéid a bhaineann le haerárthaí atá cláraithe san Aontas, go leanfaidh na dearaí a cumhdaíodh le deimhnithe deartha den sórt sin de bheith cumhdaithe ag deimhnithe deartha a rialaítear le Rialachán (AE) 2018/1139, tar éis dheireadh na hidirthréimhse. Ba cheart go bhfágfar leis na bearta sonracha sin go mbeidh na hoibreoírí aerárthaí lena mbaineann in ann leanúint d’úsáid a bhaint as na táirgí atá i gceist. Is gá foráil a dhéanamh, dá bhrí sin, go measfar gur eisigh an Gníomhaireacht na deimhnithe deartha lena gcumhdaítear na dearaí sin, nó de réir mar a bheidh, eagraíochtaí deartha arna bhformheas ag an nGníomhaireacht, agus go ngabhfaidh éifeacht leo sin ón lá i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse. I Rialachán (AE) 2018/1139 agus i ngníomhartha ábhartha an Choimisiúin tá deimhnithe deartha den sórt sin beartaithe, arna n-eisiúint ar an mbonn go gcláraítear an t-aerárthach atá i gceist i mBallstát, cé gurb í tríú tír Stát a dheartha.
- (6) Is gá a shoiléiriú go bhfuil na deimhnithe deartha sin faoi réir na rialacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sna gníomhartha ábhartha cur chun feidhme agus tarmligthe arna nglacadh dá bhua nó de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, go háirithe na cinn sin is infheidhme maidir le deimhniú deartha agus faisnéis éigeantach leanúnach maidir le haeracmhainneacht.
- (7) I bhfianaise na práinne atá i gceist le deireadh na hidirthréimhse, meastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.
- (8) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta a choinneáil ar bun san Aontas, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le príonsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (9) Ba cheart práinn a bheith le teacht i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart feidhm a bheith acu ón lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse, mura rud é go mbeidh tagtha i bhfeidhm, nó tagtha i bhfeidhm go sealadach, faoin dáta sin comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe lena rialaítear ábhair sábháilteachta don eitlíocht shibhialta a bhaineann le deimhnithe deartha a dtugtar aghaidh orthu sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha sonracha, i bhfianaise dheireadh na hidirthréimhse, maidir le deimhnithe sábháilteachta eitlíochta áirithe arna n-eisiúint faoi Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 nó (AE) 2018/1139 do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil a bpríomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe.

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1).

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na deimhnithe deartha a liostaítear san Iarscríbhinn a bheidh bailí an lá roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a d'eisigh an Ghníomhaireacht do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil a bpríomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe nó d'eagraíocht deartha a bhfuil a príomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin i ndáil le haerárthaí atá cláraithe san Aontas.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag sainmhínithe comhfhreagracha i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 agus sna gníomhartha tarmiligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Rialachán sin agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 216/2008.

Airteagal 3

Bailíocht deimhnithe

Measfar gur eisíodh na deimhnithe deartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), agus éifeacht a bheith ag gabháil leo, ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 5(2):

- (1) ón nGníomhaireacht, i ndáil leis na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a d'eisigh an Ghníomhaireacht;
- (2) ó eagraíocht arna formheas ag an nGníomhaireacht, i ndáil leis na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a d'eisigh eagraíocht deartha arna formheas ag an nGníomhaireacht.

Airteagal 4

Rialacha agus oibleagáidí maidir le deimhnithe atá faoi réir Airteagal 3

1. Maidir leis na deimhnithe atá faoi réir Airteagal 3 den Rialachán seo, tá siad faoi réir na rialacha is infheidhme maidir leo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha ábhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha ábhartha tarmiligthe arna nglacadh de bhua an Rialacháin sin nó de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, go háirithe de bhua Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
2. Beidh ag an nGníomhaireacht na cumhachtaí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sna gníomhartha cur chun feidhme ábhartha agus leis na gníomhartha tarmiligthe ábhartha arna nglacadh faoin Rialachán sin agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 maidir le heintitis a bhfuil a bpríomhionad gnó i dtríú tír.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo más rud é, maidir le comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe lena rialaítear ábhair sábháilteachta don eitleocht shibhialta a bhaineann leis na deimhnithe deartha dá dtagraítear in Airteagal 1 (2) den Rialachán seo, go dtagann an comhaontú sin i bhfeidhm nó, atá curtha i bhfeidhm go sealadach, de réir mar a bheidh, faoin dáta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aerfhiúntas agus deimhniú comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniú d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

LIOSTA NA nDEIMHNITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

1. Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ⁽¹⁾ ón gCoimisiún, Iarscríbhinn I, Cuid 21, Roinn A, Fochuid B (Deimhnithe cineáil agus deimhnithe cineáil srianta)
2. Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, Iarscríbhinn I, Cuid 21, Roinn A, Fochuid D (Athruithe ar dheimhnithe cineáil agus ar dheimhnithe cineáil srianta)
3. Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, Iarscríbhinn I, Cuid 21, Roinn A, Fochuid E (Deimhnithe cineáil forlíontacha)
4. Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, Iarscríbhinn I, Cuid 21, Roinn A, Fochuid M (Deisiúcháin)
5. Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, Iarscríbhinn I, Cuid 21, Roinn A, Fochuid O (Údaruithe de réir Ordú um Chaighdeán Teicniúil Eorpach)
6. Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, Iarscríbhinn I, Cuid 21, Roinn A, Fochuid J (Formheasanna eagraíochtaí dearaidh)

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aerfhiúntas agus deimhní comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhní d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

RIALACHÁN (AE) 2020/2227 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Nollaig 2020

Iena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 a mhéid a bhaineann le húdaruíthe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta shoithí na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe isteach fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).
- (2) Sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽²⁾ (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”) tá socrúithe chun forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d’fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. Beidh feidhm ag an gComhbheartas Iascaigh (CBI) maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus scoirfidh sé d’fheidhm a bheith aige an 31 Nollaig 2020.
- (3) Nuair a scoirfidh feidhm de bheith ag CBI maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, ní bheidh uiscí na Ríochta Aontaithe (an fharraige teorann agus an limistéar eacnamaíoch eisiach máguaird) mar chuid d’uiscí an Aontais a thuilleadh. Dá réir sin, in éagmais comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina bhfuil forálacha maidir le hiascaigh, tá an baol ann nach mbeidh na deiseanna iascaireachta a d’fhéadfadh a bheith ar fáil don bhliain 2021 ag soithí iascaireachta an Aontais ná soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe.
- (4) Chun inbhuanaitheacht an iascaigh a áirithiú agus i bhfianaise thábhacht an iascaigh le haghaidh slí bheatha eacnamaíoch cuid mhór pobal san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, ba cheart an deis a choinneáil ar bun socrúithe a dhéanamh le go mbeidh rochtain chómhálartach ag soithí iascaireachta an Aontais agus ag soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe ar uiscí a chéile tar éis an 31 Nollaig 2020. Is é cuspóir an Rialacháin seo an creat dlíthiúil iomchuí le haghaidh rochtain chómhálartach den sórt sin a chruthú.
- (5) Maidir le raon feidhme críochach an Rialacháin seo agus aon tagairt don Ríocht Aontaithe ann, ní áirítear Giobráltar ann.
- (6) Tá na deiseanna iascaireachta don bhliain 2021 le bunú ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 61 agus 62 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ⁽³⁾ á gcomhlíonadh go hiomlán. Chun saothrú inbhuanaithe ar bheo-acmhainní muirí agus cobhsaíocht laistigh d’uiscí an Aontais agus d’uiscí na Ríochta Aontaithe a áirithiú, socrófar na leithdháiltí agus na scaireanna cuótaí maidir leis na Ballstáit agus leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid an Aontais agus na Ríochta Aontaithe faoi seach.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽²⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽³⁾ Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 3).

- (7) I bhfianaise phatrúin iascaireachta sheanbhunaithe shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais agus a mhalairt agus chun rochtain chómhalmartach a fháil ar uiscí, ba cheart don Aontas foráil a dhéanamh maidir le sásra do shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe chun rochtain a fháil ar uiscí an Aontais trí bhithin údaruithe, chun bheith in ann iascaireacht a dhéanamh ar na scaireanna cuóta a leithdháilfear ar an Ríocht Aontaithe, faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le soithí iascaireachta an Aontais. Níor cheart údaruithe iascaireachta den sórt sin a dheonú ach amháin má leanann agus a mhéid a leanann an Ríocht Aontaithe de bheith ag cur údaruithe ar fáil do shoithí iascaireachta an Aontais chun leanúint d'iascaireacht a dhéanamh laistigh d'uiscí na Ríochta Aontaithe.
- (8) I Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) leagtar amach na rialacha maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí agus údaraithe a bhainistiú le haghaidh soithí iascaireachta in uiscí faoi cheannasacht nó faoi dhlínse tríú tír agus do shoithí iascaireachta tríú tír agus iad i mbun oibríochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais.
- (9) I Rialachán (AE) 2017/2403 leagtar síos rialacha maidir le hoibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tír lasmuigh de chreat comhaontaithe, agus déantar foráil ann go bhféadfaidh Ballstát brataí údaruithe díreacha a dheonú agus bunaítear na coinníollacha agus na nósanna imeachta le haghaidh deonú údaruithe den sórt sin. Ag cur san áireamh líon shoithí iascaireachta an Aontais a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe, bheadh moilleanna nach beag ann mar gheall ar na coinníollacha agus na nósanna imeachta sin agus bheadh ualach breise riaracháin ann in éagmais comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina bhfuil forálacha maidir le hiascaigh. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus nósanna imeachta sonracha chun eisiúint na n-údaruithe do shoithí iascaireachta an Aontais ag an Ríocht Aontaithe a éascú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a oibriú in uiscí na Ríochta Aontaithe.
- (10) Is gá maolú ar na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le soithí iascaireachta tríú tír agus foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus nósanna imeachta sonracha lena dtugtar cead don Aontas údaruithe a eisiúint do shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe chun gníomhaíochtaí iascaireachta a oibriú in uiscí an Aontais.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/2403 a leasú dá réir.
- (12) Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar an 31 Nollaig 2020. In éagmais comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe arna thabhairt i gcrích ina bhfuil forálacha maidir le hiascaigh, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Mar bheart teagmhasachta, ba cheart feidhm a bheith aige go dtí an dáta is luaithe de na dátaí seo a leanas: an 31 Nollaig 2021 nó an dáta a thiocfaidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina bhfuil forálacha maidir le hiascaigh i bhfeidhm nó a mbeidh feidhm shealadach aige.
- (13) I bhfianaise an ghá atá ann an Rialachán seo a ghlacadh roimh an lá a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus i bhfianaise an ghá atá ann foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta chun oibríochtaí iascaireachta inbhuanaithe a údarú in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais ar bhonn na cómhalmartachta faoin lá sin ar a dhéanaí, d'fhonn scor tobann oibríochtaí iascaireachta a sheachaint, measadh gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
- (14) Chun go mbeidh oibreoirí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon in ann leanúint de bheith ag iascaireacht, níor cheart údaruithe iascaireachta le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais a dheonú ar shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe ach amháin má mheasann an Coimisiún, agus ag brath ar a mhéid a mheasann sé, go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe cearta rochtana a dheonú do shoithí iascaireachta an Aontais chun dul i mbun oibríochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe ar bhonn na cómhalmartachta,

(*) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2403

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 mar a leanas:

(1) i gCaibidil II de Theideal II, cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

“Roinn 4

Oibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an aontais in uiscí na ríochta aontaithe

Airteagal 18a

Raon feidhme

De mhaolú ar Roinn 3, beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe.

Airteagal 18b

Sainmhíniú

Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn ‘uiscí na Ríochta Aontaithe’ uiscí faoi cheannasacht nó faoi dhlínse na Ríochta Aontaithe arna mbunú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

Airteagal 18c

An nós imeachta maidir le húdarú iascaireachta a fháil ón Ríocht Aontaithe

1. Ballstát brataí a d’fhóirigh go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 á gcomhlíonadh, cuirfidh sé an t-iarratas comhfhreagrach nó liosta na n-iarratas ar údarú iascaireachta ón Ríocht Aontaithe chuig an gCoimisiún.
2. I ngach iarratas nó liosta iarratas, beidh an fhaisnéis arna hiarraidh ag an Ríocht Aontaithe le haghaidh údarú iascaireachta a eisiúint, agus í leagtha amach san fhormáid is gá, arna cur in iúl ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún.
3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis agus an fhormáid dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do na Ballstáit. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh a chur chuig an mBallstát brataí chun aon fhaisnéis bhreise is gá a fháil chun a fhóirú go bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcomhlíonadh.
4. Má chinneann an Coimisiún, ar an iarratas nó ar aon fhaisnéis bhreise a iarrtar de bhun mhír 3 a fháil, go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 á gcomhlíonadh, cuirfidh sé an t-iarratas ar aghaidh chuig an Ríocht Aontaithe gan mhoill.
5. A luaithe a chuireann an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas go bhfuil cinneadh déanta aici údarú iascaireachta do shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais a eisiúint nó a dhiúltú, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát brataí ar an eolas láithreach dá réir sin.
6. Ní fhéadfaidh Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint ach amháin d’oibríochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe tar éis é a chur ar an eolas gur chinn an Ríocht Aontaithe údarú a eisiúint don soitheach iascaireachta ábhartha Aontais.
7. Ní chuirfear tús le hoibríochtaí iascaireachta go dtí go mbeidh údarú iascaireachta eisithe ag an mBallstát brataí agus ag an Ríocht Aontaithe araon.
8. I gcás ina gcuireann an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas go bhfuil cinneadh déanta aici údarú iascaireachta i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát brataí ar an eolas láithreach dá réir sin. Déanfaidh an Ballstát sin a údarú iascaireachta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i dtaca le hoibríochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe dá réir sin.

9. I gcás ina gcuireann an Ríocht Aontaithe an Ballstát brataí ar an eolas ar bhonn díreach go bhfuil cinneadh déanta aici údarú iascaireachta do shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais a eisiúint, a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, cuirfidh an Ballstát brataí an Coimisiún ar an eolas dá réir sin láithreach. Déanfaidh an Ballstát sin a údarú iascaireachta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i dtaca le hoibríochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe dá réir sin.

Airteagal 18d

Faireachán

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar eisiúint na n-údaruithe iascaireachta ón Ríocht Aontaithe d'oibreoirí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe.”;

(2) cuirtear isteach an Teideal seo a leanas:

“TEIDEAL IIIa

OIBRÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A DHÉANANN SOITHÍ IASCAIREACHTA NA RÍOCHTA AONTAITHE IN UISCÍ AN AONTAIS

Airteagal 38a

Raon feidhme

De mhaolú ar Theideal III, beidh feidhm ag an Teideal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais.

Airteagal 38b

Oibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe

Féadfaidh soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais, ar choinníoll go ndéanfaítear rochtain do shoithí an Aontais chun oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí na Ríochta Aontaithe ar bhonn na cómhgartachta.

Airteagal 38c

Prionsabail ghinearálta

1. Ní dhéanfaidh soitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe oibríochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais murar eisigh an Coimisiún údarú iascaireachta don soitheach sin. Ní eiseofar an t-údarú sin dó ach amháin má chomhlíonann sé na critéir incháilitheachta a leagtar amach i mír 2.
2. Féadfaidh an Coimisiún údarú iascaireachta a eisiúint do shoitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe más amhlaidh an méid seo a leanas:
 - (a) go bhfuil ceadúnas iascaireachta bailí ag an soitheach iascaireachta arna eisiúint ag údarás inniúil na Ríochta Aontaithe;
 - (b) go bhfuil an soitheach iascaireachta liostaithe ag an Ríocht Aontaithe ar chlár cabhlaigh a bhfuil rochtain ag an gCoimisiún air;
 - (c) go ndéanann an soitheach iascaireachta agus aon soitheach tacaíochta gaolmhar an scéim ábhartha uimhreach aitheantais long de chuid EMI a chur i bhfeidhm a mhéid a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais;
 - (d) nach n-áirítear an soitheach iascaireachta ar liosta de shoithí NNN, ar liosta é a ghlac RFMO agus/nó an tAontas de bhun Rialachán NNN;
 - (e) nach bhfuil an Ríocht Aontaithe liostaithe mar thír neamh-chomhoibríoch de bhun Rialachán NNN ná mar thír a chheadaíonn deiseanna iascaireachta neamh-inbhuanaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012; agus
 - (f) go bhfuil deiseanna iascaireachta ar fáil don Ríocht Aontaithe.
3. Soitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe atá údaraithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais, comhlíonfaidh sé na rialacha faoina rialaítear na hoibríochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais sa limistéar iascaireachta ina bhfuil sé ag oibriú.

*Airteagal 38d***Nós imeachta maidir le húdaruithe iascaireachta a fháil**

1. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe chuig an Coimisiún an t-iarratas nó liosta na n-iarratas ar údaruithe le haghaidh a cuid soitheach iascaireachta.
2. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an Ríocht Aontaithe, ar faisnéis í atá riachtanach chun a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 38c(2).
3. Nuair a shuítear go bhfuil na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 38b agus Airteagal 38c(2) á gcomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún údarú iascaireachta a eisiúint agus cuirfidh sé an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas dá réir gan mhoill.

*Airteagal 38e***Údaruithe iascaireachta a bhainistiú**

1. I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 38b agus Airteagal 38c(2) a thuilleadh, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear chun an t-údarú a leasú nó a tharraingt siar agus cuirfidh sé an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas dá réir.
2. Féadfaidh an Coimisiún eisiúint údaruithe a dhiúltú nó a chur ar fionraí nó féadfaidh sé aon údarú arna eisiúint do shoitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe a tharraingt siar in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás inar tháinig athrú ó bhonn ar chúinsí, go háirithe maidir le rochtain chómhálartach ar uiscí na Ríochta Aontaithe ag soithí iascaireachta an Aontais;
 - (b) i gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ann do shaothrú, do bhainistiú agus do chaomhnú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíoch a muirí;
 - (c) i gcás ina bhfuil sé bunriachtanach chun iascaireacht NNN a chosc nó a shochtadh;
 - (d) i gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí ar bhonn thorthaí a chuid gníomhaíochtaí faireacháin de bhun Airteagal 18d;
 - (e) i gcás ina ndíulthaíonn an Ríocht Aontaithe go míchuí an t-údarú do shoitheach iascaireachta an Aontais oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí na Ríochta Aontaithe nó i gcás ina ndéanann sí an t-údarú sin a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go míchuí.
3. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe ar an eolas láithreach i gcás ina ndéanann sé údarú a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, i gcomhréir le mír 2.

*Airteagal 38f***Deireadh a chur le hoibríochtaí iascaireachta**

1. I gcás ina meastar go bhfuil na deiseanna iascaireachta a deonaíodh don Ríocht Aontaithe ídithe, tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach faoin méid sin don Ríocht Aontaithe agus d'údaráis chigireachta inniúla na mBallstát. D'fhonn a áirithiú go leanfar d'oibríochtaí iascaireachta na ndeiseanna iascaireachta neamhídithe, oibríochtaí lena bhféadfaí difear a dhéanamh do na deiseanna iascaireachta ídithe freisin, iarrfaidh an Coimisiún ar an Ríocht Aontaithe bearta teicniúla a chur in iúl dó, bearta lena gcuirtear cosc ar aon tionchar diúltach ar na deiseanna iascaireachta ídithe.
2. Na húdaruithe iascaireachta a eisíodh do na soithí iascaireachta atá faoi bhratach na Ríochta Aontaithe, measfar go bhfuil siad ar fionraí, ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, le haghaidh na n-oibríochtaí iascaireachta lena mbaineann agus ní bheidh cead ag na soithí iascaireachta na hoibríochtaí iascaireachta sin a dhéanamh a thuilleadh.
3. Measfar gur tarraingíodh údaruithe iascaireachta siar más rud é go mbaineann fionraí údaruithe iascaireachta i gcomhréir le mír 2 leis na hoibríochtaí iascaireachta uile ar deonaíodh na húdaruithe ina leith.

*Airteagal 38g***Ró-iascaireacht cuótaí in uiscí an Aontais**

I gcás ina suífidh an Coimisiún gur sháraigh an Ríocht Aontaithe na cuótaí stoic nó na cuótaí do ghrúpa stoc a leithdháileadh uirthi, déanfaidh an Coimisiún asbhaintí ó chuótaí eile a leithdháileadh ar an Ríocht Aontaithe. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall a áirithiú go mbeidh méid na hasbhainte comhsheasmhach le méid na n-asbhaintí a forchuireadh ar Bhallstáit i gcúinsí comhchosúla.

*Airteagal 38h***Rialú agus forfheidhmiú**

1. Soitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe atá údaraithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais, comhlíonfaidh sé na rialacha rialúcháin faoina rialaítear oibríochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais sa limistéar iascaireachta ina n-oibríonn sé.
2. Soitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe atá údaraithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais, soláthróidh sé don Choimisiún nó don chomhlacht a d'ainmnigh an Coimisiún agus, más ábhartha, don Bhallstát cósta, na sonraí sin a cheanglaítear ar shoithí iascaireachta an Aontais a chur chuig an mBallstát brataí faoin Rialachán um Rialú.
3. Déanfaidh an Coimisiún, nó an comhlacht a d'ainmnigh sé, na sonraí arna bhfáil i gcomhréir le mír 2 a chur chuig an mBallstát cósta.
4. Soitheach iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe atá údaraithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais, soláthróidh sé, arna iarraidh sin, don Choimisiún nó don chomhlacht a d'ainmnigh an Coimisiún, tuarascálacha na mbreathnóirí a táirgeadh faoi na cláir bhreathnóirí is infheidhme.
5. Déanfaidh Ballstát cósta aon sárú a rinne soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear na smachtbhannaí gaolmhara, a thaifeadh sa chláir náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 93 den Rialachán um Rialú.”.

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar go dtí an dáta is luaithe de na dátaí seo a leanas:
 - (a) 31 Nollaig 2021;
 - (b) an dáta a thiocfaidh comhaontú lena rialaítear iascach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina bhfuil forálacha maidir le hiascaigh i bhfeidhm nó a bheidh feidhm shealadach aige.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, áfach, má thagann an comhaontú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 i bhfeidhm nó má chuirtear i bhfeidhm go sealadach é faoi dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2020/2228 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Nollaig 2020

maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa teachtaireacht uaidh an 11 Nollaig 2019, dar teideal “Comhaontú Glas don Eoraip” (“Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip”), leag an Coimisiún amach Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh an Aontais agus a chuid saoránach. Is straitéis nua fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm leis an tAontas a chlaochlú ina shochoaí chóir agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní.
- (2) Sna conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019, d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050.
- (3) Sa rún uaithi an 15 Eanáir 2020, chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus d’iarr sí go ndéanfaí an t-aistriú riachtanach chuig sochoaí atá neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050.
- (4) I gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais, go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta. Is é an t-iompar is cúis le ceathrú cuid d’astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, sciar atá ag fás go fóill. Chun neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Le hiompar inbhuanaithe agus idirmhódúil a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d’úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, inrochtana, níos sláintiúla, níos glaine agus níos fuinneamhéifeachtúla a chur ar fáil dóibh ná na nósanna soghluaisteachta atá acu faoi láthair agus ag an am céanna, spreagadh a thabhairt dóibh siúd a úsáideann modhanna iompair inbhuanaithe cheana féin, amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.
- (5) Tugtar le tuiscint sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear dlús leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste chun dul i ngleic leis na dúshlán sin. Go háirithe, ba cheart sciar mór den 75 % de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig na hiarnróid agus chuig uiscebhealaí intíre. Tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha don aistriú sin, lena n-áirítear infheistíochtaí arna ndéanamh i gcomhthéacs an téarnaimh, agus bainfidh cuid bhunriachtanach díobh leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a chur chun feidhme agus le hiarrachtaí éifeachtúlacht na gConairí Lasta Iarnróid a mhéadú.

⁽¹⁾ IO C 364, 28.10.2020, lch. 149.

⁽²⁾ Tuairim an 14 Deireadh Fómhair 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 17 Nollaig 2020.

- (6) Tá ról tábhachtach le himirt ag iompar ar iarnróid chun an tsochaí a chur ar mhalaírt slí maidir le cuspóir na neodrachta ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050. Tá sé ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is fuinneamhéifeachtúla. Tá na hiarnróid leictirthe den chuid is mó agus astaíonn siad i bhfad níos lú CO₂ ná taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleán. Is é an t-aon mhodh iompair inar laghdaíodh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na hastaíochtaí CO₂ uaidh ar bhonn comhsheasmhach ó bhí 1990 ann. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar an tomhaltas fuinnimh ón iompar ar iarnród idir 1990 agus 2016 agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh.
- (7) Tá earnáil an iompair buailte go han-dona ag géarchéim COVID-19. In ainneoin srianta oibríochtúla agus airgeadais, choinnigh an earnáil naisc ríthábhachtacha chun daoine agus earraí bunriachtanacha araon a iompar. Bhíodas in ann an méid sin a dhéanamh a bhí leis na fostaithe a lean de bheith ag obair faoi dhálaí deacra agus neamhchinnte. Cuireadh chun suntais leis an ról straitéiseach a bhí ag iompar ar iarnród le linn ghéarchéim COVID-19 go bhfuil gá leis an limistéar Eorpach aonair iarnróid, arna bhunú le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), a bhaint amach chun soláthar earraí riachtanacha amhail bia, cógais agus breoslaí, go háirithe in imthosca eisceachtúla, a éascú, agus chun cuspóirí níos leithne maidir le beartas iompair a bhaint amach.
- (8) Trí phríomhbhealaí iompair an Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha, sléibhtiúla agus iargúlta, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus trí naisc easnamhacha den iarnród réigiúnach trasteorann a bhunú agus a athbhunú, rannchuidíonn an earnáil iarnróid le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach ar leibhéal ilchríochach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Sa bhreis air sin, i limistéir iargúlta agus tuaithe, is minic go mbíonn líon níos lú líonraí agus líonraí níos lú forbartha chun soláthar seirbhísí bunúsacha a ráthú don phobal. Is minic a bhíonn dúbailt de dheacrachtaí ag réigiúin fhorimeallacha de bharr a gcineál tuaithe agus toisc go bhfuil lonnaithe ar fhorimeall na líonraí náisiúnta.
- (9) Cé nár tháinig ach méadú beag ar an sciar de phaisinéirí iarnróid den iompar ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar den iompar lasta ar iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann chun fíor-limistéar Eorpach aonair iarnróid a bhaint amach. In amanna cuireann cleachtais oibríochtúla agus gnó atá as dáta, bonneagar agus rothstoc atá ag dul in aois agus vaigíní torannacha, bac ar an earnáil iarnróid. Trí theacht ó na constaicí sin, in éineacht le laghdú costais, staidéar a bheith déanta ar scéimeanna an Aontais chun sásraí náisiúnta a fhorlíonadh maidir le tacaíocht neamh-idirdhealaitheach d'oibreoirí iarnróid, agus dlús a bheith curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar ar iarnród in ann barr a chumais a bhaint amach, agus áiritheofar ag an am céanna feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, méadú tráchta iarnróid, agus tuilleadh feabhais a chur ar na leibhéil sabháilteachta atá ard cheana féin. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur faoi earnáil an iarnróid chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe, d'fhostaithe agus do ghnólaíochtaí araon.
- (10) Trí ráiteas polaitiúil a chur i láthair ag físchomhdháil neamhghoirmiúil d'airí iompair AE an 4 Meitheamh 2020, chuir airí iompair ó fhormhór na mBallstát a dtiomantas in iúl chun tacú le clár oibre Eorpach maidir le hiarnród idirnáisiúnta do phaisinéirí.
- (11) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, ba cheart 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid (“an Bhliain Eorpach”). Beidh 2021 tábhachtach do bheartas iarnróid an Aontais, an chéad bhliain iomlán a bheidh inti ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, eadhon maidir le margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt, costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú agus cúraimí breise arb é is aidhm leo bacainní teicniúla a laghdú a thabhairt do Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA). Tá an pobal ag cur níos mó spéise sna hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, i líon áirithe Ballstát, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar DiscoverEU. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon “Europalia”, déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch, tionsclaíoch agus éiceolaíoch. Ba cheart go rannchuideoidh an Bhliain Eorpach le díospóireacht uile-Eorpach ar thodhchaí na n-iarnród.

(*) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

- (12) Ar leibhéal an Aontais, beidh cistiú iomchuí i gceist leis an leithdháileadh airgeadais riachtanach le haghaidh cur chun feidhme an Chinnidh seo, ar cistiú é a bheidh le cinneadh i gcomhthéacs an phróisis bhuiséadaigh do 2021 i gcomhréir leis an gCreat Airgeadais Ibhliantúil 2021-2027. Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis cistiú EUR 8 milliún ar a laghad a chur ar fáil chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (13) Is ionann comaitéirí agus 80 % go 90 % de phaisinéirí iarnróid uile. Ciallaíonn sé sin go rannchuidíonn ceirtleáin uirbeacha go suntasach le feidhmíocht foriomlán d'iompar paisinéirí iarnróid. Braitheann an tsoghluasteacht chliste uirbeach ar nua-chóiriú agus athchóiriú a dhéanamh ar línte tearcúsáidte fo-uirbeacha agus réigiúnacha chun tionchar éiceolaíoch íseal agus chun comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a sholáthar.
- (14) Le linn na Bliana Eorpaí, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar staidéar a thionscnamh faoin bhféidearthacht lipéad Eorpach a chruthú d'earraí agus do tháirgí a iompraítear ar iarnród ionas go spreagfar gnólachtaí a modhanna iompair a athrú chuig iompar ar iarnród. Ar an mbealach céanna, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar staidéar féidearthachta a thionscnamh a fhéachann le hinnéacs nascachta iarnróid a thabhairt isteach, arb é is aidhm aicmiú a dhéanamh ar an leibhéal comhtháthaithe arna bhaint amach trí úsáid na seirbhísí ar an líonra iarnróid.
- (15) Ní féidir rómheas a dhéanamh ar ról foirne spreagtha, ós rud é go ráthaíonn siad réidhe na n-oibríochtaí. Chun barr a cumais a bhaint amach, ní mór d'earnáil an iarnróid a lucht saothair a éagsúlú agus, go háirithe, mná agus oibríthe óga a mhealladh. Ba cheart an beartas sin a chur chun cinn ag gach leibhéal institiúideach.
- (16) Chun mealltacht na n-iarnróid a fheabhsú, is gá go mbeadh seirbhísí dírithe ar an úsáideoir agus eagraithe agus go mbeadh siad curtha i gcrích ar bhealach lena soláthraítear luach maith, iontaofacht leanúnach, cáilíocht seirbhíse den scoth agus praghsáil tharraingteach.
- (17) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Chinnidh seo, eadhon an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach, idirnasctha agus idirmhódúil agus mar ghné thábhachtach i ndea-chaidreamh idir an tAontas agus tíortha comharsanacha a chothabháil agus a fhorbairt, mar aon le haird a tharraingt ar an ngné thrasteorann, Eorpach atá ag an iompar ar iarnród, le feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, tionscal agus sochaí de chuid an Aontais, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr, i ngeall ar an ngá atá le malartú trasnáisiúnta faisnéise agus scaipeadh dea-chleachtas ar fud an Aontais, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Ainmneofar an bhliain 2021 ina “Bliain Eorpach an Iarnróid” (“an Bhliain Eorpach”).

Airteagal 2

Cuspóirí

Is é cuspóir ginearálta na Bliana Eorpaí spreagadh a thabhairt d'iarraichtaí an Aontais, iarraichtaí na mBallstát, iarraichtaí na n-údarás réigiúnacha agus áitiúla, agus iarraichtaí eagraíochtaí eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun an sciar de phaisinéirí agus de lasta a iompraítear ar iarnród a mhéadú. Is iad cuspóirí sonracha na Bliana Eorpaí:

- (a) an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach, idirnasctha agus idirmhódúil, sábháilte agus inacmhainne, go háirithe trí bhéim a leagan ar ról an iarnróid:
- (i) mar dheis chinniúnach chun cabhrú le cuspóir an Aontais maidir le neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050;
 - (ii) mar cholún de líonra lóistíochta éifeachtúil, atá in ann seirbhísí bunriachtanacha a ráthú, fiú le linn géarchéimeanna gan choinne; agus
 - (iii) mar mhodh iompair a théann i bhfeidhm ar an bpobal i gcoitinne, go háirithe ar an óige, a léiríonn earnáil an iarnróid mar dheis gairme tharraingteach *inter alia*;
- (b) aird a tharraingt ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar ar iarnród, gné a thugann saoránaigh le chéile ar bhonn níos dlúithe, a thugann deis dóibh an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, gné a chothaíonn comhtháthú socheacnamaíoch agus críochach agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú, go háirithe trí nascacht níos fearr lena dteorannacha geografacha agus laistigh díobh a áirithiú, lena n-áirítear trí naisc thrasteorann réigiúnacha;
- (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar an Aontais, i leith a thionscail, lena n-áirítear a iomaíochas domhanda, i leith a tráchtála agus i leith a shochaí, go háirithe, na gnéithe a bhaineann le forbairt réigiúnach agus áitiúil, turasóireacht inbhuanaithe, oideachas, an t-aos óg agus cultúr, agus i leith feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus go háirithe aird á díriú ar riachtanais dhaoine scothaosta;
- (d) rannchuidiú le cur chun cinn an iarnróid mar ghné thábhachtach sa chaidreamh idir an tAontas agus a thíortha comharsanacha, agus an rannchuidiú sin ag tógáil b ar an spéis agus ar na riachtanais i dtíortha comhpháirtíochta agus ar shaineolais maidir le hiompar ar iarnród laistigh agus lasmuigh den Aontas araon;
- (e) cur le cumhacht an iarnróid maidir leis an gcomhshamhlaíocht a spreagadh, go háirithe trí stair na n-iarnród agus a ngnéithe cultúrtha, á mheabhrú rannchuidiú na n-iarnród i gcruthú rathúnas na hEorpa agus ról na n-iarnród i bhforbairt teicneolaíochtaí ceannródaíocha;
- (f) mealltacht gairmeacha iarnróid a chur chun cinn, go háirithe tríd an éileamh ar scileanna nua, agus an tábhacht maidir le dálaí córa agus sábháilte oibre agus maidir le dul i ngleic leis an ngá le héagsúlacht sa lucht saothair a mhéadú, a chur chun suntais;
- (g) príomhról na n-iarnród maidir le hiompar paisinéirí idirnáisiúnta laistigh den Aontas a chur chun cinn;
- (h) líonra traenacha oíche a chur chun cinn agus tionscnaimh a spreagadh a chuireann an nádúr trasteorann i bhfios trí shiombailí lena léirítear an tAontas a úsáid;
- (i) feasacht phoiblí a chruthú maidir le ról ionchasach na n-iarnród i dtaobh turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt san Eoraip;
- (j) príomhról na n-iarnród a chur chun cinn maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe ó cheann go ceann, maidir le moil a nascadh agus maidir le haistriú tarraingteach agus cliste a cheadú idir modhanna iompair;
- (k) rannchuidiú leis an gCeathrú Pacáiste Iarnróid a chur chun feidhme agus le feasacht a ardú faoi na bearta is gá chun limistéar Eorpach aonair iarnróid a bhunú, bunaithe ar TEN-T a fheidhmíonn go maith;
- (l) plé a spreagadh maidir le conas is féidir rothstoc a nuachóiriú agus conas tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagar iarnróid agus a thuilleadh a mhéadú chun úsáid níos leithne d'iompar paisinéirí agus lasta ar iarnród a éascú, agus a chur chun suntais sa chomhthéacs sin a thábhachtaí atá comhar idir bainisteoirí bonneagair, taighde agus nuálaíocht agus ról Chomhghnóthas Shift2Rail arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle ⁽⁹⁾;
- (m) imeachtaí agus tionscnaimh a chur chun cinn chun faisnéis ar chearta paisinéirí iarnróid a scaipeadh agus chun comhar idir na gníomhaithe uile a spreagadh chun feabhas a chur ar fhaisnéis do chustaiméirí agus ar thicéadú, lena n-áirítear tréthiceíd a thairiscint agus ticéid ilmhódúla dhigiteacha nuálacha a fhorbairt, mar aon le faisnéis a thabhairt faoi na dúshláin reatha i ndáil leis sin, mar shampla an gá le sonraí a roinnt idir na gníomhaithe.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Shift2Rail (IO L 177, 17.6.2014, lch. 9).

Airteagal 3

Inneachar na mbeart

1. Na bearta a ghlacfar chun na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 2 a bhaint amach, déanfar iad a chomhordú go dlúth leis na himeachtaí a bheidh ar siúl chun iompar ar iarnród a chur chun cinn. Áireofar sna bearta sin na gníomhaíochtaí seo a leanas ar leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach nó an leibhéal áitiúil, a eagrófar i gcomhpháirtíochtaí nó go leithleach agus a bheidh nasccha le cuspóirí na Bliana Eorpaí:

- (a) tionscnaimh agus imeachtaí chun díospóireacht a spreagadh, dea-íomhá a chruthú, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht saoránach, gnólachtaí agus údarás poiblí a éascú chun an iontaoibh sna hiarnróid a mhéadú, go háirithe i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, agus chun tarraingteacht an iarnróid a chur chun cinn maidir le tuilleadh daoine agus earraí a iompar mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, trí iliomad bealaí agus uirlisí, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit, agus freisin an tsábhailteacht agus compord a bhaineann le taisteal ar iarnród a chur chun suntais ag an am céanna;
- (b) tionscnaimh sna Ballstáit chun pátrúin chomaitéireachta iarnróid agus taisteal ar ghnó ar iarnród a spreagadh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon;
- (c) taispeántais fhaisnéiseacha, feachtais spreagtha oideachais agus múscailte feasachta, mar aon le húsáid traenacha taispeána agus faisnéise, chun athrú iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí agus an pobal i gcoitinne a spreagadh chun rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe a bhaint amach;
- (d) taithí agus dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta, réigiúnach, agus áitiúil, na sochaí sibhialta, gnólachtaí agus scoileanna a roinnt a mhéid a bhaineann le húsáid a bhaint as an iarnród a chur chun cinn agus conas athrú iompraíochta ar gach leibhéal a chur chun feidhme;
- (e) tabhairt faoi staidéir agus gníomhaíochtaí nuálacha agus na torthaí a bhaineann leo a scaipeadh ar scála Eorpach nó ar scála náisiúnta;
- (f) tionscadail agus líonraí a bhaineann leis an mBliain Eorpach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí na meáin chumarsáide, líonraí sóisialta agus trí ríomhphobail eile;
- (g) comhpháirtíochtaí agus imeachtaí amhail mar na cinn a leagtar amach san Iarscríbhinn;
- (h) dea-chleachtais a aithint agus a chur chun cinn chun cothroime iomaíochta le haghaidh modhanna éagsúla iompair a chruthú;
- (i) tionscadail agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun feasacht a ardú maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe ó cheann go ceann lena soláthraítear réitigh taistil réidh “ó dhoras go doras” i dteannta le modhanna eile iompair, lena n-áirítear taisteal gníomhach, agus lóistíocht inbhuanaithe agus chliste;
- (j) tionscadail agus imeachtaí a chur chun cinn lena gcothaítear feasacht maidir leis an limistéar Eorpach iarnróid aonair agus an tábhacht a bhaineann leis, go háirithe sa mhéid a bhaineann lena cur chun feidhme leanúnach, gníomhaíochtaí lena n-éascaítear turais idirnáisiúnta iarnróid agus gníomhaíochtaí maidir le faisnéis dhigiteach do phaisinéirí, amhail na gníomhaíochtaí sin a dhéanann faisnéis fíor-ama a sholáthar faoi thairiscintí turais, táillí agus tráthchláir, lena n-áirítear ó sholáthraithe neamhspleácha, ionas gur éasca é comparáid a dhéanamh; agus
- (k) tionscadail agus gníomhaíochtaí chur chun cinn d’fhonn bonneagar leathnaithe, nuachóirithe agus idir-inoibritheach iarnróid a bhaint amach, lena n-áirítear Córas Eorpach um Bainistíú Tráchtá Iarnróid (ERTMS), críochfoirt lena dtáirgtear roghanna aistrithe mhódúil, mar aon le rothstoc nuachóirithe.

2. Breithneoidh an Coimisiún an méid seo a leanas a thionscnamh, le linn na Bliana Eorpaí:

- (a) staidéar faoina indéanta atá sé lipéad Eorpach a chruthú chun earraí agus táirgí a iompraítear ar iarnród a chur chun cinn ionas go spreagfar gnólachtaí a modhanna iompair a athrú chuig iompar ar iarnród; agus
- (b) staidéar féidearthachta d’fhonn innéacs nascachta iarnróid a thabhairt isteach agus é mar aidhm aige an leibhéal comhtháthaithe arna bhaint amach trí úsáid sheirbhísí ar an líonra iarnróid a aicmiú agus acmhainneacht na n-iarnród chun dul in iomaíocht le modhanna eile iompair a léiriú.

Faoin 31 Márta 2021, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina phleananna.

3. Féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon le Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach, tagairt a dhéanamh don Bhliain Eorpach agus úsáid a bhaint as an sainaitheantas físeach a bhaineann léi maidir le cur chun cinn na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4***Comhordú ar leibhéal na mBallstát**

Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar an leibhéal náisiúnta a eagrú. Áiritheoidh siad comhordú gníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ceapfaidh siad teagmhálaithe náisiúnta chun comhordú ar leibhéal an Aontais a áirithiú.

*Airteagal 5***Comhordú ar leibhéal an Aontais**

1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na dteagmhálaithe náisiúnta go tráthrialta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. Feidhmeoidh na cruinnithe sin mar dhéis malartaithe faisnéise chomh maith maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Féadfaidh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sna cruinnithe sin mar bhreathnóirí.
2. Beidh cur chuige trasnaí ann i leith chomhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d'fhonn sineirgí a chruthú idir cláir agus tionscnaimh éagsúla an Aontais lena ndéantar cistiú ar thionscadail i réimse iompair iarnróid nó a bhfuil gné den iompar ar iarnród ag baint leo.
3. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh geallsealbhoirí agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair iarnróid, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta atá ann cheana, na heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, ollscoileanna agus ionaid teicneolaíochta, mar aon le hionadaithe ó eagraíochtaí don aos óg agus ó phobail, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais.
4. Féadfaidh an Coimisiún, ag brath ar an mbuiséad, glaonna ar thograí agus ar thionscadail a eagrú, ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh mar gheall ar rannchuidiú den scoth le cuspóirí na Bliana Eorpaí.

*Airteagal 6***Comhar idirnáisiúnta**

Chun críocha na Bliana Eorpaí, comhoibreoidh an Coimisiún, i gcás inar gá, le heagraíochtaí inniúla idirnáisiúnta, agus ag an am céanna déanfaidh sé infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais a áirithiú.

*Airteagal 7***Faireachán agus meastóireacht**

Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán na dtionscnamh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Do mheastóireacht na dtionscnamh, bunóidh an Coimisiún eochairtháscairí feidhmíochta. Déanfar na heochairtháscairí feidhmíochta a leagan amach sa tuarascáil ón gCoimisiún. Chun críche na tuarascála sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil don Choimisiún faoi na gníomhaíochtaí as a raibh siad freagrach.

*Airteagal 8***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS IMEACHTAÍ

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an liosta táscach seo a leanas de chomhpháirtíochtaí agus d'imeachtaí atá nasctha leis an mBliain Eorpach:

- (1) comhpháirtíochtaí le féilte scannánaíochta ar fud na hEorpa chun ról suntasach an iarnróid sa scannánaíocht a chur chun suntais;
- (2) comhar le músaem Eorpacha iarnróid agus le himeachtaí cultúrtha atá cheana ann amhail féilte scannánaíochta agus taispeántais ealaíne;
- (3) comhpháirtíochtaí in éineacht le ERA chun béim a chur ar seo a leanas:
 - (a) feidhmíocht na hearnála iarnróid san Eoraip;
 - (b) oilteacht na ngníomhaithe san earnáil iarnróid, go háirithe oibríthe iarnróid;
 - (c) na buntáistí a bhaineann le hiarnród ó thaobh na sábháilteachta agus chosaint an chomhshaoil de; agus
 - (d) deiseanna gairmeacha san earnáil iarnróid do dhaltaí, do mhic léinn agus do phrintísigh;
- (4) traenacha taispeána soghluaiste san Aontas chun an pobal a chur ar an eolas faoi chuspóirí na Bliana Eorpaí agus chun mealltacht a dteachtairachtaí iomadúla a chur chun suntais;
- (5) pasanna idir-iarnródáíochta a chur ar fáil do dhaoine óga i gcomhcheangal le tréimhsí staidéir Erasmus nó comórtais chun raon feidhme na Bliana Eorpaí a leathadh;
- (6) úsáid stáisiún mar dhánlanna, ionaid cruinnithe uirbeacha agus moil eacnamaíochta, chultúrtha agus shibhialta, mar aon le húsáid músaem iarnróid chun teachtaireachtaí faoin mBliain Eorpach a scaipeadh.

CINNEADH (AE) 2020/2229 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Nollaig 2020

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa do na blianta 2020 go 2033

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 167(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is iad is cuspóirí do ghníomhaíocht an Aontais dar teideal “Príomhchathracha Cultúir na hEorpa” (“an ghníomhaíocht”), de réir Chinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, éagsúlacht cultúr san Eoraip a choimirce agus a chur chun cinn agus na gnéithe comhchoiteanna atá á roinnt acu a thabhairt chun suntais agus muintearas na saonránach i leith limistéar comhchoiteann cultúrtha a mhéadú, an méid a chuireann cultúr le forbairt fhadtéarmach na gcathracha a chothú, an tairiscint chultúrtha sna cathracha a fheabhsú ó thaobh réimse, éagsúlachta agus gné Eorpaí de, lena n-áirítear trí chomhar idirnáisiúnta, rochtain ar chultúr agus rannpháirtíocht ann a leathnú, acmhainneacht na hearnála cultúrtha agus a naisc le hearnálacha eile a neartú agus próifíl idirnáisiúnta na gcathracha a ardú trí chultúr.
- (2) Chun cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach, glactar leis go mbeidh soghluaisteacht, turasóireacht, eagrúchán imeachtaí agus rannpháirtíocht an phobail féideartha, rudaí atá an-deacair a dhéanamh nó beagnach dodhéanta fiú i ré phandéim COVID-19.
- (3) Mar thoradh díreach ar na bearta dianghlásála a glacadh ar fud na hEorpa, dúnadh ionaid chultúrtha agus cuireadh imeachtaí cultúrtha ar ceal nó ar athló ar feadh tréimhse neamhchinntithe. Tá moill ollmhór ar thionscadail chomhair chultúrtha Eorpacha nó idirnáisiúnta toisc go bhfuil srianadh mór ar thrasnú fisiciúil na dteorannacha. Ar deireadh, mar gheall ar ioncaim a bheith ag ísliú go tapa agus riachtanais a bhaineann leis an tsláinte phoiblí ag teacht chun cinn, tá tuilleadh brú ó thaobh buiséid de ar rialtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Faoi láthair, tá sé ag éirí níos dúshlánaí urraíocht phríobháideach a dhéanamh ar an gcultúr toisc nach bhfuil aon imeachtaí poiblí ann chun urraíocht a thabhairt dóibh nó toisc go bhfuil gnólachtaí ag tabhairt tús áite do ghníomhaíochtaí urraíochta a bhaineann leis an tsláinte phoiblí.
- (4) Tá tionchar ar leibhéal éagsúla ar na cathracha a bhfuil teideal “Phríomhchathair Chultúir na hEorpa” (“an teideal”) acu faoi láthair agus a mbeidh an teideal acu san am atá le teacht ag brath go príomha ar an mbliain a bhfuil an teideal acu. Dealraíonn sé gur ar na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 agus ar na cathracha atá ag ullmhú chun an teideal a bheith acu in 2021 atá an tionchar is láidre, cé go bhfuil sé doiléir fós cén tionchar a bheidh ar chathracha a mbeidh an teideal acu ina dhiaidh sin.
- (5) Bhí ar an dá chathair a bhfuil an teideal acu in 2020 imeachtaí a chur ar ceal nó ar athló ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh gan aon soiléireacht acu maidir le cathain a fhillfeair ar an ngnáthshaol nó fiú cibé acu an bhfillfeair nó nach bhfillfeair ar an ngnáthshaol, agus bhí costais fós á dtabhú acu ag an am céanna. Sa chleachtas, tá cosc orthu a gcláir chultúrtha a chur chun feidhme go hiomlán in 2020 agus leas a bhaint as an infheistíocht ollmhór atá déanta acu ó thaobh daoine agus airgeadais de.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020.

⁽²⁾ Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa do na blianta 2020 go 2033 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1622/2006/CE (IO L 132, 3.5.2014, lch. 1).

- (6) De dheasca phaindéim COVID-19, tá leibhéal mór éiginnteachta ann sna trí chathair a mbeidh an teideal acu in 2021 i mbeagnach gach réimse a bhaineann lena n-ullmhúchán: peirspictíochtaí airgeadais éiginnte i ndáil le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha, rialacháin sábháilteachta anaithnide a bheidh ann amach anseo agus a bhfuil tionchar acu ar obair rannpháirteach agus ar na cineálacha imeachtaí atá le húdarú agus srianta ar thaisteal lena laghdaítear an sreabhadh turasoíreachta agus an fhéidearthacht atá ann chun comhpháirtíochtaí Eorpacha a dhéanamh. De thoradh na mbeart coisctheach a tugadh isteach chun leathadh COVID-19 a chomhrac, rud a d'fhág go raibh foirne cur chun feidhme faoi dhianghlasaíl, cuireadh moill chriticiúil ar obair ullmhúcháin na dtrí chathair sin nuair ba cheart dóibh iarrachtaí níos tréine a dhéanamh dá mbeadh imthosca normálta ann. Cuireadh moill ar an obair ullmhúcháin freisin toisc go bhfuil marthanais eacnamaíoch na bpáirtithe conarthacha ionchasacha éiginnte.
- (7) Le Cinneadh Uimh. 445/2014/AE, ní fhoráiltear maidir leis an tsolúbthacht is gá chun imthosca urghnácha den sórt sin a chur san áireamh agus, go sonrath, níl aon fhoráil ann maidir le fad a chur leis an mbliain ina bhfuil an teideal ag cathair áirithe nó maidir leis an mbliain sin a chur ar athló.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Uimh. 445/2014/AE a leasú ar bhealach atá in oiriúint go daingean don riachtanas maidir le haghaidh a thabhairt ar an staid eisceachtúil chun go mbeidh na cathracha a bhfuil an teideal acu agus is mó atá faoi thionchar phaindéim COVID-19 in ann a gcláir chultúrtha a chur chun feidhme ar bhealach lena bhféadfar cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach.
- (9) Tar éis próiseas comhairliúcháin a raibh na cathracha agus na Ballstáit lena mbaineann páirteach ann, cinneadh gurbh iomchuí an deis a chur ar fáil do na cathracha a d'ainmnigh an Chróit agus Éire chun an teideal a bheith acu in 2020 leanúint de bheith ag cur a gclár cultúrtha chun feidhme suas go dtí an 30 Aibreán 2021, gan bliain an ainmniúcháin a athrú.
- (10) Tar éis próiseas comhairliúcháin a raibh na cathracha agus na Ballstáit lena mbaineann páirteach ann, cinneadh gur cheart an bhliain ina bhfuil an Rómáin agus an Ghréig i dteideal an teideal a bheith acu a chur ar athló ó 2021 go dtí 2023 agus gur cheart an bhliain ina bhfuil tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach i dteideal an teideal a bheith aici nó aige a chur ar athló ó 2021 go dtí 2022.
- (11) Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, go háirithe maidir leis na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 agus 2021, agus chun chur isteach ar chur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 445/2014/AE a sheachaint, ba cheart don Chinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2021.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Uimh. 445/2014/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fohmhir de mhír 2:

“Bronnfar an teideal gach bliain ar aon chathair amháin, ar a mhéad, as gach ceann den dá Bhallstát atá luaite san fhéilire a leagtar amach san Iarscríbhinn (‘an féilire’) agus, sna blianta ábhartha, ar aon chathair amháin as tír i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa atá ina páirtí sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘tír CSTE/LEE’), ar aon chathair amháin as tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach, nó ar aon chathair amháin as tír a aontaíonn don Aontas sna dálaí a leagtar amach i mír 5. Mar sin féin, beidh an teideal ag aon chathair amháin, ar a mhéad, i ngach ceann de na trí Bhallstát atá luaite san fhéilire in 2023.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh cathracha sna Ballstáit i dteideal an teideal a bheith acu ar feadh bliana i gcomhréir le hord na mBallstát atá luaite san fhéilire. Féadfaidh na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 leanúint den teideal a bheith acu go dtí an 30 Aibreán 2021, gan bliain an ainmniúcháin a bheith athraithe.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 4(2):

“Cuimseoidh an clár cultúrtha bliain an teidil agus cruthófar é go sonrach le haghaidh an teidil, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 5. Mar sin féin, féadfaidh na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 leanúint de bheith ag cur a gclár cultúrtha chun feidhme suas go dtí an 30 Aibreán 2021.”;

(3) in Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

“Déanfaidh na cathracha lena mbaineann a gcuid tuarascálacha meastóireachta a tharraingt suas agus a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis bhliain an teidil. Mar sin féin, déanfaidh na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 a gcuid tuarascálacha meastóireachta a tharraingt suas agus a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 30 Aibreán 2022.”;

(4) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 7 go 11 agus Airteagal 13(2), pointe (a), de Chinneadh Uimh. 445/2014/AE atá tugtha i gcrích cheana do theideal 2021, leanfaidh siad de bheith bailí. Athrófar bliain an teidil i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

—

IARSCRÍBHINN

"FÉILIRE

2020	An Chróit	Éire	
2021			
2022	An Liotuáin	Lucsamburg	Tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach
2023	An Ungáir	An Rómáin	An Ghréig
2024	An Eastóin	An Ostair	Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach
2025	An tSlóivéin	An Ghearmáin	
2026	An tSlóvaic	An Fhionlainn	
2027	An Laitvia	An Phortaingéil	
2028	an tSeicia	An Fhrainc	Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach
2029	An Pholainn	An tSualainn	
2030	An Chipir	An Bheilg	Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach
2031	Málta	An Spáinn	
2032	An Bhulgáir	An Danmhairg	
2033	An Ísiltír	An Iodáil	Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach"

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/2230 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Nollaig 2020

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-oscáitear taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear do bhainistiú na dtairifchuótaí sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe a áirithiú, ar táirgí iad nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh san Aontas agus, trína bhíthin sin, aon suaitheadh sa mhargadh i gcás na dtáirgí sin a sheachaint, oscáilodh taraif-chuótaí uathrialaitheacha le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle ⁽¹⁾. Laistigh de na taraif-chuótaí sin, féadfar táirgí a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.
- (2) Ós chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíochta áirithe a áirithiú, agus ós rud é nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha táirgí combhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá taraif-chuótaí nua a oscailt faoi na sraithuimhreacha 09.2574, 09.2575, 09.2576, 09.2577, 09.2578, 09.2579, 09.2584 agus 09.2585 ag rátaí dleachta nialasacha nó ag rátaí dleachta laghdaithe le haghaidh cainníochtaí iomchuí de na táirgí sin.
- (3) I dtaca le taraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.2684 agus 09.2854, ba cheart méideanna na gcuótaí a mhéadú, ós rud é gur chun leas an Aontais méadú.
- (4) Ós rud é gur méadaíodh acmhainneacht táirgeachta an Aontais i dtaca le táirgí tionsclaíochta áirithe, ba cheart laghdú a dhéanamh ar mhéideanna na dtaraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.2591 agus 09.2888.
- (5) I gcás taraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.2580, 09.2582, 09.2583, 09.2648 agus 09.2730, ba cheart síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2021 a chur le tréimhse an chuóta agus ba cheart méid an chuóta a mhodhnú ar bhonn bliantúil de bharr nach raibh na taraif-chuótaí ar oscailt ach ar feadh tréimhse sé mhí agus go bhfuil sé fós chun leas an Aontais iad a choinneáil ar bun.
- (6) Ós rud é nach chun leas an Aontais a thuilleadh na taraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.2587, 09.2594, 09.2674, 09.2834, 09.2955, 09.2972 agus 09.2588 a choinneáil ar bun, ba cheart na taraif-chuótaí sin a dhúnadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.
- (7) Agus na leasuithe atá le déanamh á gcur san áireamh agus ar mhaithe leis an tsoiléire, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 a ionadú.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-oscáitear taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear do bhainistiú na dtaraifchuótaí sin (IO L 354, 28.12.2013, lch. 319).

- (8) Chun nach mbrisfead cur i bhfeidhm scéim na dtaraif-chuótaí, agus chun na treoirlínte sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart feidhm a bheith ag na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir leis na taraif-chuótaí le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann ón 1 Eanáir 2021. Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hlarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2637	ex 0710 40 00 ex 2005 80 00	20 30	Diasa arbhair (<i>Zea mays</i> var. <i>saccharata</i>), bídis gearrtha nó ná bídis, atá 10 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 20 mm, ar trastomhas, atá lena n-úsáid i monarú táirgí de chuid thionscal an bhia atá lena gcóireáil ar shlí seachas trí athphacáil amháin ⁽¹⁾ ⁽²⁾ ⁽³⁾	1.1.-31.12.	550 tonnes	0 % ⁽³⁾
09.2849	ex 0710 80 69	10	Beacáin den speiceas <i>Auricularia polytricha</i> (iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalbhruith nó trína mbruith), iad roite, le haghaidh monarú béilí réamhullmhaithe ⁽¹⁾ ⁽²⁾	1.1.-31.12.	700 tonnes	0 %
09.2664	ex 2008 60 39	30	Silíní milse a bhfuil biotáille bhreise curtha leo, ina bhfuil cion siúcra nach mó ná 9 % de réir meáchain, nach bhfuil níos mó ná 19,9 mm ar trastomhas, ina bhfuil clocha, agus atá lena n-úsáid i dtáirgí seacláide ⁽²⁾	1.1.-31.12.	1 000 tonnes	10 %
09.2740	ex 2309 90 31	87	Tiúchán próitéine pónairí soighe ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % (± 10 %) amhphróitéin, — 5 % (± 3 %) amhshnáithín, — 5 % (± 3 %) amhluath, agus — 3 % nó níos mó ach méid nach mó ná 6,9 % stáirse, atá lena n-úsáid i monarú táirgí beatha ainmhithe ⁽²⁾	1.1.-31.12.	30 000 tonnes	0 %
09.2913	ex 2401 10 35 ex 2401 10 70 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 20 35 ex 2401 20 70 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95	91 10 11 21 91 91 10 11 21 91	Tobac nádúrtha neamh-mhonaraithe, bíodh sé gearrtha de réir gnáthmhéid nó ná bíodh, ag a bhfuil luach custaim nach lú ná EUR 450 in aghaidh an 100 kg de ghlanmheáchan, atá lena úsáid mar cheanglóir nó mar chumhdach le haghaidh monarú táirgí atá faoi fho-cheann-teideal 2402 10 00 ⁽²⁾	1.1.-31.12.	6 000 tonnes	0 %
09.2586	ex 2710 19 81 ex 2710 19 99	20 40	Bonn-ola atá hidrea-isiméirithe agus díchiarta go catalaíoch ó hidreacarbóin shár-iseapairifíneacha, ina bhfuil: — 90 % nó níos mó sáitheáin de réir meáchain, agus — méid nach mó ná 0,03 % sulfar de réir meáchain, agus ag a bhfuil — innéacs slaodachta atá cothrom le 80 nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 120, agus — slaodacht chinéimiteach atá cothrom le 5,0 cSt ag 100 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 13,0 cSt ag 100 °C	1.1.-30.6.	200 000 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2828	2712 20 90		Céir phairifín ina bhfuil níos lú ná 0,75 % ola de réir meáchain	1.4.-31.10.	60 000 tonnes	0 %
09.2600	ex 2712 90 39	10	Céir ola (CAS RN 64742-61-6)	1.1.-31.12.	100 000 tonnes	0 %
09.2578	ex 2811 19 80	50	Aigéad sulfaimídeach (CAS RN 5329-14-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó, de réir meáchain, bíodh méid nach mó ná 5 % den oibreán frithstolptha dé-ocsaíd sileacain (CAS RN 112926-00-8) curtha leis nó ná bíodh	1.1.-31.12.	27 000 tonnes	0 %
09.2928	ex 2811 22 00	40	Líonach silice i bhfoirm gráinníní ag a bhfuil íonacht dé-ocsaíde sileacain atá cothrom le 97 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 700 tonnes	0 %
09.2806	ex 2825 90 40	30	Trí-ocsaíd tungstain, lena n-áirítear ocsaíd ghorm tungstain (CAS RN 1314-35-8 nó CAS RN 39318-18-8)	1.1.-31.12.	12 000 tonnes	0 %
09.2872	ex 2833 29 80	40	Sulfáit chaeisiam (CAS RN 10294-54-9) i bhfoirm sholadach nó ina tuaslagán uiscí ina bhfuil 48 % nó níos mó ach méid nach mó ná 52 % sulfáit chaeisiam	1.1.-31.12.	200 tonnes	0 %
09.2837	ex 2903 79 30	20	Brómaclóraimeatán (CAS RN 74-97-5)	1.1.-31.12.	600 tonnes	0 %
09.2933	ex 2903 99 80	30	1,3-Déchlóraibeinséin (CAS RN 541-73-1)	1.1.-31.12.	2 600 tonnes	0 %
09.2700	ex 2905 12 00	10	Própán-1-ól (alcól próipile) (CAS RN 71-23-8)	1.1.-31.12.	15 000 tonnes	0 %
09.2830	ex 2906 19 00	40	Cioglapróipilmeatanól (CAS RN 2516-33-8)	1.1.-31.12.	20 tonnes	0 %
09.2851	ex 2907 12 00	10	O-créasól (CAS RN 95-48-7) ag a bhfuil íonacht nach lú ná 98,5 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	20 000 tonnes	0 %
09.2704	ex 2909 49 80	20	2,2,2',2'-Teitricis(hidrocsaimeitiol)-3,3'-ocsaidéphrópán-1-ól (CAS RN 126-58-9)	1.1.-31.12.	500 tonnes	0 %
09.2624	2912 42 00		Eitioifanailin (3-eatocsai-4-hidrocsaibeansaildéad) (CAS RN 121-32-4)	1.1.-31.12.	1 950 tonnes	0 %
09.2683	ex 2914 19 90	50	Aicéitiolaicéatónáit chailciam (CAS RN 19372-44-2) atá lena húsáid i monarú córas cobhsaitheoirí i bhfoirm taibléid (?)	1.1.-31.12.	200 tonnes	0 %
09.2852	ex 2914 29 00	60	Cioglapróipilmeitilcéatón (CAS RN 765-43-5)	1.1.-31.12.	300 tonnes	0 %
09.2638	ex 2915 21 00	10	Aigéad aicéiteach (CAS RN 64-19-7) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 000 tonnes	0 %
09.2679	2915 32 00		Aicéatáit vinile (CAS RN 108-05-4)	1.1.-31.12.	400 000 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2728	ex 2915 90 70	85	Trífhluaraicéatáit eitile (CAS RN 383-63-1)	1.1.-31.12.	400 tonnes	0 %
09.2665	ex 2916 19 95	30	(E,E)-heicsi-2,4-dé-eanáit photaisiam (CAS RN 24634-61-5)	1.1.-31.12.	8 250 tonnes	0 %
09.2684	ex 2916 39 90	28	Clóiríd 2,5-démheitiféiniolaicéitile (CAS RN 55312-97-5)	1.1.-31.12.	700 tonnes	0 %
09.2599	ex 2917 11 00	40	Ocsaláit dé-eitile (CAS RN 95-92-1)	1.1.-31.12.	500 tonnes	0 %
09.2769	ex 2917 13 90	10	Seabacáit dé-mheitile (CAS RN 106-79-6)	1.1.-31.12.	1 000 tonnes	0 %
09.2634	ex 2917 19 80	40	Aigéad dóideacáindé-óch (CAS RN 693-23-2) ar mó ná 98,5 % a íonacht de réir meáchain	1.1.-31.12.	8 000 tonnes	0 %
09.2808	ex 2918 22 00	10	Aigéad O-aicéitiolsalaicileach (CAS RN 50-78-2)	1.1.-31.12.	120 tonnes	0 %
09.2646	ex 2918 29 00	75	3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit ochtaideicile (CAS RN 2082-79-3) s: — ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe cothrom le 49 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 54 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC (?)	1.1.-31.12.	380 tonnes	0 %
09.2647	ex 2918 29 00	80	Teitricis(3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit) peinteiritríotóil (CAS RN 6683-19-8): — ar mó ná 75 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 250 µm leithead a mhogaill, agus ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe cothrom le 110 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 125 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC (?)	1.1.-31.12.	140 tonnes	0 %
09.2975	ex 2918 30 00	10	Dé-ainhidríd bheinseafeanóin-3,3',4,4'-teitrecarbocsaileach (CAS RN 2421-28-5)	1.1.-31.12.	1 000 tonnes	0 %
09.2688	ex 2920 29 00	70	Foisfít tris(2,4-déthreasbhúitilfeinile) (CAS RN 31570-04-4)	1.1.-31.12.	6 000 tonnes	0 %
09.2648	ex 2920 90 10	75	Sulfáit démheitile (CAS RN 77-78-1) ar a laghad 99 % a hionacht	1.1.-31.12.	18 000 tonnes	2 %
09.2598	ex 2921 19 99	75	Ochtaideiciolaimín (CAS RN 124-30-1)	1.1.-31.12.	400 tonnes	0 %
09.2649	ex 2921 29 00	60	Bis(2-démheitiolaimíneitil)(meitiol)aimín (CAS RN 3030-47-5)	1.1.-31.12.	1 700 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2682	ex 2921 41 00	10	Anailín (CAS RN 62-53-3) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 000 tonnes	0 %
09.2617	ex 2921 42 00	89	4-Fluarai-N-(1-meitileitil)beinséanamín (CAS RN 70441-63-3)	1.1.-31.12.	500 tonnes	0 %
09.2582	ex 2921 43 00	80	2-Meitiolanailín (CAS RN 95-53-4) ar a laghad 99 % a íonacht	1.1.-31.12.	2 000 tonnes	2 %
09.2602	ex 2921 51 19	10	o-feiniléindé-aimín (CAS RN 95-54-5)	1.1.-31.12.	1 800 tonnes	0 %
09.2730	ex 2921 59 90	85	4,4'-Meatáindé-ildé-anailín (CAS RN 101-77-9) ar a laghad 97 % a íonacht de réir meáchain, i bhfoirm gráinníní, lena úsáid i monarú réamhpholaiméirí (?)	1.1.-31.12.	200 tonnes	2 %
09.2591	ex 2922 41 00	10	Hidreaclóiríd L-lísín (CAS RN 657-27-2)	1.1.-31.12.	245 000 tonnes	0 %
09.2592	ex 2922 50 00	25	L-Tréoinín (CAS RN 72-19-5)	1.1.-31.12.	166 000 tonnes	0 %
09.2575	ex 2923 90 00	87	Clóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitilamóiniam (CAS RN 3327-22-8), i bhfoirm tuaslagáin uiscí ina bhfuil cion 65 % nó níos mó ach nach mó ná 71 % de chlóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitilamóiniam de réir meáchain	1.1.-31.12.	19 000 tonnes	0 %
09.2854	ex 2924 19 00	85	N-búitiolcarbamaít 3-iadapróip-2-inile (CAS RN 55406-53-6)	1.1.-31.12.	400 tonnes	0 %
09.2874	ex 2924 29 70	87	Paraicéiteamól (CAS RN 103-90-2)	1.1.-31.12.	20 000 tonnes	0 %
09.2742	ex 2926 10 00	10	Aicrilínitríl (CAS RN 107-13-1), lena húsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 55 agus faoi cheannteideal 6815 (?)	1.1.-31.12.	60 000 tonnes	0 %
09.2583	ex 2926 10 00	20	Aicrilínitríl (CAS RN 107-13-1), lena húsáid i monarú earraí atá faoi cheannteidil 2921, 2924, 3906 agus 4002 (?)	1.1.-31.12.	40 000 tonnes	0 %
09.2856	ex 2926 90 70	84	2-Nítri-4-(trífhluaraimeitil)beinsínitríl (CAS RN 778-94-9)	1.1.-31.12.	900 tonnes	0 %
09.2708	ex 2928 00 90	15	Monaimeitilhiodraisín (CAS RN 60-34-4) ina thuaslagán uiscí inarb é 40 (± 5) % an cion monaimeitilhiodraisín de réir meáchain	1.1.-31.12.	900 tonnes	0 %
09.2581	ex 2929 10 00	25	Dé-isicianáit 1,5-naiftiléin (CAS RN 3173-72-6) nach lú ná 90 % a hionacht	1.1.-30.6	205 tonnes	0 %
09.2685	ex 2929 90 00	30	Nítreaguainidín (CAS RN 556-88-7)	1.1.-31.12.	6 500 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2597	ex 2930 90 98	94	Bis[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]désuilfid (CAS RN 56706-10-6)	1.1.-31.12.	6 000 tonnes	0 %
09.2596	ex 2930 90 98	96	Aigéad beansóch 2-clórai-4-(meitiolsulfóinil)-3-((2,2,2-trifhluarifluaireatocsai)meitile) (CAS RN 120100-77-8)	1.1.-31.12.	300 tonnes	0 %
09.2580	ex 2931 90 00	75	Heicsideiciltrímheatocsaisiolán (CAS RN 16415-12-6) ar a laghad 95 % a íonacht de réir meáchain lena úsáid i monarú poileitiléine (?)	1.1.-31.12.	165 tonnes	0 %
09.2842	2932 12 00		2-Fúraildéad (fúrfúraildéad)	1.1.-31.12.	10 000 tonnes	0 %
09.2696	ex 2932 20 90	25	Deacán-5-óilíd (CAS RN 705-86-2)	1.1.-31.12.	6 000 kilograms	0 %
09.2697	ex 2932 20 90	30	Dóideacán-5-óilíd (CAS RN 713-95-1)	1.1.-31.12.	6 000 kilograms	0 %
09.2812	ex 2932 20 90	77	Heacsán-6-óilíd (CAS RN 502-44-3)	1.1.-31.12.	4 000 tonnes	0 %
09.2858	2932 93 00		Pipearóinil (CAS RN 120-57-0)	1.1.-31.12.	220 tonnes	0 %
09.2673	ex 2933 39 99	43	2,2,6,6-Teitrimeitilpipiridín-4-ól (CAS RN 2403-88-5)	1.1.-31.12.	1 000 tonnes	0 %
09.2880	ex 2933 59 95	39	Iobróitinib (INN) (CAS RN 936563-96-1)	1.1.-31.12.	5 tonnes	0 %
09.2860	ex 2933 69 80	30	1,3,5-Tris[3-(démheitiolaimínea)próipil]heacsaihídrí-1,3,5-trí-aisín (CAS RN 15875-13-5)	1.1.-31.12.	600 tonnes	0 %
09.2595	ex 2933 99 80	49	1,4,7,10-Teatrasaiciogladóideacán (CAS RN 294-90-6)	1.1.-31.12.	40 tonnes	0 %
09.2658	ex 2933 99 80	73	5-(Aicéataicéitiolaimíni)beinsimódasólón (CAS RN 26576-46-5)	1.1.-31.12.	400 tonnes	0 %
09.2593	ex 2934 99 90	67	Aigéad 5-clóraitiaifín-2-carbocsaileach (CAS RN 24065-33-6)	1.1.-31.12.	45 000 kilograms	0 %
09.2675	ex 2935 90 90	79	Clóiríd 4-[[[2-meatocsaibeansóil]aimínea]sulfóinil]beansóile (CAS RN 816431-72-8)	1.1.-31.12.	1 000 tonnes	0 %
09.2710	ex 2935 90 90	91	(3R,5S,6E)-7-(4-(4-fluaraifeinil)-6-iseapróipil-2-(N-meitiolsulfónaimídi)pirimidín-5-il)-3,5-déhidrocsaiheapt-6-anóait 2,4,4-trímheitilpeantán-2-aiminiam (CAS RN 917805-85-7)	1.1.-31.12.	5 000 kilograms	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2945	ex 2940 00 00	20	D-Xiolós (CAS RN 58-86-6)	1.1.-31.12.	400 tonnes	0 %
09.2686	ex 3204 11 00	75	Dathán C.I. Disperse Yellow 54 (CAS RN 7576-65-0) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion den dathán C.I. Disperse Yellow 54 atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	250 tonnes	0 %
09.2676	ex 3204 17 00	14	Ullmhóidí atá bunaithe ar an Dathán C.I. Pigment Red 48:2 (CAS RN 7023-61-2) ag a bhfuil cion den dathán sin atá cothrom le 60 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 85 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 tonnes	0 %
09.2698	ex 3204 17 00	30	Dathán C.I. Pigment Red 4 (CAS RN 2814-77-9) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion den dathán C.I. Pigment Red 4 atá cothrom le 60 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 tonnes	0 %
09.2659	ex 3802 90 00	19	Cré ionfúsórach arna cailcíníú le flosc sóide	1.1.-31.12.	35 000 tonnes	0 %
09.2908	ex 3804 00 00	10	Ligneasulfáit sóidiam (CAS RN 8061-51-6)	1.1.-31.12.	40 000 tonnes	0 %
09.2889	3805 10 90		Tuirpintín sulfáite	1.1.-31.12.	25 000 tonnes	0 %
09.2935	ex 3806 10 00	10	Aigéid roisín agus roisín ó olaroisíní úra	1.1.-31.12.	280 000 tonnes	0 %
09.2832	ex 3808 92 90	40	Ullmhóid ina bhfuil cion since piritióisín (CAS RN 13463-41-7) ina heasrán uiscí atá cothrom le 38 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 50 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	500 tonnes	0 %
09.2876	ex 3811 29 00	55	Breiseáin arb é atá iontu táirgí imoibriúcháin défheiniolaimín agus nóinéiní brainseacha ina bhfuil, de réir meáchain: — 28 % nó níos mó ach méid nach mó ná 55 % 4-monanaoinildéfheiniolaimín, — 45 % nó níos mó ach méid nach mó ná 65 % 4,4'-dénainildéfheiniolaimín, agus — méid nach mó ná 5 % 2, 4-dénainildéfheiniolaimín agus 2, 4'-dénainildéfheiniolaimín, a úsáidtear le haghaidh monarú olaí bealaithe (²)	1.1.-31.12.	900 tonnes	0 %
09.2814	ex 3815 90 90	76	Catalaíoch arb é atá ann dé-ocsaíd tíotáiniam agus trí-ocsaíd tungstain	1.1.-31.12.	3 000 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2820	ex 3824 79 00	10	Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % nó níos mó ach méid nach mó ná 90 % 2-clórapróipéin (CAS RN 557-98-2), — 8 % nó níos mó ach méid nach mó ná 14 % (Z)-1-clórapróipéin (CAS RN 16136-84-8), — 5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 23 % 2-clóraprópán (CAS RN 75-29-6), — méid nach mó ná 6 % 3-clórapróipéin (CAS RN 107-05-1), agus — méid nach mó ná 1 % clóiríd eitile (CAS RN 75-00-3)	1.1.-31.12.	6 000 tonnes	0 %
09.2644	ex 3824 99 92	77	Ullmhóid ina bhfuil, de réir meáchain: — 55 % nó níos mó ach méid nach mó ná 78 % glútaráit démheitile (CAS RN 1119-40-0), — 10 % nó níos mó ach méid nach mó ná 30 % adapáit démheitile (CAS RN 627-93-0), — méid nach mó ná 35 % suctsanáit démheitile (CAS RN 106-65-0)	1.1.-31.12.	10 000 tonnes	0 %
09.2681	ex 3824 99 92	85	Meascán de bhis[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]sulfídí (CAS RN 211519-85-6)	1.1.-31.12.	9 000 tonnes	0 %
09.2650	ex 3824 99 92	87	Aicéitifeanón (CAS RN 98-86-2) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 60 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 90 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	2 000 tonnes	0 %
09.2888	ex 3824 99 92	89	Meascán d'aimíní ailcildémheitile treasacha ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % nó níos mó ach méid nach mó ná 80 % dóideicildémheitiolaimín (CAS RN 112-18-5), agus — 20 % nó níos mó ach méid nach mó ná 30 % démheitiil(teitrideicil)imín (CAS RN 112-75-4)	1.1.-31.12.	20 000 tonnes	0 %
09.2829	ex 3824 99 93	43	Úsc soladach ón iarmhar, agus é dothuaslagtha i dtuaslagóirí alafatacha, a fuarthas le linn úscadh róisín as adhmaid, agus na saintréithe seo a leanas ag baint leis: — cion aigéid roisín nach mó ná 30 % de réir meáchain, — aigéad-uimhir nach airde ná 110, agus — leáphointe atá cothrom le 100 °C nó níos mó ná sin	1.1.-31.12.	1 600 tonnes	0 %
09.2907	ex 3824 99 93	67	Meascán d'fhítistéaróil, i bhfoirm púdair, ina bhfuil, de réir meáchain: — 75 % stéaróil nó níos mó ná sin, — méid nach mó ná 25 % stanóil, atá lena húsáid i monarú stanól/stéaróil nó eistear stanóil/stéaróil ⁽²⁾	1.1.-31.12.	2 500 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2639	3905 30 00		Alcól polaivinile, bíodh grúpaí aicéatáite neamh-hidrealaithe ann nó ná bíodh	1.1.-31.12.	15 000 tonnes	0 %
09.2671	ex 3905 99 90	81	Bútaral polaivinile (CAS RN 63148-65-2): — ina bhfuil, de réir meáchain, 17,5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 20 % grúpaí hidrocsaile, agus — ar mó ná 0,6 mm méid airmheánach na gcáithníní (D50) atá ann	1.1.-31.12.	12 500 tonnes	0 %
09.2846	ex 3907 40 00	25	Cumasc polaiméireach de pholacarbonáit agus polai(meataicrioláit mheitile) ag a bhfuil cion polacarbonáite nach lú ná 98,5 % de réir meáchain, i bhfoirm millíní nó gráinníní, agus tarchuras solais nach lú ná 88,5 % arna thomhas le sampla tástála atá ar tiús 4 mm ag an tonnfhad $\lambda = 400$ nm (de réir ISO 13468-2)	1.1.-31.12.	2 000 tonnes	0 %
09.2585	ex 3907 99 80	70	Comhpholaiméir de phola(teireataláit eitiléine) agus démheatánól cioglaheacsáin, ina bhfuil cion is mó ná 10 % de dhémheatánól cioglaheacsáin de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 000 tonnes	2 %
09.2723	ex 3911 90 19	10	Pola(ocsai-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsai-4,4'-dэфheiniléin)	1.1.-31.12.	5 000 tonnes	0 %
09.2816	ex 3912 11 00	20	Calóga aicéatáite ceallalóis	1.1.-31.12.	75 000 tonnes	0 %
09.2864	ex 3913 10 00	10	Ailgionáit sóidiam a úscadh as feamainn rua (CAS RN 9005-38-3)	1.1.-31.12.	10 000 tonnes	0 %
09.2641	ex 3913 90 00	87	Hialúrónáit sóidiam neamhsteiriúil: — nach mó ná 900 000 meánmheáchan a meáchain mhóilínigh (M_w), — nach mó ná 0,008 aonad Iontocsaine (EU)/mg an leibhéal iontocsainí atá inti, — nach mó ná 1 % de réir meáchain an cion eatanóil atá inti, — nach mó ná 0,5 % de réir meáchain an cion iseaprópánóil atá inti	1.1.-31.12.	200 kilograms	0 %
09.2661	ex 3920 51 00	50	Leatháin de pholaimeitilmeataicrioláit atá i gcomhréir leis na caighdeáin: — EN 4364 (MIL-P-5425E) agus DTD5592A, nó — EN 4365 (MIL-P-8184) agus DTD5592A	1.1.-31.12.	100 tonnes	0 %
09.2645	ex 3921 14 00	20	Bloc ceallach de cheallalós athghinte atá tuilthe le huisce ina bhfuil clóiríd mhaignéisiam agus comhdhúile amóniam cheathartha ar mhéid 100 cm (\pm 10 cm) x 100 cm (\pm 10 cm) x 40 cm (\pm 5 cm)	1.1.-31.12.	1 700 tonnes	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2576	ex 5208 12 16	20	Fabraic fhite neamhthuartha d'fhí phléineáilte: — nach bhfuil níos mó ná 145 cm ar leithead, — ina bhfuil meáchan 120 g/m ² nó níos mó ach nach mó ná 130 g/m ² , — a bhfuil 30 nó níos mó ach gan níos mó ná 45 shnáithe in aghaidh an cheintiméadair ina hinneach, — a bhfuil dlúthchiumhais fhilicíneach ar a dhá taobh. Maidir leis an dlúthchiubhais fhilicíneach 15 mm (± 2 mm) ar leithead, is é atá ann, ón taobh istigh amach go himeall, stráice d'fhí phléineáilte atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead agus stráice d'fhí phanamach atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead	1.1.-31.12.	1 500 000 méadar cearnach	0 %
09.2577	ex 5208 12 96	20	Fabraic fhite neamhthuartha d'fhí phléineáilte: — nach bhfuil níos mó ná 145 cm ar leithead, — ina bhfuil meáchan 130 g/m ² ach nach mó ná 145 g/m ² , — a bhfuil 30 nó níos mó ach gan níos mó ná 45 shnáithe in aghaidh an cheintiméadair ina hinneach, — a bhfuil dlúthchiumhais fhilicíneach ar a dhá taobh. Maidir leis an dlúthchiubhais fhilicíneach 15 mm (± 2 mm ar leithead), is é atá ann, ón taobh istigh amach go himeall, stráice d'fhí phléineáilte atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead agus stráice d'fhí phanamach atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead	1.1.-31.12.	2 300 000 méadar cearnach	0 %
09.2848	ex 5505 10 10	10	Dramhaíl as snáithíní sintéiseacha (lena n-áirítear scothanna, dramhaíl as snáth, agus stoc gairnéadaithe) as níolón nó polaimídí eile (PA6 agus PA66)	1.1.-31.12.	10 000 tona	0 %
09.2721	ex 5906 99 90	20	Fabraic theicstíle rubaraithe atá fite lannaithe agus na saintréithe seo a leanas ag baint léi: — tá trí shraith inti, — fabraic aicrileach atá i sraith sheachtrach amháin, — fabraic phoileistir atá sa tsraith sheachtrach eile, — rubar clórabúitile atá sa tsraith láir, — tá meáchan ina sraith láir atá cothrom le 452 g/m ² nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 569 g/m ² — tá meáchan iomlán inti atá cothrom le 952 g/m ² nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 1159 g/m ² — tá tiúchan iomlán inti atá cothrom le 0,8 mm nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 4 mm úsáidtear í le haghaidh monarú díonta inardaithe mótarfheithiclí ⁽²⁾	1.1.-31.12.	375 000 méadar cearnach	0 %
09.2866	ex 7019 12 00 ex 7019 12 00	06 26	Stratifils gloine S (caisirnín): — atá comhdhéanta d'fhiliméid leanúnacha ghloine 9 μm (±0,5 μm), — ar mhéid 200 tex nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 680 tex, — nach bhfuil aon ocsaíd charbóin iontu, agus — arb é 3 550 MPa a neart briste de réir ASTM D2343-09, atá lena n-úsáid i monarú san aerloingseoireacht ⁽²⁾	1.1.-31.12.	1 000 tona	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2628	ex 7019 52 00	10	Mogall gloine atá fite as snáithín gloine atá cumhdaithe le plaisteach, arb é 120 g/m ² (± 10 g/m ²) an meáchan atá ann, de chineál a úsáidtear i sciatha feithidí inchorntha ina bhfuil frámaí suite	1.1.-31.12.	3 000 000 méadar cearnach	0 %
09.2799	ex 7202 49 90	10	Fearóchróimiam ina bhfuil 1,5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 4 % carbón agus méid nach mó ná 70 % cróimiam de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 000 tona	0 %
09.2652	ex 7409 11 00 ex 7410 11 00	30 40	Scragall agus bandaí copair mhínghlanta arna monarú go leictrealaíoch is mó ná 0,015 mm ar tiús	1.1.-31.12.	1 020 tona	0 %
09.2734	ex 7409 19 00	20	Plátaí nó leatháin arb é atá iontu: — sraith de cheirmeach nítríde sileacain atá 0,32 mm (± 0,1 mm) nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 1,0 mm (± 0,1 mm), ar tiús — atá cumhdaithe ar an dá thaobh le scragall de chopar scagtha atá 0,8 mm (± 0,1 mm) ar tiús, agus — atá cumhdaithe go páirteach ar thaobh amháin le cumhdach airgid	1.1.-31.12.	7 000 000 píosa	0 %
09.2662	ex 7410 21 00	55	Plátaí: — arb é atá iontu sraith amháin ar a laghad d'fhabraic snáithín gloine atá tuilithe le roisín eapocsaíde, — atá cumhdaithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le scragall copair nach mó ná 0,15 mm ar tiús, — ag a bhfuil tairiseach tréleictreach (DK) is lú ná 5,4 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — ag a bhfuil tadhlaí cailteanais (DK) is lú ná 0,035 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — arb é 600 nó ar mó ná sin a ninnéacs rianaithe comparáideach	1.1.-31.12.	80 000 méadar cearnach	0 %
09.2835	ex 7604 29 10	30	Slata cóimhiotal alúmanaim atá 300,1 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 533,4 mm, ar trastomhas	1.1.-31.12.	1 000 tona	0 %
09.2736	ex 7607 11 90 ex 7607 11 90	75 77	Stiall nó scragall de chóimhiotal alúmanaim agus maignéisiam: — de chóimhiotal atá i gcomhréir leis na caighdeáin 5182-H19 nó 5052-H19, — ina rollaí agus atá 1 250 mm ar a laghad, agus 1 350 mm ar a mhéad, ar trastomhas seachtrach — atá 0,15 mm, 0,16 mm, 0,18 mm nó 0,20 mm ar tiús (lamháltas - 0,006 mm), — atá 12,5 mm, 15,0 mm, 16,0 mm, 25,0 mm, 35,0 mm, 50,0 mm nó 356 mm ar leithead (lamháltas ± 0,3 mm), — nach mó ná 0,4 mm/750 mm a lamháltas droinne, — ag a bhfuil tomhas plánachta: aonad I: ± 4, — ar mó ná (5182-H19) 365 MPa nó (5052-H19) 320 MPa an neart teanntachta atá iontu, — ar mó nó (5182-H19) 3 % nó (5052-H19) 2,5 % a bhfadú A50, atá lena n-úsáid i monarú lataí le haghaidh dallóg ^(?)	1.1.-31.12.	600 tona	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2722	8104 11 00		Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil 99,8 % maignéisiam ar a laghad de réir meáchain	1.1.-31.12.	120 000 tona	0 %
09.2840	ex 8104 30 00	20	Púdar maignéisiam: — nach lú ná 98 %, ach nach mó ná 99,5 %, a íonacht de réir meáchain, — a bhfuil a cháithníní 0,2 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 0,8 mm	1.1.-31.12.	2 000 tona	0 %
09.2629	ex 8302 49 00	91	Hanla teileascópach alúmanaim atá lena úsáid i monarú bagáiste (²)	1.1.-31.12.	1 500 000 píosa	0 %
09.2720	ex 8413 91 00	50	Ceann caidéal le haghaidh caidéal ardbhrú dhá shorcóir atá déanta as cruach ghaibhnithe ina bhfuil: — feistithe snáithithe foirbthe atá 10 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 36,8 mm, ar trastomhas, agus — cainéil dhruileáilte bhreosla atá 3,5 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 10 mm, ar trastomhas, de chineál a úsáidtear i gcórais insteallta díosail	1.1.-31.12.	65 000 píosa	0 %
09.2738	ex 8482 99 00	30	Cásanna práis — ar a bhfuil múnú leanúnach nó lártheifeach déanta, — ar a bhfuil deileadh déanta, — ina bhfuil, de réir meáchain, 35 % nó níos mó ach méid nach mó ná 38 % sinc, — ina bhfuil, de réir meáchain, 0,75 % nó níos mó ach méid nach mó ná 1,25 % luaidhe, — ina bhfuil, de réir meáchain, 1,0 % nó níos mó ach méid nach mó ná 1,4 % alúmanam, agus — a bhfuil an neart teanntachta atá iontu cothrom le 415 Pa nó níos mó ná sin, de chineál a úsáidtear i monarú grán iompair	1.1.-31.12.	50 000 píosa	0 %
09.2763	ex 8501 40 20 ex 8501 40 80	40 30	Mótar cómhalaratáin leictreach srutha ailtéarnaigh a bhfuil a chumhacht aschuir cothrom le 250 W nó níos mó ná sin, a bhfuil a chumhacht ionchuir cothrom le 700 W nó níos mó ná sin gan bheith níos má nó 2 700 W, atá 120 mm (± 0,2 mm), ach nach bhfuil níos mó ná 135 mm (± 0,2 mm), ar trastomhas seachtrach, ar tapúla ná 30 000 isn ach nach tapúla ná 50 000 isn a luas rátaíthe, ar a bhfuil aerthóir ionsaithe aeir feistithe agus atá lena úsáid i monarú folúsghlantóirí (²)	1.1.-31.12.	2 000 000 píosa	0 %
09.2584	ex 8528 59 00	40	Gléas leictreonach ina bhfuil taispeáint scáileáin tadhaill LCD a bhíonn á cumhachtú ag voltas 12 V nó níos mó ach nach mó ná 14,4 V: — ina bhfuil próiseálaí rialúcháin LCD, — ina bhfuil modúl GPS (córas suite domhanda), — ina bhfuil modúl Bluetooth, — ina bhfuil port USB, — ina bhfuil tiúnóir comhartha raidió, — ina bhfuil feidhmeanna le haghaidh comhar le E-CALL, — ina bhfuil nascóirí, — atá gan painéal rialúcháin comhtháite, a bhfuiltear lena úsáid chun earraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú (²)	1.1.-30.6	60 000 píosa	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2672	ex 8529 90 92 ex 9405 40 39	75 70	Clár ciorcaid phriontáilte ar a bhfuil dé-oidí LED: — bíodh príosmaí/lionsaí feistithe air nó ná bídís, agus — bíodh nascóir/nascóirí feistithe orthu ná ná bíodh a úsáidtear i monarú aonad cúlsolais le haghaidh earraí atá faoi cheannteideal 8528 ^(?)	1.1.-31.12.	115 000 000 píosa	0 %
0.7936	ex 2932 99 00	78	2,2-Défluara-1,3-beinsidhé-ocsól-5-carbocsaláit mheitile (CAS RN 773873-95-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025

0.7954	ex 2932 99 00	83	6,11-Déhidridhébheins[b,e]ocsaipin-11-ón (CAS RN 4504-87-4) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7938	ex 2933 19 90	43	2-(3,5-démheitil-1H-piorasól-4-il)aicéatáit threas-búitile (CAS RN 1082827-81-3) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7937	ex 2933 29 90	23	1,1'-Tiarcabóinilbis(imíodasól) (CAS RN 6160-65-2) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7976	ex 2933 39 99	83	Clóiríd 2-hiodrocsa-4-asóinaispiora[3,5]naonáin (CAS RN 15285-58-2) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7925	ex 2933 39 99	84	Dé-eitil(3-piridil)bórán (CAS RN 89878-14-8) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7981	ex 2933 39 99	86	1-Ocsaid 3-(N-hiodrocsacarbaimimidíóil)piridín (CAS RN 92757-16-9) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7939	ex 2933 39 99	87	6-Clóra-N-(2,2-démheitiolpróipil)piridín-3-carbocsaimíd (CAS RN 585544-20-3) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7986	ex 2933 39 99	88	4-Aimín-3-clóra-6-(4-clóra-2-fluara-3-meatocsaifeinil)-5-fluaraipiridín-2-carbocsaláit bheinsile (CAS RN 1390661-72-9) ag a bhfuil íonacht 92 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7952	ex 2933 69 80	33	2,4,6-Tríchlóra-1,3,5-trí-aisín (CAS RN 108-77-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7927	ex 2933 99 80	60	2-[(6,11-Déhidra-5H-débheins[b,e]asaipin-6-il)-meitil]-1H-isiondól-1,3(2H)-dé-ón (CAS RN 143878-20-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7971	ex 2933 99 80	70	Eistear eitile aigéid 5-(bis-(2-hiodrocs-eitil)-aimín)-1-meitil-1H-beinsimíodasól-2-bútánóch (CAS RN 3543-74-6) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8014	ex 2933 99 80	80	Pioról-2-carbocsaidihíd (CAS RN 1003-29-8) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7926	ex 2934 99 90	65	Beansa[b]tiaifein-10-meatocsaicioglaiheaptánón (CAS RN 59743-84-9) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7944	ex 2934 99 90	70	1,3,4-tiaidhé-asóilidín-2,5-déthión (CAS RN 1072-71-5) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7928	ex 2935 90 90	44	4-[2-(7-Meatocsa-4,4-démheitil-1,3-dé-ocsa-3,4-déhidriseacuineoilin-2(1H)-il)eitil]beinséansulfónaimíd (CAS RN 33456-68-7) ag a bhfuil íonacht 99,5 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025

0.7943	ex 3201 90 20	10	Gál rus chinensis (Galla chinensis), ina bhfuil cion tainnine 85 % nó níos lú, de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.7975	ex 3801 10 00	10	Graifít shaorga i bhfoirm púdair, (CAS RN 7782-42-5): — ag a bhfuil struchtúr cáithnín thánaistigh a comhiomlánaíodh ó chaithníní príomhúla atá níos lú, — gan bhratú ar an dromchla, — ag a bhfuil méid caithnín dar luach d50 13,5 (± 0,5), — ag a bhfuil achar dromchla sonrath (de réir tomhas BET) atá níos lú ná 2,0 m ² /g, — ag a bhfuil dlús tapáilte: 1,10 ~ 1,70 g/cm ³ , — ag a bhfuil toilleadh díluachtaithe sonrath 351,0 mAh/g (± 3,0), — ag a bhfuil éifeachtúlacht tosaigh 94,0 % (± 1,0)	1,8 %	-	31.12.2021
0.7994	ex 3801 10 00	20	Graifít shaorga i bhfoirm púdair, (CAS RN 7782-42-5) ag a bhfuil: — sainachar dromchla (arna thomhas de réir BET) 0,8 m ² /g (± 0,25), — dlús tapáilte: 0,85 g/cm ³ (± 0,10), — méid cáithnín dá seasann an luach d50 de 21,0 μm (± 2,0), — ag a bhfuil toilleadh díluachtaithe sonrath 351,0 mAh/g (± 3,0), — éifeachtúlacht tosaigh 94,0 % (± 2,0)	1,8 %	-	31.12.2021
0.7998	ex 3815 90 90	38	Fótaitionscnoir ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 80 % nó níos mó de dhé[β-4-[4-(2-démheitiolaimín-2-beinsil)bútánóilfeinil]pipioraisín]próipianáit ghliocóil phoileitiléine (CAS RN 886463-10-1), — cion nach mó ná 17 % de [β-4-[4-(2-démheitiolaimín-2-beinsil)bútánóilfeinil]pipioraisín]próipianáit ghliocóil phoileitiléine	0 %	-	31.12.2025
0.7999	ex 3815 90 90	48	Fótaitionscnoir ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 88 % nó níos mó de α-(2-beansóilbeansóil)-ω-[(2-beansóilbeansóil)ocsa]-pola(ocsa-1,2-eatándé-il) (CAS RN 1246194-73-9), — cion nach mó ná 12 % of α-(2-beansóilbeansóil)-ω-hidrocsa-pola(ocsa-1,2-eatándé-il) (CAS RN 1648797-60-7)	0 %	-	31.12.2025
0.7950	ex 3902 90 90	65	Comhpholaiméir bútaidhé-éin-stiréine bhróimínithe (CAS RN 1195978-93-8) ina bhfuil cion bróimín 60 % nó níos mó ach nach mó ná 68 %, de réir meáchain, sna foirmeacha sin a shainmhínítear i Nóta 6 (b) a ghabhann le Caibidil 39	0 %	-	31.12.2025
0.7953	ex 3910 00 00	65	Comhpholaiméir leachtach atá bunaithe ar pholaidhémheitilsiolocsán ag a bhfuil grúpaí epocsaíde teirminéalacha (CAS RN 2102536-93-4)	0 %	-	31.12.2025
0.8009	ex 3911 90 99	38	Meascán ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 90 % (± 1 %) de pholaiméir 1,4:5,8-Démheatánónaftailéin, 2-etilid-éin-1,2,3,4,4a,5,8,8a-ochtahiodra, ina bhfuil 3a,4,7,7a-teitrihiodra-4,7-meatána-1H-indéin, í hidriginithe (CAS RN 881025-72-5), agus	0 %	-	31.12.2025

			— cion 10 % (\pm 1 %) de chomhpholaiméir bhútaidhé-éine stíréine hidriginithe (CAS RN 66070-58-4)			
0.8010	ex 3911 90 99	48	Meascán ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 90 % (\pm 1 %) de pholaiméir 1,4:5,8-démheatánónaftailéin, 2-eitilid-éin-1,2,3,4,4a,5,8,8a-ochtaihiodra, ina bhfuil 3a,4,7,7a-teitrihiodra-4,7-meatána-1H-indéin, í hidriginithe (CAS RN 881025-72-5), agus — 10 % (\pm 1 %) de chomhpholaiméir eitiléin-próipiléine (CAS RN 9010-79-1)	0 %	-	31.12.2025
0.7949	ex 3920 61 00	40	Scragail theirmeaplaisteacha easbhrúite nó scannáin pholacarbónáite: — ag a bhfuil uigeacht dromchla neamhlonrach ar an dá thaobh díobh, — atá 50 μ m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 200 μ m, ar tiús, — atá 800 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 500 mm ar leithead, agus — atá 915 m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 2 500 m, ar fad, a bhfuiltear lena n-úsáid chun earraí ais-fhrithchaiteacha a tháirgeadh (!)	0 %	-	31.12.2025
0.8011	ex 3920 62 19 ex 3920 62 90	68 20	Scannán pola(teireaftaláit eitléine) ina rollaí: — atá 50 μ m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 350 μ m ar tiús, agus — atá cumhdaithe le ciseal miotail lómhair spriúchta amhail ór nó pallaidiam atá 0,02 μ m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 0,06 μ m, ar tiús	0 %	-	31.12.2025
0.8005	ex 3920 99 28	48	Scragall polúireatáin theirmeaplaistigh, ina rollaí: — atá 900 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 016 mm, ar leithead, — ag a bhfuil bailchríoch neamhlonrach, — atá 0,4 mm (\pm 8 %) ar tiús, — ag a bhfuil fadú go briseadh 480 % nó níos mó (ASTM D412 (Die C)), — ag a bhfuil neart teanntachta 470 (\pm 10) kg/cm ² i dreo innealra (ASTM D412 (Die C)), — ag a bhfuil cruach Shore 90 (\pm 3) (ASTM D2240), — ag a bhfuil neart stróicthe 100 (\pm 10) kg/cm ² (ASTM D624 (Die C)), — arb é 165 °C (\pm 10 °C) a leáphointe	0 %	-	31.12.2025
0.8024	ex 5603 14 10	20	Snáithíní éadaí neamhfhite, arb é atá iontu substaintí casta teireataláit phoileitléine: — ina bhfuil meáchan 160 g/m ² nó níos mó ach nach bhfuil níos mó ná 300 g/m ² — atá lannaithe ar thaobh amháin le seicin nó le seicin agus le halúmanam — ag a bhfuil éifeachtúlacht scagacháin de réir aicme íosta scagachán DIN 60335-2-69:2008 M — atá inphléatáilte	0 %	m ²	31.12.2023

0.8028	ex 6909 19 00	40	<p>Cartúis ionsúite carbóin ceirmigh, ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — déanmhas sorcóireach ilcheallach faoi chumhdach ceirmigh bhácáilte eas-bhrúite, — ina bhfuil, de réir meáchain, cion 10 % nó níos mó ach nach mó ná 35 % de charbón gníomhachtaithe de réir meáchain, — ina bhfuil, de réir meáchain cion 65 % nó níos mó ach nach mó ná 90 % de cheanglóir ceirmeach, — atá 29 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 41 mm, ar trastomhas, — nach bhfuil níos mó ná 150 mm, ar fad, — atá bÁCáilte ag teocht 800 °C nó níos mó, agus — le haghaidh asú gal, <p>de chineál a úsáidtear i gcóimeáil ionsúirí gal breosla i gcórais bhreosla mótar-fheithiclí</p>	0 %	p/st	31.12.2025
0.7913	ex 7506 20 00	20	<p>Leatháin agus stiallacha ina gcoraí de chóimhiotal nicile atá i gcomhréir le caighdeán ASME SB-582/UNS N06030:</p> <ul style="list-style-type: none"> — atá 0,5 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 3 mm, ar tiús, — atá 250 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 219 mm, ar leithead 	0 %	-	31.12.2025
0.7997	ex 7616 99 90	35	<p>Pláta alúmanaim:</p> <ul style="list-style-type: none"> — atá 36 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 49 mm, ar fad, — atá 29,8 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 45,2 mm, ar leithead, — atá 0,18 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 0,66 mm, ar tiús, <p>a bhfuil téip pholapróipiléine feistithe ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> — atá 6,5 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 16,5 mm, ar fad, — atá 39 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 56 mm, ar leithead, <p>— ag a bhfuil na saintréithe chun gur féidir alt soladach a chruthú ar a bhfuil ciseal seachtrach tiachóige trí phróiseas leáite lena n-áirithítear sceithdhíonacht agus brúdhíonacht séalú Cille,</p> <p>— atá seasmhach in aghaidh tionchar leictirilíte,</p> <p>a bhfuiltear lena n-úsáid chun cealla ceallra ian litiam a mhonarú le haghaidh ceallraí mótarfheithiclí (*)</p>	3 %	-	31.12.2021
0.7966	ex 8104 19 00	10	<p>Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil cion 93 % nó níos mó ach nach mó ná 99,7 % de mhaignéisiam, de réir meáchain</p>	0 %	-	31.12.2025
0.7942	ex 8108 90 30	35	<p>Barraí agus sreanga de thiótáiniam ina bhfuil cion tíotáiniam 98,8 % nó níos mó ach nach mó ná 99,9 %, atá níos lú ná 20 mm ar trastomhas</p>	0 %	-	31.12.2025
0.8012	ex 8406 82 00	10	<p>Galtuirbín tionsclaíoch:</p> <ul style="list-style-type: none"> — ag a bhfuil aschur 5 MW nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 40 MW, — arna dhearadh le haghaidh brú nach mó ná 140 bar agus teocht nach mó ná 540 °C, — a bhfuil comhláí dhá shuí feistithe ann ar thaobh na gaile beo de a n-oibrítear le seirbheachomhla hiodrálach ag a bhfuil nach mó ná 12 bhar 	0 %	-	31.12.2025

0.7961	ex 8409 91 00 ex 8481 90 00	55 60	Corp buinne le haghaidh uillinn agus dáileadh insteallta breosla a rialáil: — i gcruth sorcóireach, — atá déanta as cruach dhosmálta, — ina bhfuil 4 pholl nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 16 pholl, — ag a bhfuil ráta sreafa 100 cm ³ /nóiméad nó níos mó, ach nach mó ná 500 cm ³ /nóiméad	0 %	-	31.12.2025
0.7965	ex 8409 91 00	75	Feireadh comhla insteallta breosla le haghaidh réimse leictreamaighnéadach a ghiniúint chun an chomhla insteallta a ghníomhú: — arb é 2 mm nó níos mó, ach nach mó ná 10 mm, a thrastomhas ionraoin, — arb é 2 mm nó níos mó, ach nach mó ná 10 mm, a thrastomhas asraoin, — ar a bhfuil corna leictreach ag a bhfuil friotaíocht 10 Ω nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 15 Ω agus a bhfuil ceangal leictreach ar a fhoirceann, — cumhdach plaisteach atá múnlaíthe thart ar fheadán cruaiche dosmálta	0 %	-	31.12.2025
0.7967	ex 8409 91 00 ex 8481 90 00	80 70	Snáthaid bhuinte le haghaidh sreabhadh breosla an innill a oscailt agus a dhú- nadh: — ag a bhfuil 2 pholl, — ag a bhfuil 4 eitre, — atá 3 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 6 mm, ar trastomhas, — atá 25 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 35 mm, ar fad, — atá déanta as cruach dhosmálta agus ar a bhfuil plátáil chrua-chróim	0 %	-	31.12.2025
0.7969	ex 8413 30 20	40	Caidéal suncaire ardbhrú le haghaidh instealladh díreach díosail: — ag a bhfuil brú oibríochta nach mó ná 275 MPa, — ina bhfuil ceamfhearsaid, — ag a bhfuil sceitheadh sreabháin 15 cm ³ sa nóiméad nó níos mó, ach nach mó ná 1 800 cm ³ sa nóiméad, — Comhla bhrúrialúcháin leictreach	0 %	-	31.12.2025
0.7970	ex 8413 30 20	50	Caidéal suncaire ardbhrú le haghaidh instealladh díreach díosail: — ag a bhfuil brú oibríochta nach mó ná 275 MPa, — arna dhearadh le ceangal leis an gcromfhearsaid, — ina bhfuil comhla leictreamaighnéadach	0 %	-	31.12.2025
0.7996	ex 8418 99 90	20	Bloc nasctha alúmanaim atá le ceangal le hiolrachán comhdhlúthadán sa phróis- eas tathaithe: — cruaithe go faghairt T6 nó T5, — nach bhfuil níos mó ná 150 g de réir meáchain, — atá 20 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 150 mm, ar leithead, — ar a bhfuil ráille feistiúcháin aon phársa amháin	0 %	-	31.12.2025

0.8004	ex 8418 99 90	30	Próifíl triomadóra ghilactha atá le ceangal le hiolrachán comhdhlúthadain sa phróiseas táthaithe: — ag a bhfuil plánacht phrásála nach mó ná 0,2 mm, — ina bhfuil meáchan 100 g nó níos mó, ach nach mó ná 600 g, — ar a bhfuil ráille feistiúcháin aon pháosa amháin	0 %	-	31.12.2025
0.7979	ex 8479 89 97	55	Líne meaisíní eochróra uathoibríoch chomhtháite chun rollaí glótháin i gcealla ceallra ian litiam sorcóireacha a mhonarú trí thochrán, cóimeáil bloic, gearradh catóide, deighilteora agus anóide	0,8 %	-	31.12.2021
0.7982	ex 8479 89 97	65	Líne meaisíní eochróra uathoibríoch chomhtháite chun cealla ceallra a chóimeáil i gceallraí ian litiam sorcóireacha ag a bhfuil luas 300 páirt in aghaidh an nóiméid agus na líne táirgthe	0,8 %	-	31.12.2021
0.7964	ex 8479 90 70	40	Feireadh le haghaidh páirt rótair an aonaid mheicniúil lena n-áirithítear coigeartú ghluaiseacht na ceamfhearsaide le hais na cromfhearsaide: — i gcruth ciorclach, — atá déanta as cruach chóimhiotail trí phróiseas sintéaraithe, — nach bhfuil níos mó ná 8 gcuasán ola ann, — ag a bhfuil cruas Rockwell 55 nó níos mó, — ag a bhfuil dlús 6,5 g/cm ³ nó níos mó, ach nach mó ná 6,7 g/cm ³	0 %	-	31.12.2025
0.7968	ex 8481 30 91 ex 8481 30 99	30 50	Comhla seiceála meicniúla (neamh-fhillte) chun an sreabhadh breosla a oscailt agus a dhúnadh: — ag a bhfuil brú oibríochta nach mó ná 250 MPa, — ag a bhfuil ráta sreafa 45 cm ³ /nóiméad nó níos mó, ach nach mó ná 55 cm ³ /nóiméad, — ina bhfuil 4 pholl inraoin agus gach poll ionraoin 1,2 mm nó níos mó, ach nach mó ná 1,6 mm, ar trastomhas, — atá déanta as cruach	0 %	-	31.12.2025
0.7960	ex 8481 80 59 ex 8481 90 00	70 80	Comhla shilte — atá déanta as cruach, — ina bhfuil poll asraoin atá ar a laghad 0,05 mm, ach nach bhfuil níos mó ná 0,5 mm, ar trastomhas, — ina bhfuil poll inraoin atá ar a laghad 0,1 mm, ach nach bhfuil níos mó ná 1,3 mm, ar trastomhas	0 %	-	31.12.2025
0.7972	ex 8527 29 00 ex 8529 90 65	10 38	Modúl glacadóra raidió satailíte: — i gcruth dronuilleogach agus arb é 70,5 x 44,9 x 10,5 mm a thoisí,	0 %	-	31.12.2025

			<ul style="list-style-type: none"> — ina bhfuil slogaide teasa agus clár ciorcad priontáilte ina bhfuil friotóirí, toilleoirí, trasraitheoirí, cornaí, dé-oidí agus ciorcaid iomlánaithe, — atá in ann comharthaí radaimhnicíochta a phróiseáil, — ag a bhfuil aonad meánmhinicíochta, <p>a bhfuiltear lena úsáid chun na táirgí atá faoi cheannteidil 8527 a mhonarú (!)</p>			
0.7987	ex 8708 50 20 ex 8708 50 55	15 50	Caighean imthaca gránach ailt treoluis thairisigh transaim sféarach, atá ina pháirt de chóras tiomána na feithicle, atá déanta as ábhar atá oiriúnach lena charbrú, ag a bhfuil cion carbóin 0,14 % nó níos mó, ach nach mó ná 0,57 %, gaibhnithe, casta, puinseáilte, meilte agus cruaithe	0 %	-	31.12.2025
0.7988	ex 8708 50 20 ex 8708 50 99	25 45	Feireadh ailt treoluis thairisigh transaim de chineál gráin le haghaidh casmhóim-int ón inneall a tharchur agus le haghaidh tarchur chuig rothaí na mótarfeithiclí, i bhfoirm raoin sheachtraigh: <ul style="list-style-type: none"> — ar a bhfuil 6 rian gráin nó níos mó, ach nach mó ná 8 — snáithe, — ina bhfuil splíon ionbhlóideach ar a bhfuil 21 fhiacail nó níos mó, ach nach mó ná 38, — atá le rith ar imthacaí gránacha atá déanta as cruach, ina bhfuil cion carbóin 0,48 % nó níos mó ach nach mó ná 0,57 %, — gaibhnithe, casta, meilte agus cruaithe 	0 %	-	31.12.2025
0.7989	ex 8708 50 20 ex 8708 50 99	35 50	Feireadh tríchosach le haghaidh alt treoluis thairisigh istigh: <ul style="list-style-type: none"> — atá 67,0 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 99,0 mm, ar thrastomhas laistigh, — ag a bhfuil 3 rian rollála calabraithe faoi fhuacht atá 29,95 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 49,2 mm, ar trastomhas, — ina bhfuil splíona seachtrach ar a bhfuil 21 fhiacail nó níos mó, ach nach mó ná 41, — gaibhnithe, casta, rollta agus cruaithe 	0 %	-	31.12.2025
0.7990	ex 8708 50 20 ex 8708 50 99	45 55	Raon istigh ar a bhfuil alt treoluis thairisigh transaim, atá ina pháirt de chóras tiomána na feithicle: <ul style="list-style-type: none"> — 6 riain gráin nó níos mó, ach nach mó ná 8, atá oiriúnach le haghaidh imthacaí gránacha atá 12,0 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 24,0 mm, ar trastomhas, — gaibhnithe, casta, meilte agus cruaithe 	0 %	-	31.12.2025
0.7991	ex 8708 50 20 ex 8708 50 99	55 60	Ladhar thríchosach le haghaidh alt treoluis thairisigh istigh, mar pháirt de chóras tiomána na feithicle: <ul style="list-style-type: none"> — ina bhfuil 3 thruinniún atá 17,128 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 25,468 mm, ar trastomhas, — gaibhnithe, casta, bróisteáilte agus cruaithe 	0 %	-	31.12.2025

0.7973	ex 9002 11 00	23	Lionsaí: — ina bhfuil fócas innealta, zúmáil innealta, cró innealta, — ina bhfuil scagaire gearrtha inírdheirg lasctha leictreonach, — ag a bhfuil fad fócasach inchoigeartaithe nach lú nach 2,7 mm agus nach mó ná 55 mm, — ina bhfuil meáchan nach mó ná 100 g, — atá níos lú ná 70 mm ar fad, — nach bhfuil níos mó ná 60 mm ar trastomhas	0 %	-	31.12.2025
--------	---------------	----	--	-----	---	------------

(¹) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).”

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2020/2232 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Nollaig 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta ionadaithe de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tugadh i gcrích an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an “Comhaontú um Tharraingt Siar”) le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽¹⁾ an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.
- (2) De bhun Airteagal 171(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (“an Comhchoiste”) le liosta a bhunú de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána, ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ní mór don Chomhchoiste a áirithiú go ndéanfaidh an liosta na ceanglais a chomhlíonadh tráth ar bith.
- (3) De bhun Airteagal 171(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh ar an liosta ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe ar dhlí an Aontais agus ar dhlí idirnáisiúnta poiblí acu. Ar an liosta sin, ní bheidh daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d’institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit, nó de rialtas na Ríochta Aontaithe.
- (4) Tá cúigear curtha chun cinn ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe go comhpháirteach do phost an chathaoirligh ar an bpainéal eadrána, agus tá deichniúr le haghaidh an phoist mar chomhalta den phainéal molta ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe faoi seach.
- (5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú.
- (6) Is iomchuí freisin díorma cúlta de shaineolaithe a bhunú atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina n-eadránaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, díorma ar féidir teagmháil a dhéanamh leis chun na 25 dhuine a choinneáil cothrom le dáta ó thaobh an Aontais de,

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Téacs atá ábhartha do LEE) (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar a mhéid a bhaineann le liosta de 25 dhuine a bhunú atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú um Tharraingt Siar:

- (a) is ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh sé bunaithe; agus
- (b) tacóidh sé le nóta a chur i gceangal le miontuairiscí chruinniú an Chomhchoiste ina leagfar amach na nósanna imeachta chun na cathaoirligh a bheidh ann amach anseo a ainmniú ar liosta na gcathaoirleach do phainéal eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, mar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Bunaítear liosta ionadaithe de dhaoine ar féidir leis an Aontas a mholadh chun folúntais a líonadh sa liosta de 25 dhuine dá dtagraítear in Airteagal 1 a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Foilseofar Cinneadh an Chomhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. .../2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an ...

lena mbunaítear liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána faoin gComhaontú

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ (an'Comhaontú Um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 171(1)(d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 171(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse, a leagtar amach faoin gComhaontú sin, bunóidh an Comhchoiste liosta de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus in ann a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána,
- (2) De bhun Airteagal 171(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh ar an liosta sin ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe ar dhlí an Aontais agus ar dhlí idirnáisiúnta poiblí acu. Na daoine sin, ní bheidh siad ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d'institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit nó de rialtas na Ríochta Aontaithe,
- (3) I bhfianaise an togra chomhpháirtigh ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe go mbeidh cúigear ann le haghaidh fheidhm chathaoirleach an phainéil eadrána, agus i bhfianaise na dtograí faoi seach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe go mbeidh deichniúr ann ón dá Pháirtí le haghaidh fheidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina n-eadránaithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa ...,

*Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh*

⁽¹⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch.7.

IARSCRÍBHINN I

a ghabhann le Cinneadh Uimh .../2020 ón gComhchoiste

Cathaoirligh le haghaidh Phainéal Eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar

Ms Corinna WISSELS

Ms Angelika Helene Anna NUSSBERGER

Mr Jan KLUCKA

Sir Daniel BETHLEHEM

Ms Gabrielle KAUFMANN-KOHLER

Gnáthchomhaltaí an Phainéil Eadrána um an gComhaontú um Tharraingt Siar

AN TAONTAS EORPACH:

Mr Hubert LEGAL

Ms Helena JÄDERBLOM

Ms Ursula KRIEBAUM

Mr Jan WOUTERS

Mr Christoph Walter HERRMANN

Mr Javier DIEZ-HOCHLEITNER

Ms Alice GUIMARAES-PUROKOSKI

Mr Barry DOHERTY

Ms Tamara Čapeta

Mr Nico SCHRIJVER

AN RÍOCHT AONTAITHE:

Sir Gerald BARLING

Sir Christopher BELLAMY

Mr Zachary DOUGLAS

Sir Patrick ELIAS

Dame Elizabeth GLOSTER

Sir Peter GROSS

Mr Toby LANDAU QC

Mr Dan SAROOSHI QC

Ms Jemima STRATFORD QC

Sir Michael WOOD

DRÉACHTNÓTA LE CUR I GCEANGAL LE MIONTUAIRISCÍ CHRUINNIÚ AN CHOMHCHOISTE UM THARRAINGT SIAR, AN XX NOLLAIG 2020, LENA LEAGTAR AMACH NA NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH NA GCATHAOIRLEACH A BHEIDH ANN AMACH ANSEO A AINMNIÚ I LIOSTA NA GCATHAOIRLEACH LE HAGHAIDH PHAINÉAL EADRÁNA AN CHOMHAONTAITHE UM THARRAINGT SIAR

Ghlac an Comhchoiste inniu an liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí ar phainéal eadrána i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Meabhraíonn na Páirtithe gur roghnaíodh an cúigiú duine ar liosta na gcathaoirleach tar éis crannchur a bhí ann an 9 Nollaig 2020 i láthair ionadaithe ón dá Pháirtí.

Chun cothromaíocht a áirithiú le himeacht ama, ba cheart feidhm a bheith ag córas uainíochta a fheidhmeoidh mar a leanas: nuair a thiocfaidh folúntas i bpost a bheidh ag cathaoirleach a bheidh á chur i láthair ag páirtí a bhfuil trí áit ar an liosta de chúig cinn, cuirfidh an Páirtí eile triúr iarrthóirí i láthair as a roghnóidh an chéad Pháirtí cathaoirleach laistigh de thrí lá oibre chun an folúntas sin a líonadh.

Má tá post ag cathaoirleach a chuireann an Páirtí i láthair a bhfuil dhá áit ar an liosta de chúig cinn ag a chuid iarrthóirí, ní bheidh aon uainíocht ann agus cuirfidh an Páirtí sin triúr iarrthóirí i láthair as a roghnóidh an Páirtí eile cathaoirleach laistigh de thrí lá oibre chun an folúntas sin a líonadh.

Dá réir sin, ní bheidh níos lú ná beirt chathaoirleach ar liosta na gcathaoirleach a chuir gach Páirtí i láthair tráth ar bith.

Tar éis gach athsholáthair chathaoirligh mar a leagtar amach thuas, ba cheart don Chomhchoiste an liosta de 25 dhuine a leasú le cinneadh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

In aon chás, déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar an liosta de 25 dhuine dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhchoiste a glacadh inniu. Déanfaidh na Páirtithe a lándícheall liosta de chúigear a mholadh go comhpháirteach le linn an athbhreithnithe sin, de réir mar a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ba cheart an liosta sin a chur in ionad an liosta a bhí ann roimhe sin tráth nach déanaí ná sé mhí ó thús an athbhreithnithe.

Mura féidir teacht ar chomhaontú maidir leis an gcúigiú cathaoirleach le linn an phróisis athbhreithnithe, an Páirtí a bhfuil dhá áit ar an liosta de chúig cinn ag an bpointe sin, cuirfidh sé triúr iarrthóirí i láthair as a roghnóidh an Páirtí eile cathaoirleach laistigh de thrí lá chun an áit sin ar an liosta a líonadh. Tar éis an phróisis athbhreithnithe, ba cheart don Chomhchoiste an liosta de 25 dhuine a leasú le Cinneadh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Na hiarrthóirí ar fad a mholann Páirtí amháin le haghaidh a roghnaithe ag an bPáirtí eile de réir an nós imeachta a leagtar amach sa Nóta seo, ní mór dóibh na critéir atá leagtha amach in Airteagal 171 den Chomhaontú a shásamh, agus, i gcás ina measann Páirtí le réasún nach amhlaidh atá an cás, forchoimeádann sé an ceart agóid a dhéanamh in aghaidh an t-iarrthóir sin a chur san áireamh nó a cheapadh.

IARSCRÍBHINN

Liosta ionadaithe de na hiarrthóirí atá toilteanach agus iniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí Aontais ar phainéal eadrána faoin gComhaontú um Tharraingt Siar

Mr Myron NICOLATOS

Mr Ezio PERILLO

Mr Vilenas VADAPALAS

Mr Andreas MÜLLER

Mr Pierre d'ARGENT

Mr Radostin Georgiev PETROV

Mr Costas CLERIDES

Mr Antonin MOKRY

Mr Carri GINTER

Mr Nikolaos MARKOPOULOS

Mr Jukka SNELL

Mr Janos MARTONYI

Ms Alessandra PIETROBON

Mr Ignas VEGELE

Ms Anita KOVALEVSKA

Mr Kaj I. HOBER

Mr Matej AVBELJ

CINNEADH (AE) 2020/2233 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Nollaig 2020

a bhaineann le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9^ú, faoin 10^ú agus faoin 11^ú Ciste Eorpach Forbraíochta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpach, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cabhair ón Aontas Eorpach a mhaoiniú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le cúnaimh airgeadais a leithdháileadh ar na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach maidir leo ⁽¹⁾ (“an 11ú Comhaontú Inmheánach CEF”), agus go háirithe Airteagail 1(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ní féidir cistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta Stáit na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Chiúin-Aigéin (ACC) maidir le hoibríochtaí faoin 9^ú, faoin 10^ú agus faoin 11^ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEFanna) (“cistí a eascraíonn ó athshreabha”) a ghealladh thar an 31 Nollaig 2020 mura gcinneann an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún.
- (2) Cé gur thacaigh Saoráid Infheistíochta ACC leis na cuspóirí maidir le laghdú bochtaineachta, comhtháthú sa gheilleagar domhanda agus forbairt inbhuanaithe sna tíortha ACC, mar a leagtar amach i gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ⁽²⁾, (“Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE”), tá fianaise láidir ann nár baineadh amach an méid arbh fhéidir i ndáil leis na cuspóirí sin. D’fhéadfaí torthaí forbartha níos fearr a bhaint amach dá leanfaí le húsáid na n-athshreabh ó Shaoráid Infheistíochta ACC faoi chreat agus rialachas nua.
- (3) An 14 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (“togra ICFCI”), lena bhforáiltear bunú an Chiste Eorpach nua um Fhorbairt Inbhuanaithe (“CEFI+”), agus Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, ar ina leith a d’fhéadfadh na Ballstáit ranníocaíochtaí a dhéanamh agus na ranníocaíochtaí sin a chur i leataobh chun gníomhaíochtaí a thionscnamh i réigiúin, tíortha nó earnálacha ar leith nó sna fuinneoga infheistíochta atá ann.
- (4) An 4 Nollaig 2020, ghlac Coiste Ambasadóirí ACC-AE Cinneadh Uimh 2/2020 ⁽³⁾, lena leasaítear Cinneadh Uimh. 3/2019 ⁽⁴⁾ chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE chun síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 30 Samhain 2021, nó go dtí go dtiocfaidh Comhaontú ACC-AE nua (“an Comhaontú nua”) i bhfeidhm, nó go ndéanfar an Comhaontú nua a chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Stáit ACC, cibé acu is túisce. Ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 1(5) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF go dtí an 30 Meitheamh 2021, ionas go bhféadfar na cistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9^ú, faoin 10^ú agus faoin 11^ú Ciste Eorpach Forbraíochta a ghealladh, chun go mbeifear in ann gealltanas nua maidir le hathshreabha a thabhairt faoi Shaoráid Infheistíochta ACC agus ionas go mbeidh tacaíocht leanúnach ag tíortha ACC go dtí go mbeidh ionstraim um chomharsanacht, forbairt agus an comhar idirnáisiúnta a chistiú, atá le glacadh ar bhonn thogra ICFCI (“an ionstraim um maoiniú seachtrach”), lánoibríochtúil.

⁽¹⁾ IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.⁽²⁾ IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.⁽³⁾ Cinneadh Uimh. 2/2020 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 4 Nollaig 2020 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 420, 14.12.2020, lch. 32).⁽⁴⁾ Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 1, 3.1.2020, lch. 3).

- (5) Meastar gur an-ábhartha é an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ (CEFI) maidir le riachtanais infheistíochta na réigiún a chumhdaítear (an Afraic fho-Shahárach agus tíortha comharsanachta an Aontais), agus maidir le tosaíochtaí agus gealltanais an Aontais.
- (6) Sa teachtaireacht chomhpháirteach uathu an 9 Márta 2020 dar teideal “Towards a comprehensive Strategy with Africa” [I dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic] (“an teachtaireacht chomhpháirteach”), d’iarr an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (“an tArdionadaí”) ar an Aontas tacaíocht a thabhairt d’fhás agus poist inbhuanaithe ar fud mhór-roinn na hAfraice. Tá an tAontas ag iarraidh, *inter alia*, obair i gcomhpháirt leis an Afraic maidir le hinfeistíochtaí a chur chun cinn trí úsáid níos mó a bhaint as sásraí maoinithe nuálacha.
- (7) Sa teachtaireacht chomhpháirteach, leag an Coimisiún agus an tArdionadaí, béim ar an bhfáth gurb é is aidhm do na hionstraimí airgeadais infheistíochtaí a mhealladh ar mó an tionchar forbartha atá acu, agus atá dírithe go príomha ar thacaíocht a thabhairt don earnáil phríobháideach, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 dar teideal “A Stronger Role of the Private Sector in Achieving Inclusive and Sustainable Growth in Developing Countries” [Ról Níos Láidre don Earnáil Phríobháideach maidir le Fás Cuimsitheach Inbhuanaithe a Bhaint Amach i dtíortha i mBéal Forbartha], eadhon tionchar forbartha intomhaiste, breisíocht, neodracht, leas coiteann agus cómhaoiniú, éifeacht léiriúcháin agus comhlíonadh na gcaighdeán sóisialta, comhshaoil agus fíoscach.
- (8) Is gá foráil a dhéanamh chun go mbeifear in ann na hathshreabha dá dtagraítear sa Chinneadh seo a úsáid mar ranníocaíochtaí i leith na hionstraimí um maoiniú seachtrach (“ioncam sannta seachtrach” dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d’Airteagal 21(2) den Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾) d’fhonn tacaíocht do thíortha ACC a mhaoiniú faoi chur chuige pacáiste amháin, agus i gcomhréir le cuspóirí, príonsabail agus rialachas na hionstraimí um maoiniú seachtrach, trí ionstraimí airgeadais, oibríochtaí measctha, ráthaíochtaí buiséadacha nó aon tacaíocht neamh-inaisíochta eile, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Beidh aistriú gan bhriseadh ó Shaoráid Infheistíochta ACC agus leanúnachas i dtéarmaí raon na dtáirgí ann.
- (9) Ní cheart go bhfaighidh an ionstraim um maoiniú seachtrach na hathshreabha ná na méideanna státchiste sin mar ioncam sannta seachtrach thar an 31 Nollaig 2027. Gan dochar do na cinntí atá le déanamh i ndáil leis na creataí airgeadais ilbhliantúla ina dhiaidh sin, tar éis an dáta sin, is iad na sásraí maoinithe dá éis sin a gheobhaidh na cistí sin go dtí go mbeidh siad ídithe.
- (10) Ba cheart na hathshreabha ó Shaoráid Infheistíochta ACC, i bhfianaise an mhéid foriomlán measúnaithe don thréimhse 2021-2027, a aistriú ar bhonn bliantúil mar bhreisiú le línte buiséid ábhartha na hionstraimí um maoiniú seachtrach, i gcomhréir leis na doiciméid chlársceidealaithe.
- (11) Ba cheart don Choimisiún na cistí a eascraíonn ó athshreabha a chur tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), lena n-áirítear trí CEFI+, chun go mbainfeadh an leas is mó as a dtionchar forbartha agus a mbreisíocht, agus cuirfeadh ceisteanna maidir le hinbhuanaitheacht fiachais san áireamh chomh maith. Ba cheart gach oibríocht a bheith faoi réir rialachas CEFI+ agus phrionsabal “an bheartais chun tosaigh”.
- (12) I gcomhréir le togra ICFCI, ba cheart na cistí a eascraíonn ó athshreabha a dhíriú go príomha ar ionstraimí forbartha a bhfuil rioscaí arda airgeadais ag baint leo, go háirithe tionchar airgeadais, cistí cothromais agus gníomhaíocht sna tíortha lagfhorbartha (LDCanna). Ba cheart do na hoibríochtaí a bheith dírithe ar an tionchar forbartha a uasmhéadú.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI, agus Ciste Ráthaíochta CEFI (IO L 249, 27.9.2017, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 1296/2013, (AE) Uimh 1301/2013, (AE) Uimh 1303/2013, (AE) Uimh 1304/2013, (AE) Uimh 1309/2013, (AE) Uimh 1316/2013, (AE) Uimh 223/2014, (AE) Uimh 283/2014, agus Cinneadh Uimh 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (13) De bhun Airteagal 152(4) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽⁷⁾, déanfar sciar na Ríochta Aontaithe de Shaoráid Infheistíochta ACC ó CEF, cistí atá carntha trí thréimhsí leantacha CEF, a aisíoc leis an Ríocht Aontaithe de réir mar a aibéoidh an infheistíocht. Mura gcomhaontófar a mhalairt, níor cheart sciar caipitil na Ríochta Aontaithe a ghealladh arís thar dheireadh an 11ú tréimhse gealltanais CEF ná a rolladh isteach i dtréimhsí dá n-éis sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir le hoibríochtaí faoi Shaoráid Infheistíochta ACC, cuirtear síneadh leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 1(5) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF go dtí an 30 Meitheamh 2021, ar lena linn a fhéadfar na cistí a eascraíonn ó na hathshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a ghealladh, nó go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena mbunaítear an ionstraim um maoiniú seachtrach, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2021, chun go mbeifear in ann gealltanais nua maidir le hathshreabha a thabhairt faoi Shaoráid Infheistíochta ACC.

Airteagal 2

1. Is ranníocaíochtaí i leith na hionstraime um maoiniú seachtrach, in ioncam sannta seachtrach, a bheidh sna cistí sin a eascraíonn ó na hathshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, faoin 10ú, agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, chun críoch cistiú a chur ar fáil trí BEI trí mheán ráthaíochtaí buiséadacha agus measctha faoi CEFI+, Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha agus ionstraimí airgeadais nó aon chineál eile tacaíochta neamh-inaisíochta i gcomhréir le prionsabail, cuspóirí agus rialachas CEFI+.
2. Gan dochar do na cinntí atá le glacadh i ndáil leis na creataí airgeadais ilbhiantúla ina dhiaidh sin, tar éis an 31 Nollaig 2027, agus go dtí go n-ídeofar na hathshreabha, is ranníocaíochtaí a bheidh sna cistí a eascraíonn ó athshreabha sin i leith ionstraimí an Aontais um maoiniú seachtrach ina dhiaidh sin, ionstraimí a chuirfear in ionad na hionstraime um maoiniú seachtrach.
3. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallaíonn “athshreabha” aon ioncam, lena n-áirítear díbhinní, gnóthachain chaipitiúla, táillí ráthaíochta agus ús ar iasachtaí, ar mhéideanna in aon chuntas a osclaítear chun airgead arna choinneáil thar ceann Shaoráid Infheistíochta ACC a thaifeadh. Ciallaíonn “athshreabha” freisin luach saothair ó infheistíochtaí státchiste, agus aisíocaíochtaí, lena n-áirítear aisíocaíochtaí caipitil, ráthaíochtaí a scaoileadh agus aisíocaíochtaí ar phríomhshuim iasachtaí, a eascraíonn ó oibríochtaí faoi Shaoráid Infheistíochta ACC. Measfar gur athshreabha iad na cistí a eascraíonn ó shaoradh athshreabh freisin.
4. Beidh athshreabha faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme de chuid na hionstraime um maoiniú seachtrach.

Airteagal 3

Cuirfear na ranníocaíochtaí i leataobh le haghaidh tíortha ACC.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021, cé is móite d'Airteagal 2, a mbeidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021, nó amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena mbunaítear an ionstraim um maoiniú seachtrach, cibé acu is déanaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. ROTH

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)